Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Eanáir 2017**
**(OR. en)**

**5623/17**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0400 (COD)**

| | |
|---|---|
| **CODEC 104** | **CHIMIE 10** |
| **INST 32** | **AGRILEG 21** |
| **JUR 40** | **IND 15** |
| **CLIMA 7** | **COMPET 43** |
| **TELECOM 16** | **MAP 2** |
| **DEVGEN 8** | **POLARM 1** |
| **EMPL 30** | **COARM 14** |
| **SOC 41** | **CSDP/PSDC 35** |
| **ENER 12** | **CFSP/PESC 56** |
| **ENV 63** | **CONSOM 24** |
| **STATIS 2** | **SAN 39** |
| **ECOFIN 37** | **JUSTCIV 13** |
| **DRS 3** | **AVIATION 14** |
| **EF 10** | **TRANS 21** |
| **MI 69** | **MAR 24** |
| **ENT 24** | **UD 9** |

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 14 Nollaig 2016 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2016) 799 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena ndéantar roinnt gníomhartha dlí lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a oiriúniú d'Airteagal 290 agus Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2016) 799 final Iarscríbhinn 1.

---

Faoi iamh: COM(2016) 799 final Iarscríbhinn 1

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.12.2016
COM(2016) 799 final

ANNEX 1

# IARSCRÍBHINN

***a ghabhann leis an***

**Togra le haghaidh**

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena ndéantar roinnt gníomhartha dlí lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a oiriúniú d'Airteagal 290 agus Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

# IARSCRÍBHINN

## I. GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE

### 1. Treoir 2009/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le stóráil gheolaíoch dé-ocsaíd charbóin agus lena leasaítear Treoir 85/337/CEE ón gComhairle, Treoracha 2000/60/CE, 2001/80/CE, 2004/35/CE, 2006/12/CE, 2008/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006[1]

Chun oiriúnú teicniúil mear Threoir 2009/31/CE a áirithiú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis na leasuithe is gá chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir sin a oiriúnú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2009/31/CE mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 29:

*"Airteagal 29*

**Iarscríbhinní a leasú**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 29a, lena leasaítear na hIarscríbhinní."

(2) Cuirtear isteach Airteagal 29a mar a leanas:

*"Airteagal 29 a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 29 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 29 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris*

[1] IO L 140, 5.6.2009, lch. 114.

*Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 29 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

*   IO L 123, 12.5.2016, lch.1.";

(3) Scriostar Airteagal 30.

**2. Cinneadh Uimh. 406/2009/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le hiarrachtaí na mBallstát a gcuid astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú d'fhonn gealltanais an Chomhphobail suas go dtí 2020 a chomhlíonadh i ndáil le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú**[2]

Chun a áirithiú go dtabharfar cuntas beacht ar idirbhearta faoi Chinneadh Uimh. 406/2009/CE, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún a fhorlíonfaidh an Cinneadh sin ina mbeidh ceanglais is infheidhme maidir le clárlanna na mBallstát agus an Riarthóir Lárnach i dtaca le hidirbhearta a láimhseail. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

---

[2] IO L 140, 5.6.2009, lch. 136.

Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú chun Cinneadh Uimh. 406/2009/CE a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun na leithdháileacháin bhliantiúla aistaíochtaí a chinneadh. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Is léir ón taithí a fuarthas nach gá cumhachtú i ndáil le modúlachtaí aistrithe ar leith.

Dá réir sin, leasaítear Cinneadh Uimh. 406/2009/CE mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ceathrú fomhír agus an cúigiú fomhír de mhír 2:

"Nuair a chuirfear na sonraí astaíochtaí athbhreithnithe agus fíoraithe ábhartha ar fáil, cinnfidh an Coimisiún na leithdháileacháin bhliantúla astaíochtaí don tréimhse 2013 go 2020 i dtéarmaí tonnaí de choibhéis dé-ocsaíde carbóin trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 13(2).";

(b) scriostar mír 6;

(2) in Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 12a a bhaineann le mír 1 agus mír 2 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm.";

(3) Cuirtear isteach Airteagal 12 a mar a leanas:

*"Airteagal 12a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 11(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 11(3) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na

prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 11(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch.1.";

(4) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*."

---

* Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).".

**3. Rialachán (CE) Uimh. 1005/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le substaintí a ídíonn an ciseal ózóin[3]**

Chun a áirithiú go gcomhlíonfar oibleagáidí an Aontais mar pháirtí i bPrótacal Montréal maidir le Substaintí a Ídíonn an Ciseal Ózóin agus feidhmiú cuí a áirithiú maidir le trádáil i substaintí laistigh den Aontas agus trádáil sheachtrach i substaintí a ídíonn an ciseal ózóin agus táirgí agus trealamh ina bhfuil na substaintí sin nó atá ag brath ar na substaintí sin, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún:

- Rialachán (CE) Uimh. 1005/2009 a leasú, lena n-áirítear substaintí ar leith i gCuid A agus i gCuid B d’Iarscríbhinn II;
- an Rialachán sin a leasú d’fhonn na hoiriúnuithe teicniúla is gá a dhéanamh d’Iarscríbhinn III agus do na huasmhéideanna substaintí rialaithe;
- Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú d’fhonn na ceangaltais faoi Phrótacal Montréal a chomhlíonadh;
- Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú;
- an liosta míreanna a leasú a bhaineann le hallmhairí agus onnmhairí a cheadúnú;
- Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú chun forbairtí teicneolaíochta nua a chur san áireamh;
- na ceanglais maidir le tuairisciú a leasú;

---

[3] IO L 286, 31.10.2009, lch. 1.

- an Rialachán sin a fhorlíonadh le liosta táirgí agus trealaimh a meastar ina leith go bhfuil sé indéanta go teicniúil agus go heacnamúil substaintí rialaithe a aisghabháil nó táirgí agus trealamh a dhíothú gan substaintí rialaithe a aisghabháil roimh ré;
- an Rialachán sin a fhorlíonadh le sásra maidir le cuótaí a leithdháileadh ar tháirgeoirí agus allmhaireoirí;
- an Rialachán sin a fhorlíonadh le rialacha maidir le foirm agus inneachar na lipéad do choimeádáin le haghaidh substaintí rialaithe ar leith;
- an Rialachán sin a fhorlíonadh i dtaca le faireachán a dhéanamh ar an trádáil neamhdhleathach;
- an Rialachán sin a fhorlíonadh i dtaca le táirgí agus trealamh áirithe a dhéantar a allmhairiú ó Stáit nach páirtithe i bPrótacal iad a scaoileadh chun saorchúrsaíochta san Aontas;
- an Rialachán sin a fhorlíonadh le híoscheanglais maidir le cáilíochtaí;
- an Rialachán sin a fhorlíonadh le liosta teicneolaíochtaí nó cleachtas a bheidh le húsáid ag gnóthais chun sileadh agus astaíochtaí substaintí rialaithe a chosc agus a íoslaghdú.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1005/2009 mar a leanas:

(1) in Airteagal 7(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a a bhaineann le foirm agus inneachar na lipéad a bheidh le húsáid.";

(2) Leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a a bhaineann le foirm agus inneachar na lipéad a bheidh le húsáid.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a lena leasaítear an méid seo a leanas, i bhfianaise faisnéise nó forbairtí nó cinntí nua arna nglacadh ag na Páirtithe:

(a) Iarscríbhinn III;

(b) an t-uasmhéid substaintí rialaithe a fhéadfar a úsáid mar oibreáin phróisis nó a astú as úsáidí oibreán próisis dá dtagraítear sa dara fomhír agus sa tríú fomhír de mhír 4 a leasú.";

(3) Leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír agus an tríú fomhír de mhír 3:

″Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a a bhaineann le foirm agus inneachar na lipéad a bheidh le húsáid.

Ní dhéanfar substaintí rialaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír a chur ar an margadh nó a dháileadh tuilleadh ach amháin faoi na coinníollacha atá leagtha amach in Iarscríbhinn V.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a lena leasaítear Iarscríbhinn V chun na ceanglais faoin bPrótacal a chomhlíonadh.";

(b) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

″Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a a bhaineann le sásra chun cuótaí a leithdháileadh ar tháirgeoirí agus ar allmhaireoirí.";

(4) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

″2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a lena leasaítear Iarscríbhinn VI maidir le modhnuithe agus tréimhsí ama chun úsáidí criticiúla a chéimniú amach de réir a chéile trí bhíthin scoithdhátaí maidir le feidhmeanna nua agus dátaí deiridh maidir le feidhmeanna atá ann cheana a shainiú i gcás nach mbeidh roghanna nó teicneolaíochtaí inúsáidte go teicniúil nó go heacnamúil atá inghlactha ó thaobh an chomhshaoil agus na sláinte de ar fáil laistigh den tréimhse ama a leagtar amach san Iarscríbhinn sin nó i gcás inar gá comhlíonadh oibleagáidí idirnáisiúnta a áirithiú.";

(5) in Airteagal 18, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

"9. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a lena leasaítear liosta na míreanna a luaitear i mír 3 den Airteagal seo agus in Iarscríbhinn IV d'fhonn na ceanglais faoin bPrótacal a chomhlíonadh nó a gcur i bhfeidhm a éascú.";

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 19:

*"Airteagal 19*

**Bearta maidir le faireachán a dhéanamh ar an trádáil neamhdhleathach**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a a bhaineann le bearta breise a ghlacadh chun faireachán a dhéanamh ar shubstaintí rialaithe nó ar shubstaintí nua agus ar tháirgí agus ar threalamh ina bhfuil substaintí rialaithe nó atá ag brath ar shubstaintí rialaithe a thagann faoi réim an nóis imeachta i ndáil le stóráil shealadach, stórasú custaim nó saorchrios nó atá ar idirthuras trí chríoch chustaim an Aontais agus arna n-athonnmhairiú as an gcríoch sin dá éis sin, ar bhonn meastóireachta ar na rioscaí ionchasacha i dtaca le trádáil neamhdhleathach a d'fhéadfadh a bheith bainteach le gluaiseachtaí den sórt sin, agus na sochair don chomhshaol agus na tionchair shocheacnamaíocha a bheadh ag bearta den sórt sin á gcur san áireamh.";

(7) in Airteagal 20, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a a bhaineann leis na rialacha, mar aon le cinntí arna nglacadh ag na Páirtithe, is infheidhme maidir le táirgí agus trealamh a allmhairíodh as aon Stát nach páirtí sa Phrótacal a scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta, ar táirgí agus trealamh iad a táirgeadh trí úsáid a bhaint as substaintí rialaithe ach nach bhfuil substaintí iontu ar féidir iad a shainaithint mar shubstaintí rialaithe. Le linn táirgí agus trealamh den sórt sin a shainaithint, cloífear leis an gcomhairle thréimhsiúil theicniúil a thabharfar do na Páirtithe.";

(8) Leasaítear Airteagal 22 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a lena leasaítear Iarscríbhinn VII chun teicneolaíochtaí nua a chur san áireamh.";

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír agus an tríú fomhír de mhír 4:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a a bhaineann le liosta táirgí agus trealaimh, mar aon le cinntí arna nglacadh ag na Páirtithe, a meastar ina leith go bhfuil sé indéanta go teicniúil agus go heacnamúil substaintí rialaithe a aisghabháil nó táirgí agus trealamh a dhíothú gan substaintí rialaithe a aisghabháil roimh ré, agus sonrófar, más iomchuí sin, na teicneolaíochtaí a bheidh le cur i bhfeidhm.

Beidh meastóireacht iomlán eacnamaíoch ar chostais agus ar shochair ag gabháil, mar thacaíocht, le haon dréachtghníomh tarmligthe maidir le liosta den sórt sin a bhunú, agus cuirfear san áireamh imthosca leithleacha na mBallstát.";

(c) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír agus an tríú fomhír de mhír 5:

Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar na bearta arna ndéanamh ag na Ballstáit agus tabharfar de chumhacht dó gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a a bhaineann leis na híoscheanglais maidir le cáilíochtaí, i bhfianaise na meastóireachta sin agus i bhfianaise faisnéise teicniúla agus faisnéise ábhartha eile.";

(9) Leasaítear Airteagal 23 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 4 mar a leanas:

(i) sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

I bhfianaise meastóireachta ar na bearta sin arna ndéanamh ag na Ballstáit agus i bhfianaise faisnéise teicniúla agus faisnéise ábhartha eile, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a a bhaineann leis na híoscheanglais maidir le cáilíochtaí.";

(ii) scriostar an dara fomhír.

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

"7. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a lena mbunaítear liosta teicneolaíochtaí nó cleachtas ar teicneolaíochtaí agus cleachtais iad a bheidh le húsáid ag gnóthais chun aon sileadh agus aon astaíochtaí substaintí rialaithe a chosc agus a íoslaghdú.";

(10) in Airteagal 24, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2 agus mhír 3

"2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a lena leasaítear Cuid A d'Iarscríbhinn II ar a n-áireofar aon substaint atá ar áireamh i gCuid B den Iarscríbhinn sin agus a bhfaightear amach ina leith go n-onnmhairítear, go n-allmhairítear, go dtáirgtear nó go gcuirtear ar an margadh iad i gcainníochtaí suntasacha agus a bhfaigheann an Painéal um Measúnú Eolaíoch amach ina leith faoin bPrótacal go bhfuil acmhainn shuntasach ídithe ózóin iontu agus cinnfidh sé díolúintí ionchasacha ó mhír 1 freisin, más iomchuí.

3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a lena leasaítear Cuid B d'Iarscríbhinn II ar a n-áireofar aon substaintí nach substaintí rialaithe iad ach a bhfaigheann an Painéal um Measúnú Eolaíoch nó údarás amach ina leith faoin bPrótacal nó a bhfaigheann údarás aitheanta eile ag a bhfuil an stádas céanna amach ina leith go bhfuil acmhainn shuntasach ídithe ózóin iontu, i bhfianaise faisnéise eolaíche ábhartha.";

(11) i ndiaidh theideal Chaibidil VII, cuirtear Airteagal 24a seo a leanas isteach:

*"Airteagal 24 a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 7(2), Airteagal 8(3) agus Airteagal 8(5), Airteagal 10(3) agus Airteagal 10(6), Airteagal 13(2), Airteagal 18(9), Airteagal 19, Airteagal 20(2), Airteagal 22(3), Airteagal 22(4) agus Airteagal 22(5), Airteagal 23(4) agus Airteagal 23(7), Airteagal 24(2) agus Airteagal 24(3), Airteagal 26(3) agus Airteagal 27(10), déanfar í a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama [amhail ón dáta a dtiocfaidh an Omnibus seo i bhfeidhm].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 7(2), Airteagal 8(3) agus Airteagal 8(5), Airteagal 10(3) agus Airteagal 10(6), Airteagal 13(2), Airteagal 18(9), Airteagal 19, Airteagal 20(2), Airteagal 22(3), Airteagal 22(4) Airteagal 22(5), Airteagal 23(4) agus Airteagal 23(7), Airteagal 24(2) agus Airteagal 24(3), Airteagal 26(3) agus in Airteagal 27(10), féadfaidh siad é a chúlghairm tráth ar bith. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 7(2), Airteagal 8(3) agus Airteagal 8(5), Airteagal 10(3) agus Airteagal 10(6), Airteagal 13(2), Airteagal 18(9), Airteagal 19, Airteagal 20(2), Airteagal 22(3), Airteagal 22(4) agus Airteagal 22(5), Airteagal 23(4) agus Airteagal 23(7), Airteagal 24(2) agus Airteagal 24(3), Airteagal 26(3) agus Airteagal 27(10), ní thiocfaidh sé i bhfeidhm mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(12) in Airteagal 25, scriostar mír 3;

(13) in Airteagal 26, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

> "3. "Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a lena leasaítear na ceanglais maidir le tuairisciú a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo d'fhonn na ceanglais faoin bPrótacal a chomhlíonadh nó a gcur i bhfeidhm a éascú.";

(14) in Airteagal 27, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:

> "10. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a a bhaineann le leasuithe ar na ceanglais maidir le tuairisciú a leagtar síos i mír 1 go mír 7 den Airteagal seo d'fhonn na ceanglais faoin bPrótacal a chomhlíonadh nó a gcur i bhfeidhm a éascú.";

## II. LÍONRAÍ CUMARSÁIDE, INNEACHAR AGUS TEICNEOLAÍOCHT

4. **Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le cosaint príobháideachais san earnáil cumarsáide leictreonaí (Treoir um phríobháideachas agus cumarsáid leictreonach)[4]**

Chun leibhéal coibhéiseach cosanta do shaoirsí agus do chearta bunúsacha a áirithiú, maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil in earnáil na cumarsáide leictreonaí agus saorghluaiseacht na sonraí sin agus trealamh agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí a áirithiú san Aontas, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Treoir 2002/58/CE a fhorlíonadh i ndáil le cúinsí, le formáid agus leis na nósanna imeachta is infheidhme maidir leis na ceanglais i dtaca le faisnéis agus fógra. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2002/58/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

> "5. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14b a bhaineann le cúinsí, le formáid agus leis na nósanna imeachta is infheidhme maidir leis na ceanglais i dtaca le faisnéis agus fógra dá dtagraítear i mír 2, mír 3 agus mír 4 den Airteagal seo, i ndiaidh comhairliúcháin le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Shlándáil Gréasáin agus Faisnéise (ENISA), leis an Meitheal um Chosaint Daoine Aonair i ndáil le Sonraí Pearsanta a Phróiseáil a bunaíodh le hAirteagal 29 de Threoir 95/46/CE agus leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.";

(2) scriostar Airteagal 14a;

[4] IO L 201, 31.7.2002, lch. 37.

(3) cuirtear isteach Airteagal 14b mar a leanas:

"*Airteagal 14b*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 4 (5) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama [amhail ón dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 4(5) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 4(5) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch.1.".

5. **Rialachán (CE) Uimh. 733/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Aibreán 2002 maidir leis an bhFearann Barrleibhéil .eu a chur chun feidhme**[5]

Chun na cúinsí a leagan amach maidir leis an bhFearann Barrleibhéil cód tíre .eu (ccTLD) a chur chun feidhme a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 733/2002, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán sin a fhorlíonadh leis na critéir agus leis an nós imeachta chun an Chlárlann a ainmniú, agus leis na rialacha beartais phoiblí a bhaineann le cur chun feidhme agus le feidhm an Fhearainn Bharrleibhéil .eu (TLD) agus na prionsabail beartais phoiblí faoi chlárú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 733/2002 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

> "(a) gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 5a lena mbunaítear na critéir agus an nós imeachta chun an Chlárlann a ainmniú.
>
> Más rud é, i gcás na critéir agus an nós imeachta a bhunú chun an Chlárlann a ainmniú, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhoras práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 5b maidir le gníomhartha tarmligthe de bhun an Airteagail seo."

(2) Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

> (a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an chéad fhomhír:
>
> "Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gClárlann, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 5a ina leagtar amach na rialacha beartais phoiblí maidir le chur chun feidhme agus feidhm an FB .eu agus na prionsabail bheartais phoiblí maidir le clárú.";
>
> (b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:
>
> "I gcás ina ndéanfaidh Ballstát nó an Coimisiún agóid laistigh de thríocha lá tar éis a fhoilsithe in aghaidh míre atá ar áireamh ar liosta fógartha, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 5a, chun an cás a leigheas. ";

5 IO L 113, 30.4.2002, lch. 1.

(3) cuirtear Airteagal 5a agus Airteagal 5b isteach mar a leanas:

*"Airteagal 5a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3(1) agus in Airteagal 5(1) agus Airteagal 5(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta, dá dtagraítear in Airteagal 3(1) agus in Airteagal 5(1) agus Airteagal 5(2), a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 3(1) agus Airteagal 5(1) agus Airteagal 5(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

*Airteagal 5b*

**An nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 5a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(4) in Airteagal 6, scriostar mír 3 agus mír 4.

**6. Cinneadh Uimh. 626/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2008 maidir le córais a sholáthraíonn seirbhísí satailíte soghluaiste a roghnú agus a údarú (Cinneadh MSS)[6]**

Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú chun Cinneadh Uimh. 626/2008/CE a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún a bhaineann leis modúlachtaí is iomchuí chun na rialacha maidir le forfheidhmiú a chur chun feidhme ar bonn comhordaithe. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Dá réir sin, leasaítear Cinneadh Uimh. 626/2008/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, bearta a ghlacadh lena saineofar aon mhódulachtaí is iomchuí chun na rialacha maidir le forfheidhmiú a chur i bhfeidhm ar bhonn comhordaithe dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, lena n-áirítear na rialacha maidir leis na húdarúcháin a chur ar fionraí nó a tharraingt siar ar bhonn comhordaithe de dheasca na coinníollacha comhchoiteanna a shárú dá bhforáiltear in Airteagal 7(2). Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 10(3).";

(2) in Airteagal 10, scriostar mír 4;

---

6 IO L 172, 2.7.2008, lch. 15.

## III. CABHAIR DHAONNÚIL AGUS COSAINT SHIBHIALTA

### 7. Rialachán (CE) Uimh. 1257/96 ón gComhairle an 20 Meitheamh 1996 maidir le cabhair dhaonnúil[7]

Ón uair a glacadh é in 1996, ní raibh iallach ar gCoimisiún riamh bearta a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú chun gnéithe neamhriachtanacha de Rialachán (CE) Uimh. 1257/96 a leasú. De réir dealraimh, ní gá déanamh amhlaidh san am amach romhainn. Ba cheart an deis bearta cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a bhaint dá bhrí sin ó Rialachán (CE) Uimh. 1257/96, gan é a bheith riachtanach a thabhairt de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1257/96 mar a leanas:

(1) in Airteagal 15, scriostar mír 1;

(2) in Airteagal 17, scriostar mír 4;

---

7 IO L 163, 2.7.1996, lch. 1.

## IV. FOSTAÍOCHT, GNÓTHAÍ SÓISIALTA AGUS CUIMSIÚ SÓISIALTA

### 8. Treoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh[8]

Chun comhchuibhiú agus caighdeánú teicniúil, dul chun cinn teicniúil, athruithe i rialacháin nó sonraíochtaí idirnáisiúnta, agus fionnachtana nua a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Iarscríbhinn A ghabhann le Treoir 89/391/CEE a leasú ar bhonn teicniúil. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 89/391/CEE mar a leanas:

(1) cuirtear isteach Airteagal 16a mar a leanas:

*"Airteagal 16a*

**Leasuithe ar an Iarscríbhinn**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17b lena leasaítear ar bhonn teicniúil an Iarscríbhinn Chun comhchuibhiú agus caighdeánú teicniúil agus dul chun cinn teicniúil, athruithe i rialacháin nó sonraíochtaí idirnáisiúnta agus fionnachtana nua a chur san áireamh.";

(2) scriostar Airteagal 17;

(3) Cuirtear isteach Airteagal 17b seo a leanas:

*"Airteagal 17b*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

---

[8] IO L 183, 29.6.1989, lch. 1.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 16a a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 16a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 16a i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

___________

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.".

**9. Treoir 89/654/CEE ón gComhairle an 30 Samhain 1989 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte don láthair oibre (an chéad Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16 (1) de Threoir 89/391/CEE)[9]**

Chun comhchuibhiú agus caighdeánú teicniúil i dtaca le dearadh, monarú nó foirgníocht codanna d'áiteanna oibre, dul chun cinn teicniúil, athruithe i rialacháin nó sonraíochtaí idirnáisiúnta agus eolas faoi áiteanna oibre, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Iarscríbhinn A ghabhann le Treoir 89/654/CEE a leasú ar bhonn teicniúil. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na

[9] IO L 393, 30.12.1989, lch.1.

comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 89/654/CEE mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

"*Airteagal 9***Leasuithe ar na hIarscríbhinní**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a lena leasaítear ar bhonn teicniúil na hIarscríbhinní chun comhchuibhiú agus caighdeánú teicniúil i dtaca le dearadh, monarú agus foirgníocht codanna d’áiteanna oibre, dul chun cinn teicniúil, athruithe i rialacháin nó sonraíochtaí idirnáisiúnta agus eolas faoi áiteanna oibre a chur san áireamh.

Más rud é, i gcás garbhaol a bheith ann do shláinte agus do shábháilteacht oibrithe, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhoras práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 9b maidir le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Airteagail seo.";

"2. cuirtear Airteagal 9a agus Airteagal 9b isteach mar a leanas:

"*Airteagal 9a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 9 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 29 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 9 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 9b*

**An nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomh tarmligthe a thabharfar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 9 a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

______________________

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.".

**10. Treoir 89/656/CEE ón gComhairle an 30 Samhain 1989 maidir leis na híoscheanglais sláinte agus sábháilteachta d'úsáid trealamh cosanta pearsanta ag oibrithe ar an láthair oibre (an tríú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE)[10]**

Chun comhchuibhiú agus caighdeánú teicniúil, dul chun cinn teicniúil, athruithe i rialacháin nó sonraíochtaí idirnáisiúnta, agus eolas faoi threalamh cosanta pearsanta a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Iarscríbhinn A ghabhann le Treoir 89/656/CEE a leasú ar bhonn teicniúil. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach,

______________________

10 IO L 393, 30.12.1989, lch. 18.

chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 89/656/CEE mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

"*Airteagal 9*

**Leasuithe ar na hIarscríbhinní**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a lena leasaítear na hIarscríbhinní, ar bhonn teicniúil, chun comhchuibhiú agus caighdeánú teicniúil i dtaca le trealamh cosanta pearsanta, dul chun cinn teicniúil, athruithe i rialacháin nó sonraíochtaí idirnáisiúnta agus eolas sa réimse trealamh cosanta pearsanta.

Más rud é, i gcás garbhaol a bheith ann do shláinte agus do shábháilteacht oibrithe, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhoras práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 9b maidir le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Airteagail seo.";

"2. cuirtear Airteagal 9a agus Airteagal 9b isteach mar a leanas:

"*Airteagal 9a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 9 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 9 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 9 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 9b*

**An nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomh tarmligthe a thabharfar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 9 a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

____________________

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.".

**11. Treoir 90/269/CEE ón gComhairle an 29 Bealtaine 1990 maidir leis na híoscheanglais chun ualaí a láimhseáil de láimh má tá riosca ann go háirithe de ghortú droma d'oibrithe (an ceathrú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE)[11]**

Chun dul chun cinn teicniúil, athruithe i rialacháin nó sonraíochtaí idirnáisiúnta, agus eolas faoi láimhseáil ualaí de láimh, i gcás go mbeidh riosca go háirithe de ghortú droma d'oibrithe, a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na hIarscríbhinní a ghabhann le Treoir 90/269/CEE a leasú, ar bhonn teicniúil. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú

[11] IO L 156, 21.6.1990, lch. 9.

Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 90/269/CEE mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

"*Airteagal 8*

**Leasuithe ar na hIarscríbhinní**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 8a lena leasaítear, ar bhonn teicniúil, na hIarscríbhinní chun dul chun cinn teicniúil, athruithe i rialacháin nó sonraíochtaí idirnáisiúnta agus eolas sa réimse, a bhaineann le láimhseáil ualaí de láimh, a chur san áireamh.

Más rud é, i gcás garbhaol a bheith ann do shláinte agus do shábháilteacht oibrithe, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhoras práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 8b maidir le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Airteagail seo.";

(2) cuirtear Airteagal 8a agus Airteagal 8b isteach mar a leanas:

"*Airteagal 8ª*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 8 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 8 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 8 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 8b*

**An nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomh tarmligthe a thabharfar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 8 a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

______________________

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.".

**12. Treoir 90/270/CEE ón gComhairle an 29 Bealtaine 1990 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte d'obair le trealamh scáileán taispeána (an cúigiú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16 (1) de Threoir 89/391/CEE)**[12]

Chun dul chun cinn teicniúil, athruithe i rialacháin nó sonraíochtaí idirnáisiúnta, agus eolas faoi threalamh scáileán taispeána a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Iarscríbhinn A ghabhann le Treoir 90/270/CEE a leasú, ar bhonn teicniúil. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 90/270/CEE mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

"*Airteagal 10*

**Leasuithe ar an Iarscríbhinn**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10a lena leasaítear, ar bhonn teicniúil, an Iarscríbhinn Chun dul chun cinn teicniúil, athruithe i rialacháin nó sonraíochtaí idirnáisiúnta agus eolas faoi threalamh scáileán taispeána a chur san áireamh.

Más rud é, i gcás garbhaol a bheith ann do shláinte agus do shábháilteacht oibrithe, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhoras práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 10b maidir le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Airteagail seo.";

(2) cuirtear Airteagal 10 a agus Airteagal 10b isteach mar a leanas:

"*Airteagal 10a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

12 IO L 156, 21.6.1990, lch. 14.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 10 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 10 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 10 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 10b*

**An nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomh tarmligthe a thabharfar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 10 a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.".

## 13. Treoir 92/29/CEE ón gComhairle an 31 Márta 1992 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte chun cóir leighis níos fearr ar bord long a chur chun cinn [13]

Chun dul chun cinn teicniúil, athruithe i rialacháin nó sonraíochtaí idirnáisiúnta agus fionnachtana nua maidir le cóir leighis ar bord long a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Iarscríbhinn A ghabhann le Treoir 92/29/CEE a leasú ar bhonn teicniúil. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 92/29/CEE mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

"*Airteagal 8*

**Leasuithe ar na hIarscríbhinní**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 8a lena leasaítear, ar bhonn teicniúil, na hIarscríbhinní chun dul chun cinn teicniúil, athruithe i rialacháin nó sonraíochtaí idirnáisiúnta agus fionnachtana nua, a bhaineann le cóir leighis ar bord long, a chur san áireamh.

Más rud é, i gcás garbhaol a bheith ann do shláinte agus do shábháilteacht oibrithe, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhoras práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 8b maidir le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Airteagail seo.";

(2) cuirtear Airteagal 8a agus Airteagal 8b isteach mar a leanas:

"*Airteagal 8a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

---

[13] IO L 113, 30.4.1992, lch. 19.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 8 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 8 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 8 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 8b*

**An nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomh tarmligthe a thabharfar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 8 a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

___

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.".

**14. Treoir 92/57/CEE ón gComhairle an 24 Meitheamh 1992 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte ag láithreáin tógála shealadacha nó soghluaiste (an t-ochtú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16 (1) de Threoir 89/391/CEE)[14]**

Chun comhchuibhiú agus caighdeánú teicniúil, dul chun cinn teicniúil, athruithe i rialacháin nó sonraíochtaí idirnáisiúnta, agus eolas faoi láithreáin tógála shealadacha nó soghluaiste a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 92/57/CEE a leasú, ar bhonn teicniúil. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearran 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 92/57/CEE mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13:

"*Airteagal 13*

**Leasuithe ar Iarscríbhinn IV**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a lena leasaítear Iarscríbhinn IV, ar bhonn teicniúil, chun comhchuibhiú agus caighdeánú teicniúil i dtaca le láithreáin tógála shealadacha agus soghluaiste, dul chun cinn teicniúil, athruithe i rialacháin nó sonraíochtaí idirnáisiúnta agus eolas sa réimse láithreáin tógála shealadacha agus soghluaiste.

Más rud é, i gcás garbhaol a bheith ann do shláinte agus do shábháilteacht oibrithe, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhoras práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 13b maidir le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Airteagail seo.";

[14] IO L 245, 26.8.1992, lch. 6.

(2) cuirtear Airteagal 13a agus Airteagal 13b isteach mar a leanas:

"*Airteagal 13a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 13 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 13 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 13 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 13b*

**An nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomh tarmligthe a thabharfar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 13 a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.".

## 15. Treoir 92/58/CEE ón gComhairle an 24 Meitheamh 1992 maidir leis na híoscheanglais chun comharthaí sábháilteachta agus/nó sláinte a sholáthar ag an obair (an naoú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE)[15]

Chun comhchuibhiú agus caighdeánú teicniúil, an dul chun cinn teicniúil, athruithe ar rialacháin nó sonraíochtaí idirnáisiúnta, agus eolas faoi chomharthaí sábháilteachta agus sláinte ag an obair a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na hIarscríbhinní a ghabhann le Treoir 92/58/CEE a leasú ar bhonn teicniúil. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 92/58/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

"*Airteagal 9*

**Leasuithe ar na hIarscríbhinní**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a lena leasaítear na hIarscríbhinní, ar bhonn teicniúil, chun aird a thabhairt ar chomhchuibhiú agus caighdeánú teicniúil i dtaca le comharthaí nó feistí sábháilteachta agus sláinte ag an obair a dhearadh agus a mhonarú, agus chun aird a thabhairt ar an dul chun cinn teicniúil, athruithe ar rialacháin nó sonraíochtaí idirnáisiúnta agus an dul chun cinn maidir le heolas i réimse na gcomharthaí nó na bhfeistí sábháilteachta agus sláinte ag an obair.

Más rud é, i gcás garbhaol is féidir a bheith ann do shláinte agus do shábháilteacht oibrithe, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 9b maidir le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Airteagail seo.";

[15] IO L 245, 26.8.1992, lch. 23.

(2) cuirtear an tAirteagal 9a agus an tAirteagal 9b seo a leanas isteach:

"*Airteagal 9a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 9 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 9 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 9 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 9b*

**An nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 9a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

______________

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.".

**16. Treoir 92/91/CEE ón gComhairle an 3 Samhain 1992 maidir le híoscheanglais chun sábháilteacht agus cosaint sláinte oibrithe sna tionscail asbhainte mianraí trí dhruileáil a fheabhsú (an t-aonú Treoir déag ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE)[16]**

Chun comhchuibhiú agus caighdeánú teicniúil, an dul chun cinn teicniúil, athruithe ar rialacháin nó sonraíochtaí idirnáisiúnta, agus eolas faoi thionscail asbhainte mianraí trí dhruileáil a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na hIarscríbhinní a ghabhann le Treoir 92/91/CEE a leasú ar bhonn teicniúil. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 92/91/CEE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11:

"*Airteagal 11*

**Leasuithe ar na hIarscríbhinní**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11a lena leasaítear an Iarscríbhinn, ar bhonn teicniúil, chun aird a thabhairt ar chomhchuibhiú agus caighdeánú teicniúil i dtaca le tionscail asbhainte mianraí trí dhruileáil agus chun aird a thabhairt ar an dul chun cinn teicniúil, athruithe ar rialacháin nó sonraíochtaí idirnáisiúnta agus eolas faoi thionscail asbhainte mianraí trí dhruileáil.

Más rud é, i gcás garbhaol is féidir a bheith ann do shláinte agus do shábháilteacht oibrithe, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 11b maidir le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Airteagail seo.";

(2) cuirtear an tAirteagal 11 a agus an tAirteagal 11b seo a leanas isteach:

"*Airteagal 11a*[a]

**An tarmligean a fheidhmiú**

[16] IO L 348, 28.11.1992, lch. 9.

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 11 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 11 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 11 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 11b*

**An nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 11a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1."

**17. Treoir 92/104/CEE ón gComhairle an 3 Nollaig 1992 maidir le híoscheanglais chun sábháilteacht agus cosaint sláinte sna tionscail asbhainte mianraí ar an dromchla agus faoi thalamh a fheabhsú (an dara Treoir déag ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE)[17]**

Chun comhchuibhiú agus caighdeánú teicniúil, an dul chun cinn teicniúil, athruithe i rialacháin nó sonraíochtaí idirnáisiúnta, agus fionnachtana nua maidir le tionscail asbhainte mianraí ar an dromchla agus faoi thalamh a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na hIarscríbhinní a ghabhann le Treoir 92/104/CEE a leasú ar bhonn teicniúil. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 92/104/CEE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11:

"*Airteagal 11*

**Leasuithe ar na hIarscríbhinní**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11a lena leasaítear an Iarscríbhinn, ar bhonn teicniúil, chun aird a thabhairt ar chomhchuibhiú agus caighdeánú teicniúil i dtaca le tionscail asbhainte mianraí ar an dromchla agus faoi thalamh, agus chun aird a thabhairt an dul chun cinn teicniúil, athruithe ar rialacháin nó sonraíochtaí idirnáisiúnta agus fionnachtana nua maidir le tionscail asbhainte mianraí ar an dromchla nó faoi thalamh.

Más rud é, i gcás garbhaol is féidir a bheith ann do shláinte agus do shábháilteacht oibrithe, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 11b maidir le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Airteagail seo.";

[17] IO L 404, 31.12.1992, lch. 10.

(2) cuirtear an tAirteagal 11 a agus an tAirteagal 11b seo a leanas isteach:

"*Airteagal 11a*[a]

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 11 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 11 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 11 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 11b*

**An nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 11a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1."

**18. Treoir 93/103/CE ón gComhairle an 23 Samhain 1993 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte d'obair ar bord long iascaireachta (an tríú Treoir déag ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE)[18]**

Chun comhchuibhiú agus caighdeánú teicniúil, an dul chun cinn teicniúil, athruithe ar rialacháin nó sonraíochtaí idirnáisiúnta, agus fionnachtana nua i réimse na sábháilteachta agus na sláinte ar bord long iascaireachta a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na hIarscríbhinní a ghabhann le Treoir 93/103/CE a leasú ar bhonn teicniúil. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 93/103/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

"*Airteagal 12*

**Leasuithe ar na hIarscríbhinní**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 12a lena leasaítear na hIarscríbhinní, ar bhonn teicniúil, chun aird a thabhairt ar chomhchuibhiú agus caighdeánú teicniúil i dtaca le gnéithe áirithe sábháilteachta agus sláinte ar bord long iascaireachta, agus chun aird a thabhairt ar an dul chun cinn teicniúil, athruithe ar rialacháin nó sonraíochtaí idirnáisiúnta agus fionnachtana nua i réimse na sábháilteachta agus na sláinte d'obair ar bord long iascaireachta.

Más rud é, i gcás garbhaol is féidir a bheith ann do shláinte agus do shábháilteacht oibrithe, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 12b maidir le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Airteagail seo.";

[18] IO L 307, 13.12.1993, lch. 1.

(2) cuirtear an tAirteagal 12 a agus an tAirteagal 12b seo a leanas isteach:

"*Airteagal 12a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 12 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 12 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 12 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 12b*

**An nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 12a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1."

## 19. Treoir 94/33/CE ón gComhairle an 22 Meitheamh 1994 maidir le cosaint daoine óga ag an obair[19]

Chun cosaint leordhóthanach a ghnóthú do dhaoine óga ag an obair agus chun an dul chun cinn teicniúil, athruithe ar rialacháin nó sonraíochtaí idirnáisiúnta, agus fionnachtana nua a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Iarscríbhinn A ghabhann le Treoir 94/33/CE a leasú ar bhonn teicniúil. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 94/33/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15:

"*Airteagal 15*

**Lasuithe ar an Iarscríbhinn**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15a lena leasaítear an Iarscríbhinn, ar bhonn teicniúil, i bhfianaise an dul chun cinn theicniúil, athruithe ar rialacháin nó sonraíochtaí idirnáisiúnta agus an dul chun cinn maidir leis an eolas a bhaineann le daoine óga a chosaint ag an obair.";

(2) Cuirtear an tAirteagal 15a seo a leanas isteach:

"*Airteagal 15a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

---

19 IO L 216, 20.8.1994, lch. 12.

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 15 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 15 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 15 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1."

**20. Treoir 98/24/CE ón gComhairle an 7 Aibreán 1998 maidir le sláinte agus sábháilteacht oibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le hoibreáin cheimiceacha ag an obair (an ceathrú Treoir déag ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE)[20]**

Chun cosaint leordhóthanach a ghnóthú d'oibrithe ar rioscaí dá sláinte agus sábháilteacht agus chun comhchuibhiú agus caighdeánú teicniúil, an dul chun cinn teicniúil, athruithe ar rialacháin nó sonraíochtaí idirnáisiúnta, agus fionnachtana nua maidir le hoibreáin

20 IO L 131, 5.5.1998, lch. 11.

cheimiceacha a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Iarscríbhinn A ghabhann le Treoir 98/24/CE a leasú ar bhonn teicniúil, agus an Treoir sin a fhorlíonadh trí theorainnluachanna táscacha nochta ceirde a bhunú nó a athbhreithniú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 98/24/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 3(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

> "Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 12a a bhaineann le teorainnluachanna táscacha nochta ceirde a bhunú nó a athbhreithniú, á chur san áireamh an teacht a bheidh ar theicnící tomhaiste.
>
> Coinneoidh na Ballstáit eagraíochtaí oibrithe agus fostóirí ar an eolas faoi na teorainnluachanna táscacha nochta ceirde a leagfar amach ar leibhéal an Aontais.
>
> Más rud é, i gcás garbhaol eisceachtúil féidir a bheith ann do shláinte agus do shábháilteacht oibrithe, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 12b maidir le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun na míre seo.";

(2) in Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

> "1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 12a lena leasaítear na hIarscríbhinní, ar bhonn teicniúil, chun aird a thabhairt ar chomhchuibhiú agus caighdeánú teicniúil a bhaineann le hoibreáin cheimiceacha, agus chun aird a thabhairt ar an dul chun cinn teicniúil, athruithe ar rialacháin nó sonraíochtaí idirnáisiúnta agus fionnachtana nua maidir le hoibreáin cheimiceacha.
>
> Más rud é, i gcás garbhaol is féidir a bheith ann do shláinte agus do shábháilteacht oibrithe, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 12b maidir le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Airteagail seo.";

(3) cuirtear an tAirteagal 12 a agus an tAirteagal 12b seo a leanas isteach:

"*Airteagal 12a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3(2) agus in Airteagal 12(1) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 3(2) agus in Airteagal 12(1) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 3(2) agus Airteagal 12(1) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 12b*

**An nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in

Airteagal 12a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1."

**21. Treoir 1999/92/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1999 maidir le híoscheanglais chun sábháilteacht agus cosaint sláinte oibrithe a d'fhéadfadh bheith i mbaol ó atmaisféir phléascacha a fheabhsú (an cúigiú Treoir déag ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE)[21]**

Chun comhchuibhiú agus caighdeánú teicniúil i réimse na cosanta ar phléascthaí, an dul chun cinn teicniúil, athruithe ar rialacháin nó sonraíochtaí idirnáisiúnta, agus fionnachtana nua maidir le pléascthaí a chosc agus cosaint a dhéanamh orthu a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na hIarscríbhinní a ghabhann le Treoir 1999/92/CEE a leasú ar bhonn teicniúil. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 1999/92/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

"*Airteagal 10*

**Leasuithe ar na hIarscríbhinní**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10a lena leasaítear nahIarscríbhinní, ar bhonn teicniúil, chun aird a thabhairt archomhchuibhiú agus caighdeánú teicniúil i réimse na cosanta ar phléascthaí, agus chun aird a thabhairt ar an dul chun cinn teicniúil, athruithe ar rialacháin nó sonraíochtaí idirnáisiúnta agus fionnachtana nua maidir le pléascthaí a chosc agus cosaint a dhéanamh orthu.

Más rud é, i gcás garbhaol is féidir a bheith ann do shláinte agus do shábháilteacht oibrithe, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne, beidh feidhm ag an nós

---

21 IO L 23, 28.1.2000, lch. 57.

imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 10b maidir le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Airteagail seo.";

(2) cuirtear an tAirteagal 10 a agus an tAirteagal 10b seo a leanas isteach:

"*Airteagal 10a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 10 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 10 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 10 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 10b*

**An nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír

2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 10 a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

___________________

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1."

**22. Treoir 2000/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2000 maidir le hoibrithe a chosaint ar rioscaí a bhaineann le bheith faoi lé oibreán bitheolaíoch ag an obair (an seachtú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE)[22]**

Chun an dul chun cinn teicniúil, athruithe ar rialacháin nó sonraíochtaí idirnáisiúnta agus fionnachtana nua maidir le bheith faoi lé oibreán bitheolaíoch a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na hIarscríbhinní a ghabhann le Treoir 2000/54/CE a leasú ar bhonn teicniúil. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2000/54/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 19:

"*Airteagal 19*

**Leasuithe ar na hIarscríbhinní**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19a lena leasaítear, ar bhonn teicniúil, nahIarscríbhinní chun iad a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil, d’athruithe ar rialacháin nó

___________________

22 IO L 262, 17.10.2000, lch. 21.

sonraíochtaí idirnáisiúnta agus d’fhionnachtana nua sa réimse a bhaineann le bheith faoi lé oibreán bitheolaíoch.

Más rud é, i gcás garbhaol is féidir a bheith ann do shláinte agus do shábháilteacht oibrithe, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 19b maidir le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Airteagail seo.";

(2) cuirtear an tAirteagal 19 a agus an tAirteagal 19b seo a leanas isteach:

"*Airteagal 19a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 19 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 19 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 19 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 19b*

**An nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 19 a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

___

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1."

**23. Treoir 2002/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte a bhaineann le nochtadh oibrithe do rioscaí a bhaineann le hoibreáin fhisiceacha (creathadh) (an séú Treoir déag ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE)[23]**

Chun comhchuibhiú agus caighdeánú teicniúil i dtaca le dearadh, tógáil, monarú nó foirgníocht trealaimh oibre agus áiteanna oibre, an dul chun cinn teicniúil, athruithe ar chaighdeáin nó sonraíochtaí Eorpacha comhchuibhithe agus fionnachtana nua maidir le creathadh meicniúil a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Iarscríbhinn A ghabhann le Treoir 2002/44/CE a leasú ar bhonn teicniúil. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2002/44/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11:

"*Airteagal 11*

**Leasuithe ar na hIarscríbhinní**

___

[23] IO L 177, 6.7.2002, lch. 13.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11a lena leasaítear an Iarscríbhinn, ar bhonn teicniúil, chun comhchuibhiú agus caighdeánú teicniúil i dtaca le dearadh, tógáil, monarú nó foirgníocht trealaimh oibre agus áiteanna oibre, an dul chun cinn teicniúil, athruithe ar rialacháin nó sonraíochtaí Eorpacha comhchuibhithe agus fionnachtana nua maidir le creathadh meicniúil a chur san áireamh.

Más rud é, i gcás garbhaol is féidir a bheith ann do shláinte agus do shábháilteacht oibrithe, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 11b maidir le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Airteagail seo.";

(2) cuirtear an tAirteagal 11 a agus an tAirteagal 11b seo a leanas isteach:

"*Airteagal 11a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 11 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 11 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 11 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an

tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 11b*

**An nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 11a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) scriostar Airteagal 12.

**24. Treoir 2003/10/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Feabhra 2003 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte a bhaineann le nochtadh oibrithe do rioscaí a bhaineann le hoibreáin fhisiceacha (torann) (an seachtú Treoir déag ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE)[24]**

Chun comhchuibhiú agus caighdeánú teicniúil i dtaca le dearadh, tógáil, monarú nó foirgníocht trealaimh oibre agus áiteanna oibre, an dul chun cinn teicniúil, athruithe ar chaighdeáin nó sonraíochtaí Eorpacha comhchuibhithe agus fionnachtana nua maidir le torann a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Treoir 2003/10/CE a leasú ar bhonn teicniúil. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2003/10/CE mar a leanas:

24 IO L 042, 15.2.2003, lch. 38.

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

"*Airteagal 12*

**Leasuithe ar an Treoir**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 12a lena leasaítear an Iarscríbhinn seo, ar bhonn teicniúil, chun comhchuibhiú agus caighdeánú teicniúil i dtaca le dearadh, tógáil, monarú nó foirgníocht trealaimh oibre agus áiteanna oibre, an dul chun cinn teicniúil, athruithe ar chaighdeáin nó sonraíochtaí Eorpacha comhchuibhithe agus fionnachtana nua maidir le torann a chur san áireamh.

Más rud é, i gcás garbhaol is féidir a bheith ann do shláinte agus do shábháilteacht oibrithe, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 12b maidir le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Airteagail seo.";

(2) cuirtear an tAirteagal 12 a agus an tAirteagal 12b seo a leanas isteach:

"*Airteagal 12a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 12 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 12 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 12 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a

thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 12b*

**An nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 12a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

______________

*   IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) scriostar Airteagal 13.

**25. Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le hoibrithe a chosaint ar rioscaí a bhaineann le bheith faoi lé carcanaiginí nó só-ghineacha ag an obair (an séú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE ón gComhairle)[25]**

Chun an dul chun cinn teicniúil, athruithe i rialacháin nó sonraíochtaí idirnáisiúnta agus fionnachtana nua maidir le carcanaiginí nó só-ghineacha a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2004/37/CE a leasú ar bhonn teicniúil. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

______________

[25] IO L 158, 30.4.2004, lch. 50.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2004/37/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 17:

"*Airteagal 17*

**Leasú ar Iarscríbhinn II**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17a lena leasaítear Iarscríbhinn II, ar bhonn teicniúil, chun an dul chun cinn teicniúil, athruithe ar rialacháin nó sonraíochtaí idirnáisiúnta agus fionnachtana nua maidir le carcanaiginí nó só-ghineacha a chur san áireamh.

Más rud é, i gcás garbhaol is féidir a bheith ann do shláinte agus do shábháilteacht oibrithe, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 17b maidir le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Airteagail seo.";

(2) cuirtear an tAirteagal 17 a agus an tAirteagal 17b seo a leanas isteach:

"*Airteagal 17a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 17 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 17 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 17 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a

thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 17b*

**An nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 17 a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.".

**26. Treoir 2006/25/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2006 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte a bhaineann le nochtadh oibrithe do rioscaí a bhaineann le hoibreáin fhisiceacha (radaíocht optúil shaorga) (an naoú Treoir déag ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE)[26]**

Chun comhchuibhiú agus caighdeánú teicniúil i dtaca le dearadh, tógáil, monarú nó foirgníocht trealaimh oibre agus áiteanna oibre, an dul chun cinn teicniúil, athruithe ar chaighdeáin nó sonraíochtaí Eorpacha comhchuibhithe agus fionnachtana eolaíocha nua maidir le nochtadh ar an láthair oibre do radaíocht optúil a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na hIarscríbhinní a ghabhann le Treoir 2006/25/CE a leasú ar bhonn teicniúil. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a

---

[26] IO L 114, 27.4.2006, lch. 38.

gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2006/25/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

"*Airteagal 10*

**Na hIarscríbhinní a leasú**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10a lena leasaítear na hIarscríbhinní, ar bhonn teicniúil, chun aird a thabhairt ar chomhchuibhiú agus caighdeánú teicniúil i dtaca le dearadh, tógáil, monarú nó foirgníocht trealaimh oibre agus áiteanna oibre, an dul chun cinn teicniúil, athruithe ar chaighdeáin Eorpacha comhchuibhithe nó i sonraíochtaí idirnáisiúnta agus fionnachtana eolaíocha nua maidir le nochtadh ar an láthair oibre do radaíocht optúil.

Más rud é, i gcás garbhaol is féidir a bheith ann do shláinte agus do shábháilteacht oibrithe, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 10b maidir le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Airteagail seo."

(2) cuirtear an tAirteagal 10 a agus an tAirteagal 10b seo a leanas isteach:

"*Airteagal 10a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 10 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 10 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 10 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 10b*

**An nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 10a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) scriostar Airteagal 11.

**27. Treoir 2009/104/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte d'úsáid trealaimh oibre ag oibrithe ag an obair (an dara Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE)**[27]

Chun comhchuibhiú agus caighdeánú teicniúil, an dul chun cinn teicniúil, athruithe ar rialacháin nó sonraíochtaí idirnáisiúnta, nó eolas sa réimse trealaimh oibre a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2009/104/CE a leasú ar bhonn teicniúil. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2009/104/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11:

Airteagal 11

**Na hIarscríbhinní a leasú**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11a lena leasaítear Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II, ar bhonn teicniúil, chun aird a thabhairt ar chomhchuibhiú agus caighdeánú teicniúil trealaimh oibre agus chun aird a thabhairt ar an dul chun cinn teicniúil agus athruithe ar rialacháin nó sonraíochtaí idirnáisiúnta nó eolas i réimse an trealaimh oibre.

Más rud é, i gcás garbhaol is féidir a bheith ann do shláinte agus do shábháilteacht oibrithe, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 11b maidir le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Airteagail seo.";

(2) cuirtear an tAirteagal 11a agus an tAirteagal 11b seo a leanas isteach:

"*Airteagal 11a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

[27] IO L 260, 3.10.2009, lch. 5.

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 11 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 11 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 11 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 11b*

**An nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 11 a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.".

**28. Treoir 2009/148/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le hoibrithe a chosaint ar rioscaí a bhaineann le bheith faoi lé aispeiste ag an obair**[28]

Chun an dul chun cinn teicniúil a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Treoir 2009/148/CE a leasú ar bhonn teicniúil. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2009/148/CE mar a leanas:

(1) scriostar Airteagal 9;

(2) in Airteagal 18, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Ní mór measúnú ar shláinte gach oibrí a bheith curtha ar fáil sula gcuirfear tús le hobair ina mbeadh oibrithe faoi lé dhusta ó aispeist nó ó ábhair ina bhfuil aispeist ag an obair.

Áireofar scrúdú sonrach ar an gcliabhrach sa mheasúnú sin. Tugtar moltaí praiticiúla in Iarscríbhinn I dá bhféadfaidh na Ballstáit tagairt maidir le faireachas cliniciúil na n-oibrithe. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18a lena leasaítear Iarscríbhinn I, ar bhonn teicniúil, chun í a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil.

Más rud é, i gcás garbhaol is féidir a bheith ann do shláinte agus do shábháilteacht oibrithe toisc iad a bheith faoi lé aispeiste ag an obair, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 18b maidir le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Airteagail seo.

Ní mór measúnú nua a bheith curtha ar fáil ar a laghad uair amháin gach trí bliana chomh fada agus a bheidh an nochtadh ann.

[28] IO L 330, 16.12.2009, lch. 28.

Coinneofar taifead leighis duine aonair i gcomhréir le dlíthe agus/nó cleachtais náisiúnta le haghaidh gach oibrí dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

(3) cuirtear an tAirteagal 18 a agus an tAirteagal 18b seo a leanas isteach:

"*Airteagal 18a*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 18(2)a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 18(2) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 18(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 18b*

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 18 a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

______________________

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.".

## V. FUINNEAMH

### 29. Treoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/55/CE[29]

Chun margadh inmheánach sa ghás nádúrtha a áirithiú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Treoir 2009/73/CE a fhorlíonadh leis na treoirlínte riachtanacha lena leagtar amach mionsonraí líon nósanna imeachta a bhaineann le rialacha an mhargaidh gháis. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2009/73/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 50a lena mbunaítearTreoirlínte i dtaca le comhar réigiúnach de mheon dlúthpháirtíochta.";

(2) in Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:

"10. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 50a lena mbunaítear Treoirlínte lena leagtar amach mionsonraí an nóis imeachta a bheidh le leanúint chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm.";

(3) in Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 50a lena mbunaítear Treoirlínte chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh úinéir an chórais tarchurtha agus oibreoir an chórais stórála mír 2 den Airteagal seo go hiomlán agus go héifeachtach.";

(4) in Airteagal 36, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:

"10. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 50a lena mbunaítear Treoirlínte chun na coinníollacha a

[29] IO L 211, 14.8.2009, lch. 94.

leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm agus lena leagtar amach an nós imeachta a bheidh le leanúint chun míreanna 3, 6, 8 agus 9 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm.";

(5) in Airteagal 42, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 50a lena mbunaítear Treoirlínte i dtaca le raon na ndualgas a bheidh ar na húdaráis rialála comhoibriú le chéile agus leis an nGníomhaireacht.";

(6) in Airteagal 43, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

"9. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 50a lena mbunaítear Treoirlínte lena leagtar amach mionsonraí an nóis imeachta a bheidh le leanúint ag na húdaráis rialála, ag an nGníomhaireacht agus ag an gCoimisiún maidir leis na cinntí arna ndéanamh ag na húdaráis rialála a bheith ag comhlíonadh na dTreoirlínte dá dtagraítear san Airteagal seo.";

(7) in Airteagal 44, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 50a lena mbunaítear Treoirlínte ina sonraítear na modhanna agus na socruithe i leith taifid a choinneáil chomh maith le foirm agus inneachar na sonraí sin a choinneofar.";

(8) cuirtear an tAirteagal 50a seo a leanas isteach:

*"Airteagal 50a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 6(4), 11(10), 15(3), 36(10), 42(5), 43(9) agus 44(4) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 6(4), 11(10), 15(3), 36(10), 42(5), 43(9) agus 44(4) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na

prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 6(4), 11(10), 15(3), 36(10), 42(5), 43(9) agus 44(4) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch.1.";

(9) in Airteagal 51, scriostar mír 3.

**30. Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha le haghaidh rochtana ar na gréasáin gáis nádúrtha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005**[30]

Chun coinníollacha a áirithiú le haghaidh rochtain ar na gréasáin gáis nádúrtha, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 a fhorlíonadh leis na treoirlínte riachtanacha lena leagtar amach mionsonraí nós imeachta, bearta lena gcuimsítear socruithe fíorchasta teicniúla agus bearta lena sonraítear mionsonraí forálacha ar leith den Rialachán sin. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 27a lena mbunaítear Treoirlínte lena leagtar amach mionsonraí an nóis imeachta a bheidh le leanúint chun mír 1 agus mír 2 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm.";

---

30 IO L 211, 14.8.2009, lch. 36.

(2) in Airteagal 6(11), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"I gcás ina mbeartóidh an Coimisiún cód gréasáin a ghlacadh ar a thionscnamh féin, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an nGníomhaireacht, leis an ENTSO don Ghás agus leis na geallsealbhóirí ábhartha uile maidir leis an dréachtchód gréasáin le linn tréimhse nach lú ná dhá mhí. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 27a a bhaineann leis na cóid ghréasáin sin.";

(3) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 27a lena mbunaítear leasuithe ar aon chód gréasáin arna ghlacadh faoi Airteagal 6 agus moltaí na Gníomhaireachta á gcur san áireamh aige.";

(4) in Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Chun críocha na spriocanna a leagtar síos i mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo a bhaint amach, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 27a lena gcinntear an limistéar geografach a chumhdaíonn gach struchtúr comhair réigiúnaigh agus na struchtúir comhair réigiúnaigh atá ann cheana á gcur san áireamh. Chun na críche sin, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an nGníomhaireacht agus leis an ENTSO don Ghás.

Ceadófar do gach Ballstát comhar a chur chun cinn i níos mó ná limistéar geografach amháin.";

(5) in Airteagal 23(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 27a lena mbunaítear Treoirlínte maidir leis na saincheisteanna a liostaítear i mír 1 den Airteagal seo agus lena leasaítear na Treoirlínte dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) den mhír sin.";

(6) cuirtear an tAirteagal 27 a seo a leanas isteach:

*"Airteagal 27a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 3(5), 6(11), (7)3, 12(3) agus 23(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 3(5), 6(11), 7(3), 12(3) agus 23(2) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na

cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 3(5), 6(11), 7(3), 12(3) agus 23(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch.1.";

(7) scriostar Airteagal 28.

**31. Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le lipéadú bonn i leith éifeachtúlachta breosla agus paraiméadar riachtanach eile[31]**

Chun na hoiriúnuithe teicniúla riachtanacha a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú chun iad a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11:

---

31 IO L 342, 22.12.2009, lch. 46.

"*Airteagal 11*
**Leasuithe agus oiriúnuithe don dul chun cinn teicniúil**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 12a, lena leasaítear an Rialachán seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) ceanglais faisnéise a thabhairt isteach maidir le grádú fliuchghreama bhoinn C2 agus bhoinn C3, ar choinníoll go mbeidh modhanna comhchuibhithe oiriúnacha tástála ar fáil;

(b) nuair is iomchuí, an grádú greama a oiriúnú do shainiúlachtaí teicniúla bonn atá ceaptha, go príomha, chun feidhmiú ar shlí níos fearr i ndálaí oighir agus/nó sneachta, ná mar a fheidhmíonn gnáthbhonn a mhéid a bhaineann lena gcumas chun gluaiseacht feithicle a thionscnamh, a choimeád ar bun nó a stopadh;

(c) Iarscríbhinn I go hIarscríbhinn V a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil.";

(2) cuirtear an tAirteagal 12 a seo a leanas isteach:

"*Airteagal 12a*
**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 11 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 11 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 11 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*   IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) scriostar Airteagal 13.

## VI. COMHSHAOL

### 32. Treoir 91/271/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1991 maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh[32]

Chun Treoir 91/271/CE a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir sin a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 91/271/CEE mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

> "2. Comhlíonfaidh na córais bhailithe dá dtagraítear i mír 1 na ceanglais i Roinn A d'Iarscríbhinn I.
>
> Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17a lena leasaítear na ceanglais sin.";

(2) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

> "3. Déanfaidh aon sceitheadh ó ionaid chóireála fuíolluisce uirbigh dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 na ceanglais ábhartha i Roinn B d'Iarscríbhinn I a chomhlíonadh.
>
> Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17a lena leasaítear na ceanglais sin.";

(3) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

> "3. Déanfaidh aon sceitheadh ó ionaid chóireála fuíolluisce uirbigh dá dtagraítear i mír 2 na ceanglais ábhartha i Roinn B d'Iarscríbhinn I a chomhlíonadh.
>
> Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17a lena leasaítear na ceanglais sin.";

[32] IO L 135, 30.5.1991, lch. 40.

(4) in Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Comhlíonfaidh rialacháin agus údaruithe sonracha na ceanglais a leagtar amach i Roinn C d'Iarscríbhinn I.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17a lena leasaítear na ceanglais sin.";

(5) in Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Beidh coinníollacha a chomhlíonfaidh na ceanglais ábhartha i Roinn B d'Iarscríbhinn I ar áireamh i réamhrialacháin agus in údaruithe sonracha a bhaineann le sceitheadh ó ionaid chóireála fuíolluisce uirbigh arna ndéanamh de bhun mhír 2 laistigh de cheirtleáin le coibhéis daonra idir 2 000 agus 10 000 i gcás sceite i bhfionnuiscí agus in inbhir, agus laistigh de cheirtleáin le coibhéis daonra 10 000 nó níos mó ná 10 000 i gcás gach cineál sceite.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17a lena leasaítear na ceanglais sin.";

(6) cuirtear an tAirteagal 17 a seo a leanas isteach:

"*Airteagal 17a*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 3(2), 4(3), (5)3, 11(2) agus 12(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 3(2), 4(3), 5(3), 11(2) agus 12(3) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 3(2), 4(3), 5(3), 11(2) agus 12(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach

ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(7) in Airteagal 18, scriostar mír 3.

**33. Treoir 91/676/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta[33]**

Chun Treoir 91/676/CEE a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir sin a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 91/676/CEE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

*"Airteagal 8*

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 8a lena leasaítear na hIarscríbhinní chun iad a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.";

(2) cuirtear an tAirteagal 8 a seo a leanas isteach:

*“Airteagal 8a*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 8 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

---

[33] IO L 375, 31.12.1991, lch. 1.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 8 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 8 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch.1.";

(3) in Airteagal 9, scriostar mír 3.

**34. Treoir 94/63/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 1994 maidir le rialú astaíochtaí de chomhdhúile soghalaithe orgánacha (CSO) a thig ó stóráil peitril agus óna dáileadh ó theirminéil go stáisiúin seirbhíse[34]**

Chun a áirithiú go ndéanfar athbhreithniú ar na sonraíochtaí maidir le trealamh lódála ón mbonn aníos a leagtar síos i dTreoir 94/63/CE i gcás inarb iomchuí agus chun na hIarscríbhinní a oiriúnú don dul chun cinn, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir sin a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar

[34] IO L 365, 31.12.1994, lch. 24.

chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 94/63/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 4(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an séú fomhír:

> "Beidh na críochfoirt uile ag a bhfuil saoráidí lódála do thancaeir bhóthair feistithe le droichead iompair amháin ar a laghad a chomhlíonfaidh na sonraíochtaí i gcomhair trealaimh lódála ón mbonn aníos a leagtar síos in Iarscríbhinn IV. Déanfaidh an Coimisiún athscrúdú ar na sonraíochtaí sin go tráthrialta agus tabharfar de chumhacht dó gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 7a lena leasaítear Iarscríbhinn IV i bhfianaise thoradh an athscrúdaithe sin.";

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

"*Airteagal 7*

**Oiriúnú don dul chun cinn teicniúil**

> Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 7a lena leasaítear na hIarscríbhinn Chun iad a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil, cé is moite de na teorainnluachanna a leagtar síos i bpointe 2 d'Iarscríbhinn II.";

(3) cuirtear an tAirteagal 7 a seo a leanas isteach:

"*Airteagal 7a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

> 1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
>
> 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 4(1) agus in Airteagal 7 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].
>
> 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 4(1) agus in Airteagal 7 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.
>
> 4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na

prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 4(1) agus Airteagal 7 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch.1. ";

(4) scriostar Airteagal 8.

**35. Treoir 96/59/CE ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 1996 maidir le diúscairt défheinilí polaclóirínithe agus trífheinilí polaclóirínithe (PCB/PCT)[35]**

Chun na rialacha teicniúla breise a bhunú is gá chun PCB agus PCT a dhiúscairt de bhun Threoir 96/59/CE, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán sin a fhorlíonadh tríd an méid seo a leanas:

- na modhanna tagartha tomhais a shocrú chun an t-inneachar PCB a chinneadh;
- substaintí eile nach bhfuil chomh contúirteach céanna a chinneadh, chun críocha áirithe, mar mhalairt ar PCBanna;
- na caighdeáin theicniúla i gcomhair modhanna eile diúscartha PCBanna a shocrú chun críocha áirithe.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 96/59/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10b:

---

[35] IO L 243, 24.9.1996, lch. 31.

(a) na modhanna tagartha tomhais a shocrú chun an t-inneachar PCB atá in ábhair éillithe a chinneadh.

(b) más gá, chun críche phointe (b) agus phointe (c) d'Airteagal 9(1), agus chun na críche sin amháin, substaintí eile nach bhfuil chomh contúirteach céanna a chinneadh mar mhalairt ar PCBanna.

(c) na caighdeáin theicniúla a shocrú i gcomhair modhanna eile diúscartha PCBanna dá dtagraítear sa dara habairt d'Airteagal 8(2).

Chun críocha phointe (a) den chéad fhomhír, fanfaidh aon tomhais a rinneadh sular socraíodh na modhanna tagartha bailí.";

(2) in Airteagal 10a, scriostar mír 3.

(3) cuirtear an tAirteagal 10b seo a leanas isteach:

"*Airteagal 10b*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 10(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 10(2) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 10(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an

tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.".

**36. Treoir 98/83/CE ón gComhairle an 3 Samhain 1998 maidir le cáilíocht an uisce a ceapadh lena ól ag an duine[36]**

Chun Treoir 98/83/CE a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir sin a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Tá an cumhachtú a leagtar síos i Nóta 10 de Chuid C d'Iarscríbhinn I chun minicíochtaí faireacháin agus modhanna faireacháin i gcomhair substaint radaighníomhach a shocrú tar éis imeacht as feidhm mar gheall ar Threoir 2013/51/Euratom ón gComhairle a glacadh[37].

Chomh fada agus a bhaineann sé leis an gcumhachtú a leagtar síos sa dara fomhír de Chuid A d'Iarscríbhinn III, tá foráil déanta cheana faoi Airteagal 11(2) de Threoir 98/83/CE go bhféadfar Iarscríbhinn III a leasú trí ghníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 98/83/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

> "2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11a lena leasaítear Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III, i gcás inar gá, chun iad a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.";

(2) cuirtear an tAirteagal 11 a seo a leanas isteach:

"*Airteagal 11a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

> 1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
>
> 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 11(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

---

[36] IO L 330, 5.12.1998, lch. 32.

[37] Treoir 2013/51/Euratom ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos ceanglais maidir le sláinte an phobail a chosaint i ndáil le substaintí radaighníomhacha in uisce a ceapadh lena ól ag an duine (IO L 296, 7.11.2013, lch. 12.)

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 11(2) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 11(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.".

(3) in Airteagal 12, scriostar mír 3;

(4) in Iarscríbhinn IV, leasaítear Cuid C mar a leanas:

(a) scriostar an chuid den tábla dar teideal "Radaighníomhaíocht";

(b) scriostar nóta 8, nóta 9 agus nóta 10;

(5) i gCuid A d’Iarscríbhinn III, scriostar an dara fomhír.

**37. Treoir 2000/53/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2000 maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite[38]**

Chun a áirithiú go bhfanfaidh Treoir 2000/53/CE cothrom le dáta agus chun bearta teicniúla breise a bhunú maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na gcríoch seo a leanas:

- na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir sin a leasú;
- an Treoir sin a fhorlíonadh le híoscheanglais maidir leis an deimhniú scriosta;

[38] IO L 269, 21.10.2000, lch. 34.

- an Treoir sin a fhorlíonadh le rialacha is gá chun a rialú go mbeidh na Ballstáit ag comhlíonadh na spriocanna agus na gcaighdeán maidir le códú comhpháirteanna agus ábhair.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2000/53/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 4(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a lena leasaítear Iarscríbhinn II ar bhonn rialta chun í a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) uasluachanna tiúchana a bhunú, de réir mar is gá, ag a nglacfar leis na substaintí dá dtagraítear i bpointe (a) atá in ábhair agus i gcomhpháirteanna sonracha feithiclí;

(ii) ábhair agus comhpháirteanna áirithe feithiclí a dhíolmhú ó phointe (a) mura féidir úsáid na substaintí sin a sheachaint;

(iii) ábhair agus comhpháirteanna feithiclí a scriosadh ó Iarscríbhinn II mura féidir úsáid na substaintí sin a sheachaint;

(iv) faoi phointe (i) agus faoi phointe (ii) na hábhair agus na comhpháirteanna feithiclí sin a ainmniú a fhéadfar a bhaint as a chéile sula ndéanfar iad a chóireáil a thuilleadh agus lena bhféadfar an méid seo a leanas a éileamh ina leith; iad a lipéadú nó iad a shainaithint trí mhodhanna oiriúnacha eile. ";

(2) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go n-aithneoidh a n-údaráis inniúla go frithpháirteach na deimhnithe scriosta arna n-eisiúint i mBallstáit eile i gcomhréir le mír 3 agus go nglacfaidh siad leis na deimhnithe scriosta sin go frithpháirteach.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a a bhaineann leis na híoscheanglais maidir leis an deimhniú scriosta.";

(3) in Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

"6. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a lena leasaítear Iarscríbhinn I chun í a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.";

(4) In Airteagal 7(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a i dtaca leis na rialacha mionsonraithe is gá chun a rialú go gcomhlíonfaidh na Ballstáit na spriocanna a leagtar amach sa chéad fhomhír. Nuair a bheifear ag ullmhú na rialacha sin, cuirfidh an Coimisiún na tosca ábhartha go léir san áireamh, *inter alia*, a mhéid atá fáil ar shonraí agus aon saincheist maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite a onnmhairiú agus a allmhairiú.";

(5) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a i dtaca leis na caighdeáin dá dtagraítear i mír 1. Nuair a bheifear ag ullmhú na gcaighdeán sin, tabharfaidh an Coimisiún aird ar an obair atáthar a dhéanamh sa réimse sin sna fóraim idirnáisiúnta ábhartha agus cuirfidh sé leis an obair sin de réir mar is iomchuí.";

(6) cuirtear an tAirteagal 9 a seo a leanas isteach:

*"Airteagal 9 a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 4(2)(b), 5(5), 6(6), 7(2) agus 8(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 4(2)(b), 5(5), 6(6), 7(2) agus 8(2) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 4(2)(b), 5(5), 6(6), 7(2) agus 8(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(7) in Airteagal 11, scriostar mír 3.

**38. Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce[39]**

Chun Treoir 2000/60/CE a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil agus rialacha teicniúla breise a bhunú is gá do ghníomhaíocht an Aontais i réimse an bheartais uisce, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún maidir leis an méid seo a leanas:

- Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn III agus Roinn 1.3.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir sin a leasú;
- an Treoir sin a fhorlíonadh le sonraíochtaí teicniúla agus modhanna caighdeánaithe chun anailís agus faireachán a dhéanamh ar stádas an uisce;
- an Treoir sin a fhorlíonadh trí thorthaí an chleachtaithe idirchalabraithe a leagan amach agus trí na luachanna atá i rangú córas faireacháin na mBallstát a bhunú.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

---

39 IO L 327, 22.12.2000, lch. 1.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2000/60/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20a lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla agus modhanna caighdeánaithe chun anailís agus faireachán a dhéanamh ar stádas an uisce.";

(2) in Airteagal 20(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20a lena leasaítear Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn III agus Roinn 1.3.6 d'Iarscríbhinn V chun iad a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, ag tabhairt aird ar na tréimhsí le hathbhreithniú a dhéanamh ar phleananna bainistíochta abhantraí dá dtagraítear in Airteagal 13, agus le hiad a thabhairt cothrom le dáta.";

(3) cuirtear an tAirteagal 20 a seo a leanas isteach:

*"Airteagal 20a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 8(3), sa chéad fhomhír d'Airteagal 20(1) agus i bpointe (ix) de mhír 1.4.1 d'Iarscríbhinn V a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 8(3), sa chéad fhomhír d'Airteagal 20(1) agus i bpointe (ix) de mhír 1.4.1 d'Iarscríbhinn V a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 8(3), de bhun na chéad fhomhíre d'Airteagal 20(1) agus de bhun phointe (ix) de mhír 1.4.1

d'Iarscríbhinn V i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1. ";

(4) in Airteagal 21, scriostar mír 3;

(5) in Iarscríbhinn V, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ix) de mhír 1.4.1:

"(ix) Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20a lena leagtar amach torthaí an chleachtaithe idirchalabraithe agus lena mbunaítear na luachanna atá i rangú chóras faireacháin na mBallstát i gcomhréir le pointí (i) go (viii). Foilseofar é laistigh de shé mhí ó thabhairt i gcrích an chleachtaithe idirchalabraithe.".

**39. Treoir 2002/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 maidir le torann timpeallachta a mheasúnú agus a bhainistiú**[40]

Chun Treoir 2002/49/CE a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir sin a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2002/49/CE mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

″2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 12a lena leasaítear Iarscríbhinn II chun modhanna

[40] IO L 189, 18.7.2002, lch. 12.

comhchoiteanna measúnúcháin a bhunú chun luach L*den* agus luach L*night* a chinneadh.";

(b) i mír 3, cuirtear an dara fomhír seo a leanas isteach:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 12a, lena leasaítear Iarscríbhinn III chun modhanna comhchoiteanna measúnúcháin a bhunú chun éifeachtaí díobhálacha a chinneadh.";

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

*"Airteagal 12*

**Oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 12a lena leasaítear pointe 3 d'Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III chun iad a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.";

(3) cuirtear an tAirteagal 12 a seo a leanas isteach:

"*Airteagal 12a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 6(2) agus (3) agus in Airteagal 12 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 6(2) agus (3) agus in Airteagal 12 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 6(2) agus (3) agus Airteagal 12 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1";

(4) in Airteagal 13, scriostar mír 3;

(5) in Iarscríbhinn III, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte den fhoclaíocht tosaigh:

"Beidh baint shonrach ag an gcaidreamh idir dáileog/éifeacht a thabharfar isteach le hathbhreithnithe a dhéanfar amach anseo ar an Iarscríbhinn seo leis na nithe seo a leanas:".

**40. Treoir 2004/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le hastaíochtaí de chomhdhúile so-ghalaithe orgánacha a theorannú, ar astaíochtaí iad a éiríonn as úsáid tuaslagóirí orgánacha i bpéinteanna agus i vearnaisí áirithe agus i dtáirgí ath-bhailchríochnaithe feithiclí agus lena leasaítear Treoir 1999/13/CE[41]**

Chun a áirithiú go mbainfear úsáid as modhanna anailíseacha atá cothrom le dáta chun a chinneadh go mbeidh teorainnluachanna á gcomhlíonadh i leith comhdhúile so-ghalaithe orgánacha, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2004/42/CE a leasú chun í a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2004/42/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11:

"*Airteagal 11*

**Oiriúnú don dul chun cinn teicniúil**

---

[41] IO L 143, 30.4.2004, lch. 87.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11a lena leasaítear Iarscríbhinn III chun í a oiriúnú don dul chun teicniúil.”

(2) cuirtear an tAirteagal 11 a seo a leanas isteach:

"*Airteagal 11a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 11 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 11 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 11 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) in Airteagal 12, scriostar mír 3.

**41. Treoir 2004/107/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 i ndáil le harsanaic, caidmiam, mearcair, nicil agus hidreacarbóin aramatacha iltimthriallacha san aer comhthimpeallach**[42]

Chun forbairtí eolaíocha agus teicniúla a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Treoir 2004/107/CE a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2004/107/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 15:

"15. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 5a lena leasaítear an tAirteagal seo, Roinn II d'Iarscríbhinn II, d'Iarscríbhinn III, d'Iarscríbhinn IV agus d'Iarscríbhinn V faoi seach agus Roinn V d'Iarscríbhinn V chun iad a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.

Ní fhéadfaidh aon athruithe díreacha nó indíreacha ar na spriocluachanna a bheith de thoradh orthu, áfach.";

(2) cuirtear an tAirteagal 5a seo a leanas isteach:

"*Airteagal 5a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 4(15) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 4(15) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na

[42] IO L 23, 26.1.2005, lch. 3.

prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 4(15) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

___

* IO L 123, 12.5.2016, lch.1.";

(3) in Airteagal 6, scriostar mír 3;

(4) in Iarscríbhinn V, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn V:

"Ní féidir teicníochtaí samhaltaithe tagartha do cháilíocht an aeir a shonrú faoi láthair.".

**42. Treoir 2006/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Feabhra 2006 maidir le cáilíocht uisce snámha a bhainistiú agus lena n-aisghairtear Treoir 76/160/CEE[43]**

Chun Treoir 2006/7/CE a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na gcríoch seo a leanas:

- Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin a leasú maidir leis na modhanna anailíse i gcomhair na bparaiméadar a leagtar amach san Iarscríbhinn sin;
- Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir sin a leasú;
- an Treoir sin a fhorlíonadh tríd an gcaighdeán EN/ISO maidir le coibhéis modhanna micribhitheolaíocha a shonrú.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2006/7/CE mar a leanas:

___

43 IO L 64, 4.3.2006, lch. 37.

(1) in Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15a:

(a) lena sonraítear an caighdeán EN/ISO maidir le coibhéis modhanna micribhitheolaíocha chun críocha Airteagal 3(9);

(b) lena leasaítear Iarscríbhinn I i gcás inar gá sin i bhfianaise an dul chun cinn eolaíoch agus theicniúil, maidir leis na modhanna anailíse i gcomhair na bparaiméadar a leagtar amach san Iarscríbhinn sin;

(c) lena leasaítear Iarscríbhinn Vi gcás inar gá sin i bhfianaise an dul chun cinn eolaíoch agus theicniúil.";

(2) cuirtear an tAirteagal 15a seo a leanas isteach:

"*Airteagal 15a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 15(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 15(2) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 15(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) in Airteagal 16, scriostar mír 3.

**43. Treoir 2006/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 maidir le dramhaíl ó na tionscail eastóscacha a bhainistiú agus lena leasaítear Treoir 2004/35/CE[44]**

Chun forálacha teicniúla Threoir 2006/21/CE a fhorbairt a thuilleadh agus chun an Treoir a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na gcríoch seo a leanas:

- na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir sin a leasú chun iad a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch;
- an Treoir sin a fhorlíonadh le ceanglais theicniúla chun críocha Airteagal 13(6);
- an Treoir sin a fhorlíonadh chun na ceanglais theicniúla maidir le tréithriú dramhaíola in Iarscríbhinn II a chomhlánú, chun an Treoir sin a fhorlíonadh le léirmhíniú ar an sainmhíniú atá i bpointe 3 d'Airteagal 3,
- chun an Treoir sin a fhorlíonadh le critéir maidir le haicmiú saoráidí dramhaíola i gcomhréir le hIarscríbhinn III,
- chun an Treoir sin a fhorlíonadh le caighdeáin chomhchuibhithe le haghaidh modhanna samplála agus anailíse,

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2006/21/CEE mar a leanas:

(1) in Airteagal 22, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2 agus mhír 3:

"2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 22a a bhfuil gá leo chun na gcríoch seo a leanas:

(a) na ceanglais theicniúla a mhionsaothrú chun críocha Airteagal 13(6), lena n-áirítear ceanglais theicniúla a bhaineann le ciainíd in-díthiomsaithe le haigéad lag agus a modh tomhais a shainmhíniú;

[44] IO L 102, 11.4.2006, lch. 15.

(b) na ceanglais theicniúla maidir le dramhaíl a thréithriú atá in Iarscríbhinn II a chomhlánú;

(c) an sainmhíniú atá bpointe 3 d'Airteagal 3 a léirmhíniú;

(d) na critéir maidir le haicmiú saoráidí dramhaíola a shainmhíniú i gcomhréir le hIarscríbhinn III;

(e) aon chaighdeáin chomhchuibhithe le haghaidh modhanna samplála agus anailíse a chinneadh is gá chun an Treoir seo a chur chun feidhme go teicniúil.

Agus tarmligean na cumhachta dá dtagraítear sa chéad fhomhír á fheidhmiú aige, tabharfaidh an Coimisiún tosaíocht do na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (b), i bpointe (c) agus i bpointe (d).

3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 22a lena leasaítear na hIarscríbhinní chun iad a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil. Déanfar na leasuithe sin d'fhonn ardleibhéal cosanta comhshaoil a bhaint amach.";

(2) cuirtear an tAirteagal 22a seo a leanas isteach:

"*Airteagal 22a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 22(2) agus (3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 22(2) agus (3) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 22(2) agus (3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

*   IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) in Airteagal 23, scriostar mír 3.

**44. Treoir 2006/118/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheath**[45]

Chun Treoir 2006/118/CE a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinn II, Iarscríbhinn III agus Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir sin a leasú agus chun truailleáin agus táscairí nua a chur isteach. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2006/118/CE mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

"*Airteagal 8*

**Oiriúnuithe teicniúla**

1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 8a lena leasaítear Cuid A agus Cuid C d'Iarscríbhinn II, agus Iarscríbhinn III agus Iarscríbhinn IV chun iad a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, ag cur san áireamh an tréimhse le hathbhreithniú a

---

[45] IO L 372, 27.12.2006, lch. 19.

dhéanamh ar phleananna bainistíochta abhantraí, dá dtagraítear in Airteagal 13(7) de Threoir 2000/60/CE, agus le hiad a thabhairt cothrom le dáta.

2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 8a lena leasaítear Cuid B d'Iarscríbhinn II chun truailleáin agus táscairí nua a chur isteach.";

(2) cuirtear an tAirteagal 8a seo a leanas isteach:

*"Airteagal 8a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 8 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 8 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 8 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) scriostar Airteagal 9.

**45. Rialachán (CE) Uimh. 166/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2006 maidir le Clár Eorpach ar Scaoileadh agus Aistriú Truailleán a bhunú agus lena leasaítear Treoir 91/689/CEE agus Treoir 96/61/CE ón gComhairle[46]**

Chun Rialachán (CE) Uimh. 166/2006 a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus d'fhorbairt dlí idirnáisiúnta agus chun tuairisciú níos fearr a áirithiú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch nó teicniúil nó mar thoradh ar aon leasú ar na hIarscríbhinní a ghabhann le Prótacal UNECE um Chláir Eorpacha ar Scaoileadh agus Aistriú Truailleán arna ghlacadh ag Cruinniú na bPáirtithe don Phrótacal, mar aon leis an Rialachán sin a fhorlíonadh trí thuairisciú a thionscnamh ar scaoileadh truailleán ábhartha ó fhoinse idirleata amháin nó níos mó. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 166/2006 mar a leanas:

(1) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

> “3. I gcás ina gcinnfidh sé nach bhfuil aon sonraí ann ar an scaoileadh ó fhoinsí idirleata, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18a chun tuairisciú a thionscnamh ar scaoileadh truailleán ábhartha ó fhoinse idirleata amháin nó níos mó agus úsáid á baint, i gás inarb iomchuí, as modheolaíochtaí atá formheasta go hidirnáisiúnta.”;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 18:

*"Airteagal 18*

**Leasuithe ar na hIarscríbhinní**

> Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18a chun Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a leasú chun na gcríoch seo a leanas:
>
> (a) chun iad oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil;

[46] IO L 33, 4.2.2006, lch. 1.

(b) chun iad a oiriúnú mar thoradh ar aon leasú ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an bPrótacal arna nglacadh ag Cruinniú na bPáirtithe don Phrótacal sin.";

(3) cuirtear an tAirteagal 18a seo a leanas isteach:

"*Airteagal 18a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 8(3) agus in Airteagal 18 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 8(3) agus in Airteagal 18 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 8(3) agus Airteagal 18 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(4) in Airteagal 19, scriostar mír 3.

**46. Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE)[47]**

Chun na rialacha teicniúla is infheidhme maidir leis an mBonneagar d'Fhaisnéis Spásúil san Aontas, mar a leagtar amach i dTreoir 2007/2/CE, a thabhairt cothrom le dáta agus a fhorbairt a thuilleadh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na gcríoch seo a leanas:

- an tuairisc ar na téamaí sonraí atá ann cheana in Iarscríbhinn I, in Iarscríbhinn II agus in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir sin a leasú;
- an Treoir sin a fhorlíonadh le socruithe teicniúla maidir le hidir-inoibritheacht tacar sonraí agus seirbhísí sonraí agus, i gcás inarb indéanta, maidir le comhchuibhiú na dtacar agus na seirbhísí sin;
- an Treoir sin a fhorlíonadh le sonraíochtaí teicniúla do sheirbhísí áirithe agus critéir feidhmíochta íosta do sheirbhísí sonraí spásúla;
- an Treoir sin a fhorlíonadh le hoibleagáidí áirithe;
- an Treoir sin a fhorlíonadh le coinníollacha comhchuibhithe maidir le rochtain ar thacair sonraí spásúla agus ar sheirbhísí sonraí spásúla.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2007/2/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

> "7. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 21a lena leasaítear an tuairisc ar na téamaí sonraí atá ann cheana a leagtar amach in Iarscríbhinn I, in Iarscríbhinn II agus in Iarscríbhinn III chun na riachtanais athraitheacha maidir le sonraí spásúla a chur san áireamh, ar sonraí iad lena dtacaítear le beartais de chuid an Aontais a dhéanann difear don chomhshaol.";

(2) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

> "1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 21a lena leagtar síos socruithe teicniúla maidir le hidir-inoibritheacht tacar sonraí spásúla agus seirbhísí sonraí spásúla agus, i gcás inarb indéanta, maidir le comhchuibhiú na dtacar agus na seirbhísí sin. Cuirfear na nithe seo a leanas san áireamh i dtaca le forbairt na sonraíochtaí sin: riachtanais ábhartha

[47] IO L 108, 25.4.2007, lch. 1.

úsáideoirí, tionscnaimh agus caighdeáin idirnáisiúnta atá ann faoi láthair maidir le comhchuibhiú tacar sonraí spásúla, mar aon le ceisteanna a bhaineann le hindéantacht agus cúrsaí costais agus tairbhe.

I gcás inar ghlac eagraíochtaí a bunaíodh faoin dlí idirnáisiúnta caighdeáin ábhartha chun idir-inoibritheacht nó comhchuibhiú tacar sonraí spásúla agus seirbhísí sonraí spásúla a áirithiú, déanfar na caighdeáin sin a chomhtháthú leis na gníomhartha tarmligthe a luaitear sa chéad fhomhír, agus déanfar tagairt iontu do na modhanna teicniúla atá ann faoi láthair, i gcás inarb iomchuí.";

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 16:

"*Airteagal 16*

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 21a a bhaineann le rialacha lena leagtar síos, go háirithe, an méid seo a leanas chun an Chaibidil seo a fhorlíonadh:

(a) sonraíochtaí teicniúla do na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 11 agus in Airteagal 12 agus critéir feidhmíochta íosta do na seirbhísí sin, ag tabhairt aird ar cheanglais maidir le tuairisciú atá ann cheana agus moltaí a glacadh mar chuid de chreat reachtaíocht chomhshaoil an Aontais, seirbhísí ríomhthráchtála atá ann cheana agus an dul chun cinn teicneolaíoch;

(b) na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 12.";

(4) in Airteagal 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

"8. Cuirfidh na Ballstáit rochtain ar thacair sonraí spásúla agus ar sheirbhísí sonraí spásúla ar fáil d'institiúidí agus comhlachtaí an Aontais i gcomhréir le coinníollacha comhchuibhithe.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 21a lena leagfar síos rialacha lena rialaítear na coinníollacha sin. Leis na rialacha sin tabharfar lánurraim do na prionsabail a leagtar síos i mír 1, i mír 2 agus i mír 3 den Airteagal seo.";

(5) cuirtear an tAirteagal 21a seo a leanas isteach:

"*Airteagal 21a*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 4(7), 7(1), 16 agus 17(8) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 4(7), 7(1), 16 agus 17(8) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 4(7), 7(1), 16 agus 17(8) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(6) in Airteagal 22, scriostar mír 3.

## 47. Treoir 2007/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le measúnú agus bainistiú baol tuilte[48]

Chun forbairtí eolaíocha agus teicniúla a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Iarscríbhinn A ghabhann le Treoir 2007/60/CE a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

---

48 IO L 288, 6.11.2007, lch. 27.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2007/60/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11a lena leasaítear an Iarscríbhinn Chun í a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, ag cur san áireamh na tréimhsí don athbhreithniú agus don tabhairt cothrom le dáta a leagtar síos in Airteagal 14.";

(2) cuirtear an tAirteagal 11a seo a leanas isteach:

*"Airteagal 11a*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 11(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 11(2) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 11(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) in Airteagal 12, scriostar mír 3.

**48. Treoir 2008/50/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2008 maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip**[49]

Chun forbairtí teicniúla a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinní I go VI, VIII, IX, X agus XV a ghabhann le Treoir 2008/50/CE a leasú chun iad a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2008/50/CE mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 28 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

"**Leasuithe agus bearta cur chun feidhme**";

(b) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

″Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 28a lena leasaítear Iarscríbhinn I go VI, VIII, IX, X agus XV chun iad a oiriúnú don dul chun teicniúil.";

(2) cuirtear an tAirteagal 28a seo a leanas isteach:

"*Airteagal 28a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 28(1) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

[49] IO L 152, 11.6.2008, lch. 1.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 28(1) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 28(1) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) in Airteagal 29, scriostar mír 3.

**49. Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (An Treoir Réime um Straitéis Mhuirí)[50]**

Chun Treoir 2008/56/CE a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, chun comhsheasmhacht a áirithiú agus chun go bhféadfaí comparáid a dhéanamh idir réigiúin agus foréigiúin mhuirí, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinn III, Iarscríbhinn IV agus Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir sin a leasú agus chun an Treoir sin a fhorlíonadh le critéir agus caighdeáin mhodheolaíochta agus le sonraíochtaí agus modhanna caighdeánaithe maidir le faireachán agus measúnú a úsáidfidh na Ballstáit. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid

---

[50] IO L 164, 25.6.2008, lch.19.

saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2008/56/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

> "3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a lena leagtar síos, faoin 15 Iúil 2010, critéir agus caighdeáin mhodheolaíochta a úsáidfidh na Ballstáit, ar bhonn Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II ar shlí a áiritheoidh comhsheasmhacht agus a cheadóidh comparáid a dhéanamh idir réigiúin agus foréigiúin mhuirí maidir leis an gcaoi a bhfuil ag éirí leo dea-stádas comhshaoil a bhaint amach.
>
> Roimh dó na critéir agus caighdeáin sin a mholadh, rachaidh an Coimisiúin i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ar fad, lena n-áirítear coinbhinsiúin réigiúnacha farraige.";

(2) in Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

> "4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a lena leagtar síos sonraíochtaí agus modhanna caighdeánaithe maidir le faireachán agus measúnú, ina gcuirtear san áireamh ceanglais reatha agus ina n-áirithítear inchomparáideacht idir faireachán agus torthaí ar mheasúnú.";

(3) in Airteagal 24, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

> "1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a lena leasaítear Iarscríbhinn III, Iarscríbhinn IV agus Iarscríbhinn V chun iad a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, ag cur san áireamh na tréimhsí a leagtar síos in Airteagal 17(2) le hathbhreithniú a dhéanamh ar straitéisí mara agus le hiad a thabhairt cothrom le dáta.";

(4) cuirtear an tAirteagal 24a seo a leanas isteach:

> "*Airteagal 24a*
>
> **An tarmligean a fheidhmiú**
>
> 1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
>
> 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 9(3), in Airteagal 11(4) agus in Airteagal 24(1) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].
>
> 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 9(3), in Airteagal 11(4) agus in Airteagal 24(1) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 9(3), Airteagal 11(4) agus Airteagal 24(1) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(5) in Airteagal 25, scriostar mír 3.

**50. Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006[51]**

Chun a áirithiú go ndéantar Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 a thabhairt cothrom le dáta go rialta, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na gcríoch seo a leanas:

- Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú chun aicmiú agus lipéadú substaintí a chomhchuibhiú;
- an Rialachán sin a leasú trí Iarscríbhinn A bhaineann le práinnfhreagairt sláinte a chur isteach;
- forálacha áirithe den Rialachán sin agus Iarscríbhinn I go VIII a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú chun iad a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

51 IO L 353, 31.12.2008, lch. 1.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 mar a leanas:

(1) in Airteagal 37, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. Glacfaidh an Coimisiún gan moill mhíchuí gníomhartha tarmligthe, i gcomhréir le hAirteagal 53a, i gcás ina gcinnfidh siad gurb iomchuí go gcomhchuibheofar aicmiú agus lipéadú na substainte lena mbaineann, chun Iarscríbhinn VI a leasú tríd an tsubstaint sin a chur san áireamh maille leis na heilimintí ábhartha aicmithe agus lipéadaithe atá i dTábla 3.1 de Chuid 3 d'Iarscríbhinn VI, agus, i gcás inarb iomchuí, na sainteorainneacha tiúchana nó M-fhachtóirí.

Cuirfear iontráil chomhfhreagrach i dTábla 3.2 de Chuid 3 d'Iarscríbhinn VI, faoi réir na gcoinníollacha céanna, go dtí an 31 Bealtaine 2015.

Más rud é, i gcás chomhchuibhiú an aicmithe agus an lipéadaithe ar shubstaintí, gur gá sin a dhéanamh ar mhórchúiseanna práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 53b maidir le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Airteagail seo.";

(2) in Airteagal 45, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Faoin 20 Eanáir 2012 déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú le féachaint arbh fhéidir an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a chomhchuibhiú, lena n-áirítear formáid a bhunú lena gcuirfidh allmhaireoirí agus úsáideoirí foghábhálacha faisnéis faoi bhráid comhlachtaí ceaptha. Ar bhonn an athbhreithnithe sin, agus tar éis dul i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha amhail Cumann Eorpach na Lárionad Nimheanna agus na dTocsaineolaithe Cliniciúla (EAPCCT), tabharfar de chumhacht den Choimisiún Rialachán tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 53a lena leasaítear an Rialachán sin trí Iarscríbhinn A chur isteach.";

(3) in Airteagal 53, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 53a lena leasaítear Airteagail 6(5), 11(3), 12, 14, 18(3)(b) agus 23, Airteagail 25 go 29, an dara agus an tríú fomhír d'Airteagal 35(2) agus Iarscríbhinní I go VIII chun iad a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, ag cur san áireamh na forbairtí breise ar an GHS, go háirithe aon leasuithe de chuid na NA a bhaineann le húsáid faisnéise maidir le meascáin chomhchosúla, agus na forbairtí i dtaca le cláir cheimice a aithnítear go hidirnáisiúnta agus na sonraí ó bhunachair shonraí timpistí á mbreithniú.

Más rud é go n-éilítear amhlaidh ar mhórchúiseanna práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 53b maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo.";

(4) cuirtear an tAirteagal 53a agus an tAirteagal 53b seo a leanas isteach:

"*Airteagal 53a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 37(5), in Airteagal 45(4) agus in Airteagal 53(1) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 37(5), in Airteagal 45(4) agus in Airteagal 53(1) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 37(5), Airteagal 45(4) agus Airteagal 53(1) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 53b*

**An nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in

Airteagal 53 a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch.1.";

(5) in Airteagal 54, scriostar mír 3 agus mír 4.

**51. Treoir 2009/126/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le gal pheitril Céim II a aisghabháil le linn mótarfheithiclí a athbhreoslú i stáisiúin pheitril[52]**

Chun comhsheasmhacht a áirithiú i dtaca le caighdeáin ábhartha arna ndréachtú ag an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun forálacha áirithe de Threoir 2009/126/CE a leasú chun iad a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2009/126/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

“*Airteagal 8*

**Oiriúnuithe teicniúla**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 8a, lena leasaítear Airteagal 4 agus Airteagal 5 chun iad a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil i gcás inarb iomchuí chun comhsheasmhacht a áirithiú i dtaca le haon chaighdeán ábhartha arna dhréachtú ag an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú.
Ní bhainfidh tarmligean na cumhachta dá dtagraítear sa chéad mhír le héifeachtúlacht gabhála gaile peitril ná leis an gcóimheas gaile agus peitril a shonraítear in Airteagal 4 agus na tréimhsí a shonraítear in Airteagal 5.";

(2) cuirtear an tAirteagal 8a seo a leanas isteach:

"*Airteagal 8a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

---

52 IO L 285, 31.10.2009, lch. 36.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 8 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 8 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 8 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) Scriostar Airteagal 9.

## 52. Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú[53]

Chun Treoir 2009/147/CE a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir sin a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle

---

53 IO L 20, 26.1.2010, lch. 7.

na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2009/147/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15:

*"Airteagal 15*

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15a lena leasaítear Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn V chun iad a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.";

(2) cuirtear an tAirteagal 15a seo a leanas isteach:

*"Airteagal 15a*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 15 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 15 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 15 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) scriostar Airteagal 16.

**53. Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 761/2001, Cinneadh 2001/681/CE agus Cinneadh 2006/193/CE ón gCoimisiún[54]**

Chun Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 a thabhairt cothrom le dáta agus chun nósanna imeachta meastóireachta a bhunú, ba cheart an chumhacht gníomhartha i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú agus chun é a fhorlíonadh le nósanna imeachta maidir le meastóireacht phiaraí a dhéanamh ar Chomhlachtaí Inniúla EMAS. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i ndáil le nósanna imeachta áirithe a chomhchuibhiú agus maidir le doiciméid tagartha earnálacha. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 mar a leanas:

(1) in Airteagal 16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

> "4. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, doiciméid treorach maidir le nósanna imeachta comhchuibhithe a bheidh formheasta ag Fóram na gComhlachtaí Inniúla. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 49(2).
>
> Cuirfear na doiciméid sin ar fáil go poiblí.";

(2) in Airteagal 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

> "3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 48a a bhaineann le nósanna imeachta maidir le meastóireacht phiaraí a dhéanamh ar Chomhlachtaí Inniúla EMAS, lena n-áirítear

---

[54] IO L 342, 22.12.2009, lch. 1.

nósanna imeachta iomchuí chun achomharc a dhéanamh in aghaidh cinntí a ghlactar mar thoradh ar an meastóireacht phiaraí.";

(3) in Airteagal 30, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

"6. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, doiciméid treorach a bhaineann le nósanna imeachta um chomhchuibhiú arna bhformheas ag Fóram na gComhlachtaí Creidiúnúcháin agus Ceadúnúcháin. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 49(2).
Cuirfear na doiciméid sin ar fáil go poiblí. ";

(4) in Airteagal 46, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

"6. Glacfaidh an Coimisiún na doiciméid tagartha earnálacha dá dtagraítear i mír 1 agus an doiciméad treorach dá dtagraítear i mír 4 trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 49(2).";

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 48:

*"Airteagal 48*

**Na hIarscríbhinní a leasú**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 48a lena leasaítear na hIarscríbhinní i gcás inarb iomchuí, i bhfianaise na taithí a fhaightear agus EMAS á oibriú, mar fhreagra ar riachtanais shainaitheanta treorach maidir le ceanglais EMAS agus i bhfianaise aon athruithe i gcaighdeáin idirnáisiúnta nó i bhfianaise caighdeán nua ar nithe iad atá ábhartha maidir le héifeachtacht an Rialacháin seo.";

(6) cuirtear an tAirteagal 48a seo a leanas isteach:

"*Airteagal 48a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 17(3) agus in Airteagal 48 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 17(3) agus in Airteagal 48 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 17(3) agus Airteagal 48 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(7) in Airteagal 49, scriostar mír 3.

**54. Rialachán (CE) Uimh. 66/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le hÉicilipéad an AE[55]**

Chun Rialachán (CE) Uimh. 66/2010 a thabhairt cothrom le dáta agus chun rialacha teicniúla breise a bhunú atá riachtanach d'Éicilipéad an AE, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na gcríoch seo a leanas:
- na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú;
- an Rialachán sin a fhorlíonadh le bearta lena ndeonaítear maoluithe áirithe;
- an Rialachán sin a fhorlíonadh le bearta lena mbunaítear critéir shonracha Éicilipéad an AE.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid

[55] IO L 27, 30.1.2010, lch. 1.

saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Maidir le critéir Éicilipéad an AE do tháirgí bia agus do tháirgí beatha a fhorbairt, d'fhoilsigh an Coimisiún in 2011 staidéar faoina indéanta agus atá sé critéir Éicilipéad a fhorbairt maidir le táirgí bia agus táirgí beatha. Bunaithe ar thuarascáil dheiridh ar an staidéar indéantachta sin agus tuairim ó Bhord an Aontais Eorpaigh um Éicilipéadú, níl sé ar intinn ag an gCoimisiún critéir Éiclipéad do tháirgí bia agus do tháirgí beatha a fhorbairt ag an am seo. Dá bhrí sin, níl sé riachtanach cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún le cinneadh a dhéanamh maidir le cé na grúpaí bia agus beatha a bhfuil forbairt chritéir Éicilipéad an AE indéanta ina leith.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 66/2010 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) i mír 5, scriostar an dara fomhír;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

"7. Maidir le catagóirí sonracha earraí a bhfuil substaintí dá dtagraítear i mír 6 iontu, agus san aon chás amháin nach bhfuil sé indéanta go teicniúil earraí eile den sórt céanna a chur ina n-ionad nó substaintí eile a chur ina n-ionad trí ábhair mhalartacha nó dearthaí malartacha a úsáid, nó i gcás táirgí ar airde go suntasach a bhfeidhmíocht chomhshaoil fhoriomlán i gcomparáid le hearraí eile den chatagóir chéanna, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15a agus maoluithe ar mhír 6 den Airteagal seo a dheonú.

Ní thabharfar aon mhaolú maidir le substaintí a chomhlíonann critéir Airteagal 57 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus a shainaithnítear i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 59(1) den Rialachán sin, ar substaintí iad atá i meascáin, in earra nó in aon chuid aonchineálach d'earra coimpléascach i dtiúchain is airde ná 0,1 % (w/w).";

(2) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15a lena leagtar síos, tráth nach déanaí ná naoi mí tar éis dul i gcomhairle le BAEÉ, bearta chun critéir shonracha Éicilipéad an AE a bhunú do gach grúpa táirgí. Foilseofar na bearta sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Agus an chumhacht dá dtagraítear sa chéad fhomhír á feidhmiú aige, cuirfidh an Coimisiún barúlacha an BAEÉ san áireamh agus déanfaidh sé an réasúnú atá le haon athruithe ar a thogra deireanach i gcomparáid leis an togra i gcomhair dréachtchritéar, tar éis dul i gcomhairle leis an BAEÉ, a thabhairt chun suntais go soiléir agus a dhoiciméadú, agus soláthróidh sé mínithe ar an réasúnú sin.";

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15:

"*Airteagal 15*
**Na hIarscríbhinní a leasú**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15a lena leasaítear na hIarscríbhinní.
Maidir le modhnuithe ar na táillí uasta dá bhforáiltear in Iarscríbhinn II, cuirfidh an Coimisiún an gá le táillí chun costais reáchtála na scéime a íoc san áireamh.";

(4) cuirtear an tAirteagal 15a seo a leanas isteach:

"*Airteagal 15a*
**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 6(7), in Airteagal 8(2) agus in Airteagal 15 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 6(7), in Airteagal 8(2) agus in Airteagal 15 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 6(7), Airteagal 8(2) agus Airteagal 15 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(5) scriostar Airteagal 16.

## VII. EUROSTAT

### 55. Rialachán (CEE) Uimh. 3924/91 ón gComhairle an 19 Nollaig 1991 maidir le suirbhé Comhphobail ar tháirgeadh tionsclaíoch a bhunú[56]

Chun Rialachán (CEE) Uimh. 3924/91 a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán sin a fhorlíonadh tríd an méid seo a leanas:

- liosta Prodcom a thabhairt cothrom le dáta mar aon leis an bhfaisnéis a bhailítear i ndáiríre le haghaidh gach ceannteidil;
- rialacha mionsonraithe a ghlacadh maidir le hAirteagal 3(3) a chur i bhfeidhm;
- a chinneadh, i gcás ceannteidil áirithe i liosta Prodcom, go ndéanfar suirbhéanna míosúla nó suirbhéanna ráithiúla;
- na socruithe a shainiú a bhaineann le hinneachar ceistneoirí suirbhé agus na rialacha mionsonraithe a shainiú ar dá réir a dhéanfaidh na Ballstáit na ceistneoirí comhlánaithe nó an fhaisnéis ó fhoinsí eile a phróiseáil.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3924/91 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

> "6. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a lena dtugtar cothrom le dáta liosta Prodcom agus an fhaisnéis a bhailítear i ndáiríre le haghaidh gach ceannteidil.";

(2) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

> "5. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a a bhaineann le rialacha mionsonraithe lena gcuirtear mír 3 den Airteagal seo i bhfeidhm, lena n-áirítear rialacha maidir le coigeartú ar an dul chun cinn teicniúil.";

---

56 IO L 374, 31.12.1991, lch.1.

(3) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

I gcás ceannteidil áirithe i liosta Prodcom, áfach, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a ar choinníoll go ndéanfar suirbhéanna míosúla nó suirbhéanna ráithiúla.";

(4) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Baileoidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá agus úsáid á baint as ceistneoirí suirbhé a gcomhlíonfaidh a n-inneachar na socruithe arna sainiú ag an gCoimisiún. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a a bhaineann leis na socruithe sin.";

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

*"Airteagal 6*

**Torthaí a phróiseáil**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a a bhaineann leis na rialacha mionsonraithe ar dá réir a dhéanfaidh na Ballstáit na ceistneoirí comhlánaithe dá dtagraítear in Airteagal 5(1) nó an fhaisnéis ó fhoinsí eile dá dtagraítear in Airteagal 5(3) a phróiseáil.";

(6) cuirtear an tAirteagal 9a seo a leanas isteach:

*"Airteagal 9a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 2(6), 3(5), 4, 5(1) agus 6 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail [ó theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 2(6), 3(5), 4, 5(1) agus 6 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 2(6), 3(5), 4, 5(1) agus 6 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

______________________

* IO L 123, 12.5.2016, lch.1.";

(7) in Airteagal 10, scriostar mír 3.

**56. Rialachán (CEE) Uimh. 696/93 ón gComhairle an 15 Márta 1993 maidir leis na haonaid staidrimh chun breathnú ar an gcóras táirgthe sa Chomhphobal agus chun anailís a dhéanamh air[57]**

Chun Rialachán (CEE) Uimh. 696/93 a oiriúnú d'fhorbairtí eacnamaíocha agus teicniúla, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun leasú a dhéanamh ar aonaid staidrimh an chórais táirgthe, ar na critéir a úsáidfear agus ar na sainmhínithe a shonraítear san Iarscríbhinn A ghabhann leis an Rialachán sin. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 696/93 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

*"Airteagal 6*

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 6a lena leasaítear go háirithe aonaid staidrimh an chórais táirgthe, na critéir a úsáidfear agus na sainmhínithe a shonraítear san Iarscríbhinn Chun iad a oiriúnú d'fhorbairtí eacnamaíocha agus teicniúla.";

(2) cuirtear an tAirteagal 6a seo a leanas isteach:

______________________

[57] IO L 76, 30.3.1993, lch.1.

*"Airteagal 6a*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 6 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail [ó theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 6 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 6 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

___

* IO L 123, 12.5.2016, lch.1.

(3) in Airteagal 7, scriostar mír 3.

**57. Rialachán (CE) Uimh. 1165/98 ón gComhairle an 19 Bealtaine 1998 maidir le staidreamh gearrthréimhseach**[58]

Chun Rialachán (CE) Uimh. 1165/98 a oiriúnú d'fhorbairtí eacnamaíocha agus teicniúla, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na gcríoch seo a leanas:

- na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú chun liosta na n-athróg, na sainmhínithe agus foirmeacha iomchuí na n-athróg arna dtarchur a thabhairt cothrom le dáta;
- liosta na ngníomhaíochtaí a leasú;

___

[58] IO L 162, 5.6.1998, lch.1.

- an Rialachán maidir le formheas agus cur i bhfeidhm na scéimeanna samplála Eorpacha a fhorlíonadh;
- an Rialachán sin a fhorlíonadh leis na critéir maidir le cáilíocht a thomhas;
- an Rialachán sin a fhorlíonadh leis na coinníollacha chun an cháilíocht sonraí is gá a áirithiú;
- an Rialachán sin a fhorlíonadh trí na téarmaí a chinneadh maidir le cur i bhfeidhm na scéime samplála Eorpaí;
- an Rialachán sin a fhorlíonadh trí aonaid bhreathnóireachta eile a úsáid;
- an Rialachán sin a fhorlíonadh le liosta na n-athróg a bheidh le tarchur i bhfoirm a bheidh coigeartaithe don lá oibre;
- an Rialachán sin a fhorlíonadh leis na téarmaí maidir le leithdháileadh na scéime samplála Eorpaí.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Tá roinnt cumhachtuithe a theastaíonn do bhearta idirthréimhseacha, agus dóibh sin amháin, tar éis imeacht as feidhm.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1165/98 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, cuirtear an mhír 3 seo a leanas isteach:

> "3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18a lena leasaítear na hIarscríbhinní chun liosta na n-athróg, na sainmhínithe agus foirmeacha iomchuí na n-athróg arna dtarchur a thabhairt cothrom le dáta.";

(2) in Airteagal 4(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

> “Beidh mionsonraí na scéimeanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír mar a shonraítear iad sna hIarscríbhinní. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18a a bhaineann lena bhformheas agus lena gcur i bhfeidhm.";

(3) in Airteagal 10, cuirtear an mhír 5 seo a leanas isteach:

> "5. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18a a bhaineann leis na critéir maidir le cáilíocht a thomhas.";

(4) scriostar Airteagal 17;

(5) cuirtear an tAirteagal 18a seo a leanas isteach:

"*Airteagal 18a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3(3), in Airteagal 4(2), in Airteagal 10, i bpointí (a), (b) 3, (c) 2, (c) 10, (d) 2, (f) 8 agus 9 d'Iarscríbhinn A, i bpointe (b) 4 agus i bpointe (d) 2 d'Iarscríbhinn B, i bpointe (b) 2, i bpointe (d) 2 agus i bpointe (g) 2 d'Iarscríbhinn C agus i bpointe (b) 2 agus i bpointe (d) 2 d'Iarscríbhinn D. a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail [ó theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 3(3), in Airteagal 4(2), in Airteagal 10, i bpointí (a), (b) 3, (c) 2, (c) 10, (d) 2, (f) 8 agus 9 d'Iarscríbhinn A, i bpointe (b) 4 agus i bpointe (d) 2 d'Iarscríbhinn B, i bpointe (b) 2, i bpointe (d) 2 agus i bpointe (g) 2 d'Iarscríbhinn C agus i bpointe (b) 2 agus i bpointe (d) 2 d'Iarscríbhinn D a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 3(3), Airteagal 4(2), Airteagal 10, phointí (a), (b) 3, (c) 2, (c) 10, (d) 2, (f) 8 agus 9 d'Iarscríbhinn A, phointe (b) 4 agus phointe (d) 2 d'Iarscríbhinn B, phointe (b) 2, phointe (d) 2 agus phointe (g) 2 d'Iarscríbhinn C agus phointe (b) 2 agus phointe (d) 2 d'Iarscríbhinn D i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

* IO L 123, 12.5.2016, lch.1. ".

(6) leasaítear Iarscríbhinn A mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) Beidh feidhm ag an Iarscríbhinn seo maidir leis na gníomhaíochtaí go léir a liostaítear i Roinn B go Roinn E de NACE Ath. 2, nó de réir mar a bheidh, maidir leis na táirgí go léir a liostaítear i Roinn B go Roinn E de CPA. Ní éilítear an fhaisnéis le haghaidh 37, 38.1, 38.2 agus 39 de NACE Ath. 2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18a lena leasaítear liosta na ngníomhaíochtaí.";

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b) 3.:

"3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18a a bhaineann le haonaid bhreathnóireachta eile a úsáid.";

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c) 2.:

"2. An fhaisnéis faoi phraghsanna aschuir do mhargaí nach margaí baile iad (Uimh. 312) agus faoi phraghsanna allmhairiúcháin (Uimh. 340), féadfar í a thiomsú ag úsáid luachanna aonaid do tháirgí de thionscnamh na trádála eachtraí nó de thionscnamh foinsí eile i gcás nach mbeidh meathlú suntasach le sonrú ar an gcáilíocht i gcomparáid le faisnéis shonrach faoi phraghsanna, agus sa chás sin amháin. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18a a bhaineann leis na coinníollacha chun an cháilíocht sonraí is gá a áirithiú.";

(iv) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c) 4.:

"4. Ag tosú le tús na chéad tréimhse thagartha, féadfar an fhaisnéis maidir le daoine fostaithe (Uimh. 210) a neasú le líon na bhfostaithe (Uimh. 211). Ceadófar an neastachán sin ar feadh tréimhse cúig bliana ón dáta a dtiocfaidh an Rialachán i bhfeidhm.";

(v) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c) 10.:

"10. Ní éilítear an fhaisnéis faoi phraghsanna aschuir agus faoi phraghsanna allmhairiúcháin (Uimh. 310, Uimh. 311, Uimh. 312 agus Uimh. 340) le haghaidh na ngrúpaí nó na n-aicmí seo a leanas de NACE Ath. 2 faoi seach CPA: 07.21, 24.46, 25.4, 30.1, 30.3, 30.4 agus 38.3. Ina theannta sin, ní éilítear an fhaisnéis faoi phraghsanna allmhairiúcháin (Uimh. 340) le haghaidh rannáin 09, 18, 33 agus 36 de CPA. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18a lena leasaítear liosta na ngníomhaíochtaí.";

(vi) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d) 2.:

"2. Sa bhreis air sin, beidh an athróg táirgeachta (Uimh. 110) agus athróg na n-uaireanta a oibríodh (Uimh. 220) le tarchur i bhfoirm a bheidh coigeartaithe don

lá oibre. Aon áit a léiríonn athróga eile éifeachtaí an lae oibre, féadfaidh na Ballstáit na hathróga sin a tharchur, freisin, i bhfoirm a bheidh coigeartaithe don lá oibre. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18a a bhaineann le leasú liosta na n-athróg atá le tarchur i bhfoirm a bheidh coigeartaithe don lá oibre.";

(vii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f) 8.:

"8.Maidir le hathróg an phraghais allmhairiúcháin (Uimh. 340), tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18a a bhaineann le cinneadh na dtéarmaí maidir le cur i bhfeidhm na scéime samplála Eorpaí faoi mar a shainmhínítear i bpointe (d) den chéad fhomhír d'Airteagal 4(2) í.";

(viii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f) 9.:

"9. Beidh na hathróga maidir leis na margaí nach margaí baile iad (Uimh. 122 agus Uimh. 312) le tarchur i gcomhréir leis an idirdhealú idir an limistéar euro agus limistéar nach bhfuil mar chuid den limistéar euro. Cuirfear an t-idirdhealú i bhfeidhm maidir leis an tionscal iomlán a shainmhínítear mar NACE Ath. 2 (Roinn B go Roinn E), na príomhghrúpaí tionscail (MIGanna), an Roinn (1 litir) agus Rannán leibhéal 2-dhigit de NACE Ath. 2. Ní éilítear an fhaisnéis faoi NACE Ath. 2 (D agus E) i gcás athróg 122. Ina theannta sin beidh athróg an phraghais allmhairiúcháin (Uimh. 340) le tarchur i gcomhréir leis an idirdhealú idir an limistéar euro agus limistéar nach bhfuil mar chuid den limistéar euro. Tá an t-idirdhealú le cur i bhfeidhm maidir leis an tionscal iomlán a shainmhínítear mar CPA (Roinn B go Roinn E), na príomhghrúpaí tionscail (MIGanna), an Roinn (1 litir) agus Rannán leibhéal 2-dhigit de CPA. Maidir leis an idirdhealú idir an limistéar euro agus limistéar nach bhfuil mar chuid den limistéar eurotabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18a a bhaineann le cinneadh na dtéarmaí maidir le cur i bhfeidhm na scéime samplála Eorpaí faoi mar a shainmhínítear i bpointe (d) den chéad fhomhír d'Airteagal 4(2) í. Féadfaidh an scéim samplála Eorpach an raon feidhme atá ag athróg an phraghais allmhairiúcháin a theorannú maidir le táirgí a allmhairiú ó thíortha lasmuigh den limistéar euro. Ní gá do na Ballstáit sin nach bhfuil an euro glactha mar airgeadra acu an t-idirdhealú idir an limistéar euro agus limistéar nach bhfuil mar chuid den limistéar euro a dhéanamh i sonraí a tharchuirtear i gcomhair athróga 122, 312 agus 340.";

(7) leasaítear Iarscríbhinn B mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b) 4.:

"4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18a a bhaineann le haonaid bhreathnóireachta eile a úsáid.";

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c) 3.:

"3. Ag tosú le tús na chéad tréimhse thagartha, féadfar an fhaisnéis maidir le daoine fostaithe (Uimh. 210) a neasú le líon na bhfostaithe (Uimh. 211). Ceadófar an neastachán sin ar feadh tréimhse cúig bliana ón dáta a dtiocfaidh an Rialachán i bhfeidhm. ";

(iii) i bpointe (c) 6. , scriostar an ceathrú fomhír.

(iv) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d) 2.:

"2. Sa bhreis air sin, tarchuirfear na hathróga táirgeachta (Uimh. 110, Uimh. 115, Uimh. 116) agus athróg na n-uaireanta a oibríodh (Uimh. 220) i bhfoirm a bheidh coigeartaithe don lá oibre.

Aon áit a léiríonn athróga eile éifeachtaí an lae oibre, féadfaidh na Ballstáit na hathróga sin a tharchur freisin i bhfoirm a bheidh coigeartaithe don lá oibre. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18a a bhaineann le leasú liosta na n-athróg atá le tarchur i bhfoirm a bheidh coigeartaithe don lá oibre.";

(9) leasaítear Iarscríbhinn C mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b) 2.:

"2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18a a bhaineann le haonaid bhreathnóireachta eile a úsáid.";

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c) 3.:

“3. Ag tosú le tús na chéad tréimhse thagartha, féadfar an fhaisnéis maidir le daoine fostaithe (Uimh. 210) a neasú le líon na bhfostaithe (Uimh. 211). Ceadófar an neastachán sin ar feadh tréimhse cúig bliana ón dáta a dtiocfaidh an Rialachán i bhfeidhm.;

(iii) i bpointe (c) 4. , scriostar an mhír dheiridh;

(iv) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d) 2.:

"2. Beidh athróg an láimhdeachais (Uimh. 120) agus athróg mhéid na ndíolachán (Uimh. 123) le tarchur i bhfoirm a bheidh coigeartaithe don lá oibre. Aon áit a léiríonn athróga eile éifeachtaí an lae oibre, féadfaidh na Ballstáit na hathróga sin a tharchur freisin i bhfoirm a bheidh coigeartaithe don lá oibre. "Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18a a bhaineann le leasú liosta na n-athróg atá le tarchur i bhfoirm a bheidh coigeartaithe don lá oibre.";

(v) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g) 2.:

“2. Tarchuirfear na hathróga maidir le láimhdeachas (Uimh. 120) agus díbhoilsceoir na ndíolachán/méid na ndíolachán (Uimh. 330/Uimh. 123) laistigh de mhí amháin i gcomhair leibhéal an mhionsonraithe a shonraítear i mír 3 faoi cheannteideal (f) den Iarscríbhinn seo. Féadfaidh na Ballstáit roghnú a bheith rannpháirteach i dtaca leis an athróg maidir le láimhdeachas (Uimh. 120) agus i dtaca leis na hathróga maidir le díbhoilsceoir na ndíolachán/méid na ndíolachán (Uimh. 330/Uimh. 123) trí ionchur a dhéanamh a bheidh i gcomhréir le leithdháileadh scéime samplála Eorpaí faoi mar a shainmhínítear i bpointe (d) den chéad fhomhír d'Airteagal 4(2) í. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18a a bhaineann leis na téarmaí maidir le leithdháileadh scéime samplála Eorpaí.”;

(10) leasaítear Iarscríbhinn D mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b) 2.:

"2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18a a bhaineann le haonaid bhreathnóireachta eile a úsáid.";

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c) 2:

“2. Ag tosú le tús na chéad tréimhse thagartha, féadfar an fhaisnéis maidir le daoine fostaithe (Uimh. 210) a neasú le líon na bhfostaithe (Uimh. 211). Ceadófar an neastachán sin ar feadh tréimhse cúig bliana ón dáta a dtiocfaidh an Rialachán i bhfeidhm.”;

(iii) i bpointe (c) 4. , scriostar an tríú fomhír.

(iv) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d) 2.:

"2. Beidh athróg an láimhdeachais (Uimh. 120) freisin le tarchur i bhfoirm a bheidh coigeartaithe don lá oibre. Aon áit a léiríonn athróga eile éifeachtaí an lae oibre, féadfaidh na Ballstáit na hathróga sin a tharchur freisin i bhfoirm a bheidh coigeartaithe don lá oibre. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18a a bhaineann le leasú liosta na n-athróg atá le tarchur i bhfoirm a bheidh coigeartaithe don lá oibre.";

(v) i bpointe (e) scriostar an ceathrú fomhír.

(vi) scriostar pointe (f) 6.

**58. Rialachán (CE) Uimh. 530/1999 ón gComhairle an 9 Márta 1999 maidir le staidreamh struchtúrach ar thuilleamh agus ar chostais saothair[59]**

Chun Rialachán (CE) Uimh. 530/1999 a oiriúnú d'fhonn athruithe eacnamaíocha agus teicniúla a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán sin a fhorlíonadh leis an sainmhíniú agus an miondealú ar an bhfaisnéis atá le soláthar agus leis na critéir maidir le meastóireacht ar cháilíocht. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

[59] IO L 63, 12.3.1999, lch.6.

Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 530/1999 i dtaca leis an bhformáid theicniúil do tharchur na dtorthaí, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 530/1999 mar a leanas:

(1) in Airteagal 6, cuirtear an mhír 3 mar seo a leanas isteach:

"3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10a a bhaineann leis an sainmhíniú agus an miondealú ar an bhfaisnéis atá le soláthar faoi mhír 1 agus mír 2 den Airteagal seo. Glacfar na gníomhartha tarmligthe sin le haghaidh gach tréimhse tagartha ar a laghad naoi mí roimh thús na tréimhse tagartha.";

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

*"Airteagal 9*

**Torthaí a sheoladh ar aghaidh**

Déanfar na torthaí a sheoladh ar aghaidh chuig an gCoimisiún (Eurostat) laistigh de 18 mí ó dheireadh na bliana tagartha. Glacfaidh an Coimisiún an fhormáid theicniúil is iomchuí do tharchur na dtorthaí sin trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 12(2).";

(3) in Airteagal 10, cuirtear an mhír 3 seo a leanas isteach:

"3.Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10a a bhaineann leis na critéir maidir le meastóireacht ar cháilíocht. Glacfar na gníomhartha tarmligthe sin le haghaidh gach tréimhse tagartha ar a laghad naoi mí roimh thús na tréimhse tagartha.";

(4) cuirtear an tAirteagal 10a seo a leanas isteach:

*"Airteagal 10a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 6(3) agus in Airteagal 10(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 6(3) agus in Airteagal 10(3) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in

*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 6(3) agus Airteagal 10(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(5) Scriostar Airteagal 11;

(6) in Airteagal 12, scriostar mír 3.

**59. Rialachán (CE) Uimh. 2150/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2002 maidir le staidreamh dramhaíola[60]**

Chun Rialachán (CE) Uimh. 2150/2002 a thabhairt cothrom le dáta d'fhonn forbairtí eacnamaíocha agus teicniúla a bhaineann le bailiú agus próiseáil staidrimh staidrimh dramhaíola a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na gcríoch seo a leanas:

- an Rialachán sin a leasú chun gur féidir é a choigeartú i bhfianaise forbairtí eacnamaíocha agus teicniúla a bhaineann le bailiú agus próiseáil staidrimh sonraí;
- próiseáil agus tarchur na dtorthaí a leasú agus oiriúnú na sonraíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I, in Iarscríbhinn II agus in Iarscríbhinn III don Rialachán sin a leasú;
- an Rialachán sin a fhorlíonadh tríd an íoscheanglas maidir le cuimsiú a shainmhíniú de réir phointe 1 de Roinn 7 d'Iarscríbhinn I agus d'Iarscríbhinn II;
- an Rialachán sin a fhorlíonadh trí bhunú tábla chomhghaoil idir ainmníocht staidrimh Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin agus liosta na dramhaíola arna bhunú le Cinneadh 2000/532/CE[61] ón gCoimisiún agus trí na coinníollacha cáilíochta agus beachtais a shainmhíniú.

---

60 IO L 332, 9.12.2002, lch.1.

61 Cinneadh ón gCoimisiún an 3 Bealtaine 2000 ag ionadú Chinneadh 94/3/CE lena mbunaítear liosta dramhaíola de bhun Airteagal 1(a) de Threoir 75/442/CEE ón gComhairle maidir le dramhaíl agus

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Tá na forálacha maidir le bearta idirthréimhseacha tar éis imeacht as feidhm.

Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 2150/2002 i dtaca le torthaí a chur ar fáil, leis an bhformáid is iomchuí do tharchur na dtorthaí, agus le hábhar na dtuarascálacha cáilíochta, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2150/2002 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 5b a bhaineann le bunú tábla chomhghaoil idir ainmníocht staidrimh Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo agus liosta na dramhaíola arna bhunú le Cinneadh 2000/532/CE ón gCoimisiún.*

____________________

* Cinneadh ón gCoimisiún an 3 Bealtaine 2000 ag ionadú Chinneadh 94/3/CE lena mbunaítear liosta dramhaíola de bhun Airteagal 1(a) de Threoir 75/442/CEE ón gComhairle maidir le dramhaíl agus Treoir 94/904/CE ón gComhairle lena mbunaítear liosta de dhramhaíl ghuaiseach de bhun Airteagal 1(4) de Threoir 91/689/CEE ón gComhairle maidir le dramhaíl ghuaiseach (IO L 226, 6.9.2000, lch. 3). ";

(2) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 5b a bhaineann leis na coinníollacha cáilíochta agus beachtais a shainmhíniú.";

(b) i mír 4, cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

"I gcás gach míre a liostaítear i Roinn 8 (gníomhaíochtaí agus teaghlach) d'Iarscríbhinn I, i gcás gach tréithe a liostaítear i Roinn 3 agus i gcás gach míre ar na

Treoir 94/904/CE ón gComhairle lena mbunaítear liosta de dhramhaíl ghuaiseach de bhun Airteagal 1(4) de Threoir 91/689/CEE ón gComhairle maidir le dramhaíl ghuaiseach (IO L 226, 6.9.2000, lch. 3).

cineálacha éagsúla oibríochtaí a liostaítear i Roinn 8(2) d'Iarscríbhinn II, cuirfidh na Ballstáit in iúl an céatadán den dramhaíl iomlán ar dó a fhreagraíonn an staidreamh a tiomsaíodh maidir le gach ítim faoi seach. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 5b lena bhforlíontar an Rialachán seo tríd an íoscheanglas maidir le cuimsiú a shainmhíniú.";

(3) scriostar Airteagal 4 agus Airteagal 5;

(4) cuirtear an tAirteagal 5a agus an tAirteagal 5b seo a leanas isteach:

*"Airteagal 5a*

**Coigeartú i bhfianaise forbairtí eacnamaíocha agus teicniúla**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 5b a bhaineann leis an gcoigeartú i bhfianaise forbairtí eacnamaíocha agus teicniúla i dtaca le bailiú agus próiseáil staidrimh sonraí, mar aon le próiseáil agus tarchur na dtorthaí agus oiriúnú na sonraíochtaí a liostaítear sna hIarscríbhinní.

*Airteagal 5b*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 1(5), in Airteagal 3(1) agus (4) agus in Airteagal 5a a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta, dá dtagraítear in Airteagal 1(5), in Airteagal 3(1) agus (4) agus in Airteagal 5a a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 1(5), Airteagal 3(1) agus (4) agus Airteagal 5a, i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis

fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

*"Airteagal 6*

**Bearta cur chun feidhme**

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme is gá do chur chun feidhme an Rialacháin seo i ndáil an méid seo a leanas go háirithe:

(a) torthaí a chur ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 3(2), (3) agus (4) agus na struchtúir eacnamaíochta agus na coinníollacha teicniúla atá i mBallstát á gcur san áireamh. Féadfaidh sé, trí na gníomhartha cur chun feidhme sin, go mbeidh deis ag Ballstát aonair gan tuairisciú a dhéanamh ar ítimí áirithe atá sa mhiondealú, ar choinníoll go dtaispeántar nach bhfuil ach tionchar teoranta aige sin ar cháilíocht an staidrimh. I ngach cás ina dtugtar díolúintí, tiomsófar sonraí faoin méid iomlán dramhaíola do gach ítim a liostaítear i Roinn 2(1) agus i Roinn 8(1) d'Iarscríbhinn I;
(b) an fhormáid is iomchuí do tharchur na dtorthaí ag Ballstáit laistigh de dhá bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo;
(c) ábhar na dtuarascálacha cáilíochta dá dtagraítear i Roinn 7 d'Iarscríbhinn I agus i Roinn 7 d'Iarscríbhinn II.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 7(2).";

(6) in Airteagal 7, scriostar mír 3;

(7) in Airteagal 8, scriostar mír 2 agus mír 3;

(8) in Iarscríbhinn I, scriostar pointe 1 de Roinn 7;

(9) in Iarscríbhinn II, scriostar pointe 1 de Roinn 7.

**60. Rialachán (CE) Uimh. 437/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2003 maidir le tuairisceáin staidrimh i leith paisinéirí, lastas agus post a iompar d'aer**[62]

---

[62] IO L 66, 11.3.2003, lch.1.

Chun Rialachán (CE) Uimh. 437/2003 a thabhairt cothrom le dáta d'fhonn forbairtí eacnamaíocha agus sóisialta a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na saintréithe bailithe sonraí a leasú mar aon leis na sonraíochtaí sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán sin agus chun an Rialachán sin a fhorlíonadh trí chaighdeáin bheachtais eile a bhunú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 437/2003 i dtaca le comhaid sonraí an tarchurtha, le tuairisc ar na cóid sonraí agus leis an meán atá le húsáid chun sonraí a tharchur, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 437/2003 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Baileoidh gach Ballstát sonraí staidrimh a bhaineann leis na hathróga seo a leanas:
(a) paisinéirí;
(b) lastas agus post;
(c) céimeanna na heitilte;
(d) suíocháin paisinéirí ar fáil;
(e) gluaiseachtaí aerárthaí.

Leagtar amach sna hIarscríbhinní na hathróga staidrimh i ngach réimse, na hainmníochtaí le haghaidh a n-aicmithe, tréimhsiúlacht a mbreathnaithe agus na sainmhínithe.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10a lena leasaítear na saintréithe bailithe sonraí mar aon leis na sonraíochtaí sna hIarscríbhinní.";

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

*"Airteagal 5*

**Beachtas an staidrimh**

Beidh bailiú na sonraí bunaithe ar thuairisceáin chríochnúla.
Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10a a bhaineann le caighdeáin bheachtais eile a bhunú.";

(3) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Tarchuirfear na torthaí de réir na gcomhad sonraí a thugtar in Iarscríbhinn I agus sonróidh an Coimisiún tuairisc orthu trí bhíthin gníomh cur chun feidhme.
Sonróidh an Coimisiún freisin trí bhíthin gníomh cur chun feidhme tuairisc ar na cóid sonraí agus ar an meán atá le húsáid chun sonraí a tharchur.
Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 11(2).";

(4) scriostar Airteagal 10;

(5) cuirtear an tAirteagal 10a seo a leanas isteach:

*"Airteagal 10a*
**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3(1) agus in Airteagal 5 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 3(1) agus in Airteagal 5 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 3(1) agus Airteagal 5 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(6) in Airteagal 11, scriostar mír 3.

**61. Rialachán (CE) Uimh. 450/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2003 maidir le hinnéacs na gcostas saothair**[63]

Chun Rialachán (CE) Uimh. 450/2003 a thabhairt cothrom le dáta d'fhonn forbairtí eacnamaíocha agus sóisialta a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na gcríoch seo a leanas:

- an Rialachán sin a leasú trí shonraíocht theicniúil an innéacs a ath-shainmhíniú agus an struchtúr ualaithe a athbhreithniú trí ghníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe a áireamh ann;
- an Rialachán sin a fhorlíonadh trí na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a aithint ar dá réir a dhéanfar miondealú ar na sonraí agus trí na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a aithint ar dá réir a dhéanfar miondealú ar an innéacs;
- an Rialachán sin a fhorlíonadh trí chritéir cháilíochta ar leith a bhunú mar aon leis an modheolaíocht chun an t-innéacs a shlabhrú.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 450/2003 i dtaca le hinneachar na tuarascála cáilíochta, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 450/2003 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11a a bhaineann le leasuithe chun sonraíocht theicniúil an innéacs a ath-shainmhíniú agus an struchtúr ualaithe a athbhreithniú.";

(2) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

[63] IO L 69, 13.3.2003, lch.1.

"2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11a a bhaineann le leasuithe chun na gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá sainmhínithe i Roinn O go Roinn S de NACE Ath. 2 a áireamh faoi raon feidhme an Rialacháin seo, agus na staidéir indéantachta a shainmhínítear in Airteagal 10 á gcur san áireamh.";

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

*"Airteagal 4*

**Miondealú ar na hathróga**

1. Agus na ranníocaíochtaí d'fhostaíocht iomlán agus do chostais saothair ar leibhéal an Chomhphobail agus ar an leibhéal náisiúnta á gcur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11a a bhaineann le haithint na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a shainmhínítear i ranna NACE Ath. 2 agus trí thuilleadh dí-chomhbhailithe, gan leibhéal rannáin NACE Ath. 2 (leibhéal 2-dhigit) ná grúpálacha rannán a shárú ar dá réir a dhéanfar miondealú ar na sonraí agus forbairtí eacnamaíocha agus sóisialta á gcur san áireamh.

Soláthrófar innéacsanna costais saothair ar leith do gach ceann de na catagóirí costais saothair seo a leanas:

(a) costais saothair ina n-iomláine;
(b) pá agus tuarastail, arna sainmhíniú trí thagairt do mhír D.11 in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1726/1999;
(c) ranníocaíochtaí sóisialta na bhfostóirí móide cánacha a íocann an fostóir lúide fóirdheontais a fhaigheann an fostóir, mar a shainmhínítear trí shuim mhír D.12 agus mhír D.4 lúide mír D.5 in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1726/1999.

2. Soláthrófar innéacs ina dtabharfar meastachán ar na costais saothair ina n-iomláine, cé is moite de bhónais, agus ina sainmhínítear na bónais trí D.11112 in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1726/1999, agus beidh sé miondealaithe de réir gníomhaíochtaí eacnamaíocha arna gcinneadh ag an gCoimisiún agus bunaithe ar aicmiú NACE Ath. 2.
Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11a a bhaineann le cinneadh na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha sin, agus na staidéir indéantachta a shainmhínítear in Airteagal 10 á gcur san áireamh.

3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11a a bhaineann le bunú na modheolaíochta chun an t-innéacs a shlabhrú.";

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

*"Airteagal 8*

**Cáilíocht**

1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11a a bhaineann le critéir cháilíochta ar leith a shainiú. Comhlíonfaidh na sonraí reatha agus na cúlsonraí a tharchuirfear na critéir cháilíochta sin.

2. Cuirfidh na Ballstáit tuarascálacha bliantúla cáilíochta ar fáil don Choimisiún, ag tosú sa bhliain 2003. Is é an Coimisiún a shaineoidh inneachar na dtuarascálacha sin trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 12(2).";

(5) leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. Glacfaidh an Coimisiún bearta de bhun an toraidh a bheidh ar na staidéir indéantachta trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 12(2). Sna bearta sin urramófar prionsabal na cost-éifeachtúlachta, mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 é, lena n-áirítear an t-ualach ar fhreagróirí a laghdú.";

(b) scriostar mír 6;

(6) scriostar Airteagal 11;

(7) cuirtear an tAirteagal 11a seo a leanas isteach:

*"Airteagal 11a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 2(4), in Airteagal 3(2) agus in Airteagal 4 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 2(4), in Airteagal 3(2) agus in Airteagal 4 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na

prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 2(4), Airteagal 3(2) agus Airteagal 4 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

*	IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(8) in Airteagal 12, scriostar mír 3;

(9) san Iarscríbhinn, scriostar pointe 3.

**62. Rialachán (CE) Uimh. 808/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le staidreamh an Chomhphobail i ndáil leis an tsochaí faisnéise[64]**

Chun Rialachán (CE) Uimh. 808/2004 a oiriúnú d'fhorbairtí eacnamaíocha agus teicniúla, go háirithe i dtaca le hinneachar na modúl, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le forlíonadh mhodúil an Rialacháin sin a bhaineann le roghnú agus sonrú na n-ábhar agus a saintréithe, lena gcoigeartú agus a modhnú sin, le cuimsiú, le tréimhsí tagartha agus le miondealuithe ar shaintréithe, le tréimhsiúlacht agus le huainiú soláthar sonraí agus leis na sprioc-amanna le haghaidh tharchur na dtorthaí.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 808/2004 mar a leanas:

---

64	IO L 143, 30.4.2004, lch.49.

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

*"Airteagal 8*

**Cumhachtaí tarmligthe**

1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 8a lena bhforlíontar modúil an Rialacháin seo a bhaineann le roghnú agus sonrú na n-ábhar agus a saintréithe, lena gcoigeartú agus a modhnú sin, le cuimsiú, le tréimhsí tagartha agus le miondealuithe ar shaintréithe, le tréimhsiúlacht agus le huainiú soláthar sonraí agus leis na sprioc-amanna le haghaidh tharchur na dtorthaí.

Sna gníomhartha tarmligthe sin cuirfear san áireamh forbairtí eacnamaíocha agus teicniúla, acmhainní na mBallstát agus an t-ualach ar fhreagróirí, féidearthacht mhodheolaíoch agus theicniúil agus iontaofacht torthaí.

2. Glacfar na gníomhartha tarmligthe sin ar a laghad naoi mí roimh thús tréimhse bailithe sonraí.";

(2) cuirtear an tAirteagal 8a seo a leanas isteach:

*"Airteagal 8a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 8(1) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 8(1) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 8(1) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a

thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

______________________

* IO L 123, 12.5.2016, lch.1.";

(3) scriostar Airteagal 9;

(4) in Iarscríbhinn I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3:

"3. *Ré agus tréimhsiúlacht an tsoláthair sonraí*

Soláthrófar staidreamh go bliantúil ar feadh tréimhse suas go 15 bliana tagartha ón 20 Bealtaine 2004. Ní gá go soláthrófar gach saintréith gach bliain; déanfar tréimhsiúlacht an tsoláthair maidir le gach saintréith ar leith a shonrú, agus tiocfar ar chomhaontú ina taobh, mar chuid de na gníomhartha tarmligthe a ghlacfar de bhun Airteagal 8(1)."

(5) in Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3:

"3. Ré agus tréimhsiúlacht an tsoláthair sonraí

Soláthrófar staidreamh go bliantúil ar feadh tréimhse suas go 15 bliana tagartha ón 20 Bealtaine 2004. Ní gá go soláthrófar gach saintréith gach bliain; déanfar tréimhsiúlacht an tsoláthair maidir le gach saintréith ar leith a shonrú, agus tiocfar ar chomhaontú ina taobh, mar chuid de na gníomhartha tarmligthe a ghlacfar de bhun Airteagal 8(1).".

**63. Rialachán (CE) Uimh. 1161/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2005 maidir le tiomsú cuntas ráithiúil neamhairgeadais de réir na hearnála institiúidí**[65]

Chun cáilíocht cuntas ráithiúil neamhairgeadais a áirithiú don Aontas Eorpach agus don limistéar euro a tiomsaíodh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1161/2005, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na gcríoch seo a leanas:

- an Rialachán sin a leasú chun an tréimhse tarchuir le haghaidh míreanna áirithe a oiriúnú;
- an Rialachán sin a leasú chun an cion d'iomlán an Aontais a oiriúnú;
- an Rialachán sin a fhorlíonadh le hamchlár i gcomhair tarchur míreanna áirithe a shonraítear san Iarscríbhinn, le cinntí chun a cheangal ar an earnáil chontrapháirte miondealú a dhéanamh ar na hidirbhearta a liostaítear san Iarscríbhinn Agus le caighdeáin chomhchoiteanna cháilíochta.

[65] IO L 191, 22.7.2005, lch. 22.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1161/2005 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

" 2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 7a a bhaineann leis an amchlár i gcomhair tharchur mhíreanna P.1, P.2, D.42, D.43, D.44, D.45, agus B.4G agus aon chinneadh chun a cheangal ar an earnáil chontrapháirte miondealú a dhéanamh ar na hidirbhearta a liostaítear san Iarscríbhinn. Ní ghlacfar aon chinneadh den sórt sin ach amháin tar éis don Choimisiún tuairisc a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo de bhun Airteagal 9.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 7a le leasú a dhéanamh ar mhír 3 chun coigeartú, faoi réir cúig lá ar a mhéad, a dhéanamh ar an am ag a ndéantar an tarchur a shonraítear sa mhír sin.";

(2) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 7a lena leasaítear mír 1 den Airteagal seo a bhaineann leis an gcion d'iomlán an Aontais." ;

(3) in Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 7a a bhaineann le caighdeáin chomhchoiteanna cháilíochta a ghlacadh.
Glacfaidh na Ballstáit gach beart is gá lena áirithiú go dtiocfaidh feabhas ar cháilíocht na sonraí arna dtarchur le himeacht ama ionas go bhféadfar na caighdeáin chomhchoiteanna cháilíochta a chomhlíonadh.";

(4) cuirtear an tAirteagal 7a seo a leanas isteach:

*"Airteagal 7a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 2(2) agus (4), in Airteagal 3(3) agus in Airteagal 6(1) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 2(2) agus (4), in Airteagal 3(3) agus in Airteagal 6(1) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 2(2) agus (4), Airteagal 3(3) agus Airteagal 6(1) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

___

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(5) in Airteagal 8, scriostar mír 3.

## 64. Rialachán (CE) Uimh. 1552/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le staidreamh i ndáil le gairmoiliúint i bhfiontair[66]

Chun Rialachán (CE) Uimh. 1552/2005 a thabhairt cothrom le dáta d'fhonn forbairtí eacnamaíocha agus teicniúla a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán sin a fhorlíonadh tríd an méid seo a leanas:

- leathnú a dhéanamh ar shainmhíniú an aonaid staidrimh;
- an modh samplála agus na ceanglais maidir le beachtas a chinneadh chomh maith le méideanna na samplaí a éilítear chun na ceanglais sin a chomhlíonadh, leis na

___

66 IO L 255, 30.9.2005, lch. 1.

sonraíochtaí mionsonraithe de NACE Ath. 2 agus leis na catagóirí méide ina bhféadfar miondealú a dhéanamh ar na torthaí;
- na sonraí sonracha a chinneadh atá le bailiú i ndáil le fiontair oiliúna agus fiontair neamhoiliúna agus i ndáil leis na cineálacha éagsúla gairmoiliúna;
- sonrú a dhéanamh ar na ceanglais maidir le cáilíocht na sonraí atá le bailiú agus le tarchur le haghaidh staidreamh Eorpach i ndáil le gairmoiliúint i bhfiontair, agus aon bhearta is gá chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht na sonraí agus chun feabhas a chur orthu;
- an chéad bhliain tagartha a chinneadh mar aon leis na bearta is gá le haghaidh bhailiú, tharchur agus phróiseáil na sonraí.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionannn in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1552/2005 i dtaca le struchtúr na dtuarascálacha cáilíochta, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1552/2005 mar a leanas:

(1) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Ag féachaint do dháileadh sonrach na bhfiontar, de réir méide, ar leibhéal náisiúnta agus do na riachtanais atá ag athrú maidir leis an mbeart is gá a ghlacadh, féadfaidh na Ballstáit leathnú a dhéanamh ar shainmhíniú an aonaid staidrimh ina gcríoch féin.
Ina theannta sin, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a a bhaineann le leathnú a dhéanamh ar an sainmhíniú sin, más rud é go gcuirfeadh leathnú den sórt sin go suntasach le hionadaíocht agus cáilíocht thoradh an tsuirbhé sna Ballstáit lena mbaineann.";

(2) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a lena gcinntear an modh samplála agus na ceanglais maidir le beachtas, méideanna na samplaí a éilítear chun na ceanglais sin a chomhlíonadh, agus na sonraíochtaí mionsonraithe de NACE Ath. 2 agus na catagóirí méide ina bhféadfar miondealú a dhéanamh ar na torthaí.";

(3) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a a bhaineann leis na sonraí sonracha atá le bailiú i ndáil le

fiontair oiliúna agus fiontair neamhoiliúna agus i ndáil leis na cineálacha éagsúla gairmoiliúna.";

(4) leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a a bhaineann leis na ceanglais maidir le cáilíocht na sonraí atá le bailiú agus le tarchur le haghaidh staidreamh Eorpach i ndáil le gairmoiliúint i bhfiontair, agus aon bhearta is gá chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht na sonraí agus chun feabhas a chur orthu.";

(b) cuirtear an mhír 5 seo a leanas isteach:

"5. Cinnfidh an Coimisiún struchtúr na dtuarascálacha cáilíochta dá dtagraítear i mír 2 trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 14(2).";

(5) in Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a a bhaineann le cinneadh na chéad bhliana tagartha nach foláir sonraí a bhailiú ina leith.";

(6) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fomhíre:

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a chun an Rialachán seo a fhorlíonadh d'fhonn forbairtí eacnamaíocha agus teicniúla i ndáil le bailiú, tarchur agus próiseáil na sonraí a chur san áireamh.";

(7) cuirtear an tAirteagal 13a seo a leanas isteach:

*"Airteagal 13a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 5(2), 7(3), 8(2), 9(4), 10(2) agus 13 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 5(2), 7(3), 8(2), 9(4), 10(2) agus 13 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa

chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 5(2), 7(3), 8(2), 9(4), 10(2) agus 13 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(8) in Airteagal 14, scriostar mír 3.

**65. Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Ath. 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le réimsí sonracha staidrimh[67]**

Chun Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 a oiriúnú d'fhorbairtí teicniúla agus eacnamaíocha agus chun NACE Ath. 2 a chur ar comhréim le haicmithe eile eacnamaíocha agus sóisialta, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Iarscríbhinn A ghabhann leis an Rialachán sin a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 mar a leanas:

(1) in Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

---

67 IO L 393, 30.12.2006, lch.1.

"2.Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 6a lena leasaítear an Iarscríbhinn Chun forbairtí teicniúla agus eacnamaíocha a chur san áireamh nó chun í a chur ar comhréim le haicmithe eile eacnamaíocha agus sóisialta.";

(2) cuirtear an tAirteagal 6a seo a leanas isteach:

*"Airteagal 6a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 6(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 6(2) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 6(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) in Airteagal 7, scriostar mír 3.

**66. Rialachán (CE) Uimh. 458/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Aibreán 2007 maidir leis an gcóras Eorpach staidrimh iomlánaithe i ndáil le cosaint shóisialta (CESICS)[68]**

Chun Rialachán (CE) Uimh. 458/2007 a oiriúnú d'fhorbairtí teicniúla agus eacnamaíocha, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán sin a leasú trí na rialacha maidir le scaipeadh sonraí a thabhairt cothrom le dáta agus chun é a fhorlíonadh tríd an gcéad bhliain a shocrú ar chóir sonraí iomlána a bhailiú ina leith agus trí bhearta a ghlacadh a bhaineann le haicmiú mionsonraithe na sonraí a fholófar agus maidir leis na sainmhínithe a úsáidfear. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 458/2007 mar a leanas:

(1) in Airteagal 5, scriostar mír 2.

(2) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 7a lena socraítear an chéad bhliain ar chóir sonraí iomlána a bhailiú ina leith agus lena nglactar bearta a bhaineann le haicmiú mionsonraithe na sonraí a fholófar agus maidir leis na sainmhínithe a úsáidfear.
Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 7a, lena leasaítear an Rialachán seo chun na rialacha maidir le scaipeadh sonraí a thabhairt cothrom le dáta.";

(3) cuirtear an tAirteagal 7a seo a leanas isteach:

*"Airteagal 7a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 7(3) agus i bpointe 1.1.2.4. d'Iarscríbhinn I a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 7(3) agus i bpointe 1.1.2.4. d'Iarscríbhinn I a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le

[68] IO L 113, 30.4.2007, lch. 3.

tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 7(3) agus phointe 1.1.2.4 d'Iarscríbhinn I i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(4) in Airteagal 8, scriostar mír 3;

(5) in Iarscríbhinn I, pointe '1.1.2.4. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad 'Fáltais eile':

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 7a chun na sonraí a fholófar a sholáthar (ag tagairt d'aicmiú mionsonraithe)."

**67. Rialachán (CE) Uimh. 716/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2007 maidir le staidreamh Comhphobail i ndáil le struchtúr agus le gníomhaíocht fiontar cleamhnaithe coigríche[69]**

Chun Rialachán (CE) Uimh. 716/2007 a oiriúnú d'fhorbairtí eacnamaíocha agus teicniúla, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun leasú a dhéanamh ar na sainmhínithe in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II agus ar leibhéal an mhionsonraithe in Iarscríbhinn III agus chun an Rialachán sin a fhorlíonadh le bearta maidir le staidreamh isteach agus amach faoi fhiontair chleamhnaithe choigríche.
Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

69 IO L 171, 29.6.2007, lch.17

Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 716/2007, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun ábhar agus tréimhsiúlacht na dtuarascálacha cáilíochta a shainiú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 716/2007 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

> "Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a lena leasaítear na sainmhínithe in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II agus leibhéal an mhionsonraithe in Iarscríbhinn III.
>
> Tabharfar aird ar leith ar an bprionsabal go gcaithfidh buntáistí beart dá leithéid an costas a bhaineann leo a shárú, agus ar an bprionsabal gur cheart nach rachadh an t-ualach breise airgeadais a bheadh ar na Ballstáit ná ar fhiontair thar theorainn réasúnta.";

(2) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

> "4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a a bhaineann leis na bearta is gá maidir le staidreamh isteach agus amach faoi fhiontair chleamhnaithe choigríche ar bhonn chonclúidí na dtreoirstaidéar.
>
> Tabharfar aird ar leith ar an bprionsabal go gcaithfidh buntáistí beart dá leithéid an costas a bhaineann leo a shárú, agus ar an bprionsabal gur cheart nach rachadh an t-ualach breise airgeadais a bheadh ar na Ballstáit ná ar fhiontair thar theorainn réasúnta.";

(3) in Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

> "3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a a bhaineann le caighdeáin chomhchoiteanna cháilíochta.";

(4) Leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) idir pointe (a) agus pointe (b), scriostar an focal "agus";

(ii) cuirtear an pointe (c) seo a leanas isteach:

"(c) ábhar agus tréimhsiúlacht na dtuarascálacha cáilíochta a shainiú.";

(b) scriostar mír 2;

(5) cuirtear an tAirteagal 9a seo a leanas isteach:

*"Airteagal 9a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 2, Airteagal 5(4) agus Airteagal 6(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 2, Airteagal 5(4) agus Airteagal 6(3) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 2, Airteagal 5(4) agus Airteagal 6(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch.1.";

(6) in Airteagal 10, scriostar mír 3.

**68. Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 maidir le staidreamh Comhphobail i ndáil le himirce agus le cosaint**

**idirnáisiúnta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 311/76 ón gComhairle maidir le staidreamh i ndáil le hoibrithe ón gcoigríoch a thiomsú**[70]

Chun Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 a oiriúnú d'fhorbairtí teicniúla agus eacnamaíocha, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán sin a leasú trí shainmhínithe áirithe a thabhairt cothrom le dáta, trí chnuasach na sonraí agus díchomhiomlánuithe breise a chinneadh agus trí rialacha maidir le caighdeáin chruinnis agus cháilíochta a leagan síos. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 mar a leanas:

(1) cuirtear an tAirteagal 9a seo a leanas isteach:

*"Airteagal 9a*

**Gníomhartha tarmligthe**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10a lena leasaítear na sainmhínithe a leagtar amach in Airteagal 2(1).

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10a:
(a) na catagóirí a shainiú ina ngrúpaí de réir na tíre inar rugadh na daoine lena mbaineann, de réir na tíre a raibh gnáthchónaí roimhe sin orthu inti agus de réir na chéad tíre eile a ndeachaigh siad chun gnáthchónaithe inti, agus ina ngrúpaí saoránachta mar a fhoráiltear in Airteagal 3(1);
(b) na catagóirí a shainiú de réir na gcúiseanna a bhí leis an gcead, mar a fhoráiltear in Airteagal 6(1)(a);
(c) na díchomhiomlánuithe breise agus leibhéil na ndíchomhiomlánuithe a shainiú atá le cur i bhfeidhm ar na hathróga, mar a fhoráiltear in Airteagal 8;
(b) na rialacha maidir le caighdeáin chruinnis agus cháilíochta a leagan síos.";

(2) in Airteagal 10, scriostar mír 2;

(3) cuirtear an tAirteagal 10a seo a leanas isteach:

*"Airteagal 10a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

[70] IO L 199, 31.7.2007, lch. 23.

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 9a a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 9a a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 9a i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(4) in Airteagal 11, scriostar mír 3.

**69. Rialachán (CE) Uimh. 1445/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2007 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna le haghaidh faisnéis bhunúsach a sholáthar maidir le Paireachtaí Cumhachta Ceannaigh agus le haghaidh na Paireachtaí sin a ríomh agus a scaipeadh**[71]

Chun Rialachán (CE) Uimh. 1445/2007 a thabhairt cothrom le dáta d'fhonn athruithe eacnamaíocha agus teicniúla a chur san áireamh le haghaidh Paireachtaí Cumhachta Ceannaigh a ríomh agus a scaipeadh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán sin a leasú leis na sainmhínithe a oiriúnú agus leis na bun-cheannteidil in Iarscríbhinn II a leasú agus chun an Rialachán sin a fhorlíonadh le critéir cháilíochta.

71 IO L 336, 20.12.2007, lch. 1.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1445/2007, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun struchtúr na dtuarascálacha cáilíochta a ghlacadh. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1445/2007 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10a lena leasaítear na sainmhínithe agus lena leasaítear liosta na mbun-cheannteideal in Iarscríbhinn II chun athruithe eacnamaíocha agus teicniúla a chur san áireamh a mhéid nach mbeidh méadú díréireach sna costais do na Ballstáit i gceist leis sin.";

(2) leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10a a bhaineann leis na critéir chomhchoiteanna ar a mbeidh an rialú cáilíochta bunaithe.";

(b) cuirtear an mhír 5 seo a leanas isteach:

"5. Glacfaidh an Coimisiún struchtúr na dtuarascálacha cáilíochta, mar a shonraítear i bpointe 5.3 d'Iarscríbhinn I é, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 11(2).";

(3) cuirtear an tAirteagal 10a seo a leanas isteach:

*"Airteagal 10a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3 agus in Airteagal 7(4) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 3 agus in Airteagal 7(4) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 3 agus Airteagal 7(4) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(4) in Airteagal 11, scriostar mír 3;

(5) in Airteagal 12, scriostar mír 3.

**70. Rialachán (CE) Uimh. 177/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Feabhra 2008 lena mbunaítear creat coiteann do chláir ghnó chun críocha staidrimh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2186/93 ón gComhairle[72]**

Chun Rialachán (CE) Uimh. 177/2008 a oiriúnú d'fhorbairtí teicniúla agus eacnamaíocha, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun leasú a dhéanamh ar an liosta de shaintréithe cláir, ar a sainmhínithe agus ar na rialacha leanúnachais a bhaineann leo san Iarscríbhinn A ghabhann leis an Rialachán sin agus chun an Rialachán sin a fhorlíonadh le caighdeáin choiteanna cháilíochta agus le rialacha chun cláir a thabhairt cothrom le dáta agus trína chinneadh cá mhéad a áireofar fiontair áirithe agus grúpaí fiontar áirithe sna cláir, ag sonrú na n-aonad a bheadh comhsheasmhach leis na haonaid don staidreamh

[72] IO L 61, 5.3.2008, lch. 6.

talmhaíochta. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 177/2008, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i dtaca le hábhar agus tréimhsiúlacht na dtuarascálacha cáilíochta. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 177/2008 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

> "6. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15a lena gcinntear a mhéid atá fiontair a bhfuil níos lú ná leathdhuine fostaithe acu agus grúpaí uilechónaitheacha fiontar nach bhfuil aon tábhacht staidrimh leo do na Ballstáit le háireamh sna cláir, agus an sainmhíniú a dhéanfar ar na haonaid a bheadh comhsheasmhach leis na haonaid don staidreamh talmhaíochta.";

(2) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

> "2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15a lena leasaítear an Iarscríbhinn Chun an liosta de shaintréithe cláir a thabhairt cothrom le dáta, chomh maith lena sainmhínithe agus na rialacha leanúnachais a ghabhann leo, agus an prionsabal nach foláir gur mó na buntáistí a bhainfidh le tabhairt cothrom le dáta ná a chostas agus an prionsabal nach rachaidh na hacmhainní breise a bheidh i gceist do na Ballstáit ná do na fiontair thar mar atá réasúnta, á gcur san áireamh.";

(3) in Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

> "3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15a a bhaineann le caighdeáin choiteanna cháilíochta.
>
> Glacfaidh an Coimisiún cinntí maidir le hábhar agus tréimhsiúlacht na dtuarascálacha cáilíochta trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 16(2).
>
> Cuirfidh an Coimisiún san áireamh na costais a bhaineann le tiomsú na sonraí.";

(4) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15a a bhaineann leis na rialacha maidir le cláir a thabhairt cothrom le dáta.";

(5) in Airteagal 15, scriostar mír 1;

(6) cuirtear an tAirteagal 15a seo a leanas isteach:

"*Airteagal 15a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 3(6), 5(2), 6(3) agus 8(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 3(6), 5(2), 6(3) agus 8(3) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 3(6), 5(2), 6(3) agus 8(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

_____________________-

* IO L 123, 12.5.2016, lch.1.";

(6) in Airteagal 16, scriostar mír 3.

**71. Rialachán (CE) Uimh. 295/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 maidir le staidreamh struchtúrach gnó**[73]

Chun Rialachán (CE) Uimh. 295/2008 a oiriúnú d'fhorbairtí eacnamaíocha agus teicniúla, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán sin a fhorlíonadh:

- i dtaca leis an raon feidhme, an liosta saintréithe, an tréimhse thagartha, na gníomhaíochtaí a bheidh le cuimsiú agus ceanglais cháilíochta an mhodúil sholúbtha;
- leis na bearta is gá ar bhonn meastóireacht ar na staidéir phíolótacha;
- leis na torthaí náisiúnta comhchodacha arna gcur ar fáil ag na Ballstáit;
- i dtaca leis an tréimhse thagartha le haghaidh modúil áirithe;
- le hathbhreithniú ar na rialacha maidir le CETO a lua agus le grúpáil na mBallstát;
- tríd an liosta saintréithe a thabhairt cothrom le dáta mar aon leis na réamhthorthaí;
- i dtaca le minicíocht thiomsú an staidrimh;
- i dtaca leis an gcéad bhliain tagartha do thiomsú na dtorthaí;
- an Rialachán sin a fhorlíonadh le tarchur na réamhthorthaí nó na meastachán do rannán 66 de NACE Ath. 2;
- i dtaca le miondealú ar na torthaí, go háirithe na haicmí a bheidh in úsáid agus na teaglamaí de na haicmí méide;
- na tréimhsí ama i gcomhair tarchur sonraí a thabhairt cothrom le dáta;
- an miondealú ar na gníomhaíochtaí a oiriúnú do leasuithe nó d'athbhreithnithe a dhéantar ar NACE agus an miondealú ar tháirgí a oiriúnú do leasuithe nó d'athbhreithnithe a dhéantar ar CPA, íosteorainn an phobail tagartha a athrú;
- le critéir chun meastóireacht a dhéanamh ar cháilíocht.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 295/2008 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"Déanfar úsáid an mhodúil sholúbtha dá dtagraítear i bpointe (j) de mhír 2 a phleanáil i ndlúth-chomhoibriú leis na Ballstáit. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11b maidir lena raon feidhme, an liosta saintréithe, an tréimhse thagartha, na gníomhaíochtaí a bheidh le cuimsiú agus na ceanglais cháilíochta. Glacfar an gníomh tarmligthe 12 mhí ar a laghad roimh thús na tréimhse tagartha.

[73] IO L 97, 9.4.2008, lch. 13.

Sonróidh an Coimisiún freisin an gá a bheidh leis an bhfaisnéis agus an tionchar a bheidh ag bailiú na sonraí i ndáil leis an ualach ar ghnólachtaí agus leis na costais a bheidh ar na Ballstáit.”;

(2) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11b a bhaineann leis na bearta is gá ar bhonn meastóireacht ar na staidéir phíolótacha”;

(3) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Ionas go bhféadfar comhiomláin de chuid an Aontais a thiomsú, cuirfidh na Ballstáit torthaí náisiúnta comhchodacha ar fáil de réir leibhéil NACE Ath. 2, a leagtar síos sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo nó sna gníomhartha tarmligthe. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún na gníomhartha tarmligthe sin a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11b.”;

(4) leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Déanfar na torthaí a tharchur i bhformáid iomchuí theicniúil, laistigh de thréimhse ama dar tosach deireadh na tréimhse tagartha. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11b a bhaineann leisan tréimhse thagartha do na modúil dá bhforáiltear in Airteagal 3(2)(a) go (h) agus (j) agus ní bheidh an tréimhse ama sin níos faide ná 18 mí. Maidir leis an modúl dá bhforáiltear in Airteagal 3(2)(i), ní bheidh an tréimhse ama níos faide ná 30 mí nó 18 mí mar a leagtar síos i Roinn 9 d'Iarscríbhinn IX í. Chomh maith leis sin, déanfar líon beag réamhthorthaí measta a tharchur laistigh de thréimhse ama dar tosach deireadh na tréimhse tagartha a leagfar síos i gcomhréir leis an nós imeachta sin do na modúil dá bhforáiltear in Airteagal 3(2)(a) go (g) agus ní bheidh an tréimhse sin níos faide ná 10 mí.
Ní bheidh an tréimhse ama i gcomhair réamhthorthaí níos faide ná 18 mí i gcás an mhodúil dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(i).”;

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

“Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11b a bhaineann le hathbhreithniú ar na rialacha maidir le CETO a lua agus le grúpáil na mBallstát, faoin 29 Aibreán 2013 agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin.”;

(5) in Airteagal 11, scriostar mír 2;

(6) cuirtear an tAirteagal 11a agus an tAirteagal 11b seo a leanas isteach:

"*Airteagal 11a*

**Gníomhartha tarmligthe**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11b a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(a) na liostaí saintréithe agus na réamhthorthaí a thabhairt cothrom le dáta, a mhéid nach dtugann an tabhairt cothrom le dáta sin le tuiscint, tar éis measúnú cainníochtúil a dhéanamh, go bhfuil méadú tagtha ar an líon aonad a ndearnadh suirbhé orthu ná ar an ualach atá ar na haonaid a bheadh ar neamhréir leis na torthaí a bhfuiltear ag súil leo (Airteagal 4 agus Airteagal 8 agus Roinn 6 d'Iarscríbhinn I, Roinn 6 d'Iarscríbhinn II, Roinn 6 d'Iarscríbhinn III, Roinn 6 d'Iarscríbhinn IV);

(b) minicíocht thiomsú an staidrimh (Airteagal 3);

(c) an chéad bhliain tagartha do thiomsú na dtorthaí (Airteagal 8 agus Roinn 5 d'Iarscríbhinn I);

(d) an miondealú ar na torthaí, go háirithe ar na haicmí a bheidh in úsáid agus na teaglamaí de na haicmí méide (Airteagal 7 agus Iarscríbhinn VIII, Roinn 4, mír 2 agus mír 3, Iarscríbhinn IX, Roinn 8, mír 2 agus mír 3, agus Iarscríbhinn IX, Roinn 10);

(e) na tréimhsí ama i gcomhair tarchur sonraí a thabhairt cothrom le dáta (Airteagal 8 agus Iarscríbhinn I, Roinn 8, mír 1 agus Iarscríbhinn VI, Roinn 7);

(f) an miondealú ar na gníomhaíochtaí a oiriúnú do leasuithe nó d'athbhreithnithe a dhéantar ar NACE agus an miondealú ar tháirgí a oiriúnú do leasuithe nó d'athbhreithnithe a dhéantar ar CPA;

(g) íosteorainn an phobail tagartha a athrú (Iarscríbhinn VIII, Roinn 3);

(h) na critéir i gcomhair meastóireacht ar cháilíocht (Airteagal 6 agus Iarscríbhinn I, Roinn 6, Iarscríbhinn II, Roinn 6, Iarscríbhinn III, Roinn 6 agus Iarscríbhinn IV, Roinn 6)."

*Airteagal 11b*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 3(4), 4(4), 7(2), 8(2) agus (3), agus 11a, i Roinn 5, i Roinn 6 agus i Roinn 8(1) agus (2) d'Iarscríbhinn I, i Roinn 6 d'Iarscríbhinn II, d'Iarscríbhinn III agus d'Iarscríbhinn IV, i Roinn 7 d'Iarscríbhinn VI, i Roinn 3 agus i Roinn 4(2) agus (3) d'Iarscríbhinn VIII, agus i Roinn 8(2) agus (3) agus i Roinn 10(2) d'Iarscríbhinn IX a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 3(4), 4(4), 7(2), 8(2) agus (3), agus 11a, i Roinn 5, i Roinn 6 agus i Roinn 8(1) agus (2) d'Iarscríbhinn I, i Roinn 6 d'Iarscríbhinn II, d'Iarscríbhinn III agus d'Iarscríbhinn IV, i Roinn 7 d'Iarscríbhinn VI, i Roinn 3 agus i Roinn 4(2) agus (3) d'Iarscríbhinn VIII, agus i Roinn 8(2) agus (3) agus i Roinn 10(2) d'Iarscríbhinn IX a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a

dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 3(4), 4(4), 7(2), 8(2) agus (3), agus 11a, Roinn 5, Roinn 6 agus Roinn 8(1) agus (2) d'Iarscríbhinn I, Roinn 6 d'Iarscríbhinn II, d'Iarscríbhinn III agus d'Iarscríbhinn IV, Roinn 7 d'Iarscríbhinn VI, Roinn 3 agus Roinn 4(2) agus (3) d'Iarscríbhinn VIII, agus Roinn 8(2) agus (3) agus Roinn 10(2) d'Iarscríbhinn IX i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle."

___________________

* IO L 123, 12.5.2016, lch.1.";

(7) in Airteagal 12, scriostar mír 3;

(8) leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad roinn 5 agus roinn 6:

"ROINN 5

**An chéad bhliain tagartha**

Is í an bhliain féilire 2008 an chéad bhliain tagartha a dtiomsófar staidreamh ina leith. Tiomsófar sonraí de réir an mhiondealaithe i Roinn 9. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún, áfach, gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11b a bhaineann leis an gcéad bhliain tagartha a mbeidh staidreamh le tiomsú ina leith i gcomhair na n-aicmí gníomhaíochta a chuimsítear le grúpaí 64.2, 64.3, agus 64.9 agus rannán 66 de NACE Ath. 2.

ROINN 6

**Tuarascáil ar cháilíocht an staidrimh**

Léireoidh na Ballstáit an leibhéal beachtais i gcomhair gach ceann de na príomh-shaintréithe, trí thagairt do leibhéal muiníne 95 %, a chuirfidh an Coimisiún sa tuarascáil dá bhforáiltear in Airteagal 13, agus cur i bhfeidhm an Airteagail sin i ngach Ballstát á chur san áireamh. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11b a bhaineann leis na príomh-shaintréithe."

(b) leasaítear Roinn 8 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
"1. Tarchuirfear na torthaí laistigh de 18 mí ó dheireadh bhliain féilire na tréimhse tagartha, seachas i gcás aicmí gníomhaíochta 64.11 agus 64.19 de NACE Ath. 2. Moill tarchuir 10 mí a bheidh ann i gcás aicmí gníomhaíochta 64.11 agus 64.19 de NACE Ath. 2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún, áfach, gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11b a bhaineann leis an moill tarchuir ar thorthaí na n-aicmí gníomhaíochta a chuimsítear le grúpaí 64.2, 64.3 agus 64.9 agus rannán 66 de NACE Ath. 2.";

(ii) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na míre deireanaí:

Tá na réamhthorthaí nó na meastacháin sin le miondealú go dtí an leibhéal 3-dhigit de NACE Ath. 2 (grúpa). Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11b a bhaineann le tarchur na réamhthorthaí nó na meastachán do rannán 66 de NACE Ath. 2.";

(9) in Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad roinn 6:

"ROINN 6
**"Tuarascáil ar cháilíocht an staidrimh**
Léireoidh na Ballstáit an leibhéal beachtais i gcomhair gach ceann de na príomh-shaintréithe, trí thagairt do leibhéal muiníne 95 %, a chuirfidh an Coimisiún sa tuarascáil dá bhforáiltear in Airteagal 13, agus cur i bhfeidhm an Airteagail sin i ngach Ballstát á chur san áireamh. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11b a bhaineann leis na príomh-shaintréithe.";

(10) in Iarscríbhinn III, cuirtear an méid seo a leanas in ionad roinn 6:

"ROINN 6
**Tuarascáil ar cháilíocht an staidrimh**
Léireoidh na Ballstáit an leibhéal beachtais i gcomhair gach ceann de na príomh-shaintréithe, trí thagairt do leibhéal muiníne 95 %, a chuirfidh an Coimisiún sa tuarascáil dá bhforáiltear in Airteagal 13, agus cur i bhfeidhm an Airteagail sin i ngach Ballstát á chur san áireamh. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11b a bhaineann leis na príomh-shaintréithe.";

(11) in Iarscríbhinn IV, cuirtear an méid seo a leanas in ionad roinn 6:

"ROINN 6
**Tuarascáil ar cháilíocht an staidrimh**
Léireoidh na Ballstáit an leibhéal beachtais i gcomhair gach ceann de na príomh-shaintréithe, trí thagairt do leibhéal muiníne 95 %, a chuirfidh an Coimisiún sa tuarascáil dá bhforáiltear in Airteagal 13, agus cur i bhfeidhm an Airteagail sin i ngach Ballstát á chur san áireamh. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11b a bhaineann leis na príomh-shaintréithe.";

(12) in Iarscríbhinn VI, cuirtear an méid seo a leanas in ionad roinn 7:

“ROINN 7
**Tarchur na dtorthaí**
Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11b a bhaineann leis an moill tarchuir ar na torthaí nach mbeidh níos faide ná 10 mí dar tosach deireadh na bliana tagartha”;

(13) Leasaítear Iarscríbhinn VIII mar a leanas:

(a) i Roinn 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cúigiú habairt:
"Ar bhonn an staidéir sin, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11b a bhaineann leis an íosteorainn a athrú.”;

(b) i mír 2 agus i mír 3 de roinn 4, sa tábla ‘Miondealú ar láimhdeachas de réir an chineáil táirge’, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte sa cholún ‘Nóta tráchta’:

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11b a bhaineann leis an miondealú de réir táirge a chinneadh.”;

(14) leasaítear Iarscríbhinn IX mar a leanas:

(a) i roinn 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2 agus mhír 3:

“2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11b a bhaineann le cuid de na torthaí a dhéanfar a mhiondealú freisin ina n-aicmí méide go dtí an leibhéal mionsonraithe a liostaítear i Roinn 10, ach amháin i gcás Ranna L, M agus N de NACE Ath. 2, arb ag leibhéal grúpa amháin a cheanglaítear an miondealú.

3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11b a bhaineann le cuid de na torthaí a dhéanfar a mhiondealú freisin de réir foirm dhlíthiúil go dtí an leibhéal mionsonraithe a liostaítear i Roinn 10, ach amháin i gcás Ranna L, M agus N de NACE Ath. 2, arb ag leibhéal grúpa amháin a cheanglaítear an miondealú.”;

(b) i roinn 10, i ndeireadh mhír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foroinne "Comhiomláin speisialta":

“**Comhiomláin speisialta**
Ionas go bhféadfar staidreamh an Aontais maidir le déimeagrafaíocht ghnó a thiomsú le haghaidh na hearnála Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11b a bhaineann le roinnt comhiomlán speisialta de NACE Ath. 2 atá le tarchur.”.

**72. Rialachán (CE) Uimh. 451/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 lena mbunaítear aicmiú nua staidrimh ar tháirgí de réir gníomhaíochta (CPA) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3696/93 ón gComhairle[74]**

Chun Rialachán (CE) Uimh. 451/2008 a oiriúnú d'fhorbairtí teicniúla nó eacnamaíocha agus chun é a chur ar comhréim le haicmithe eile eacnamaíocha agus sóisialta, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Iarscríbhinn A ghabhann leis an Rialachán sin a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 451/2008 mar a leanas:

(1) in Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

> "2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 6a lena leasaítear an Iarscríbhinn Chun na gcríoch seo a leanas:
>
> (a) forbairtí teicneolaíocha nó eacnamaíocha a chur san áireamh;
>
> (b) í a chur ar comhréim le haicmithe eile eacnamaíocha agus sóisialta.";

(2) cuirtear an tAirteagal 6a seo a leanas isteach:

*"Airteagal 6a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

> 1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
>
> 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 6(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].
>
> 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 6(2) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

74 IO L 145, 4.6.2008, lch. 65.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 6(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) in Airteagal 7, scriostar mír 3.

**73. Rialachán (CE) Uimh. 452/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 i ndáil le staidreamh maidir le hoideachas agus le foghlaim ar feadh an tsaoil a tháirgeadh agus a fhorbairt[75]**

Chun Rialachán (CE) Uimh. 452/2008 a oiriúnú d'fhorbairtí beartais nó teicniúla, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán sin a fhorlíonadh trí na nithe seo a leanas a roghnú agus a shonrú: ábhair an staidrimh mar aon lena dtréithe, miondealú ar na tréithe, tréimhse an bhreathnaithe agus na spriocdhátaí do tharchur na dtorthaí, na ceanglais cháilíochta lena n-áirítear an cruinneas is gá. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 452/2008, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i ndáil leis an gcreat don tuairisciú cáilíochta. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

---

75 IO L 145, 4.6.2008, lch. 227.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 452/2008 mar a leanas:

(1) in Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 6a a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(a) na hábhair a chumhdaítear leis na fearainn agus a saintréithe mar fhreagairt ar riachtanais bheartais nó theicniúla a roghnú agus a shonrú;
(b) miondealú ar na tréithe;
(c) tréimhse an bhreathnaithe agus na spriocdhátaí do tharchur na dtorthaí;
(d) na ceanglais cháilíochta, lena n-áirítear an cruinneas is gá;

Más gá, de thoradh na ngníomhartha tarmligthe sin, na bailiúcháin sonraí atá ann a mhéadú go suntasach nó bailiúcháin nua sonraí a dhéanamh nó suirbhéanna nua sonraí a thionscnamh, bunófar gníomhartha tarmligthe ar anailís costais/sochair a bheidh mar chuid d'anailís chuimsitheach ar na hiarmhairtí agus na himpleachtaí, agus buntáiste na mbeart, na costais ar na Ballstáit agus an t-ualach ar na freagróirí á gcur san áireamh.

Glacfaidh an Coimisiún bearta i ndáil leis an gcreat don tuairisciú cáilíochta trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 7(2).";

(2) cuirtear an tAirteagal 6a seo a leanas isteach:

*"Airteagal 6a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 6(1) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 6(1) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 6(1) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) in Airteagal 7, scriostar mír 3.

## 74. Rialachán (CE) Uimh. 453/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le staidreamh ráithiúil ar fholúntais sa Chomhphobal[76]

Chun Rialachán (CE) Uimh. 453/2008 a thabhairt cothrom le dáta d'fhonn staidreamh ráithiúil rialta ar fholúntais a chur ar fáil, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán sin a fhorlíonadh trí na coincheapa 'bearta gníomhacha chun iarrthóir oiriúnach a fháil' agus 'tréimhse shonraithe ama' a shainmhíniú, trí dhátaí tagartha áirithe a chinneadh, tríd an gcreat a leagan amach do staidéir indéantachta agus trí aon ghníomhartha iomchuí bunaithe ar thorthaí na staidéar sin a ghlacadh. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 453/2008 i dtaca leis an bhformáid do tharchur sonraí agus meiteashonraí, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 453/2008 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

---

[76] IO L 145, 4.6.2008, lch. 234.

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1:

"1. ciallaíonn 'folúntas' post íoctha a cruthaíodh as an nua nó atá folamh nó atá ar tí a fholmhaithe:
(a) a bhfuil an fostóir ag déanamh bearta gníomhacha ina leith agus a bhfuil sé nó sí sásta tuilleadh beart a dhéanamh chun iarrthóir oiriúnach a fháil lasmuigh den fhiontar lena mbaineann; agus

(b) a bhfuil sé ar intinn ag an bhfostóir é a líonadh láithreach nó laistigh de thréimhse shonraithe ama.
Déanfaidh an staidreamh a sholáthrófar idirdhealú, ar bhonn roghnach, idir folúntais do phoist ar théarma seasta agus folúntais do phoist bhuana.";

(b) cuirtear an dara mír seo a leanas isteach:

"Chun críocha phointe 1 den chéad mhír, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 8a lena sainmhínítear na coincheapa 'bearta gníomhacha chun iarrthóir oiriúnach a fháil' agus 'tréimhse shonraithe ama'.";

(2) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Tiomsóidh na Ballstáit na sonraí ráithiúla faoi threoir dátaí tagartha sonracha. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 8a lena gcinntear na dátaí tagartha sonracha sin.";

(3) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 8a lena gcinntear dáta na chéad ráithe tagartha mar aon leis na spriocdhátaí tarchuir. Déanfar aon choigeartú ar na sonraí ráithiúla le haghaidh na ráithí roimhe sin a tharchur ag an am céanna.

Déanfaidh na Ballstáit na sonraí agus na meiteashonraí a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat) i bhformáid a chinnfidh an Coimisiún trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 9(3).";

(4) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1, mhír 2 agus mhír 3:

"1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 8a a bhaineann leis an gcreat iomchuí le haghaidh sraith staidéar indéantachta a bhunú.
Is iad na Ballstáit sin a mbeidh deacracht acu sonraí a sholáthar maidir leis an méid seo a leanas a thabharfaidh faoi na staidéir sin:

(a) aonaid a bhfuil níos lú ná deichniúr fostaithe iontu; agus/nó
(b) na gníomhaíochtaí seo a leanas:
(i) riarachán poiblí agus cosaint; slándáil shóisialach éigeantach;
(ii) oideachas;

(iii) sláinte an duine agus gníomhaíochtaí oibre sóisialta;
(iv) na healaíona, siamsaíocht agus áineas;
(v) gníomhaíochtaí eagraíochtaí comhaltais, deisiú ríomhairí agus earraí pearsanta agus teaghlaigh mar aon le gníomhaíochtaí seirbhísí pearsanta eile.

2. Tíolacfaidh gach Ballstát a bheidh ag tabhairt faoi staidéir indéantachta tuarascáil ar thorthaí na staidéar sin laistigh de dhá mhí dhéag ón uair a dtiocfaidh na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 1 i bhfeidhm.

3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 8a lena bhforlíontar an Rialachán seo trí na bearta is gá a ghlacadh a luaithe is féidir tar éis torthaí na staidéar indéantachta a bheith ar fáil, i gcomhphlé leis na Ballstáit, agus laistigh de thréimhse réasúnta.";

(5) cuirtear an tAirteagal 8a seo a leanas isteach:

*"Airteagal 8a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 2, 3(1), 5(1), agus 7(1) agus (3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 2, 3(1), 5(1), agus 7(1) agus (3) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 2, 3(1), 5(1), agus 7(1) agus (3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*     IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(6) in Airteagal 9, scriostar mír 2.

**75. Rialachán (CE) Uimh. 763/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le daonáirimh agus maidir le háirimh thithíochta**[77]

Chun Rialachán (CE) Uimh. 763/2008 a thabhairt cothrom le dáta, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán sin a fhorlíonadh trí bhlianta tagartha ina dhiaidh sin a bhunú agus trí chlár na sonraí staidrimh agus na meiteashonraí staidrimh a ghlacadh. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 763/2008 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 5 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Socróidh gach Ballstát dáta tagartha. Beidh an dáta tagartha i mbliain a shonrófar bunaithe ar an Rialachán seo (bliain tagartha). Is é 2011 an chéad bhliain tagartha.
Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 7a a bhaineann le blianta tagartha ina dhiaidh sin a bhunú. Is i dtús gach tréimhse deich mbliana a bheidh na blianta tagartha";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 7a a bhaineann le clár de na sonraí staidrimh agus de na meiteashonraí staidrimh a bhunú a bheidh le tarchur chun ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh.";

(2) in Airteagal 7, scriostar mír 2;

77     IO L 218, 13.8.2008, lch. 14.

(3) cuirtear an tAirteagal 7a seo a leanas isteach:

*"Airteagal 7a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 5(1) agus (3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 5(1) agus (3) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 5(1) agus (3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(4) In Airteagal 8, scriostar mír 3.

**76. Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2008 maidir le staidreamh i dtaca le fuinneamh**[78]

Chun Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008 a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus do riachtanais nua, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na gcríoch seo a leanas:

[78] IO L 304, 14.11.2008, lch.1.

- liosta na bhfoinsí sonraí agus na soiléirithe nó na sainmhínithe is infheidhme sa Rialachán sin a leasú;
- na socruithe i dtaca le tarchur na sonraí náisiúnta sa Rialachán sin a leasú;
- an Rialachán sin a fhorlíonadh le staidreamh bliantúil i dtaca le fuinneamh núicléach;
- an Rialachán sin a fhorlíonadh le staidreamh i dtaca le fuinneamh inathnuaite agus le staidreamh maidir le tomhaltas deiridh fuinnimh.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

> "3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10a lena leasaítear liosta na bhfoinsí sonraí.";

(2) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2 agus mhír 3:

> "2. Tugtar soiléirithe nó sainmhínithe is infheidhme ar na téarmaí teicniúla a úsáidtear sna hiarscríbhinní aonair agus in Iarscríbhinn A (Soiléirithe ar Théarmaíocht) freisin.
>
> Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10a lena ndéantar tuilleadh soiléirithe ar an téarmaíocht trí thagairtí ábhartha NACE a chur léi tar éis teacht i bhfeidhm d'athbhreithniú ar aicmiú NACE.
>
> 3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10a lena leasaítear na sonraí atá le cur ar aghaidh agus na soiléirithe nó na sainmhínithe is infheidhme.";

(3) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

> "3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10a lena leasaítear na socruithe i dtaca le tarchur an staidrimh náisiúnta.";

(4) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

> "Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10a a bhaineann leis an tacar staidrimh bhliantúil i dtaca le fuinneamh núicléach.";

(5) leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10a a bhaineann leis an tacar staidrimh i dtaca le fuinneamh inathnuaite agus leis an tacar staidrimh i dtaca le tomhaltas deiridh fuinnimh.";

(b) scriostar mír 3;

(6) in Airteagal 10, scriostar mír 1;

(7) cuirtear an tAirteagal 10a seo a leanas isteach:

*"Airteagal 10a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 3(3), 4(2) agus (3), 5(3), 8 agus 9(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 3(3), 4(2) agus (3), 5(3), 8 agus 9(2) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 3(3), 4(2) agus (3), 5(3), 8 agus 9(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(8) in Airteagal 11, scriostar mír 2;

(9) in Iarscríbhinn A, scriostar an 'Nóta' i bpointe 2.

**77. Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le staidreamh Comhphobail i dtaca leis an tsláinte phoiblí agus i dtaca leis an tsláinte agus leis an tsábháilteacht ag an obair[79]**

Chun cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008 a fheabhsú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán sin a fhorlíonadh trí athróga, sainmhínithe agus aicmithe na n-ábhar dá dtagraítear in Iarscríbhinní I go V a leagan síos mar aon lena miondealú sin agus leis na tréimhsí tagartha, na heatraimh agus na teorainneacha ama do sholáthar sonraí agus do sholáthar meiteashonraí. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008 mar a leanas:

(1) in Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

> "2. Gach uair a bheartófar gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 9a, déanfar anailís costais agus tairbhe, agus na buntáistí á gcur san áireamh a bhaineann le fáil a bheith ar na sonraí, i gcomparáid le costas an bhailithe agus an t-ualach a chuirfidh sé ar na Ballstáit.";

(2) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

> "2. Tarchuirfidh na Ballstáit na sonraí agus na meiteashonraí a cheanglaítear a tharchur leis an Rialachán seo i bhfoirm leictreonach, i gcomhréir le caighdeán idirmhalartaithe a comhaontaíodh idir an Coimisiún (Eurostat) agus na Ballstáit.
> Cuirfear na sonraí ar fáil i gcomhréir leis na teorainneacha ama a leagtar amach, sna heatraimh dá bhforáiltear agus i leith na dtréimhsí tagartha a shonraítear sna hIarscríbhinní nó sna gníomhartha tarmligthe. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún na gníomhartha tarmligthe sin a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a.";

[79] IO L 354, 31.12.2008, lch. 70.

(3) in Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a a bhaineann leis an méid seo a leanas:
(a) na saintréithe, eadhon athróga, sainmhínithe agus aicmithe na n-ábhar, dá dtagraítear in Iarscríbhinní I go V;
(b) miondealú ar na saintréithe;
(c) na tréimhsí tagartha, na heatraimh agus na teorainneacha ama do sholáthar sonraí;
(d) meiteashonraí a sholáthar.

Cuirfear san áireamh sna gníomhartha sin, go háirithe, forálacha Airteagal 5, Airteagal 6(2) agus (3) agus Airteagal 7(1), mar aon le hinfhaighteacht, le hoiriúnacht agus le comhthéacs dlíthiúil fhoinsí sonraí an Aontais atá ann tar éis na foinsí uile a bhaineann leis na fearainn agus leis na hábhair faoi seach a scrúdú.";

(4) cuirtear an tAirteagal 9a seo a leanas isteach:

"*Airteagal 9a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 6(2), in Airteagal 7(2) agus in Airteagal 9(1) agus i bpointe (c), i bpointe (d) agus i bpointe (e) d'Iarscríbhinní I, II, III, IV agus V a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 6(2), in Airteagal 7(2) agus in Airteagal 9(1) agus i bpointe (c), i bpointe (d) agus i bpointe (e) d'Iarscríbhinní I, II, III, IV agus V a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 6(2), Airteagal 7(2) agus Airteagal 9(1) agus phointe (c), phointe (d) agus phointe (e) d'Iarscríbhinní I, II, III, IV agus V i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse

dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(5) in Airteagal 10, scriostar mír 2;

(6) leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

"(c) *Tréimhsí tagartha, eatraimh agus teorainneacha ama do sholáthar sonraí*
Soláthrófar staidreamh ón EHIS gach cúig bliana; d'fhéadfadh sé go mbeidh gá le minicíocht éagsúil le haghaidh bailiúcháin sonraí eile amhail sonraí maidir le galracht nó maidir le tionóiscí agus maidir le díobhálacha, mar aon le roinnt modúl suirbhé sonrach. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a a bhaineann leis na bearta maidir leis an gcéad bhliain tagartha, leis an eatramh agus leis an teorainn ama do sholáthar na sonraí.";

(b) i bpointe (d), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

"Ní gá go gcumhdófaí na hábhair uile gach tráth a dhéanfaí sonraí a sholáthar. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a a bhaineann leis na bearta maidir leis na saintréithe, eadhon athróga, sainmhínithe agus aicmithe na n-ábhar a liostaítear thuas, agus le miondealú ar na saintréithe.";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

"(e) *Meiteashonraí*
Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a a bhaineann leis na bearta maidir le soláthar meiteashonraí, lena n-áirítear meiteashonraí a bhaineann le saintréithe na suirbhéanna agus na bhfoinsí eile a úsáidtear, an daonra a chumhdaítear agus faisnéis maidir le haon sainiúlacht náisiúnta atá fíor-riachtanach chun staidreamh agus táscairí inchomparáide a léiriú agus a thiomsú.";

(7) leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

"(c) *Tréimhsí tagartha, eatraimh agus teorainneacha ama do sholáthar sonraí*
Cuirfear an staidreamh ar fáil go bliantúil. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a a bhaineann leis na bearta maidir leis an gcéad bhliain tagartha, leis an eatramh agus leis an teorainn ama do sholáthar na sonraí.";

(b) i bpointe (d), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ceathrú mír:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a a bhaineann leis na bearta maidir leis na saintréithe, eadhon athróga, sainmhínithe agus aicmithe na n-ábhar a liostaítear thuas, agus le miondealú ar na saintréithe.";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

"(e) *Meiteashonraí*
Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a a bhaineann leis na bearta maidir le soláthar meiteashonraí, lena n-áirítear meiteashonraí a bhaineann le saintréithe na bhfoinsí agus na dtiomsúchán a úsáidtear, leis an daonra a chumhdaítear agus leis an bhfaisnéis maidir le haon sainiúlacht náisiúnta atá fíor-riachtanach chun staidreamh agus táscairí inchomparáide a léiriú agus a thiomsú.";

(8) leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

"(c) *Tréimhsí tagartha, eatraimh agus teorainneacha ama do sholáthar sonraí*
Cuirfear an staidreamh ar fáil go bliantúil. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a a bhaineann leis na bearta maidir leis an gcéad bhliain tagartha. Tíolacfar na sonraí tráth nach déanaí ná 24 mhí tar éis dheireadh na bliana tagartha. Féadfar sonraí sealadacha nó sonraí measta a sholáthar níos luaithe ná sin. I gcás teagmhais a bhaineann leis an tsláinte phoiblí, féadfar bailiúcháin sonraí speisialta breise a bhunú, le haghaidh na mbásanna uile nó do chúiseanna sonracha báis.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ceathrú mír de phointe (d):

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a a bhaineann leis na bearta maidir leis na saintréithe, eadhon athróga, sainmhínithe agus aicmithe na n-ábhar a liostaítear thuas, agus le miondealú ar na saintréithe.";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

"(e) *Meiteashonraí*
Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a a bhaineann leis na bearta maidir le soláthar meiteashonraí, lena n-áirítear meiteashonraí a bhaineann le saintréithe na bhfoinsí agus na dtiomsúchán a úsáidtear, leis an daonra a chumhdaítear agus leis an bhfaisnéis maidir le haon sainiúlacht náisiúnta atá fíor-riachtanach chun staidreamh agus táscairí inchomparáide a léiriú agus a thiomsú.";

(9) leasaítear Iarscríbhinn IV mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

"(c)*Tréimhsí tagartha, eatraimh agus teorainneacha ama do sholáthar sonraí*

Cuirfear an staidreamh ar fáil go bliantúil. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a a bhaineann leis na bearta maidir leis an gcéad bhliain tagartha. Tíolacfar na sonraí tráth nach déanaí ná 18 mí tar éis dheireadh na bliana tagartha.";

(b) i bpointe (d), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ceathrú mír:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a a bhaineann leis na bearta maidir leis na saintréithe, eadhon athróga, sainmhínithe agus aicmithe na n-ábhar a liostaítear thuas, agus le miondealú ar na saintréithe.";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

"(e) *Meiteashonraí*
Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a a bhaineann leis na bearta maidir le soláthar meiteashonraí, lena n-áirítear meiteashonraí a bhaineann leis an daonra a chumhdaítear, rátaí dearbhaithe tionóiscí ag an obair, agus, i gcás inarb ábhartha, saintréithe na samplála, mar aon le faisnéis maidir le haon sainiúlacht náisiúnta atá fíor-riachtanach chun staidreamh agus táscairí inchomparáide a léiriú agus a thiomsú.";

(10) leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

"(c) *Tréimhsí tagartha, eatraimh agus teorainneacha ama do sholáthar sonraí*
Soláthrófar sonraí maidir le galair cheirde go bliantúil agus tabharfar isteach iad tráth nach déanaí ná 15 mhí tar éis dheireadh na bliana tagartha. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a a bhaineann leis na tréimhsí tagartha, na heatraimh agus na teorainneacha ama do sholáthar sonraí.";

(b) i bpointe (d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ceathrú mír:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a a bhaineann leis na bearta maidir leis na saintréithe, eadhon athróga, sainmhínithe agus aicmithe na n-ábhar a liostaítear thuas, agus le miondealú ar na saintréithe.";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

"(e) Meiteashonraí
Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a a bhaineann leis na bearta maidir le soláthar meiteashonraí, lena n-áirítear meiteashonraí a bhaineann le saintréithe na bhfoinsí agus na

dtiomsúchán a úsáidtear, leis an daonra a chumhdaítear agus leis an bhfaisnéis maidir le haon sainiúlacht náisiúnta atá fíor-riachtanach chun staidreamh agus táscairí inchomparáide a léiriú agus a thiomsú.".

## 78. Rialachán (CE) Uimh. 1185/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le staidreamh i dtaca le lotnaidícidí[80]

Chun Rialachán (CE) Uimh. 1185/2009 a thabhairt cothrom le dáta, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na ceanglais a leasú a bhaineann le soláthar na dtuarascálacha cáilíochta dá dtagraítear i Roinn 6 d'Iarscríbhinn I agus i Roinn 6 d'Iarscríbhinn II faoi seach agus liosta na substaintí a bheidh le cumhdach, agus a n-aicmiú i gcatagóirí táirgí agus in aicmí ceimiceacha mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III agus chun an Rialachán sin a fhorlíonadh le sainmhíniú ar an 'limistéar atá faoi chóireáil' dá dtagraítear i Roinn 2 d'Iarscríbhinn II. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1185/2009 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) i mír 1, scriostar an dara fomhír;

(b) cuirtear an mhír 1a seo a leanas isteach:

"1a. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 5a lena leasaítear na ceanglais a bhaineann le soláthar na dtuarascálacha cáilíochta dá dtagraítear i Roinn 6 d'Iarscríbhinn I agus i Roinn 6 d'Iarscríbhinn II faoi seach."

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2 agus mhír 3:

2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 5a lena bhforlíontar Roinn 2 d'Iarscríbhinn II i ndáil leis an sainmhíniú ar 'limistéar atá faoi chóireáil'.

3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 5a lena leasaítear liosta na substaintí a bheidh le cumhdach, agus a n-aicmiú i gcatagóirí táirgí agus in aicmí ceimiceacha mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III ar bhonn rialta, agus ar a laghad gach cúig bliana.";

[80] IO L 324, 10.10.2009, lch. 1.

(2) cuirtear an tAirteagal 5a seo a leanas isteach:

"*Airteagal 5a*
**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 5(1a), (2) agus (3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 5(1a), (2) agus (3) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 5(1a), (2) agus (3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) in Airteagal 6, scriostar mír 3.

## VIII. Cobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil

### 79. Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Iúil 2002 maidir le caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta a chur i bhfeidhm[81]

Chun cinneadh a dhéanamh maidir le hinfheidhmeacht na gcaighdeán idirnáisiúnta cuntasaíochta laistigh den Aontas a cheap an Bord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 a fhorlíonadh. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 5a a bhaineann le hinfheidhmeacht na gcaighdeán idirnáisiúnta cuntasaíochta laistigh den Aontas.

Más rud é, i gcás garbhaol is féidir a bheith ann do chobhsaíocht na margaí airgeadais, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 5b maidir le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun na míre seo.";

(b) scriostar mír 3;

(2) cuirtear an tAirteagal 5a agus an tAirteagal 5b seo a leanas isteach:

*"Airteagal 5a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3(1) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá

[81] IO L 243, 11.9.2002, lch. 1.

dtagraítear in Airteagal 3(1) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 3(1) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

*Airteagal 5b*

**An nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 5a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

____________

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) scriostar Airteagal 6 agus Airteagal 7.

**80. Treoir 2009/110/CE an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le dul i mbun an ghnó a ghabhann le hinstitiúidí airgid leictreonaigh, leanúint den ghnó sin, agus maoirseacht stuamachta a dhéanamh air lena leasaítear Treoir 2005/60/CE agus Treoir 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/46/CE**[82]

[82] IO L 267, 10.10.2009, lch. 7.

Chun Treoir 2009/110/CE a oiriúnú d'fhonn boilsciú nó forbairtí teicneolaíochta agus margaidh a chur san áireamh, agus chun cur i bhfeidhm cóineasaithe díolúintí áirithe a leagtar amach sa Treoir sin a áirithiú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Treoir sin a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2009/110/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14:

"*Airteagal 14*

**Gníomhartha tarmligthe**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14a:

(a) lena leasaítear an Treoir sin chun boilsciú nó forbairtí teicneolaíochta agus margaidh a chur san áireamh;

(b) lena leasaítear Airteagal 1(4) agus (5) chun cur i bhfeidhm cóineasaithe na ndíolúintí áirithe dá dtagraítear sna forálacha sin a áirithiú.";

(2) cuirtear an tAirteagal 14a seo a leanas isteach:

"*Airteagal 14a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 14 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 14 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní

dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 14 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) scriostar Airteagal 15.

## IX. An Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide

### 81. Treoir 75/324/CEE ón gComhairle an 20 Bealtaine 1975 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát i ndáil le dáileoirí aerasóil[83]

Chun forbairtí nua sa teicneolaíocht i dtaca le dáileoirí aerasóil a chur san áireamh agus chun ardleibhéal sábháilteachta a áirithiú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Treoir 75/324/CEE a leasú d'fhonn í a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 75/324/CEE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

"*Airteagal 5*

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10a lena leasaítear an Iarscríbhinn Chun í a oiriúnú don dul chun teicniúil.";

(2) scriostar Airteagal 6 agus Airteagal 7;

(3) in Airteagal 10(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10a lena leasaítear an Treoir seo chun na hoiriúnuithe teicniúla riachtanacha a áirithiú i dtaca leis na nithe seo a leanas: an anailís ghuaise, airíonna teicniúla dáileoirí aerasóil; airíonna fisiceacha agus ceimiceacha ábhar na ndáileoirí sin; na ceanglais maidir le lipéadú agus inadhainteacht mar aon le modhanna tástála agus nósanna imeachta tástála dáileoirí aerasóil.

(4) cuirtear an tAirteagal 10a seo a leanas isteach:

"*Airteagal 10a*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

---

[83] IO L 147, 9.6.1975, lch. 40.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 5 agus in Airteagal 10(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 5 agus in Airteagal 10(3) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 5 agus Airteagal 10(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch.1.".

**82. Treoir 76/211/CEE ón gComhairle an 20 Eanáir 1976 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le táirgí réamhphacáistithe áirithe a dhéanamh suas de réir meáchain nó toirte[84]**

Chun Treoir 76/211/CE a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 76/211/CE mar a leanas:

---

[84] IO L 46, 21.2.1976, lch. 1.

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

*"Airteagal 6*

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 6a lena leasaítear Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II chun iad a oiriúnú don dul chun teicniúil."

(2) cuirtear an tAirteagal 6a seo a leanas isteach:

*"Airteagal 6a*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 6 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 6 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 6 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

* IO L 123, 12.5.2016, lch.1.".

**83. Treoir 80/181/CEE ón gComhairle an 20 Nollaig 1979 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le haonaid tomhais agus maidir le haisghairm Threoir 71/354/CEE[85]**

[85] IO L 39, 15.2.1980, lch. 40.

Chun Treoir 80/181/CEE a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Iarscríbhinn A ghabhann leis an Treoir sin a leasú agus chun an Treoir sin a fhorlíonadh le tásca breise. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 80/181/CEE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6a:

“*Airteagal 6a*

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 6c lena mbunaítear tásca breise.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 6c lena leasaítear Caibidil I den Iarscríbhinn Chun í a oiriúnú don dul chun teicniúil.

(2) cuirtear an tAirteagal 6c seo a leanas isteach:

"*Airteagal 6c*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 6a a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 6a a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 6a i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

___________________

* IO L 123, 12.5.2016, lch.1.".

**84. Treoir 97/67/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 1997 maidir le comhrialacha chun an margadh inmheánach Comhphobail i seirbhísí poist a fhorbairt agus cáilíocht na seirbhíse a fheabhsú**[86]

Chun oiriúnú teicniúil mear na gcaighdeán maidir le cáilíocht na seirbhíse a áirithiú, go háirithe maidir le tráthanna ródúcháin agus le rialtacht agus iontaofacht na seirbhísí trasteorann, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na hIarscríbhinní a ghabhann le Treoir 97/67/CE a leasú lena n-oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus chun an Treoir sin a fhorlíonadh le dálaí caighdeánaithe i gcomhair faireachán ar fheidhmíocht. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 97/67/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú mír agus an ceathrú mír:

"Is iad seo a leanas a shocróidh na caighdeáin sin:

(a) na Ballstáit i gcás seirbhísí náisiúnta;
(b) Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i gcás seirbhísí trasteorann laistigh den Aontas (féach Iarscríbhinn II).

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 21a lena leasaítear Iarscríbhinní II chun na caighdeáin maidir le seirbhísí trasteorann laistigh den Aontas a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil nó d'fhorbairtí margaidh.

___________________

86 IO L 15, 21.1.1998, lch. 14.

Déanfaidh comhlachtaí seachtracha nach bhfuil aon bhaint acu leis na soláthraithe seirbhíse uilechoitinne, déanfaidh siad faireachán neamhspleách ar fheidhmíocht uair amháin sa bhliain ar a laghad faoi dhálaí caighdeánaithe agus foilseofar tuarascálacha ar an bhfaireachán sin uair amháin sa bhliain ar a laghad.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 21a lena sonraítear na dálaí caighdeánaithe sin.";

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Chaibidil 8:

"Gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme";

(3) cuirtear an tAirteagal 20a seo a leanas isteach i ndiaidh theideal Chaibidil 8:

*"Airteagal 20a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 16 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 16 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 16 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*   IO L 123, 12.5.2016, lch.1.";

(4) in Airteagal 21, scriostar an dara mír.

## 85. Treoir 2000/14/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Bealtaine 2000 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát i ndáil le hastaíocht torainn sa chomhshaol ó threalamh le húsáid lasmuigh[87]

Chun Treoir 2000/14/CE a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir sin a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2000/14/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an tAirteagal 17a seo a leanas isteach:

*"Airteagal 17a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 18a a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 18a a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

[87] IO L 162, 3.7.2000, lch. 1.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 18a i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12. 5. 2016, lch. 1.";

(2) in Airteagal 18, scriostar mír 2;

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 18a:

"*Airteagal 18a*
**Leasuithe ar Iarscríbhinn III**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17a lena leasaítear Iarscríbhinn III chun í a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil. Ní bheidh aon iarmhairt dhíreach ag na gníomhartha tarmligthe sin ar leibhéal tomhaiste na cumhachta fuaime i gcás an trealaimh a liostaítear in Airteagal 12, go háirithe trí thagairtí do chaighdeáin Eorpacha ábhartha a áireamh.";

(4) in Airteagal 19, scriostar pointe (b).

**86. Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 maidir le leasacháin[88]**

Chun na hoiriúnuithe teicniúla riachtanacha ar Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003 a ghlacadh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinní I go IV a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú chun críche na modhanna tomhais, samplála agus anailíse a oiriúnú agus a nuachóiriú agus na bearta rialaithe a shonrú agus chun Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú chun cineálacha nua leasachán a áireamh. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le

---

88 IO L 304, 21.11.2003, lch. 1.

hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003 mar a leanas:

(1) in Airteagal 29, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31a lena leasaítear Iarscríbhinní I go IV chun críche na modhanna tomhais, samplála agus anailíse a oiriúnú agus a nuachóiriú agus úsáidfidh sé, aon uair is féidir, na caighdeáin Eorpacha.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún freisin gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31a lena leasaítear Iarscríbhinní I go IV chun críche na bearta rialaithe a shonrú dá bhforáiltear i mír 1, i mír 2 agus i mír 3 den Airteagal seo agus in Airteagal 8, in Airteagal 26 agus in Airteagal 27. Díreoidh na gníomhartha sin go háirithe ar a mhinice is gá na tástálacha a athdhéanamh, chomh maith le bearta atá ceaptha chun a áirithiú gurb ionann an leasachán a chuirtear ar an margadh agus an leasachán a ndearnadh tástáil air.";

(2) leasaítear Airteagal 31 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31a lena leasaítear Iarscríbhinn I chun cineálacha nua leasachán a áireamh.";

(b) scriostar mír 4;

(3) cuirtear an tAirteagal 31a seo a leanas isteach:

"*Airteagal 31a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 29(4) agus in Airteagal 31(1) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 29(4) agus in Airteagal 31(1) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na

prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 29(4) agus Airteagal 31(1) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.".

**87. Treoir 2004/9/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 maidir le hiniúchadh agus fíorú Dea-Chleachtais Saotharlainne (DCS)[89]**

Chun an t-oiriúnú teicniúil riachtanach ar Threoir 2004/9/CE a ghlacadh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na gcríoch seo a leanas:

- an Treoir sin a leasú chun easaontuithe maidir le comhlíonadh DCS a réiteach;
- an fhoirmle formhuiniúcháin sa Treoir sin a leasú;
- Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin a leasú chun an dul chun cinn teicniúil a chur san áireamh.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2004/9/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

---

89 IO L 50, 20.2.2004, lch. 28.

"3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 6a lena leasaítear na hábhair dá dtagraítear i mír 1.";

(2) cuirtear an tAirteagal 6a seo a leanas isteach:

*"Airteagal 6a*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 6(3) agus in Airteagal 8(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 6(3) agus in Airteagal 8(2) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 6(3) agus Airteagal 8(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) in Airteagal 7, scriostar mír 3;

(4) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 6a lena leasaítear na nithe seo a leanas:

(a) an fhoirmle in Airteagal 2(2);

(b) Iarscríbhinn I, chun an dul chun cinn teicniúil a chur san áireamh.".

**88. Treoir 2004/10/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 maidir le comhchuibhiú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin i ndáil le prionsabail dea-chleachtais saotharlainne a chur i bhfeidhm agus i ndáil lena gcur i bhfeidhm a fhíorú i gcás tástálacha ar shubstaintí ceimiceacha[90]**

Chun na hoiriúnuithe teicniúla riachtanacha ar Threoir 2004/10/CE a áirithiú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin a leasú chun í a oiriúnú don dul chun teicniúil i ndáil le prionsabail dea-chleachtais saotharlainne agus chun an Treoir sin a leasú chun oiriúnuithe teicniúla riachtanacha a thabhairt isteach. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2004/10/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3a:

"*Airteagal 3a*

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 3b lena leasaítear Iarscríbhinn I chun í a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil, i ndáil le prionsabail DCS.";

(2) cuirtear an tAirteagal 3b seo a leanas isteach:

"*Airteagal 3b*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

90 IO L 50, 20.2.2004, lch. 44.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3a agus in Airteagal 5(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 3a agus in Airteagal 5(2) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 3a agus Airteagal 5(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch.1.";

(3) scriostar Airteagal 4;

(4) in Airteagal 5(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír agus an ceathrú fomhír:

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 3b lena leasaítear an Treoir seo chun oiriúnuithe teicniúla riachtanacha a thabhairt isteach.".

**89. Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hinnealra, agus lena leasaítear Treoir 95/16/CE**[91]

Chun forbairtí nua a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun liosta táscach na gcomhpháirteanna sábháilteachta in Iarscríbhinn V a ghabhann le

---

[91] IO L 157, 9.6.2006, lch. 24.

Treoir 2006/42/CE a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme Threoir 2006/42/CE, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir le bearta riachtanacha chun déileáil le hinnealra a d'fhéadfadh bheith contúirteach. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2006/42/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

> "1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 21a lena leasaítear Iarscríbhinn V chun liosta táscach na gcomhpháirteanna sábháilteachta a thabhairt cothrom le dáta.";

(2) in Airteagal 9(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír agus an tríú fomhír:

> Agus aird chuí á tabhairt ar thorthaí an chomhairliúcháin sin, glacfaidh an Coimisiún na bearta is gá trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 22(3).";

(3) cuirtear an tAirteagal 21a seo a leanas isteach:

"*Airteagal 21a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

> 1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
>
> 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 8(1) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].
>
> 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 8(1) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.
>
> 4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na

prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 8(1) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

___________________

* IO L 123, 12.5.2016, lch.1.";

(4) in Airteagal 22, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

___________________

* Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).".

**90. Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach** [92]

Chun oiriúnú teicniúil mear Threoir 2006/123/CE a áirithiú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún agus an Treoir sin a fhorlíonadh le critéir chomhchoiteanna agus sprioc-amanna áirithe. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2006/123/CE mar a leanas:

___________________

[92] IO L 376, 27.12.2006, lch. 36

(1) in Airteagal 23, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Chun mír 1 a chur chun feidhme, féadfaidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 40(2), liosta seirbhísí a bhunú a léiríonn na saintréithe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 39a lena mbunaítear na critéir chomhchoiteanna lena shainiú, chun críocha an árachais nó na ráthaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, an méid is iomchuí i ndáil le cineál agus fairsinge an riosca.";

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 36:

*"Airteagal 36*

**Gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 39a maidir leis na sprioc-amanna dá bhforáiltear in Airteagal 28 agus in Airteagal 35 a shonrú.

Déanfaidh an Coimisiún freisin, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na socruithe praiticiúla a ghlacadh maidir le faisnéis a mhalartú go leictreonach idir na Ballstáit, agus go háirithe na forálacha idirinoibritheachta le haghaidh córais faisnéise. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 40(2).";

(3) cuirtear isteach an tAirteagal 39a seo a leanas:

*"Airteagal 39a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 23(4) agus Airteagal 36 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 23(4) agus Airteagal 36 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 23(4) agus Airteagal 36 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

____________________

* IO L 123, 12.5.2016, lch.1.";

(4) in Airteagal 40, scriostar mír 3;

**91. Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le clárú, meastóireacht, údarú agus srianadh ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiúin chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún[93]**

Ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún:

- chun Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a leasú chun an céatadán de na comhaid a roghnaítear le haghaidh seiceáil ar chomhlíonadh a athrú, agus chun na critéir lena roghnú a leasú nó chun tuilleadh critéar a áireamh;
- chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú i gcásanna áirithe;
- chun an Rialachán sin a fhorlíonadh le rialacha maidir le modhanna tástála.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 mar a leanas:

(1) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2 agus mhír 3:

“2. Déanfar na modhanna dá dtagraítear i mír 1 a athbhreithniú agus a leasú go rialta d’fhonn laghdú a dhéanamh ar an tástáil ar ainmhithe veirteabracha agus ar an líon ainmhithe a ndéantar tástáil orthu. Déanfaidh an Coimisiún, a luaithe agus

[93] IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.

is féidir tar éis dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha, más iomchuí, Rialachán (CE) Uimh. 440/2008 agus na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán sin, más ábhartha, a leasú chun tástáil ainmhithe a laghdú, a bheachtú, nó chun rud éigin a chur ina hionad. Chuige sin, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 131a chun an Rialachán sin ón gCoimisiún a leasú agus chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú.

3. I gcás inar gá tástálacha ar shubstaintí chun faisnéis a ghiniúint faoi shaintréithe intreacha substaintí, déanfar iad i gcomhréir leis na modhanna tástála a leagtar síos i Rialachán ón gCoimisiún nó i gcomhréir le modhanna tástála idirnáisiúnta eile a aithníonn an Coimisiún nó an Ghníomhaireacht a bheith iomchuí.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 131a chun modhanna tástála a leagan síos.

Féadfar faisnéis faoi shaintréithe intreacha substaintí a ghiniúint i gcomhréir le modhanna tástála eile ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn XI.

___________________

* Rialachán Uimh. 440/2008 ón gCoimisiún an 30 Bealtaine 2008 lena leagtar síos modhanna tástála de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le clárú, meastóireacht, údarú agus srianadh ceimiceán (REACH) (IO L 142, 31.5.2008, lch. 1)";

(2) in Airteagal 41, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

"7. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 131a, tar éis dul i gcomhairle leis an nGníomhaireacht chun an céatadán de na comhaid a roghnaítear a athrú, agus chun na critéir lena roghnú a leasú nó chun tuilleadh critéar a áireamh i mír 5.";

(3) Leasaítear Airteagal 58 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 131a lena leasaítear Iarscríbhinn XIV chun na substaintí dá dtagraítear in Airteagal 57 a áireamh. I gcás gach substainte, sonrófar sna gníomhartha sin:";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

"8. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 131a lena leasaítear Iarscríbhinn XIV chun substaintí a bhaint ar substaintí iad, de réir faisnéis nua, nach gcomhlíonann critéir Airteagal 57 a thuilleadh.";

(4) in Airteagal 68, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 agus mhír 2:

"1. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 131a lena leasaítear Iarscríbhinn XVII chun srianta nua a thabhairt

isteach nó chun na srianta atá ann cheana a oiriúnú maidir le substaintí aonair, meascáin díobh nó substaintí in earraí a mhonarú, a úsáid nó a chur ar an margadh, de bhun an nós imeachta a leagtar síos in Airteagail 69 go 73, nuair atá riosca do-ghlactha ag baint leo maidir le sláinte an duine nó an comhshaol, de thoradh na substaintí sin a mhonarú, a úsáid nó a chur ar an margadh, agus nuair is gá dul i ngleic leis an riosca sin ar bhonn uile-Aontais.Cuirfea Cuirfear san áireamh in aon ghníomh den sórt sin tionchar socheacnamaíoch an tsrianta, lena n-airítear na roghanna eile atá ar fáil.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír maidir le húsáid substainte mar idirmheánach aonraithe ar an láthair.

2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 131a lena leasaítear Iarscríbhinn XVII maidir le srianta ar thomhaltóirí substaint aonair, substaint i meascáin nó substaint in earra a úsáid más rud é go gcomhlíonann sí na critéir maidir le haicmiú sna haicmí guaise carcanaigineacht, só-ghineacht gaiméite nó tocsaineacht maidir le síolrú, catagóir 1A nó 1B, agus go bhféadfadh tomhaltóirí í a úsáid. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 69 go 73.";

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 131:

*“Airteagal 131*

**Leasuithe ar na hIarscríbhinní**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 131a lena leasaítear na hIarscríbhinní.”;

(6) cuirtear isteach an tAirteagal 131a seo a leanas:

"*Airteagal 131a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

“1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 13(2) agus (3), Airteagal 41(7), Airteagal 58(1) agus (8), Airteagal 68(1) agus (2), Airteagal 131 agus Airteagal 138(9) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 13(2) agus (3), Airteagal 41(7), Airteagal 58(1) agus (8), Airteagal 68(1) agus (2), Airteagal 131 agus Airteagal 138(9) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 13(2) agus (3), Airteagal 41(7), Airteagal 58(1) agus (8), Airteagal 68(1) agus (2), Airteagal 131 agus Airteagal 138(9) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch.1.";

(7) in Airteagal 133, scriostar mír 4;

(8) Leasaítear Airteagal 138 mar a leanas:

(a) scriostar mír 5;

(b) i mír 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 131a lena leasaítear na ceanglais tástála sin ar bhonn an athbhreithnithe sin, ach leibhéal ard cosanta a áirithiú don tsláinte agus don chomhshaol ag an am céanna.".

**92. Treoir 2009/34/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le forálacha coiteanna i leith uirlisí tomhais agus modhanna rialaithe méadreolaíoch araon**[94]

Chun a áirithiú go ndéantar na hoiriúnuithe teicniúla is gá ar Threoir 2009/34/CE, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir sin a leasú chun iad a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna

94 IO L 106, 28.4.2009, lch. 7.

leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Sa mhéid agus a bhaineann leis an gcumhachtú a luaitear in Airteagal 5(3) lena ndéantar foráil maidir leis na Ballstáit sin a dheonaigh formheas teoranta múnla CE, maidir leis na Ballstáit sin iarratas a dhéanamh ar choigeartú i bhfianaise dhul chun cinn teicniúil Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II, níl ann d'aon fhormheas teoranta múnla CE mar sin a thuilleadh. Ba cheart an chumhachtú a luaitear in Airteagal 5(3) a scriosadh dá bhrí sin.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2009/34/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 5, scriostar mír 3;

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 16:

*"Airteagal 16*

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16a lena leasaítear Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II d'fhonn iad a oiriúnú don dul chun teicniúil.";

(3) cuirtear isteach an tAirteagal 16a a seo a leanas:

"*Airteagal 16a*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 16 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 16 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 16 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(4) Scriostar Airteagal 17.

**93. Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 lena simplítear téarmaí agus coinníollacha aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Chomhphobal[95]**

Chun a áirithiú go bhfreagraíonn liosta na dtáirgí a bhaineann le cosaint a leagtar amach san Iarscríbhinn A ghabhann le Treoir 2009/43/CE go docht do liosta comhchoiteann míleata an Aontais Eorpaigh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis an Iarscríbhinn sin a leasú agus leis an Treoir sin a leasú maidir leis na himthosca inar féidir leis na Ballstáit aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint a dhíolmhú ón oibleagáid réamhúdarú a fháil. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016[*]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2009/43/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a, arna iarraidh sin don Bhallstát , nó ar a thionscnamh féin, lena leasaítear mír 2, chun na cásanna seo a áireamh:

(a) déantar an t-aistriú faoi choinníollacha nach ndéanann difear do bheartas poiblí nó do shlándáil phoiblí;

(b) tá an oibleagáid maidir le réamhúdarú ar neamhréir le ceanglais idirnáisiúnta na mBallstát tar éis an Treoir seo a ghlacadh;

(c) is gá an leasú le haghaidh comhar idir-rialtasach, dá dtagraítear in Airteagal 1(4).";

---

95 IO L 146, 10.6.2009, lch. 1.

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13:

*"Airteagal 13*

**Leasú ar an Iarscríbhinn**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a lena leasaítear liosta na dtáirgí a bhaineann le cosaint a leagtar amach san Iarscríbhinn, sa chaoi is go bhfreagraíonn sé go díreach do liosta comhchoiteann míleata an Aontais Eorpaigh.

Más rud é go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 13b maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo.";

(3) cuirtear an tAirteagal 13a agus an tAirteagal 13b seo a leanas isteach:

*"Airteagal 13°*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 4(3) agus Airteagal 13 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 4(3) agus in Airteagal 13 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 4(3) agus Airteagal 13 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

*Airteagal 13b*

**An nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 13 a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(4) Scriostar Airteagal 14.

**94. Treoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le sábháilteacht bréagán**[96]

Chun leibhéil sábháilteachta bréagán a chomhchuibhiú ar fud an Aontais agus chun bacainní ar thrádáil bréagán idir na Ballstát a bhaint, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an méid seo a leanas a leasú:

- Iarscríbhinn I, pointí 11 agus 13 de Chuid III d'Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2009/48/CE chun iad a oiriúnú d'fhorbairtí teicniúla agus eolaíocha;
- Aguisín C d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin d'fhonn teorainnluachanna sonracha a leagan síos le haghaidh ceimiceáin a úsáidtear i mbréagáin do leanaí faoi bhun 36 mhí nó i mbréagáin a chuirtear sa bhéal;
- Aguisín A d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin d'fhonn úsáidí ceadaithe substaintí nó meascán a aicmítear mar shubstaintí nó meascáin atá carcanaigineach, só-ghineach nó tocsaineach a leagan síos i gcás bréagán, chun catagóir 1A, 1B nó 2 a atáirgeadh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

---

96 IO L 170, 30.6.2009, lch. 1.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2009/48/CE mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 46:

*"Airteagal 46*
**Leasuithe ar na hIarscríbhinní**

1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 46a lena leasaítear Iarscríbhinn I, pointí 11 agus 13 de Chuid III d'Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn V chun iad a oiriúnú d'fhorbairtí teicniúla agus eolaíocha.

2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 46a lena leasaítear Aguisín C a ghabhann le hIarscríbhinn II chun teorainnluachanna sonracha a leagan síos le haghaidh ceimiceáin a úsáidtear i mbréagán do leanaí faoi bhun 36 mhí nó i mbréagáin a chuirtear sa bhéal, ag cur san áireamh na gceanglas maidir le pacáistiú le haghaidh bia, mar a leagtar síos iad i Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 agus na bearta sonracha gaolmhara le haghaidh ábhair ar leith, mar aon leis na difríochtaí idir bréagáin agus ábhair a thagann i dteagmháil le bia.

3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 46a lena leasaítear Aguisín A a ghabhann le hIarscríbhinn II chun cinneadh a dhéanamh maidir le húsáidí ceadaithe substaintí nó meascán atá aicmithe mar shubstaintí nó meascáin atá carcanaigineach, só-ghineach nó tocsaineach a leagan síos i gcás bréagán, chun catagóir 1A, 1B nó 2 a atáirgeadh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, agus ar substaintí nó meascáin iad a ndearna an Coiste Eolaíoch ábhartha measúnú orthu.";

(2) cuirtear isteach an tAirteagal 46a seo a leanas:

*"Airteagal 46a*
**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 46 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 46 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 46 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) Scriostar Airteagal 47.

**95. Rialachán (CE) Uimh. 79/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Eanáir 2009 maidir le cineál-cheadú mótarfheithiclí faoi thiomáint hidrigine, agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE**[97]

Chun Rialachán (CE) Uimh. 79/20009 a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil maidir le sábháilteacht mótarfheithiclí faoi thiomáint hidrigine, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis an Rialachán sin a fhorlíonadh leis na ceanglais theicniúla a bhaineann leis na mótarfheithiclí sin agus le forálacha riaracháin, teimpléid le haghaidh doiciméid riaracháin agus múnlaí le haghaidh marcanna. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 79/2009 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

"*Airteagal 12*
**Cumhachtaí tarmligthe**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 12a i bhfianaise an dul chun cinn theicniúil maidir le:

---

97 IO L 35, 4.2.2009, lch. 32.

(a) rialacha mionsonraithe le haghaidh na nósanna imeachta tástála a leagtar amach in Iarscríbhinn II go V;
(b) rialacha mionsonraithe a bhaineann leis na ceanglais le haghaidh suiteáil comhpháirteanna agus córas hidrigine a leagtar amach in Iarscríbhinn VI;
(c) rialacha mionsonraithe a bhaineann leis na ceanglais maidir le feidhmiú sábháilte agus iontaofa comhpháirteanna agus córas hidrigine a leagtar amach in Airteagal 5;
(d) sonraíochtaí le haghaidh na gceanglas a bhaineann le haon cheann díobh seo a leanas:
   (i) hidrigin íon nó meascán de hidrigin agus gás nádúrtha/bithmheatáin a úsáid;
   (ii) modhanna nua stórála nó úsáide hidrigine;
   (iii) cosaint na feithicle ar thuairt maidir le sláine na gcomhpháirteanna agus na gcóras hidrigine;
   (iv) ceanglais sábháilteachta le haghaidh córas lánpháirtithe, lena gcumhdaítear ar a laghad an brath sceite agus na ceanglais a bhaineann le gás sciúrtha;
   (v) aonrú leictreachais agus sábháilteacht leictreachais;
(e) forálacha riaracháin le haghaidh cineál-cheadú feithiclí CE i dtaca le tiomáint hidrigine, agus le haghaidh cineál-cheadú comhpháirteanna agus córas hidrigine;
(f) rialacha maidir leis an bhfaisnéis a bheidh le cur ar fáil ag monaróirí chun críocha an chineál-cheadaithe agus an iniúchta dá dtagraítear in Airteagal 4(4) agus (5);
(g) rialacha mionsonraithe maidir le lipéadú nó le bealaí eile chun na feithiclí faoi thiomáint hidrigine dá dtagraítear i bpointe 16 d'Iarscríbhinn VI a shainaithint go soiléir agus go mear;
agus
(h) bearta eile is gá chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm.

(2) cuirtear isteach an tAirteagal 12a seo a leanas:

"*Airteagal 12a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 12 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 12 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 12 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

______________________

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) Scriostar Airteagal 13.

**96. Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha poiblí, soláthair phoiblí agus seirbhíse poiblí ag údaráis nó eintitis chonarthacha i réimse na cosanta nó na slándála a chomhordú, agus lena leasaítear Treoir 2004/17/CE agus Treoir 2004/18/CE[98]**

Chun Treoir 2009/81/CE a oiriúnú d'fhorbairtí teicniúla, eacnamaíocha agus rialála, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na méideanna tairsí a leasú le haghaidh conarthaí chun iad a chur i gcomhréir leo siúd a leagtar síos i dTreoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[99], chun na tagairtí don Stór Focal Coiteann don Soláthar Poiblí (ainmníocht CPV) a leasú, agus chun uimhreacha tagartha áirithe in ainmníocht CPV agus na nósanna imeachta tagartha i bhfógraí a ghabhann le ceannteidil áirithe in ainmníocht CPV a leasú. Ós rud é gur cheart saintréithe agus mionsonraí teicniúla na ngléasanna le haghaidh glacadh leictreonach a choinneáil bord ar bord le forbairtí teicneolaíocha, is gá freisin a thabhairt de chumhacht don Choimisiún mionsonraí agus saintréithe teicniúla na ngléasanna le haghaidh glacadh leictreonach a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle

______________________

98 IO L 216, 20.8.2009, lch. 76

99 Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar a dhéanann eintitis a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L94, 28.3.2014, lch. 243).

na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2009/81/CE mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 68(1) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 66a lena leasaítear na tairseacha dá bhforáiltear sa chéad fhomhír.";

(b) cuirtear an trí fomhír seo a leanas isteach:

"Más rud é gur gá na tairseacha dá bhforáiltear sa chéad fhomhír a athbhreithniú, agus nach féidir an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 66a a úsáid de dheasca teorainneacha ama agus, dá bhrí sin, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 66b maidir leis na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun na míre seo.";

(2) in Airteagal 69, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 66a lena leasaítear:

(a) na huimhreacha tagartha in ainmníocht CPV a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II, sa mhéid nach n-athróidh sé sin raon feidhme ábhartha na Treorach seo, agus na nósanna imeachta tagartha sna fógraí a ghabhann le ceannteidil áirithe in ainmníocht CPV laistigh de na catagóirí seirbhísí a liostaítear sna hIarscríbhinní sin;

(b) mionsonraí agus saintréithe teicniúla na ngléasanna le haghaidh glacadh leictreonach dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (f) agus i bpointe (g) d'Iarscríbhinn VIII.";

(3) cuirtear an tAirteagal 66a agus an tAirteagal 66b seo a leanas isteach:

"*Airteagal 66 a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 68(1) agus Airteagal 69(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 68(1) agus Airteagal 69(2) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh

cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 68(a) agus Airteagal 69(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 66b*

**An nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 66a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(6) in Airteagal 67, scriostar mír 3 agus mír 4.

**97. Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Meán Fómhair 2009 lena gcruthaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta i ndáil le táirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú[100]**

---

[100] IO L 285, 31.10.2009, lch. 10.

Chun an tionchar a bhíonn ag táirgí a bhaineann le fuinneamh ar an gcomhshaol a laghdú, agus chun coigiltis fuinnimh a bhaint amach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le Treoir 2009/125/CE a fhorlíonadh le ceanglais shonracha éicidhearthóireachta le haghaidh gnéithe áirithe den chomhshaol a mbíonn tionchar suntasach ar an gcomhshaol acu. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2009/125/CE mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 15 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

″1. I gcás ina gcomhlíonann táirge na critéir a liostaítear i mír 2, cumhdóidh gníomh tarmligthe nó beart féinrialála é i gcomhréir le mír 3(b).

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún na gníomhartha tarmligthe sin a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18a.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Agus gníomh tarmligthe á ullmhú aige, cuirfidh an Coimisiún san áireamh:
(a) tosaíochtaí comhshaoil an Aontais, amhail na tosaíochtaí sin a leagtar amach i gCinneadh Uimh. 1600/2002/CE nó i gClár Eorpach um Athrú Aeráide an Choimisiúin
;
(b) reachtaíocht ábhartha an Aontais agus féinrialáil, amhail comhaontuithe deonacha a bhfuiltear ag súil leo, tar éis measúnú a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 17, na cuspóirí beartais a bhaint amach níos tapa nó ar chostas níos ísle ná na ceanglais éigeantacha.";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:

"10. I gcás inarb iomchuí, áireofar i ngníomh tarmligthe lena leagtar síos ceanglais éicidhearthóireachta forálacha maidir le cothromaíocht a aimsiú idir gnéithe éagsúla comhshaoil.";

(2) in Airteagal 16(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún na bearta sin a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18a.";

(3) cuirtear isteach an tAirteagal 18a seo a leanas:

"*Airteagal 18 a*
**Gníomhartha tarmligthe**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 15(1) agus Airteagal 16(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 15(1) agus Airteagal 16(2) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 15(1) agus Airteagal 16(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

______________________

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(6) in Airteagal 19, scriostar an tríú mír.

**98. Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na ceanglais i gcomhair cineál-cheadaithe le haghaidh sábháilteachta ginearálta mótarfheithiclí, a leantóiri agus a gcóras, a gcomhpháirteanna agus a n-aonad teicniúil ar leithligh atá beartaithe dóibh[101]**

Chun Rialachán (CE) Uimh. 79/20009 a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun teorainnluachanna áirithe agus Iarscríbhinn IV a leasú agus i dtaca leis an Rialachán sin a fhorlíonadh le ceanglais theicniúla a bhaineann le mótarfheithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúil ar leithligh, agus le forálacha riaracháin, teimpléid le haghaidh doiciméid riaracháin agus múnlaí le haghaidh marcanna. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Chaibidil IV:

"Cumhachtaí a tharmligean";

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14:

"*Airteagal 14*
**Cumhachtaí tarmligthe**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14a, gníomhartha is gá i bhfianaise an dul chun cinn theicniúil maidir le:

(a) rialacha mionsonraithe maidir leis na nósanna imeachta, na tástálacha agus na ceanglais theicniúla shonracha a bhaineann le cineál-cheadú mótarfheithiclí, a leantóirí, agus a gcomhpháirteanna agus a n-aonaid theicniúla ar leithligh maidir le forálacha Airteagal 5 go hAirteagal 12;
(b) rialacha mionsonraithe maidir le ceanglais shonracha sábháilteachta i gcomhair feithiclí atá beartaithe chun earraí contúirteacha a iompar de bhóthar laistigh de na Ballstáit nó idir na Ballstáit, agus aird á tabhairt ar Rialachán 105 UNECE;
(c) sainmhíniú níos beaichte ar na saintréithe fisiceacha agus ar na ceanglais feidhmíochta nach mór a bheith ag bonn chun é a shainiú mar "bonn úsáide speisialta", "bonn gairmiúil eisbhóthair", "bonn treisithe", "bonn breisualaigh",

[101] IO L 200, 31.7.2009, lch. 1.

"bonn sneachta", "bonn spártha úsáide sealadaí T-chineáil" nó "bonn tarraingthe" i gcomhréir le pointí 8 go 13 den dara mír d'Airteagal 3;

(d) bearta lena leasaítear na luachanna teorainneacha a bhaineann le friotaíocht rollta agus torann rollta agus a leagtar síos i gCuid B agus i gCuid C d'Iarscríbhinn II a mhéid is gá sin mar thoradh ar athruithe sna nósanna imeachta tástála agus gan leibhéal cosanta an chomhshaoil a laghdú;

(e) rialacha mionsonraithe maidir leis an nós imeachta chun na leibhéil torainn dá dtagraítear i bpointe 1 de Chuid C d'Iarscríbhinn II a chinneadh;

(f) bearta lena leasaítear Iarscríbhinn IV chun Rialacháin UNECE atá éigeantach faoi Airteagal 4(4) de Chinneadh 97/836/CE a áireamh;

(g) forálacha riaracháin maidir leis na nósanna imeachta, na tástálacha agus na ceanglais theicniúla shonracha a bhaineann le cineál-cheadú mótarfheithiclí, a leantóirí, agus a gcomhpháirteanna agus a n-aonaid theicniúla ar leithligh maidir le forálacha Airteagal 5 go 12;

(h) bearta lena ndéantar feithiclí áirithe nó aicmí áirithe feithiclí de chuid chatagóirí M2, M3, N2 agus N3 a dhíolmhú ón oibleagáid na hardchórais feithicle dá dtagraítear in Airteagal 10 a shuiteáil más rud é, tar éis anailís chostais/sochair a dhéanamh agus na gnéithe sábháilteachta ábhartha go léir a chur san áireamh, nach iomchuí na córais sin a chur i bhfeidhm i leith na feithicle nó i leith na haicme feithicle lena mbaineann;

(i) bearta eile is gá chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm.";

(2) cuirtear isteach an tAirteagal 14a seo a leanas:

"*Airteagal 14 a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 14 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 14 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 14 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

______________________

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) Scriostar Airteagal 15.

**99. Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le táirgí cosmaideacha**[102]

Chun a áirithiú go ndéantar Rialachán (CE) Uimh. 1223/98 a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún:

- chun an sainmhíniú ar nanábhair sa Rialachán sin a leasú;
- chun an Rialachán sin a leasú i dtaca le ceanglais fógartha;
- chun an Rialachán sin a leasú d'fhonn raon feidhme Iarscríbhinn IV a leathnú chun táirgí dathúcháin gruaige a áireamh;
- chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú i dtaca le substaintí atá carcanaigineach, só-ghineach nó tocsaineach;
- chun an fhaisnéis fógartha sa Rialacháin sin a leasú agus chun Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn II a leasú i dtaca le nanábhair;
- chun Iarscríbhinn II go IV a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú i gcás ina bhféadfadh riosca a bheith ann do shláinte an duine, ar riosca é a éiríonn as substaintí atá i dtáirgí cosmaideacha a úsáid agus ar riosca é ar gá déileáil leis ar bhonn uile-Aontais;
- chun Iarscríbhinn III go VI agus Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú d'fhonn iad a oiriúnú do dhul chun cinn teicniúil agus eolaíoch;
- chun an Rialachán sin a fhorlíonadh le liosta critéar comhchoiteann le haghaidh éileamh.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

______________________

102 IO L 342, 22.12.2009, lch. 59.

Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le forálacha ábhartha Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 maidir le maoluithe i ndáil le tástáil ar ainmhithe a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun cinntí a ghlacadh lena n-údaraítear maoluithe ón toirmeasc ar thástáil ar ainmhithe. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. I bhfianaise na sainmhínithe éagsúla ar nanábhair arna bhfoilsiú ag comhlachtaí éagsúla agus na bhforbairtí leanúnacha teicniúla agus eolaíocha i réimse na nanaitheicneolaíochtaí, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31a lena leasaítear mír 1(k) chun an pointe sin a choigeartú agus a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch agus do shainmhínithe a comhaontaíodh ina dhiaidh sin ar an leibhéal idirnáisiúnta.";

(2) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

"8. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31a lena leasaítear míreanna 1 go 7 den Airteagal seo trí cheanglais a chur isteach, ag cur san áireamh an dul chun cinn theicniúil agus eolaíoch agus riachtanais shonracha a bhaineann le faireachas margaidh.";

(3) in Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Faoi réir cinneadh ón gCoimisiún raon feidhme Iarscríbhinn IV a leathnú chuig táirgí dathúcháin gruaige, ní bheidh sna táirgí sin datháin atá beartaithe an ghruaig a dhathú, seachas na datháin sin a liostaítear in Iarscríbhinn IV nó datháin atá beartaithe an ghruaig a dhathú agus a liostaítear san Iarscríbhinn sin ach nach n-úsáidtear i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Chun an cinneadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31a lena leasaítear Iarscríbhinn IV.";

(4) Leasaítear Airteagal 15 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Toirmiscfear substaintí atá aicmithe mar shubstaintí CMR, ar substaintí iad de chuid chatagóir 2, faoi Chuid 3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, a úsáid i dtáirgí cosmaideacha.

Mar sin féin, féadfar substaint atá aicmithe i gcatagóir 2 a úsáid i dtáirgí cosmaideacha i gcás ina ndearna CEST meastóireacht ar an tsubstaint agus gur cinneadh go bhfuil sí sábháilte lena húsáid i dtáirgí cosmaideacha.

Chun críocha na míre seo, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31a lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo.";

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ceathrú fomhír agus an cúigiú fomhír:

"Chun críocha na míre seo, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 31a lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo laistigh de 15 mhí ó na substaintí lena mbaineann Cuid 3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE). Uimh. 1272/2008 a áireamh.

Más rud é, i gcás riosca do shláinte an duine a éiríonn as substaintí atá i dtáirgí cosmaideacha a úsáid, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 31b maidir le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Airteagail seo.";

(5) Leasaítear Airteagal 16 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6 agus mhír 7:

"6. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31a lena leasaítear Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III, ag cur san áireamh tuairim CEST agus i gcás ina bhféadfadh riosca a bheith ann do shláinte an duine, lena n-áirítear nuair atá easpa sonraí ann.

7. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31a lena leasaítear mír 3 trí cheanglais a chur isteach, ag cur san áireamh an dul chun cinn theicniúil agus eolaíoch.";

(b) scriostar mír 8;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

"9. Más rud é, i gcás riosca do shláinte an duine a éiríonn as substaintí atá i dtáirgí cosmaideacha a úsáid, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 31b maidir le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun mhír 6 agus mhír 7.";

(6) in Airteagal 18(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an naoú fomhír:

"Is trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme a ghlacfar na bearta dá dtagraítear sa séú fomhír. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 32(2).";

(7) in Airteagal 20(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31a lena mbunaítear liosta critéar comhchoiteann le haghaidh éileamh a fhéadfaidh a úsáid i ndáil le táirgí cosmaideacha, tar éis dul i gcomhairle le CEST nó le húdaráis ábhartha eile agus ag cur san áireamh fhorálacha Threoir 2005/29/CE.";

(8) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 31:

*"Airteagal 31*
**Leasú ar na hIarscríbhinní**

1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31a, tar éis dul i gcomhairle le CEST, lena leasaítear Iarscríbhinní II go VI i gcás ina bhféadfadh riosca a bheith ann do shláinte an duine, ar riosca é a éiríonn as substaintí atá i dtáirgí cosmaideacha a úsáid agus ar riosca é ar gá déileáil leis ar bhonn uile-Aontais.

Más rud é, i gcás riosca do shláinte an duine a éiríonn as substaintí atá i dtáirgí cosmaideacha a úsáid, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 31b maidir le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun na míre seo.

2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31a, tar éis dul i gcomhairle le CEST, lena leasaítear Iarscríbhinní III go VI agus VIII chun críocha iad a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch.

3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31a, tar éis dul i gcomhairle le CEST, lena leasaítear Iarscríbhinn I má dhealraíonn sé gur gá sin chun sábháilteacht táirgí cosmaideacha arna gcur ar an margadh a áirithiú.";

(9) cuirtear an tAirteagal 31a agus an tAirteagal 31b seo a leanas isteach:

*"Airteagal 31a*
**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 2(3), Airteagal 13(8), Airteagal 14(2), Airteagal 15(1) agus (2), Airteagal 16(8) agus (9), Airteagal 20(2) agus Airteagal 31(1), (2) agus (3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 2(3), Airteagal 13(8), Airteagal 14(2), Airteagal 15(1) agus (2), Airteagal 16(8) agus (9), Airteagal (20)2 agus Airteagal 31(1), (2) agus (3) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na

prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 2(3), Airteagal 13(8), Airteagal 14(2), Airteagal 15(1) agus (2), Airteagal 16 (8) agus (9), Airteagal 20(2) agus Airteagal 31(1), (2) agus (3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 31b*

**An nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 31 a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(10) in Airteagal 32, scriostar mír 3 agus mír 4.

## X. CEARTAS AGUS TOMHALTÓIRÍ

**100. Treoir 92/85/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 1992 maidir le bearta a thabhairt isteach arb é is aidhm dóibh feabhsúcháin a chur ar aghaidh ag an obair i dtaca le sábháilteacht agus sláinte oibrithe toircheasacha agus oibrithe atá tar éis leanbh a shaolú nó atá i mbun beathú cíche (an deichiú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE)[103]**

Chun aird a thabhairt ar an dul chun cinn teicniúil, ar athruithe ar rialacháin nó sonraíochtaí idirnáisiúnta agus ar fhionnachtana nua, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/85/CEE a leasú ar bhonn teicniúil. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 92/85/CEE mar a leanas:

(1) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a lena leasaítear Iarscríbhinn I, ar bhonn teicniúil, chun aird a thabhairt ar an dul chun cinn teicniúil, athruithe ar rialacháin nó sonraíochtaí idirnáisiúnta agus fionnachtana nua.

Más rud é, i gcás garbhaol a bheith ann do shláinte agus do shábháilteacht oibrithe toircheasacha oibrithe atá tar éis leanbh a shaolú nó atá i mbun beathú cíche, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 13b maidir le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun na míre seo.";

(2) cuirtear an tAirteagal 13a agus an tAirteagal 13b seo a leanas isteach:

"*Airteagal 13a* **An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

---

[103] IO L 348, 28.11.1992, lch. 1.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 13(1) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 13(1) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 13(1) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 13b*

**An nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 13 a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

___

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.".

**101. Treoir 2008/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 87/102/CE ón gComhairle**[104]

Chun Treoir 2008/48/CE a thabhairt cothrom le dáta, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis an Treoir sin a leasú chun toimhdí breise a chur isteach chun an ráta céatadánach bliantúil a ríomh nó chun na toimhdí atá ann cheann a mhodhnú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2008/48/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 19, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

> "5. Más gá, féadfar na toimhdí breise a leagtar amach in Iarscríbhinn I a úsáid chun ráta céatadánach bliantúil na táille a ríomh.
>
> Mura leor na toimhdí a leagtar amach san Airteagal seo agus i gCuid II d'Iarscríbhinn I chun ráta céatadánach bliantúil an táille a ríomh ar bhealach aonfhoirmeach, nó mura ndéantar iad a oiriúnú a thuilleadh do chásanna tráchtála sa mhargadh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a lena leasaítear an tAirteagal seo agus Iarscríbhinn I chun toimhdí breise a chur isteach chun an ráta céatadánach bliantúil a ríomh nó chun na toimhdí atá ann cheann a mhodhnú.";

(2) cuirtear isteach an tAirteagal 24a seo a leanas:

"*Airteagal 24 a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

> 1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
>
> 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 19(5) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].
>
> 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 19(5) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa

104 IO L 133, 22.5.2008, lch. 66.

chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 19(5) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch.1.";

(3) Scriostar Airteagal 25.

## XI. SOGHLUAISTEACHT AGUS IOMPAR

### 102. Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle an 16 Nollaig 1991 maidir le comhchuibhiú ceanglas teicniúil agus nósanna imeachta riaracháin i réimse na heitlíochta sibhialta[105]

Chun Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú: Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 mar a leanas:

(1) in Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11a lena leasaítear Iarscríbhinn III chun é a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.

Más rud é go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 11b maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo.";

(2) cuirtear an tAirteagal 11a agus an tAirteagal 11b seo a leanas isteach:

"*Airteagal 11a*
**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 11(1) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 11(1) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

105 IO L 373, 31.12.1991, lch. 4.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 11(1) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 11b*
**An nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 12b(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

___

* IO L 123, 12.5.2016, lch.1.";

(3) in Airteagal 12, scriostar mír 3 agus mír 4.

**103. Treoir 95/50/CE ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 1995 maidir le nósanna imeachta aonfhoirmeacha i dtaca le seiceálacha ar iompar earraí contúirteacha de bhóthar[106]**

Chun Treoir 95/50/CE a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir sin a leasú agus go háirithe chun leasuithe ar Threoir 2008/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[107] a chur san áireamh. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht

___

106 IO L 249, 17.10.1995, lch. 35.

107 Treoir 2008/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair maidir le hiompar intíre earraí contúirteacha (IO L 260, 30.9.2008, lch. 13).

Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 95/50/CE mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9a:

"*Airteagal 9 a*

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9aa lena leasaítear na hIarscríbhinní chun iad a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil sna réimsí arna gcumhdach leis an Treoir seo, go háirithe chun na leasuithe ar Threoir 2008/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* a chur san áireamh.

___

* Treoir 2008/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le hiompar intíre earraí contúirteacha (IO L 260, 30.9.2008, lch. 13).";

(2) cuirtear isteach an tAirteagal 9aa seo a leanas:

"*Airteagal 9aa*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 9a a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 9a a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 9a i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul

in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

____________________

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) scriostar Airteagal 9b.

**104. Treoir 97/70/CE ón gComhairle an 11 Nollaig 1997 lena mbunaítear córas comhchuibhithe sábháilteachta le haghaidh soithí iascaireachta 24 mhéadar ar fhad nó níos mó[108]**

Chun Treoir 97/70/CE a oiriúnú d'fhorbairt dlí idirnáisiúnta, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Treoir sin a leasú chun leasuithe iardain ar Phrótacal Torremolinos a chur i bhfeidhm. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le Treoir 97/70/CE a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun forálacha a ghlacadh maidir le léiriú comhchuibhithe na bhforálacha sin den Iarscríbhinn A ghabhann le Prótacal Torremolinos, ar forálacha iad a fhágtar de rogha ag lucht riaracháin na bpáirtithe conarthacha aonair a mhéad is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad go comhsheasmhach san Aontas. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 97/70/CE mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

*"Airteagal 8*

**Gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme**

1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 8a lena leasaítear Airteagail 2, 3, 4, 6 agus 7 agus na hIarscríbhinní chun leasuithe iardain a chur i bhfeidhm, chun críocha na Treorach seo, ar Phrótacal Torremolinos.

2. Féadfaidh an Coimisiún léiriú comhchuibhithe ar na forálacha sin den Iarscríbhinn A ghabhann le Prótacal Torremolinos a shuíomh, ar forálacha iad a

____________________

108 IO L 34, 9.2.1998, lch. 1.

fhágtar de rogha ag lucht riaracháin na bpáirtithe conarthacha aonair a mhéad is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad go comhsheasmhach san Aontas, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 9(2).

3. Féadfar na leasuithe ar an ionstraim idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 2(4) a eisiamh ó raon feidhme na Treorach seo de bhun Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 2099/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

___________________

* Rialachán (CE) Uimh. 2099/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Samhain 2002 lena mbunaítear Coiste um Fharraigí Sábháilte agus um Thruailliú ó Longa a Chosc (COSS) agus lena leasaítear na Rialacháin maidir le sábháilteacht mhuirí agus truailliú ó longa a chosc (IO L324, 29.11.2002, lch. 1).";

(2) cuirtear isteach an tAirteagal 8a seo a leanas:

"*Airteagal 8a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 8(1) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 8(1) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 8(1) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) in Airteagal 9, scriostar mír 3.

**105. Treoir 2000/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2000 maidir le saoráidí glactha calafoirt do dhramhaíl a ghintear ar bord loinge agus d'iarmhar lasta[109]**

Chun an córas a bhunaítear le Treoir 2000/59/CE a fheabhsú agus chun an Treoir sin a oiriúnú d'fhorbairt ionstraimí eile Aontais agus idirnáisiúnta, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún:

- chun an Treoir sin a leasú chun na tagairtí do ghníomhartha de chuid an Aontais agus d'ionstraimí de chuid IMO a oiriúnú agus iad a thabhairt i gcomhréir le bearta de chuid an Aontais agus bearta IMO atá i bhfeidhm cheana;
- chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir sin a leasú.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2000/59/CE mar a leanas:

(1) cuirtear isteach an tAirteagal 13a seo a leanas:

"*Airteagal 13a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 15 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 15 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní

[109] IO L 332, 28.12.2000, lch. 81.

dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 15 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

___

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(2) scriostar Airteagal 14;

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15:

*"Airteagal 15*
**Leasuithe**

1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a lena leasaítear na tagairtí d'ionstraimí de chuid an Aontais agus d'ionstraimí de chuid IMO sa Treoir seo chun iad a thabhairt i gcomhréir le bearta an Aontais nó le bearta IMO atá i bhfeidhm cheana, a mhéad is nach ndéanann na leasuithe sin raon feidhme na Treorach seo a leathnú.

2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a lena leasaítear na hIarscríbhinní nuair is gá chun an córas a bhunaítear leis an Treoir seo a fheabhsú, a mhéad is nach ndéanann na leasuithe sin raon feidhme na Treorach seo a leathnú.

3. Féadfar na leasuithe ar na hionstraimí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 2 a eisiamh ó raon feidhme na Treorach seo de bhun Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 2099/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

___

* Rialachán (CE) Uimh. 2099/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Samhain 2002 lena mbunaítear Coiste um Fharraigí Sábháilte agus um Thruailliú ó Longa a Chosc (COSS) agus lena leasaítear na Rialacháin maidir le sábháilteacht mhuirí agus truailliú ó longa a chosc (IO L324, 29.11.2002, lch. 1).".

**106. Treoir 2001/96/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Nollaig 2001 lena mbunaítear ceanglais agus nósanna imeachta comhchuibhithe maidir le luchtú agus díluchtú sábháilte builciompróirí[110]**

Chun Treoir 2001/96/CE a oiriúnú d'fhorbairt rialacha an Aontais agus rialacha idirnáisiúnta, agus chun na nósanna imeachta is infheidhme a fheabhsú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Treoir sin a leasú i dtaca leis an méid seo a leanas:

- sainmhínithe áirithe;
- na tagairtí do choinbhinsiúin agus cóid idirnáisiúnta agus do Rúin agus Ciorcláin IMO, na tagairtí do chaighdeáin ISO agus na tagairtí d'ionstraimí de chuid an Aontais agus do na hIarscríbhinní a ghabhann leis na hionstraimí sin,
- na nósanna imeachta idir builciompróirí agus críochfoirt;
- oibleagáidí tuairiscithe áirithe.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2001/96/CE mar a leanas:

(1) scriostar Airteagal 14;

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15:

*"Airteagal 15*

**Leasuithe**

1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15a lena leasaítear na sainmhínithe a leagtar amach i bpointí (1) go (6) agus (15) go (18) d'Airteagal 3, na tagairtí do choinbhinsiúin agus cóid idirnáisiúnta agus do Rúin agus Ciorcláin IMO, na tagairtí do chaighdeáin ISO agus na tagairtí d'ionstraimí de chuid an Aontais chun iad a thabhairt i gcomhréir le hionstraimí idirnáisiúnta agus ionstraimí de chuid an Aontais a ghlacadh, a leasaíodh nó a tháinig i bhfeidhm tar éis an Treoir seo a ghlacadh, ar choinníoll neach ndéantar raon feidhme na Treorach seo a leathnú ar an gcaoi sin.

110 IO L 13, 16.1.2002, lch. 9.

2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15a lena leasaítear Airteagal 8 a bhaineann leis na nósanna imeachta idir builciompróirí agus críochfoirt, na hoibleagáidí tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 11(2) agus na hIarscríbhinní, ar choinníoll nach ndéantar raon feidhme na Treorach seo a leathnú leis na gníomhartha sin.

3. Féadfar na leasuithe ar na hionstraimí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 3 a eisiamh ó raon feidhme na Treorach seo de bhun Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 2099/2002.

___________________

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) cuirtear isteach an tAirteagal 15a seo a leanas:

"*Airteagal 15a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 15 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 15 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 15 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

___________________

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

**107. Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear córas faireacháin agus faisnéise um thrácht soithí agus lena n-aisghairtear Treoir 93/75/CEE ón gComhairle[111]**

Chun Treoir 2002/59/CE a oiriúnú d'fhorbairt dhlí an Aontais agus an dlí idirnáisiúnta, agus don taithí a fuarthas le linn chur chun feidhme na Treorach sin, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an méid seo a leanas a leasú:

- tagairtí d'ionstraimí de chuid an Aontais agus d'ionstraimí de chuid IMO sa Treoir sin, chun iad a thabhairt i gcomhréir le forálacha dhlí an Aontais nó an dlí idirnáisiúnta,
- sainmhínithe áirithe sa Treoir sin, chun iad a thabhairt i gcomhréir le forálacha eile dhlí an Aontais nó an dlí idirnáisiúnta,
- Iarscríbhinní I, III agus IV a ghabhann leis an Treoir sin i bhfianaise an dul chun cinn theicniúil agus na taithí a fuarthas leis an Treoir sin.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2002/59/CE mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 27:

*"Airteagal 27*
**Leasuithe**

1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 27a lena leasaítear tagairtí d'ionstraimí de chuid an Aontais agus d'ionstraimí de chuid IMO sa Treoir seo agus na sainmhínithe in Airteagal 3 agus na hIarscríbhinní chun iad a thabhairt i gcomhréir le forálacha dhlí an Aontais nó an dlí idirnáisiúnta a glacadh nó a leasaíodh nó atá i bhfeidhm cheana, a mhéad is nach ndéanann na leasuithe sin raon feidhme na Treorach seo a leathnú .
2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 27a leana leasaítear Iarscríbhinn I, III agus IV i bhfianaise an dul chun cinn theicniúil agus na taithí a fuarthas leis an Treoir seo, a mhéad is nach ndéanann na leasuithe sin an raon feidhme a leathnú.";

[111] IO L 208, 5.8.2002, lch. 10.

(2) cuirtear isteach an tAirteagal 27a seo a leanas:

*"Airteagal 27a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 27 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 27 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 27 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

______________

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) Scriostar Airteagal 28.

**108. Rialachán (CE) Uimh. 2099/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Samhain 2002 lena mbunaítear Coiste um Fharraigí Sábháilte agus um Thruailliú ó Longa a Chosc (COSS) agus lena leasaítear na Rialacháin maidir le sábháilteacht mhuirí agus truailliú ó longa a chosc[112]**

Chun liosta na ngníomhartha de chuid an Aontais a thagraíonn don Choiste um Fharraigí Sábháilte agus um Thruailliú ó Longa a Chosc (COSS) i Rialachán (CE) Uimh. 2099/2002 a thabhairt cothrom le dáta, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis an Rialachán sin a leasú chun tagairt a dhéanamh do na gníomhartha de chuid an Aontais a thugann cumhachtaí do COSS, ar gníomhartha iad atá i bhfeidhm cheana. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2099/2002 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, scriostar mír 3;

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

"*Airteagal 7*
**Cumhachtaí COSS agus leasuithe**

Feidhmeoidh COSS na cumhachtaí a thugtar dó de bhua reachtaíocht mhuirí an Aontais atá i bhfeidhm cheana.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 7a lena leasaítear Airteagal 2(2) chun tagairt a dhéanamh do na gníomhartha de chuid an Aontais a thugann cumhachtaí do COSS a tháinig i bhfeidhm tar éis an Rialachán seo a ghlacadh.";

(3) cuirtear isteach an tAirteagal 7a seo a leanas:

"*Airteagal 7a*
**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

[112] IO L 324, 29.11.2002, lch. 1.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 7 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 7 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 7 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

____________________

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.".

**109. Treoir 2003/25/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Aibreán 2003 maidir le ceanglais shonracha cobhsaíochta le haghaidh longa paisinéirí róró[113]**

Chun Treoir 2003/25/CE a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil, d'fhorbairt ar an leibhéal idirnáisiúnta agus don taithí a fuarthas le linn chur chun feidhme na Treorach sin, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir sin a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain

113 IO L 123, 17.5.2003, lch. 22.

chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2003/25/CE mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

*“Airteagal 10*

**Na hIarscríbhinní a leasú**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10a lena leasaítear na hIarscríbhinní chun forbairtí ar an leibhéal idirnáisiúnta a chur san áireamh, go háirithe san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO), agus chun éifeachtacht na Treorach seo a fheabhsú i bhfianaise na taithí a fuarthas agus an dul chun cinn theicniúil.";

(2) cuirtear isteach an tAirteagal 10a seo a leanas:

*"Airteagal 10a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 10 seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 10 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 10 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 10 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul

in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) Scriostar Airteagal 11.

**110. Treoir 2003/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2003 maidir le cáilíocht tosaigh agus oiliúint thréimhsiúil tiománaithe feithiclí áirithe bóthar d'iompar earraí nó paisinéirí, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3820/85 ón gComhairle agus Treoir 91/439/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 76/914/CEE ón gComhairle[114]**

Chun Treoir 2003/59/CE a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2003/59/CE mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11:

*"Airteagal 11*

**Oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11a lena leasaítear Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II chun iad a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.";

(2) cuirtear isteach an tAirteagal 11a seo a leanas:

*"Airteagal 11a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

---

114 IO L 226, 10.9.2003, lch. 4.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 11 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 11 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 11 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

______________________

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) Scriostar Airteagal 12.

### 111. Rialachán (CE) Uimh. 782/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Aibreán 2003 maidir le toirmeasc ar chomhdhúile organaitín ar bord long[115]

Chun rialú na gcóras díobhálach frithsmálaithe ar longa (AFS) a fhorbairt tuilleadh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na gcríoch seo a leanas:

- chun na tagairtí do Choinbhinsiún AFS, teastas AFS, dearbhú AFS agus ráiteas comhlíontachta AFS a leasú i Rialachán (CE) Uimh. 782/2003;
- chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú, lena n-áirítear treoracha ábhartha IMO maidir le hAirteagal 11 de Choinbhinsiún AFS chun forbairtí ar an leibhéal idirnáisiúnta a chur san áireamh, go háirithe san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO), nó chun éifeachtacht an Rialacháin sin a fheabhsú i bhfianaise na taithí a fuarthas;

115 IO L 115, 9.5.2003, lch. 1.

- chun an Rialachán sin a fhorlíonadh le suirbhé comhchuibhithe agus córas deimhniúcháin i gcás longa áirithe.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 782/2003 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

" (b) longa 24 mhéadar ar fhad nó níos mó, ach is lú ná 400 a n-olltonnáiste, cé is moite d'ardáin sheasta nó ardáin ar snámh, FSUanna agus FPSOanna, beidh dearbhú AFS ina seilbh acu chun a léiriú go gcomhlíonann siad Airteagal 4 agus Airteagal 5.";

(ii) cuirtear an dara fomhír seo a leanas isteach:

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 8a a bhaineann le suirbhé comhchuibhithe agus córas deimhniúcháin a chur ar bun do na longa dá dtagraítear i bpointe (b) den mhír seo, más gá."'

(b) scriostar mír 3;

(2) in Airteagal 7, scriostar an dara mír;

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

*"Airteagal 8*
**Leasuithe**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 8a lena leasaítear na tagairtí do Choinbhinsiún AFS, teastas AFS, dearbhú AFS agus ráiteas comhlíontachta AFS agus na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo, lena n-áirítear treoirlínte ábhartha IMO maidir le hAirteagal 11 de Choinbhinsiún AFS chun forbairtí ar an leibhéal idirnáisiúnta a chur san áireamh, go háirithe san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta, nó chun éifeachtacht an Rialacháin sin a fheabhsú i bhfianaise na taithí a fuarthas.";

(4) cuirtear isteach an tAirteagal 8a seo a leanas:

*“Airteagal 8a*
**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 6(1) agus Airteagal 8 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 6(1) agus Airteagal 8 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 6(1) agus Airteagal 8 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(5) Scriostar Airteagal 9.

**112. Treoir 2004/52/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le hdirinoibritheacht na gcóras leictreonach dola bóthair sa Chomhphobal[116]**

Chun sonraíochtaí teicniúla áirithe na gcóras leictreonach dola bóthair a oiriúnú agus a fhorbairt tuilleadh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na gcríoch seo a leanas:

---

[116] IO L 166, 30.4.2004, lch. 124.

- chun an Iarscríbhinn A ghabhann le Treoir 2004/52/CE a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil;
- chun an Treoir sin a fhorlíonadh le cinntí a bhaineann le sainmhíniú ar an tseirbhís leictreonach dola bóthair agus le cinntí teicniúla a bhaineann leis an tseirbhís sin a thabhairt i gcrích.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2004/52/CE mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 4a lena leasaítear an Iarscríbhinn Chun é a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4 agus mhír 5:

"4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 4a a bhaineann leis an sainmhíniú ar an tseirbhís leictreonach Eorpach dola bóthair. Ní ghlacfar na cinntí sin ach amháin i gcás ina bhfuil na dálaí go léir ann, lena n-áirítear dálaí teicniúla, dlíthiúla agus tráchtála, arna meas ar bhonn staidéir iomchuí, chun idirinoibritheacht ar gach slí a chumasú.

5. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 4a a bhaineann le cinntí teicniúla maidir leis an tseirbhís leictreonach Eorpach dola bóthair a thabhairt i gcrích.

(2) cuirtear isteach an tAirteagal 4a seo a leanas:

"*Airteagal 4a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 4(2), (4) agus (5) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 4(2), (4) agus (5) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an

chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 4(2), (4) agus (5) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

____________________

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) in Airteagal 5, scriostar mír 2.

**113. Treoir 2004/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le híoscheanglais sábháilteachta le haghaidh tollán sa ghréasán bóithre Tras-Eorpach[117]**

Chun Treoir 2004/54/CE a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir sin a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2004/54/CE mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 16:

[117] IO L 167, 30.4.2004, lch. 39.

"*Airteagal 16*
**Na hIarscríbhinní a leasú**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16a lena leasaítear na hIarscríbhinní chun iad a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil.";

(2) cuirtear isteach an tAirteagal 16a seo a leanas:

"*Airteagal 16a*
**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 16 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 16 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 16 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) in Airteagal 17, scriostar mír 3.

**114. Rialachán (CE) Uimh. 725/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir le slándáil long agus saoráidí calafort a fheabhsú[118]**

Chun Rialachán (CE) Uimh. 725/2004 a oiriúnú d'fhorbairt an dlí idirnáisiúnta, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán sin a leasú chun na leasuithe ar Phrótacal ionstraimí idirnáisiúnta áirithe a chomhtháthú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le Rialachán (CE) Uimh. 725/2004 a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun nósanna imeachta comhchuibhithe a shainiú d'fhonn forálacha éigeantacha Chód ISPS a chur i bhfeidhm, gan raon feidhme an Rialacháin sin a leathnú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 725/2004 mar a leanas:

(1) in Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2 agus mhír 3:

> "2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10a lena leasaítear an Rialachán seo chun na leasuithe ar na hionstraimí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 2 a chomhtháthú i ndáil le longa a oibríonn seirbhísí intíre agus maidir leis na saoráidí calafoirt a fhónann dóibh a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leo, a mhéad is a fhreagraíonn siad do nuashonrú teicniúil fhorálacha Choinbhinsiún SOLAS agus Chód ISPS.
>
> Más rud é, i gcás na mbeart dá dtagraítear san fhomhír roimhe seo, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 10b maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun na míre seo. Ní bheidh feidhm ag an nós imeachta maidir le comhréireacht a sheiceáil a bhunaítear i mír 5 den Airteagal seo sna cásanna sin.
>
> 3. Bunóidh an Coimisiún nósanna imeachta comhchuibhithe chun forálacha sainordaitheacha Chód ISPS a chur i bhfeidhm, gan raon feidhme an Rialacháin seo a leathnú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 11(2).";

(2) cuirtear an tAirteagal 10a agus an tAirteagal 10b seo a leanas isteach:

---

[118] IO L 129, 29.4.2004, lch. 6.

"*Airteagal 10a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 10(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 10(2) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 10(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 10b*

**An nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 10 a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) in Airteagal 11, scriostar mír 4 agus mír 5.

## 115. Rialachán (CE) Uimh. 785/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir leis na ceanglais árachais a bhaineann le haeriompróirí agus le hoibritheoirí aerárthaí[119]

Chun Rialachán (CE) Uimh. 785/2004 a oiriúnú d'fhorbairt an dlí idirnáisiúnta, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun luachanna áirithe sa Rialachán sin a leasú i bhfianaise leasuithe arna ndéanamh ar chomhaontuithe idirnáisiúnta. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 785/2004 mar a leanas:

(1) in Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

> "5. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 8a lena leasaítear na luachanna dá dtagraítear i mír 1, mír 2 agus mír 3 den Airteagal seo i gcás inar gá de bharr leasuithe ar na comhaontuithe idirnáisiúnta is ábhartha.";

(2) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

> "2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 8a lena leasaítear na luachanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo i gcás inar gá de bhar leasuithe ar na comhaontuithe idirnáisiúnta is ábhartha.";

(3) cuirtear isteach an tAirteagal 8a seo a leanas:

"*Airteagal 8a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

> 1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
>
> 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 6(5) agus Airteagal 7(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

[119] IO L 138, 30.4.2004, lch. 1.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 6(5) agus Airteagal 7(2) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 6(5) agus Airteagal 7(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

___

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(4) in Airteagal 9, scriostar mír 3.

**116. 7.9. Rialachán (CE) Uimh. 789/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le longa lasta agus paisinéirí a aistriú idir cláir laistigh den Chomhphobal agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 613/91[120]**

Chun Rialachán (CE) Uimh. 789/2004 a oiriúnú d'fhorbairtí ar an leibhéal idirnáisiúnta, san Eagraíocht Muirí Idirnáisiúnta go háirithe, agus chun éifeachtacht an Rialacháin sin a fheabhsú i bhfianaise na taithí agus an dul chun cinn theicniúil, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun sainmhínithe áirithe sa Rialachán a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

___

120 IO L 138, 30.4.2004, lch. 19.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 789/2004 mar a leanas:

(1) in Airteagal 7, scriostar mír 3;

(2) in Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a lena leasaítear na sainmhínithe in Airteagal 2 chun forbairtí ar an leibhéal idirnáisiúnta, go háirithe san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO), a chur san áireamh agus chun éifeachtacht an Rialacháin seo a fheabhsú i bhfianaise na taithí atá faighte agus an dul chun cinn theicniúil, sa mhéid nach leathnóidh na leasuithe sin raon feidhme an Rialacháin sin.";

(3) cuirtear isteach an tAirteagal 9a seo a leanas:

"*Airteagal 9a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 9(1) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 9(1) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 1 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.".

**117. Rialachán (CE) Uimh. 868/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le cosaint ar fhóirdheonú agus ar chleachtais éagóracha praghsála a dhéanann díobháil d'aeriompróirí Comhphobail agus iad ag soláthar aersheirbhísí ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad**[121]

Chun an dóigh ina ndéantar cleachtais éagóracha praghsála a bhrath, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Rialachán (CE) Uimh. 868/2004 a fhorlíonadh le modheolaíocht mhionsonraithe lena chinneadh an ann do chleachtais éagóracha praghsála nó nach ann. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 868/2004 mar a leanas:

(1) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

> "3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14 a a bhaineann modheolaíocht mhionsonraithe lena chinneadh an ann do chleachtais éagóracha praghsála nó nach ann. Cumhdófar leis an modheolaíocht sin, *inter alia,* an chaoi ina measúnófar gnáthphraghsáil iomaíoch, costais iarbhír agus corrlaigh bhrabúis réasúnacha i gcomhthéacs sonrach na hearnála eitlíochta.";

cuirtear isteach an tAirteagal 14 a seo a leanas

"*Airteagal 14 a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

> 1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
>
> 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 5 (3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].
>
> 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 5(3) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

[121] IO L 162, 30.4.2004, lch. 1.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 5(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

______________________

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) in Airteagal 15, scriostar mír 4;

**118. Treoir 2005/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le Seirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann (RIS) comhchuibhithe ar uiscebhealaí intíre sa Chomhphobal[122]**

Chun Treoir 2005/44/CE a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus chun an taithí a fuarthas óna chur i bhfeidhm a chur san áireamh, déanfar an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinní I agus II den Treoir sin a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2005/44/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

*"Airteagal 10*

**Leasuithe ar Iarscríbhinn I agus ar Iarscríbhinn II**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10a lena leasaítear Iarscríbhinní I agus II i bhfianaise na taithí a fuarthas ó

______________________

122 IO L 255, 30.9.2005, lch. 152.

chur i bhfeidhm na treorach sin agus chun na hIarscríbhinní sin a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil.";

cuirtear isteach an tAirteagal 10a seo a leanas

"*Airteagal 10a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 29a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 10 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 10 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

______________________

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) in Airteagal 11, scriostar mír 4;

## 119. Treoir 2005/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2005 maidir le slándáil chalafoirt a fheabhsú[123]

Chun na bearta teicniúla is gá chun slándáil chalafoirt a thabhairt cothrom le dáta a áirithiú ar bhonn rialta, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean do Choimisiún chun Iarscríbhinní I go IV a

[123] IO L 310, 25.11.2005, lch. 28.

ghabhann le Treoir/2005/64/CE a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2005/65/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14:

*"Airteagal 14*

**Leasuithe ar Iarscríbhinn I go VI**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14a lena leasaítear Iarscríbhinní I go IV agus chun iad a oiriúnú don taithí a fuarthas óna gcur i bhfeidhm gan raon feidhme na Treorach sin a leathnú.

Más rud é, i gcás na leasuithe a éilítear chun Iarscríbhinní I go IV a oiriúnú, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 14b maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo.

(2) cuirtear Airteagal 14a agus Airteagal 14b isteach mar a leanas:

*"Airteagal 14 a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 29 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 14 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 14 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 14b*
**An nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 14a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

______________________

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) scriostar Airteagal 15.

**120. Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2005 maidir le liosta Comhphobail d'aeriompróirí a tharraingt suas a bheidh faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal agus maidir le paisinéirí aeriompair a chur ar an eolas faoi chéannacht an aeriompróra oibríochta, agus lena n-aisghairtear Airteagal 9 de Threoir 2014/36/CE**[124]

Chun Rialachán (CE) a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil agus tuilleadh nósanna imeachta infheidhme a mhionsonrú, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Iarscríbhinn A ghabhann leis an Rialachán sin a leasú agus an Rialachán sin a fhorlíonadh le rialacha mionsonracha i dtaca le nósanna imeachta áirithe. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

> "2. Leagfar amach san Iarscríbhinn na critéir chomhchoiteanna maidir le cosc oibríochta ar aeriompróir, a bheidh bunaithe ar na caighdeáin sábháilteachta ábhartha dá ngairtear na critéir chomhchoitinne anseo feasta.
>
> Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14a lena leasaítear an Iarscríbhinn V chun na critéir chomhchoiteanna a mhodhnú chun forbairtí eolaíocha agus teicniúla a chur san áireamh.";

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

> "Airteagal 8
>
> **Rialacha mionsonracha**
>
> Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14 lena leagtar síos rialacha mionsonracha maidir leis na nósanna imeachta dá dtagraítear sa Chaibidil sin agus lena gcuirtear san áireamh go hiomchuí na cinntithe a bheidh le déanamh go pras maidir le liosta an Chomhphobail a thabhairt cothrom le dáta.
>
> Más rud é, i gcás na mbeart dá dtagraítear i mír 1, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in

[124] IO L 344, 27.12.2005, lch. 15.

Airteagal 14b maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo.

(3) cuirtear Airteagal 14 a agus Airteagal 14b isteach mar a leanas:

"*Airteagal 14 a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3(2) agus Airteagal 8a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 3(2) agus in Airteagal 18 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 3(2) agus Airteagal 8 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 14b*

**An nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 14 a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don

Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

______________________

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(4) in Airteagal 15, scriostar mír 4;

**121. Treoir 2006/126/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le ceadúnais tiomána**[125]

Chun treisiú leis na bearta is gá chun slándáil ceadúnas tiomána a ráthú, chun idir-inoibritheacht a ráthú sa todhchaí agus chun Treoir 2006/126/CE a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinní I go IV a ghabhann leis an Treoir sin a leasú agus chun an Treoir sin a fhorlíonadh le sonraíochtaí lena dhíonfar ar an mbrionnú.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2006/126/CE mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 1 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 8a a bhaineann leis na ceanglais ar mhicrishliseanna dá dtagraítear in Iarscríbhinn I. Forálfar leis na ceanglais sin cineálcheadú an Aontais Eorpaigh, nach ndeonófar ach amháin go dtí go dtaispeánfar go bhfuiltear in ann cur i gcoinne iarrachtaí chun cur isteach nó athrú a dhéanamh ar na sonraí.

Gan dochar do na rialacha maidir le cosaint sonraí, féadfaidh na Ballstáit meán stórais (micrishlis) a thabhairt isteach, a luaithe a bheidh na gníomhartha tarmligean i bhfeidhm.

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

______________________

[125] IO L 403, 30.12.2006, lch. 18.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 8a lena leasaítear Iarscríbhinn I chun idir-inoibritheacht a ráthú.";

(2) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Déanfar an t-ábhar a úsáidtear don cheadúnas tiomána, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I, a dhíonadh ar an mbrionnú.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 8 a chun sonraíochtaí frithbhrionnacha a bhunú

Tá de chead ag na Ballstáit gnéithe breise slándála a thabhairt isteach.";

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

"Airteagal 8

**Leasuithe ar Iarscríbhinn I go VI**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 8a lena leasaítear Iarscríbhinní I go IV chun iad a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.";

(4) cuirtear isteach an tAirteagal 8 a seo a leanas

"*Airteagal 8 a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 1(2) agus 3 agus Airteagal 3(2) agus Airteagal 8 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 1(2) agus (3), in Airteagal 3(2) agus in Airteagal 8 a chúlghairm tráth ar bith. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris *Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 1(2) agus (3), Airteagal 3(2) agus Airteagal 8 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(5) scriostar Airteagal 9.

**122. Rialachán (CE) Uimh. 336/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Feabhra 2006 maidir le cur chun feidhme an Chóid Idirnáisiúnta um Bainistíocht Sábháilteachta agus Fuinnimh sa Chomhphobal agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 3051/95**[126]

Chun na forálacha a bhaineann le cur chun feidhme an Chóid Idirnáisiúnta um Bainistíocht Sábháilteachta agus Fuinnimh a thabhairt cothrom le dáta, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean do Choimisiún chun Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 336/2006 a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 336/2006 mar a leanas:

(1) in Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le h|Airteagal 11a lena leasaítear Iarscríbhinn II d'fhonn forbairtí ar an leibhéal idirnáisiúnta, go háirithe san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO), a chur san áireamh agus chun éifeachtacht an Rialacháin seo a fheabhsú i bhfianaise na taithí a fuarthas óna chur i bhfeidhm.";

---

126 IO L 64, 4.3.2006, lch. 1.

(2) cuirtear isteach an tAirteagal 11a seo a leanas

"*Airteagal 11a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 11 (2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 11(2) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris *Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 11(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

___

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) in Airteagal 12, scriostar mír 3;

**123. Treoir 2007/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le deimhniúchán a dhéanamh ar thiománaithe traenach a**

**bhfuil innill féinghluaiste agus traenacha á n-oibriú acu i gcóras iarnróid an Chomhphobail [127].**

Chun na bearta teicniúla riachtanacha a ghlacadh maidir le feidhmiú cuí Threoir 2007/59/CE agus í a chur in oiriúint don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, déanfar an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 a tharmligean chuig an gCoimisiún na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir sin a leasú le hiad a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, agus chun an Treoir a fhorlíonadh:

- trí dhréacht de mhúnla Comhphobail don cheadúnas, don teastas agus don chóip dheimhnithe den teastas a bhunú, agus trína dtréithe fisiceacha a chinneadh, agus bearta frithbhrionnacha á gcur san áireamh ann;
- trí na Cóid Chomhphobail do na cineálacha éagsúla i gcatagóirí A agus B a ghlacadh;
- bunpharaiméadair na gclár don dul chun cinn;
- trí na critéir chomhchoiteanna a ghlacadh maidir le hinniúlachtaí gairmiúla a shainmhíniú agus foirne a mheasúnú;
- trí chritéir an Aontais maidir le scrúdaitheoirí agus scrúduithe a roghnú
- trí shonraíochtaí teicniúla agus oibriúcháin a chur oiriúnú do chártaí cliste.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2007/59/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

> "4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31a lena mbunaítear, ar bhonn dréacht arna hullmhú ag an nGníomhaireacht, múnla Comhphobail don cheadúnas, don teastas agus don chóip dheimhnithe den teastas, agus le haghaidh a dtréithe fisiceacha a chinneadh, agus bearta frithbhrionnacha á gcur san áireamh ann;
>
> Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31a lena mbunaítear, ar bhonn moladh arna hullmhú ag an nGníomhaireacht, Cóid an Aontais  do na cineálacha difriúla i gcatagóirí A agus B dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal sin. ";

[127] IO L 315, 3.12.2007, lch. 51.

(2) in Airteagal 22(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

Chun na críche sin, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31a lena mbunaítear, ar bhonn dréacht arna hullmhú ag an nGníomhaireacht, bunpharaiméadair na gclár a bhunófar, amhail na sonraí a thaifeadfar, a bhformáid, agus an prótacal malartaithe sonraí, cearta rochtana, an ré coinneála sonraí agus na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i gcásanna féimheachta; ";

(3) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) na critéir arna moladh ag an nGníomhaireacht de bhun Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2016/796.";

(b) cuirtear an dara fomhír seo a leanas isteach:

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31a chun na critéir sin a bhunú

(4) in Airteagal 25, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. Féadfaidh roghnú na scrúdaitheoirí agus na scrúduithe bheith faoi réir chritéir an Aontais. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31a lena bhunaítear an cineál sin de chritéir an Aontais de bhun dréacht arna ullmhú ag an nGníomhaireacht.

Más rud é, i gcás chritéir an Aontais maidir le scrúdaitheoirí agus scrúduithe a roghnú, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 31b maidir le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Airteagail seo.

I gcás nach ann do chritéir an Aontais dá leithéid, bunóidh na húdaráis inniúla critéir náisiúnta.";

(5) in Airteagal 31, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31a lena leasaítear na hIarscríbhinní chun iad a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.";

Más rud é, i gcás na nIarscríbhinní a bheidh le hoiriúnú don dul chun eolaíoch agus teicniúil, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 31b maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo.

(6) cuirtear Airteagal 31 a agus Airteagal 32b isteach mar a leanas:

"*Airteagal 31a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 4(4), Airteagal 22(4), Airteagal 23(3), Airteagal 25(5), Airteagal 31(1)agus Airteagal 34 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagail 4(4), in Airteagal 22(4), in Airteagal 23(3), in Airteagal 25(5), in Airteagal 31(1) agus in Airteagal 34 a chúlghairm am ar bith. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 4(4), Airteagal 22(4), Airteagal 23(3), Airteagal 25(5), Airteagal 31(1) agus Airteagal 34 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 31b*

**An nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 31 a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(7) in Airteagal 32, scriostar mír 3 agus mír 4;

in Airteagal 34, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

> Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31a lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla agus oibriúcháin do chárta cliste den chineál sin.".

**124. Rialachán (CE) Uimh. 1371/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid**[128]

Chun na bearta is gá a ghlacadh chun Rialachán (CE) Uimh. 1371/2007 a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus don taithí a fuarthas óna chur i bhfeidhm, déanfar an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún.

- Iarscríbhinní II agus III a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú;
- an Rialachán sin a leasú trí na méideanna airgeadais a choigeartú de réir an bhoilscithe;
- an Rialachán sin a fhorlíonadh tríd an mbeart is iomchuí a dhéanamh má mheastar nach bhfuil na díolúintí arna ndeonú ag na Ballstáit i gcomhréir le forálacha Airteagal 2;
- an Rialachán sin a fhorlíonadh trí shonraíochtaí teicniúla maidir le hidir-inoibritheacht feidhmchlár teileamaitice do phaisinéirí a ghlacadh;
- an Rialachán sin a fhorlíonadh trí na bearta a ghlacadh lena n-áiritheofar go mbeidh árachas leordhóthanach ag gnóthais iarnróid nó go ndéanfar socruithe coibhéiseacha chun a ndliteanais faoin Rialachán sin a chumhdach.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1371/2007 mar a leanas:

cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 33 agus Airteagal 34:

*"Airteagal 33*

**Leasuithe ar Iarscríbhinn II agus ar Iarscríbhinn III**

[128] IO L 315, 3.12.2007, lch. 14.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 34a lena leasaítear lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III i bhfianaise na taithí a fuarthas ó chur i bhfeidhm an Rialacháin sin .

*Airteagal 34*
**Gníomhartha tarmligthe**

1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 34a a bhaineann leis na bearta dá bhforáiltear i míreanna 2, 10 agus 12.

2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 34a chun an Rialachán seo a leasú trí na méideanna airgeadais dá dtagraítear ann a choigeartú, seachas iad sin atá in Iarscríbhinn I, i bhfianaise an bhoilscithe.";

(2) cuirtear isteach an tAirteagal 34a seo a leanas

*Airteagal 34a*
**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 33 agus Airteagal 34 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 33 agus in Airteagal 34 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 33 agus Airteagal 34 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) scriostar Airteagal 35.

**125. Treoir 2008/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le hiompar intíre earraí contúirteacha**[129]

Chun Treoir 2008/68/CE a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir seo a leasú: Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2008/68/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

> "1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 8a lena leasaítear na hIarscríbhinní chun iad a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, lena n-áirítear teicneolaíochtaí lorgaireachta agus rianaithe a úsáid, sna réimsí a chumhdaítear leis an Treoir seo, chun leasuithe ar an gComhaontú Eorpach maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar (ADR), an Rialachán maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Iarnród (RID) agus an Comhaontú Eorpach Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Uiscebhealaí Intíre (ADN) a chur san áireamh.";

(2) cuirtear isteach an tAirteagal 8a seo a leanas

"*Airteagal 8a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

> 1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
>
> 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 8 (1) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].
>
> 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 8(1) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris*

[129] IO L 260, 30.9.2008, lch. 13.

*Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 8(1) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

____________________

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) in Airteagal 9, scriostar mír 3;

**126. Treoir 2008/96/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le sábháilteacht bonneagair bhóithre a bhainistiú**[130]

Chun Treoir 2008/96/CE a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir sin a leasú agus chun an Treoir sin a fhorlíonadh trí na critéir chomhchoiteanna maidir le déine tionóiscí a chinneadh.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2008/96/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 7, cuirtear isteach mír 1a mar a leanas:

130 IO L 319, 29.11.2008, lch. 59.

"1a. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 12a lena gcinnfear critéir chomhchoiteanna, ar dá réir a bheidh déine tionóiscí, lena n-áirítear líon na mbásanna agus na ndaoine a ghortaítear, le tuairisciú.

(2) in Airteagal 11, scriostar mír 2;

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

"Airteagal 12

**Na hIarscríbhinní a leasú**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 12a lena leasaítear na hIarscríbhinní chun iad a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil.";

(4) cuirtear isteach an tAirteagal 12 a seo a leanas

"*Airteagal 12a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 7(1a) agus Airteagal 12 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 7(1a) agus in Airteagal 12 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris *Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 12 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul

in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

___________________

*  IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(5) scriostar Airteagal 13;

in Iarscríbhinn IV, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (5):

"(5) déine timpiste".

**127. Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse slándála na heitlíochta sibhialta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2320/2002**[131]

Chun inneachar agus feidhmiú na mbunchaighdeáin chomhchoiteanna a fheabhsú maidir leis an eitlíocht shibhialta a chosaint ar chur isteach neamhdhleathach a chuireann slándáil na heitlíochta sibhialta i mbaol, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún:

- Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 a leasú trí iarscríbhinn sa bhreis maidir leis na sonraíochtaí don chlár rialaithe cáilíochta náisiúnta a ghlacadh
- an Rialachán sin a fhorlíonadh le bearta ginearálta maidir le gnéithe áirithe de na bunchaighdeáin chomhchoiteanna;
- an Rialachán sin a fhorlíonadh le critéir faoina gceadófaí do na Ballstáit maolú ar na bunchaighdeáin chomhchoiteanna.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 4 mar seo a leanas:

(a) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

___________________

131 IO L 97, 9.4.2008, lch. 72.

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18a lena leagfar síos gnéithe áirithe de na bunchaighdeáin chomhchoiteanna.";

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

Más rud é, i gcás ina nglactar le bearta ginearálta maidir le bunchaighdeáin chomhchoiteanna, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 18b maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo.

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre agus an dara fomhír de mhír 4:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18a lena leagfar síos critéir faoina gceadófar do na Ballstáit maolú ar na bunchaighdeáin chomhchoiteanna dá dtagraítear i mír 1 agus bearta slándála a ghlacadh lena gcuirfear leibhéal sásúil cosanta ar fáil ar bhonn measúnú riosca áitiúil. Caithfidh na bearta malartacha sin a bheith inchosanta ar bhonn cúiseanna a bhaineann le méid an aerárthaigh, nó cúiseanna a bhaineann le cineál, le scála nó le minicíocht na n-oibríochtaí nó minicíocht gníomhaíochtaí ábhartha eile.

Más rud é, i gcás critéir a leagan síos lena gceadófaí do na Ballstáit maolú ar na bunchaighdeáin chomhchoiteanna, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 18b maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo.";

(2) in Airteagal 11(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre agus an dara fomhír:

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 8a lena leasaítear an Rialachán seo trí Iarscríbhinn A chur leis maidir leis na sonraíochtaí don chlár rialaithe cáilíochta náisiúnta.

Más rud é, i gcás na na sonraíochtaí do chláir rialaithe cáilíochta náisiúnta, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 18b maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun na míre seo.

(3) cuirtear Airteagal 18a agus Airteagal 18b isteach mar a leanas:

"*Airteagal 18a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 4(2) agus (4) agus Airteagal 11(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 4(2) agus (4) agus in Airteagal 11(2) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 4(2) agus (4) agus Airteagal 11(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 18b*

**An nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 18a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

___________________

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(4) in Airteagal 19, scriostar mír 3 agus mír 4.

**128. Treoir 2009/15/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialacha coiteanna agus caighdeáin choiteanna d'eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge agus do ghníomhaíochtaí ábhartha riarachán muirí**[132]

[132] IO L 131, 28.5.2009, lch. 47.

Chun Treoir 2009/15/CE a oiriúnú d'fhorbairt na n-ionstraimí idirnáisiúnta ábhartha agus chun na huasmhéideanna atá le híoc a mhodhnú chun na páirtithe díobhálaithe a chúiteamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Treoir sin a leasú chun:

- leasuithe iardain ar choinbhinsiúin idirnáisiúnta áirithe, prótacail, cóid agus rúin a bhaineann leo a ionchorprú, atá tagtha i bhfeidhm cheana;
- athrú a dhéanamh ar mhéideanna áirithe a shonrófar inti.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2009/15/CE mar a leanas:

(1) cuirtear isteach an tAirteagal 5a seo a leanas:

"*Airteagal 5a*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 7 (1) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 7(1) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 7(1) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(2) in Airteagal 6, scriostar mír 3;

(3) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 5a lena leasaítear an Treoir seo, gan a raon feidhme a leathnú chun;

(a) leasuithe iardain, chun críocha na Treorach seo, ar na coinbhinsiúin idirnáisiúnta, ar na prótacail, ar na cóid agus ar na rúin a bhaineann leo a ionchorprú dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 2, Airteagal 3(1) agus Airteagal 5(2), atá tagtha i bhfeidhm cheana;

(b|) athrú a dhéanamh ar na méideanna a shonraítear i bpointí (ii) agus (iii) d'Airteagal 5(2)(b).".

**129. Treoir 2009/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 lena mbunaítear na bunphrionsabail a rialaíonn imscrúdú ar thionóiscí in earnáil an mhuiriompair agus lena leasaítear Treoir 1999/35/CE ón gComhairle agus Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**[133]

Chun Treoir 2009/18/CE a oiriúnú d'fhorbairt rialacha an Aontais agus na rialacha náisiúnta, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún:

- chun an Treoir sin a leasú chun na sainmhínithe agus na tagairtí do ghníomhartha an Aontais agus d'ionstraimí IMO a thabhairt cothrom le dáta chun iad a oiriúnú a mhéid is gá chun go mbeidh siad i gcomhréir le bearta an Aontais agus na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta atá tagtha i bhfeidhm cheana;
- chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir sin a leasú chun iad a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus don taithí a fuarthas óna gcur chun feidhme;
- chun an Treoir sin a fhorlíonadh leis an gcómhodheolaíocht imscrúdaithe taismeach agus teagmhas muirí.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go

---

133 IO L 131, 28.5.2009, lch. 114.

ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2009/18/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

> "4. Agus imscrúduithe sábháilteachta á ndéanamh, leanfaidh an comhlacht imscrúdúcháin an chómhodheolaíocht le haghaidh taismigh agus teagmhais mhuirí a imscrúdú. Féadfaidh imscrúdaitheoirí imeacht ón modheolaíocht sin i gcás ar leith ina bhféadtar údar a bheith leis, de réir a mbreithiúnas gairmiúil, agus más gá iad chun aidhmeanna an imscrúdaithe a bhaint amach.
>
> Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18a a bhaineann leis an gcómhodheolaíocht chun taismigh agus teagmhais mhuirí a imscrúdú agus aird á tabhairt aige ar aon taithí a fuarthas ó na himscrúduithe sábháilteachta.";

(2) cuirtear isteach an tAirteagal 18a seo a leanas:

> *"Airteagal 18a*
>
> **An tarmligean a fheidhmiú**
>
> 1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
>
> 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 5(4) agus in Airteagal 20 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].
>
> 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 5(4) agus in Airteagal 20 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris *Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.
>
> 4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 5(4) agus Airteagal 20 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) in Airteagal 19, scriostar mír 3;

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 20:

"Airteagal 20
**Cumhachtaí leasaitheacha**

1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18a lena leasaítear sainmhínithe sa Treoir seo agus tagairtí a dhéantar do ghníomhartha an Aontais agus d'ionstraimí na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta chun iad a oiriúnú a mhéid is gá le bearta an Aontais nó na hEagraíochta Idirnáisiúnta atá tagtha i bhfeidhm, faoi réir urramú theorainneacha na Treorach seo.

2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18a lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir sin chun iad a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus don taithí a fuarthas óna gcur i bhfeidhm.

3. Féadfar na leasuithe ar Chód um Thaismigh agus Teagmhais Mhuirí a Imscrúdú na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta a eisiamh ó raon feidhme na Treorach seo de bhun Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 2099/2002.".

**130. Treoir 2009/33/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le feithiclí iompair bóthair atá glan agus tíosach ar fhuinneamh a chur chun cinn**[134]

Chun Treoir 2009/33/CE a oiriúnú don bhoilsciú agus don dul chun cinn teicniúil, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Iarscríbhinn A ghabhann leis an Treoir sin a leasú chun an sonraí a oiriúnú chun costais oibriúcháin saoil feithiclí iompair

---

[134] IO L 120, 15.5.2009, lch. 5.

de bhóthar a ríomh. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2009/33/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

"Airteagal 7
**Leasú ar an Iarscríbhinn**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 8a lena leasaítear an Iarscríbhinn Chun na sonraí maidir le costais oibriúcháin saoil feithiclí iompair de bhóthar a oiriúnú don bhoilsciú agus don dul chun cinn teicniúil.";

(2) cuirtear isteach an tAirteagal 8a seo a leanas

"*Airteagal 8a*
**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 7 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 7 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 7 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a

thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

______________________

*  IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) scriostar Airteagal 9.

**131. Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna d'eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge**[135]

Chun Rialachán (CE) Uimh. 391/98 a oiriúnú d'fhorbairtí rialacha idirnáisiúnta, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún:

- na critéir íosta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú, ag cur san áireamh, go háirithe, cinntithe ábhartha na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta;
- an Rialachán sin a fhorlíonadh leis na critéir chun éifeachtacht na rialacha agus na nósanna imeachta, chomh maith le feidhmiúlacht na n-eagraíochtaí aitheanta maidir le sábháilteacht a long aicmithe agus maidir le cosc ar thruailliú óna longa aicmithe, a thomhas agus aird ar leith á tabhairt ar na sonraí arna dtabhairt ar aird le Meabhrán Tuisceana Pháras i ndáil le Rialú Stáit ar Chalafoirt nó le scéimeanna comhchosúla eile;
- an Rialachán sin a fhorlíonadh leis na critéir lena gcinnfear cén uair is ceart a mheas gurb ionann an fheidhmiúlacht sin agus bagairt neamh-inghlactha ar shábháilteacht nó ar an gcomhshaol, ar critéir iad lena bhféadfar imthosca sonracha a dhéanann difear d'eagraíochtaí beaga nó d'eagraíochtaí atá thar a bheith speisialaithe a chur san áireamh.
- an Rialachán sin a fhorlíonadh le rialacha mionsonraithe maidir le fíneálacha agus táillí nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla agus maidir le haitheantas a aistharraingt ó eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid

______________________

[135] IO L 131, 28.5.2009, lch. 11.

saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 mar a leanas:

(1) in Airteagal 12, scriostar mír 4;

(2) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14a lena leasaítear Iarscríbhinn I, gan a raon feidhme a leathnú, chun na critéir íosta a leagtar amach ann a thabhairt cothrom le dáta, agus aird á tabhairt, go háirithe, ar na cinntithe ábhartha ón Eagraíocht Muirí Idirnáisiúnta.";

(3) in Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 agus mhír 2:

"1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14a a bhaineann le:

(a) critéir chun éifeachtacht na rialacha agus na nósanna imeachta, chomh maith le feidhmiúlacht na n-eagraíochtaí aitheanta maidir le sábháilteacht a long aicmithe agus maidir le cosc ar thruailliú óna longa aicmithe, a thomhas agus aird ar leith á tabhairt ar na sonraí arna dtabhairt ar aird le Meabhrán Tuisceana Pháras i ndáil le Rialú Stáit ar Chalafoirt nó le scéimeanna comhchosúla eile;

(b) na critéir lena a chinnfear cén uair is ceart a mheas gurb ionann an fheidhmiúlacht sin agus bagairt neamh-inghlactha ar shábháilteacht nó ar an gcomhshaol, ar critéir iad lena bhféadfar imthosca sonracha a dhéanann difear d'eagraíochtaí beaga nó d'eagraíochtaí atá thar a bheith speisialaithe a chur san áireamh.

2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14a a bhaineann le rialacha mionsonraithe i dtaca le fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a chur i bhfeidhm de bhun Airteagal 6, agus, más gá sin i dtaca le haitheantas a aistharraingt ó eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge de bhun Airteagail 7.";

(4) cuirtear isteach an tAirteagal 14a seo a leanas:

"*Airteagal 14 a*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 13(1) agus Airteagal 14(1) agus (2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 13(1) agus in Airteagal 14(1) agus (2) a chúlghairm aon

tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 13(1) agus Airteagal 14(1) agus (2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

___________________

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.".

## 132. Rialachán (CE) Uimh. 392/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le dliteanas iompróirí paisinéirí de mhuir i gcás tionóiscí[136]

Chun Rialachán (CE) Uimh. 392/2009 a oiriúnú do rialacha an Aontais agus do na rialacha náisiúnta, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún:

- chun Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú chun leasuithe ar fhorálacha Choinbhinsiún na hAithne a ionchorprú;
- na teorainneacha a leasú, a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo maidir le longa d'Aicme B faoi Airteagal 4 de Threoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[137];
- chun Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú chun leasuithe ar fhorálacha Threoirlínte na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta a ionchorprú;

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am

___________________

136 IO L 131, 28.5.2009, lch. 24.

137 Treoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta do longa paisinéirí (IO L 163, 25.6.2009, lch. 1).

céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 392/2009 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

*"Airteagal 9*

**Leasú ar na hIarscríbhinní**

1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo chun na leasuithe ar na teorainneacha a leagtar amach in Airteagal 3(1), in Airteagal 4 *bis*(1), in Airteagal 7(1) agus in Airteagal 8 de Choinbhinsiún na hAithne a ionchorprú chun cinntithe arna ndéanamh de bhun Airteagal 23 den Choinbhinsiún sin a chur san áireamh.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún, ar bhonn measúnú tionchair iomchuí, gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a lena leasaítear na teorainneacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo maidir le longa d'Aicme B faoi Airteagal 4 de Threoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, agus, don tréimhse go 31 Nollaig 2016, na hiarmhairtí i leith táillí mar aon le cumas an mhargaidh cumhdach árachais incheannaithe a fháil ag an leibhéal is gá i gcomhthéacs an chúlra beartais maidir le cearta paisinéirí a neartú, chomh maith le cineál séasúrach cuid den trácht, á gcur san áireamh.

2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a lena leasaítear Iarscríbhinn II chun leasuithe ar fhorálacha Threoirlínte na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta a ionchorprú.";

---

* Treoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta do longa paisinéirí (IO L 163, 25.6.2009, lch. 1).";

(2) cuirtear isteach an tAirteagal 9a seo a leanas

*"Airteagal 9a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 9(1) agus (2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 9(1) agus (2) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh

chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 9(1) agus (2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

___________________

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) scriostar Airteagal 10.

**133. Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir leis na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh chun gairm an oibreora iompair de bhóthar a chleachtadh agus lena n-aisghairtear Treoir 96/26/CE ón gComhairle**[138]

Chun leibhéal tromchúise sáruithe áirithe ar na rialacha is infheidhme a chinneadh agus chun Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú agus chun an Rialachán a fhorlíonadh trí liosta de chatagóirí, de chineálacha agus de leibhéil tromchúise maidir le sáruithe tromchúiseacha ar rialacha an Aontais, sáruithe, mar aon leo sin a leagtar amach in Iarscríbhinn IV, lena bhféadfaí dea-cháil a chailleadh. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain

___________________

138 IO L 300, 14.11.2009, lch. 51.

chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Ní bheidh gá ina dhiaidh sin le roinnt cumhachtaí a thabharfar don Choimisiún faoi Rialachán Uimh. 1071/2009 lena n-údarófar glacadh le bearta cur siar.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 mar a leanas:

(1) in Airteagal 6(2)(b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre agus an dara fomhír:

> "tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a lena mbunaítear liosta de chatagóirí, de chineálacha agus de leibhéil tromchúise maidir le sáruithe tromchúiseacha ar rialacha an Aontais, sáruithe, mar aon leo sin a leagtar amach in Iarscríbhinn IV, lena bhféadfaí dea-cháil a chailleadh. Cuirfidh na Ballstáit san áireamh faisnéis faoi na sáruithe sin, lena n-áirítear faisnéis a gheofar ó Bhallstáit eile, nuair a bheidh siad ag socrú na dtosaíochtaí le haghaidh seiceálacha de bhun Airteagal 12(1).";

(2) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

> "9. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a lena leasaítear Iarscríbhinn I, II agus III d'fhonn iad a oiriúnú don dul chun teicniúil.";

(3) in Airteagal 11(4), scriostar an tríú fomhír.

(4) in Airteagal 12(2), scriostar an dara fomhír;

(5) in Airteagal 16, scriostar mír 7;

(6) cuirtear isteach an tAirteagal 24a seo a leanas:

*"Airteagal 24a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

> 1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
>
> 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 6(2) agus Airteagal 8(9) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].
>
> 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 6(2) agus in Airteagal 8(9) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.
>
> 4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na

prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 6(2) agus Airteagal 8(9) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

___

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(7) in Airteagal 25, scriostar mír 3;

## 134. Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtana ar an margadh idirnáisiúnta tarlaithe de bhóthar[139]

Chun Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann leis an Treoir sin a leasú agus chun an Rialachán sin a leasú i dtaca le tréimhse bailíochta an cheadúnais Chomhphobail.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 4 mar seo a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14a, lena leasaítear an Rialachán seo chun tréimhse bailíochta an cheadúnais Chomhphobail a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil, go

___

139 IO L 300, 14.11.2009, lch. 72.

háirithe na cláir leictreonacha náisiúnta do ghnóthais iompair de bhóthar dá bhforáiltear in Airteagal 16 de Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009.";

(b) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14a lena leasaítear Iarscríbhinn I agus II d'fhonn iad a oiriúnú don dul chun teicniúil.";

(2) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14a lena leasaítear Iarscríbhinn III d'fhonn í a oiriúnú don dul chun teicniúil.";

(3) i ndiaidh theideal Chaibidil V, cuirtear an tAirteagal 14a seo a leanas isteach:

*"Airteagal 14a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 4(2),agus (4) agus Airteagal 5(4) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 4(2) agus (4) agus in Airteagal 5(4) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 4(2) agus (4) agus Airteagal 5(4) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(4) scriostar Airteagal 15.

**135. Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtana ar an margadh idirnáisiúnta do sheirbhísí cóiste agus bus agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006**[140]

Chun Rialachán (CE) Uimh 1073/2009 a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus chun na bearta teicniúla a ghlacadh maidir lena fheidhmiú cuí a bhunú, déanfar an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinní I agus II den Rialachán sin a leasú, agus chun é a fhorlíonadh tríd an méid seo a bhunú:

- na nósanna imeachta maidir le hainmneacha na n-iompróirí seirbhíse ócáideacha mar aon leis na nascphointí ar an mbealach;
- na formáidí a bheidh ar na deimhniúcháin d'oibríochtaí iompair féinchuntais;
- na formáidí a bheidh ar na húdarúcháin do sheirbhísí tráthrialta;
- na formáidí a bheidh ar na hiarratais ar údarúcháin den chineál sin;
- na formáidí a bheidh ar na foirmeacha turais do sheirbhísí ócáideacha, formáid an leabhair foirmeacha turais agus an bealach ina n-úsáidfear iad;
- an fhormáid a bheidh ar an tábla a úsáidfear chun an staidreamh a chur isteach maidir le líon na n-údarúchán a eiseofar maidir le hoibríochtaí cabatáiste i bhfoirm seirbhísí rialta a dhéanfaidh iompróir nach bhfuil cónaí air sa Bhallstát óstach i gcúrsa seirbhíse tráthrialta idirnáisiúnta.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009 mar a leanas:

(1) In Airteagal 4(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

> Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 25a lena leasaítear Iarscríbhinn I agus II d'fhonn iad a oiriúnú don dul chun teicniúil.";

(2) leasaítear Airteagal 5 mar seo a leanas:

140 IO L 300, 14.11.2009, lch. 88.

i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cúigiú fomhír:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 25a a bhaineann le nósanna imeachta d'ainmneacha na n-iompróirí sin agus na nascphointí ar an mbealach a bheidh le cur chuig údaráis inniúla an Bhallstáit i gceist.";

(b) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 25a a bhaineann le formáid na ndeimhniúchán.";

(3) in Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. "Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 25a a bhaineann le formáid na n-údarúchán.";

(4) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 25a a bhaineann le formáid na n-iarratas.";

(5) in Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 25a a bhaineann leis an bhformáid ar an bhfoirm turais, an leabhar foirmeacha turais agus an bealach ina n-úsáidfear iad.";

(6) cuirtear isteach an tAirteagal 25a seo a leanas

*"Airteagal 25a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 4(2), Airteagal 5(3)agus (5), Airteagal 6(4), Airteagal 7(2), Airteagal 12(5) agus Airteagal 28(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 4(2), in Airteagal 5(3) agus (5), in Airteagal 6(4), in Airteagal 7(2), in Airteagal 12(5) agus in Airteagal 28(3) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun in Airteagal 4(2), Airteagal 5(3) agus (5), Airteagal 6(4), Airteagal 7(2), Airteagal 12(5) agus Airteagal 28(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(7) scriostar Airteagal 26;

(8) in Airteagal 28, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 25a a bhaineann leis an bhformáid ar an tábla a úsáidfear chun staidreamh a chur isteach dá dtagraítear i mír 2.";

## XII SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT BIA

### 136. Treoir 89/108/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1988 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le bia mear-reoite mar bhia don duine[141]

Chun cuspóirí Threoir 89/108/CEE a bhaint amach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Treoir sin a fhorlíonadh leis na critéir íonachta is gá do na meáin chrióigineacha a chomhlíonadh, leis na nósanna imeachta samplála maidir le bia-ábhair mhear-reoite agus leis na nósanna imeachta maidir le faireachán a dhéanamh ar na teochtaí sna meáin iompair agus ollstórála agus stórála. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 89/108/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

> "Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11a lena gcinntear na critéir íonachta ar gá do na meáin chrióigineacha sin a chomhlíonadh.";

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11:

> *"Airteagal 11*
>
> Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11a lena gcinntear na nósanna imeachta samplála do bhia-ábhair mhear-reoite agus na nósanna imeachta chun faireachán a dhéanamh ar a dteocht agus chun faireachán a dhéanamh ar an teocht sna meáin iompair, ollstórála agus stórála.";

(3) cuirtear isteach an tAirteagal 11a seo a leanas

> *"Airteagal 11a*
>
> 1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
>
> 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 4 agus Airteagal 3 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

141 IO L 40, 11.2.1989, lch. 34

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 4 agus in Airteagal 11 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris *Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016* maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 4 agus Airteagal 11 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

_______________________

* IO L 123, 12.5.2016, lch.1.";

(4) scriostar Airteagal 12.

**137. Treoir 1999/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Feabhra 1999 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le bia agus comhábhair bia a chóireáiltear le radaíocht ianaíoch**[142]

Chun cuspóirí Threoir 1992/2/CE a bhaint amach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Treoir sin a leasú a mhéid is gá chun cosaint na sláinte poiblí a áirithiú agus chun an Treoir sin a fhorlíonadh i ndáil le heisceachtaí a bhaineann leis an dáileog radaíochta uasta do bhia-ábhair, na ceanglais fhorlíontacha maidir le saoráidí. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 1999/2/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

_______________________

142 IO L 66, 13.3.1999, lch.16.

"2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11a lena gceadaítear eisceachtaí do mhír 1 agus aird á tabhairt ar an eolas eolaíoch atá ar fáil agus na caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta.";

(2) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Ní thabharfar ceadú ach amháin i gcás saoráide:

- a chomhlíonann ceanglais Chód Cleachtais Molta Idirnáisiúnta an Choimisiúin do Codex Alimentarius comhpháirteach FAO/WHO maidir le hoibriú na saoráidí ionradaíochta a úsáidtear chun bianna a chóireáil (tagairt FAO/WHO/CAC, Iml. XV, eagrán 1), agus aon cheanglas forlíontach a fhéadfaidh an Coimisiún a ghlacadh,
- a ainmníonn duine a mbeidh sé de chúram air na coinníollacha go léir is gá chun an próiseas a chur i bhfeidhm a chomhlíonadh.";

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11a maidir le ceanglas forlíontach dá dtagraítear sa chéad fhleasc den chéad fhomhír den Airteagal sin ag tabhairt aird ar cheanglais ó thaobh éifeachtúlacht agus sábháilteacht na cóireála a úsáidtear agus i leith dea-chleachtais sláintíochta i ndáil le próiseáil bia.";

(3) cuirtear Airteagal 11a agus Airteagal 11b isteach mar a leanas:

*"Airteagal 11a*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 5(2), Airteagal 7(2) agus Airteagal 14(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an OMNIBUS seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 5(2),in Airteagal 7(2) agus in Airteagal 14(3) a chúlghairm tráth ar bith. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 3 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na

tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 11b*

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 11 a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch.1.";

(4) in Airteagal 12, scriostar mír 3, mír 4 agus mír 5.

(5) in Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11a lena leasaítear an Treoir seo a mhéid is gá chun an tsláinte phoiblí a áirithiú agus beidh sé teoranta do thoirmisc nó do shrianta i gcomparáid leis an staid dhlíthiúil a bhí ann roimhe seo.

I gcás ina n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais práinne i leith sláinte an duine, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 11b maidir le gníomhartha tarmligthe de bhun na míre seo,".

**138. Rialachán (CE) Uimh. 141/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1999 maidir le táirgí leighis dílleachta**[143]

Chun cuspóirí Threoir 2001/141/CE a bhaint amach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán sin a fhorlíonadh le sainmhínithe ar 'táirge íocshláinte comhchosúil' agus ar 'airde chliniciúil'. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

---

[143] IO L 18, 22.1.2000, lch. 1.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 141/2000 mar a leanas:

(1) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

> "4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10b lena fhorlíontar an Rialachán sin trí na sainmhínithe ar "táirge íocshláinte comhchosúil" agus ar "airde chliniciúil" a ghlacadh.";

(2) in Airteagal 10a, scriostar mír 3.

(3) cuirtear isteach an tAirteagal 10b seo a leanas:

"*Airteagal 10b*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 8 (4) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 8(4) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris *Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[*].

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 8(4) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.".

**139. Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Márta 2001 maidir le horgánaigh ghéinmhodhnaithe a scaoileadh d'aon ghnó sa chomhshaol agus lena n-aisghairtear Treoir 90/220/CEE ón gComhairle**[144]

Chun cuspóirí Threoir 2001/18/CE a bhaint amach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir sin a leasú agus chun an Treoir sin a fhorlíonadh le:

- critéir maolúcháin agus ceanglais faisnéise maidir leis an bhfógra faoi chineálacha áirithe orgánach géinmhodhnaithe a chur ar an margadh;
- tairseacha íosta do tháirgí ina bhfuil rianta taismeacha d'orgánaigh ghéinmhodhnaithe nó rianta nach féidir a sheachaint go teicniúil agus ní gá na táirgí sin a lipéadú mar orgánaigh ghéinmhodhnaithe;
- tairseacha níos ísle ná 0.9% nach mbeidh feidhm faoina mbun sin ag na ceanglais lipéadaithe a leagtar amach sa Treoir maidir le rianta orgánach géinmhodhnaithe i dtáirgí atá beartaithe lena bpróiseáil go díreach;
- ceanglais sonracha maidir le lipéadú d'orgánaigh ghéinmhodhnaithe nach gcuirtear ar an margadh de réir bhrí na Treorach seo.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2001/18/CE mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 16 mar seo a leanas:

i mír 2, cuirtear an méid a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 29a lena mbunaítear na critéir agus na ceanglais faisnéise dá dtagraítear i mír 1, agus aon cheanglais iomchuí maidir le hachoimre den sainchomhad, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste Eolaíoch ábhartha. Beidh na critéir agus na ceanglais faisnéise leordhóthanach chun ardleibhéal sábháilteachta don tsláinte dhaonna agus don chomhshaol a áirithiú agus bunófar iad ar an bhfianaise eolaíoch maidir leis an gcineál sábháilteachta sin agus ar an taithí a fuarthas ó orgánaigh ghéinmhodhnaithe a scaoileadh.

cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

[144] IO L 106, 17.4.2001, lch.1

"3. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh de bhun mhír 2, déanfaidh an Coimisiún an togra a chur ar fáil don phobal. Féadfaidh an pobal barúlacha a thabhairt don Choimisiún laistigh de 60 lá oibre. Cuirfidh an Coimisiún aon bharúlacha den chineál sin a chur ar aghaidh, mar aon le hanailís, chuig na saineolaithe dá dtagraítear in Airteagal 29a(4).";

(2) leasaítear Airteagal 21 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Maidir le táirgí ina bhfuil rianta taismeacha d'orgánaigh ghéinmhodhnaithe nó rianta nach féidir a sheachaint go teicniúil, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 29a, lena mbunaítear tairseacha íosta agus ní gá na táirgí atá faoi bhun na dtairseach sin a lipéadú i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo. Déanfar leibhéil tairsí a bhunú i gcomhréir leis an táirgeadh lena mbaineann.";

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 29a lena mbunaítear na tairsí dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo.";

(3) in Airteagal 26, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 29a, lena leasaítear Iarscríbhinn IV, trí na ceanglais shonracha maidir le lipéadú dá dtagraítear i mír 1, gan na ceanglais maidir le lipéadú a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais atá ann cheana a dhúbláil ná neamhréireachtaí a chruthú iontu. Agus an méid sin á dhéanamh, ba cheart, mar is iomchuí, na forálacha maidir le lipéadú arna mbunú ag na Ballstáit i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais a chur san áireamh.

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 27:

"*Airteagal 27*

**Iarscríbhinní a chur in oiriúint don dul chun cinn teicniúil**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 29a, lena leasaítear Roinn C agus Roinn D d'Iarscríbhinn II, Iarscríbhinní III go IV, agus Roinn C d'Iarscríbhinn VII chun iad a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil";

(5) cuirtear isteach an tAirteagal 29a seo a leanas

"*Airteagal 29a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 16(2), in Airteagal 21(2) agus (3), in Airteagal 26(2) in Airteagal 27 agus a

thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 16(2), in Airteagal 21(2)agus (3) agus in Airteagal 26(2) agus in Airteagal 27 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 16(2), Airteagal 21(2) agus (3) Airteagal 26(2) agus Airteagal 27 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

____________________

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(6) in Airteagal 30, scriostar mír 3.

**140. Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine**[145]

Chun cuspóirí Threoir 2001/83/CE a bhaint amach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na gcríoch seo a leanas:

- an Treoir sin a leasú maidir le ceann amháin de na coinníollacha is gá do tháirgí íocshláinte hoiméapatacha a chomhlíonadh d'fhonn tairbhiú de nós imeachta clárúcháin speisialta simplithe más gá sin de réir fianaise nua eolaíoch.
- an Treoir sin a leasú i ndáil leis na cineálacha oibríochtaí a mheastar a bheith i gceist le substaintí gníomhacha a úsáidtear mar ábhair thosaigh a mhonarú, chun an dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch a chur san áireamh;
- Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin a leasú chun an dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch a chur san áireamh;
- an Treoir sin a fhorlíonadh le socruithe iomchuí maidir leis na héagsúlachtaí a bhaineann le téarmaí na n-údaruithe margaíochta a tugadh i gcomhréir leis an Treoir sin.

145 IO L 311, 28.11.2001, lch. 67.

- an Treoir sin a fhorlíonadh trí phrionsabail agus treoirlínte dea-chleachtais monaraíochta le haghaidh táirgí íocshláinte a shonrú.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2001/83/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 14(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 121a lena leasaítear an tríú fleasc den chéad fhomhír más gá sin de réir fianaise nua eolaíoch.";

(2) in Airteagal 23b, cuirtear an méid seo in ionad mhír 2:

"2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 121a lena mbunaítear na socruithe dá dtagraítear i mír 1.";

(3) in Airteagal 46a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 121a lena leasaítear mír 1 chun an dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil a chur san áireamh.";

(4) in Airteagal 47, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 121a lena sonraítear prionsabail agus treoirlínte dea-chleachtais monaraíochta le haghaidh táirgí íocshláinte dá dtagraítear in Airteagal 46(f).";

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 120:

*"Airteagal 120*

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 121a lena leasaítear Iarscríbhinn I chun an dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil a chur san áireamh.";

(6) in Airteagal 121, scriostar mír 2a;

(7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 121a:

*"Airteagal 121a*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 14(1), 22b, 23b, 46a, 47, 52b, 54a agus 120 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 14(1), 22b, 23b, 46a, 47, 52b, 54a agus 120 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 14(1), 22b, 23b, 46a, 47, 52b, 54a agus 120 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(8) scriostar Airteagail 121b agus 121c.

**141. Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos na rialacha maidir le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú**[146]

Chun cuspóirí Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 a bhaint amach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean

---

[146] IO L 147, 31.5.2001, lch. 1

chuig an gCoimisiún chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú agus chun an Rialachán sin a fhorlíonadh tríd an méid seo a leanas:

- mearthástálacha a fhormheas,
- leasú a dhéanamh ar aois na mbó-ainmhithe a chumhdófar le cláir faireacháin bhliantúla,
- na critéir a leagan síos chun an feabhas ar staid eipidéimeolaíoch na tíre a léiriú agus na critéir sin a liostú san Iarscríbhinn,
- cinneadh a dhéanamh go gceadófar ainmhithe óga de speicis athchogantacha a bheathú le próitéiní ó éisc,
- critéir mhionsonraithe a leagan síos i ndáil le díolúine a dheonú ó thoirmisc maidir le beathú ainmhithe,
- cinneadh a dhéanamh leibhéal lamháltais a thabhairt isteach le haghaidh méideanna neamhshuntasacha de phróitéiní ó ainmhithe i mbeatha ainmhithe a tharlaíonn de dheasca éilliú teagmhasach nach féidir a sheachaint go teicniúil,
- cinneadh a dhéanamh faoin aois,
- rialacha a leagan síos lena bhforáiltear do dhíolúintí ón gceanglas maidir le hábhar priacail shonraithe a bhaint agus a scriosadh,
- próisis táirgthe a fhormheas,
- cinneadh a dhéanamh forálacha áirithe a leathnú go speicis eile ainmhithe,
- cinneadh a dhéanamh leathnú go táirgí eile de bhunadh ainmhíoch
- an modh le heinceifileapaite spúinseach bhólachta (ESB) a dheimhniú in ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair a ghlacadh.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 mar a leanas:

(1) in Airteagal 5(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23b lena bhformheastar na mearthástálacha dá dtagraítear sa dara fomhír. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23b lena leasaítear pointe 4 de Chaibidil C d'Iarscríbhinn X chun an liosta a leagtar amach ann a thabhairt cothrom le dáta.";

(2) leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23b lena bhformheastar na mearthástálacha chun na críche sin. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i

gcomhréir le hAirteagal 23b lena leasaítear Iarscríbhinn X chun na tástálacha sin a liostú.";

(b) i mír 1b, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre agus an dara fomhír:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23b lena leasaítear mír 1a(a) agus (c) chun an aois a leagtar síos ann a mhodhnú i gcomhréir leis an dul chun cinn eolaíoch agus tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA).

Arna iarraidh sin do Bhallstát ar féidir leis a léiriú go bhfuil feabhas tagtha ar staid eipidéimeolaíoch na tíre sin, féadfar athbhreithniú a dhéanamh ar chláir faireacháin bhliantúla an Bhallstáit áirithe sin. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23b:

(a) lena mbunaítear critéir áirithe ar dá réir ba cheart pé feabhas atá ar staid eipidéimeolaíoch na tíre a mheas, chun críche athbhreithniú a dhéanamh ar na cláir faireacháin;

(b) lena leasaítear pointe 7 de Chuid I de Chaibidil A d'Iarscríbhinn III chun na critéir dá dtagraítear i bpointe (a) a liostú.";

(3) leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23b lena leasaítear Iarscríbhinn IV chun cead a thabhairt ainmhithe óga de speicis athchogantacha a bheathú le próitéiní ó éisc, ag cur san áireamh na nithe seo a leanas:

(a) measúnú eolaíoch ar riachtanais chothaithe athchogantach óg

(b) na rialacha a glacadh maidir le cur i bhfeidhm an Airteagail seo dá bhforáiltear i mír 5 den Airteagal seo

(c) measúnú ar ghnéithe rialaithe an mhaolaithe seo.";

(b) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

"Arna iarraidh sin do Bhallstát nó tríú tír féadfar cinneadh a dhéanamh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 24(2) díolúintí aonair a thabhairt ó na srianta sa mhír seo. Tabharfaidh aon díolúine aird ar na forálacha dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23b lena leagtar síos critéir shonracha atá le cur san áireamh agus díolúine den sórt sin á tabhairt.";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4a:

"4a. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23b lena socraítear leibhéal lamháltais le haghaidh méideanna neamhshuntasacha de phróitéiní ó ainmhithe i mbeatha ainmhithe a tharlaíonn de dheasca éilliú teagmhasach nach féidir a sheachaint go teicniúil, bunaithe ar mheasúnú

riosca fabhrach ag cur san áireamh ar a laghad méid agus foinse fhéideartha an éillithe agus ceann scríbe deiridh na coinsíneachta.";

(4) leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Déantar an t-ábhar sonraithe baoil a bhaint agus a dhiúscairt i gcomhréir le hIarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo agus le Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009. Ní dhéanfar é a allmhairiú isteach san Aontas. Folóidh an liosta d'ábhar sonraithe baoil dá dtagraítear in Iarscríbhinn V ar a laghad intinn, corda an dromlaigh, súile agus céislíní bó-ainmhithe atá os cionn 12 mhí agus colún veirteabrach bó-ainmhithe atá os cionn aois a chinnfidh an Coimisiún. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23b chun an aois sin a chinneadh. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23b lena leasaítear an liosta d'ábhar sonraithe baoil in Iarscríbhinn V ag cur san áireamh na catagóirí baoil ar leith a leagtar síos sa chéad fhomhír d'Airteagal 5(1) agus ceanglais Airteagal 6(1) agus ceanglais Airteagal (1b)(b).";

b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23b chun tástáil mhalartach a fhormheas lenar féidir ESB a bhrath sula ndéanfar an marú agus chun an liosta in Iarscríbhinn X a leasú. Ní bheidh feidhm ag mír 1 den Airteagal seo maidir le fíocháin ó ainmhithe a ndearnadh an tástáil mhalartach orthu, ar choinníoll go gcuirfear an tástáil sin i bhfeidhm faoi na coinníollacha dá bhforáiltear in Iarscríbhinn V agus go mbeidh torthaí na tástála diúltach.";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23b lena leagtar síos rialacha lena bhforáiltear do dhíolúintí ó mhíreanna 1 go 4 den Airteagal seo, maidir le dáta fhorfheidhmiú éifeachtach an choisc ar bheathú dá bhforáiltear in Airteagal 7(1) nó, mar is iomchuí, do thríú tíortha nó réigiúin de na tríú tíortha sin a bhfuil baol rialaithe ESB iontu, maidir le dáta fhorfheidhmiú éifeachtach an choisc ar phróitéin athchogantach i mbeathú d'athchogantaigh d'fhonn na ceanglais maidir le díothú agus scriosadh ábhar sonraithe baoil d'ainmhithe a rugadh roimh an dáta sin sna tíortha agus sna réigiúin lena mbaineann a theorannú.";

(5) leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23b lena bhformheastar próisis táirgthe a úsáidfear chun na táirgí de bhunadh ainmhíoch a liostaítear in Iarscríbhinn VI a tháirgeadh.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 agus ag mír 2, i bhfianaise na gcritéar a leagtar amach i bpointe 5 d'Iarscríbhinn V, maidir le hathchogantaigh a ndearnadh an tástáil mhalartach orthu dá dtagraítear in Airteagal 8(2) agus a liostaítear in Iarscríbhinn X, i gcás ina raibh torthaí na tástála diúltach.";

(6) in Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23b lena bhforlíontar an Rialachán seo chun forálacha mhír 1 agus mhír 2 a leathnú go speicis eile ainmhithe.";

(7) in Airteagal 16(7), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23b lena bhforlíontar an Rialachán seo chun forálacha mhíreanna 1 go 6 a leathnú go táirgí eile de bhunadh ainmhíoch.";

(8) in Airteagal 20(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23b lena leagtar síos an modh chun ESB a dheimhniú in ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair.";

(9) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 23:

*"Airteagal 23*

**Na hIarscríbhinní a leasú**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23b lena leasaítear na hIarscríbhinní. Beidh sé d'aidhm ag na leasuithe na forálacha atá sna hIarscríbhinní sin a oiriúnú don chaoi a dtiocfaidh athrú ar an staid eipidéimeolaíoch, ar an bhfaisnéis eolaíoch atá ar fáil, ar na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha, ar na modhanna anailíse atá ar fáil do rialuithe oifigiúla nó ar thorthaí rialuithe nó staidéar ar chur chun feidhme na bhforálacha sin agus cuirfidh na leasuithe na critéir seo a leanas san áireamh:

(i) i gcás inarb ábhartha, conclúidí na tuairime ó EFSA atá ar fáil;

(ii) an gá atá le hardleibhéal cosanta maidir le sláinte an duine agus sláinte ainmhithe a choinneáil san Aontas.";

(10) scriostar Airteagal 23a;

(11) cuirtear an tAirteagal 23b seo a leanas isteach:

*"Airteagal 23b*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 5(3), 6(1) agus (1b), 7(3), (4) agus (4a), 8(1), (2) agus (5), 9(1) agus (3),

15(3), 16(7), 20(2) agus 23, déanfar í a thabhairt go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta a dtiocfaidh an tOmnibus seo i bhfeidhm].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 5(3), 6(1) agus (1b), 7(3), (4) agus (4a), 8(1), (2) agus (5), 9(1) agus (3), 15(3), 16(7), 20(2) agus 23 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 5(3), 6(1) agus (1b), 7(3), (4) agus (4a), 8(1), (2) agus (5), 9(1) agus (3), 15(3), 16(7), 20(2) agus 23 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

___

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(12) in Airteagal 24, scriostar mír 3.

## 142. Treoir 2002/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Bealtaine 2002 maidir le substaintí neamh-inmhianaithe i mbeatha ainmhithe[147]

Chun cuspóirí Threoir 2002/32/CE a bhaint amach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin a leasú chun iad a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus chun an Treoir sin a fhorlíonadh le critéir inghlacthachta maidir leis na próisis díthocsainithe. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

___

[147] IO L 140, 30.5.2002, lch. 10

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2002/32/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 7(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

> "2. Déanfar cinneadh láithreach i dtaobh an ceart Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a leasú. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11a lena leasaítear na hIarscríbhinní sin.
>
> Más rud é, i gcás na leasuithe sin, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 11a maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo.";

(2) leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

> (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
>
> "1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10a lena leasaítear Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II chun iad a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.
>
> Más rud é, i gcás na leasuithe sin, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 10b maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo.";
>
> (b) i mír 2, cuirtear an méid a leanas in ionad an dara fleasc:
>
> "- tabharfar de chumhacht dó gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10a chun critéir inghlacthachta maidir leis na próisis díthocsainithe a shainmhíniú mar chomhlánú ar na critéir a sholáthraítear maidir le táirgí atá beartaithe mar bheatha ainmhithe ar táirgí iad a chuaigh faoi na próisis sin.";

(3) cuirtear an tAirteagal 10a agus an tAirteagal 10b seo a leanas isteach:

"*Airteagal 10a*

> 1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
>
> 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 7(2) agus in Airteagal 8(1) agus (2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].
>
> 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 7(2) agus in Airteagal 8(1) agus (2) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.
>
> 4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 7(2), agus Airteagal 8(1) agus (2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 10b*

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 10 a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

___

* IO L 123, 12; 5; 2016, lch. 1.";

(4) in Airteagal 11, scriostar mír 3 agus mír 4.

## 143. Treoir 2002/46/CE an 10 Meitheamh 2002 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le forbhianna [148]

Chun cuspóirí Threoir 2002/46/CE a bhaint amach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin a leasú chun na hIarscríbhinní sin a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus chun an Treoir sin a fhorlíonadh maidir le critéir íonachta na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis, agus íosmhéideanna vitimíní agus mianraí atá le bheith i bhforbhianna. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

___

[148] IO L 183, 12.7.2002, lch.51

Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme Threoir 2002/46/CE, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir le híosmhéideanna vitimíní agus mianraí a shocrú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2002/46/CE mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 12a a bhaineann leis na critéir íonachta maidir le substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn II, ach amháin i gcás ina mbeidh feidhm ag na critéir sin de bhun mhír 3.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5.Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 12a lena leasaítear na liostaí in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II chun iad a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil.

Más rud é, i gcás vitimín nó mianra a bhaint de na liostaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 12b maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo.";

(2) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4.Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 12a lena socraítear na híosmhéideanna vitimíní agus mianraí dá bhforáiltear i mír 3 den Airteagal seo.

Socróidh an Coimisiún na huasmhéideanna vitimíní agus mianraí dá bhforáiltear i mír 1 agus mír 2 den Airteagal seo trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 13(2).";

(3) in Airteagal 12, scriostar mír 3;

(4) cuirtear an tAirteagal 12a agus an tAirteagal 12b seo a leanas isteach:

*"Airteagal 12a*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 4(2) agus (5) agus in Airteagal 5(4) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 4(2) agus (5) agus in Airteagal 5(4) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na

cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 4(2) agus (5) agus Airteagal 5(4) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 12b*

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 13 a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

_______________

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1."

(5) in Airteagal 13, scriostar mír 3 agus mír 4.

**144. Treoir 2002/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Eanáir 2003 lena leagtar síos caighdeáin cáilíochta agus sábháilteachta do bhailiú, do thástáil, do phróiseáil, do stóráil agus do dháileadh fola daonna agus comhábhair fola agus lena leasaítear Treoir 2001/83/CE**[149]

Chun cuspóirí Threoir 2002/98/CE a bhaint amach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinní I go IV a ghabhann leis an Treoir sin a leasú chun iad a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch agus chun an Treoir sin a fhorlíonadh le ceanglais theicniúla

[149] IO L 33, 8.2.2003, lch. 30.

áirithe. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme phointe (i) den dara mír d'Airteagal 29 de Threoir 2002/98/CE, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun nós imeachta a bhunú maidir le frithghníomhartha díobhálacha agus teagmhais dhíobhálacha a chur in iúl chomh maith le formáid na fógartha. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2002/98/CE mar a leanas:

(1) i ndiaidh theideal Chaibidil IX, cuirtear an tAirteagal 27a agus an tAirteagal 27b seo a leanas isteach:

"*Airteagal 27a*
**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear sa chéad mhír agus sa tríú mír d'Airteagal 29 a thabhairt go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear sa chéad mhír agus sa tríú mír d'Airteagal 29 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun na chéad mhíre agus an tríú mír d'Airteagal 29 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid.

Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 27b*

**An nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 28 a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

___

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(2) in Airteagal 28, scriostar mír 3 agus mír 4.

(3) leasaítear Airteagal 29 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 27a a bhaineann le leasuithe ar na ceanglais theicniúla a leagtar amach in Iarscríbhinní I go IV chun iad a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch.

Más rud é, i gcás na gceanglas teicniúil a leagtar amach in Iarscríbhinn III agus in Iarscríbhinn IV, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 27b maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo.";

(b) sa dara mír, scriostar pointe (i);

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú mír agus an ceathrú mír:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 27a lena bhforlíontar an Treoir seo maidir leis na ceanglais theicniúla dá dtagraítear sa dara mír.

Más rud é, i gcás na gceanglas teicniúil dá dtagraítear i bpointí (b), (c), (d), (e), (f) agus (g) den dara mír, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 27b maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo.";

(b) cuirtear an cúigiú mír seo a leanas isteach:

Déanfaidh an Coimisiún nós imeachta a bhunú maidir le frithghníomhartha díobhálacha agus teagmhais dhíobhálacha a chur in iúl chomh maith le formáid na fógartha trí bhíthin gníomhartha chur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun

feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 28(2).".

**145. Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia**[150]

Chun cuspóirí Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 a bhaint amach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán sin a leasú maidir le líon agus ainmneacha na bPainéal Eolaíoch, agus chun an Rialachán sin a fhorlíonadh leis an nós imeachta atá le cur i bhfeidhm ag an Údarás maidir le hiarrataí ar thuairim eolaíoch, leis na critéir maidir le hinstitiúid a áireamh ar liosta na n-eagraíochtaí inniúla arna n-ainmniú ag na Ballstáit, agus leis na socruithe maidir le ceanglais cháilíochta chomhchuibhithe a leagan amach agus rialacha airgeadais lena rialaítear aon tacaíocht airgeadais.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 mar a leanas:

(1) in Airteagal 28(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 57a lena leasaítear an chéad fhomhír maidir le líon agus ainmneacha na bPainéal Eolaíoch, agus i bhfianaise an dul chun cinn eolaíoch agus theicniúil, arna iarraidh sin don Údarás.";

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 29(6):

"6. Chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm, glacfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an Údarás, na nithe seo a leanas:

(a) gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 57a a bhaineann leis an nós imeachta atá le cur i bhfeidhm ag an Údarás maidir le hiarrataí ar thuairim eolaíoch;

(b) gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos na treoirlínte lena rialaítear an mheastóireacht eolaíoch ar shubstaintí, táirgí nó próisis atá faoi réir, faoi reachtaíocht an Chomhphobail, córas réamhúdarúcháin nó iontrála ar liosta dearfach, go háirithe i gcás ina bhforáiltear sa reachtaíocht, nó ina gceadaítear sa reachtaíocht, sainchomhad a thíolacadh ag an iarratasóir chun na críche seo. Déanfar na gníomhartha cur chun

[150] IO L 31, 1.2.2002, lch.1.

feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 58(2).";

(3) in Airteagal 36(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 57a lena mbunaítear na critéir maidir le hinstitiúid a áireamh ar liosta na n-eagraíochtaí inniúla arna n-ainmniú ag na Ballstáit, na socruithe maidir leis na ceanglais cháilíochta chomhchuibhithe a leagan amach agus na rialacha airgeadais lena rialaítear aon tacaíocht airgeadais a bhunú.";

(4) i gCaibidil V, cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Roinn 1:

"ROINN 1
TARMLIGEAN CUMHACHTA, NÓSANNA IMEACHTA CUR CHUN FEIDHME AGUS IDIRGHABHÁLA";

(5) cuirtear an tAirteagal 57a seo a leanas isteach i ndiaidh theideal Roinn 1:

"*Airteagal 57a*
**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 28(4), in Airteagal 29(6) agus in Airteagal 36(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 28(4), in Airteagal 29(6) agus in Airteagal 36(3) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 28(4), Airteagal 29(6) agus Airteagal 36(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

* IO L 123, 12.5. 2016, lch. 1.";

(6) in Airteagal 58, scriostar mír 3.

**146. Treoir 2003/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Samhain 2003 maidir le faireachán ar zónóisí agus ar oibreáin zónóiseacha, lena leasaítear Cinneadh 90/424/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 92/117/CEE ón gComhairle[151]**

Chun cuspóirí Threoir 2003/99/CE a bhaint amach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin a leasú chun na liostaí de na zónóisí agus de na hoibreáin zóinóiseacha a leagtar amach san Iarscríbhinn sin a leasú, chun Iarscríbhinn II, Iarscríbhinn III agus Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir sin a leasú agus chun an Treoir sin a fhorlíonadh le cláir faireacháin chomhordaithe maidir le zónóis amháin nó níos mó nó oibreán zónóiseach amháin nó níos mó. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2003/99/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11a lena leasaítear Iarscríbhinn I chun na liostaí de na zóinóisí agus de na hoibreáin zóinóiseacha a thabhairt cothrom le dáta, agus na critéir seo a leanas á gcur san áireamh go háirithe:

(a) a mhinice a fhaightear iad i ndaonra ainmhithe agus i ndaonra daoine, i mbeatha ainmhithe agus i mbia do dhaoine;

(b) a thromchúisí atá a n-éifeachtaí ar dhaoine;

(c) a n-iarmhairtí eacnamaíocha maidir le cúram sláinte d'ainmhithe agus do dhaoine agus maidir le gnólachtaí bia agus beatha;

(d) treochtaí eipidéimeolaíocha i ndaonra ainmhithe agus i ndaonra daoine, i mbeatha ainmhithe agus i mbia do dhaoine.

[151] IO L 325, 12.12.2003, lch. 31

Más rud é go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne, chun sláinte an duine a chosaint, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 11b maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo.";

(2) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Más rud é nach leor na sonraí a bhailítear trí ghnáthfhaireachán i gcomhréir le hAirteagal 4, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11a, lena leagtar síos cláir faireacháin chomhordaithe maidir le zónóis amháin nó níos mó nó oibreán zónóiseach amháin nó níos mó. Glacfar na gníomhartha tarmligthe sin go háirithe nuair a shainaithnítear riachtanais shonracha agus nuair atá gá le rioscaí a mheasúnú nó chun luachanna bonnlíne i ndáil le zónóisí nó oibreáin zónóiseacha a bhunú ar leibhéal na mBallstát nó ar leibhéal an Aontais.";

(3) in Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre agus an dara mír:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11a chun Iarscríbhinn II, Iarscríbhinn III agus Iarscríbhinn IV a leasú, agus na critéir seo a leanas á gcur san áireamh go háirithe:

(a) a mhinice a fhaightear zóinóisí, oibreáin zóinóiseacha agus frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha i ndaonra ainmhithe agus i ndaonra daoine, i mbeatha ainmhithe, i mbia do dhaoine agus sa chomhshaol,

(b) infhaighteacht uirlisí nua faireacháin agus tuairiscithe,

(c) na riachtanais a theastaíonn chun treochtaí a mheas ar an leibhéal náisiúnta, Eorpach nó domhanda.";

(4) cuirtear an tAirteagal 11a agus an tAirteagal 11b seo a leanas isteach:

*"Airteagal 11a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 4(4), in Airteagal 5(1) agus in Airteagal 11 a thabhairt go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 4(4), in Airteagal 5(1) agus in Airteagal 11 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar

síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 4(4), Airteagal 5(1) agus Airteagal 11 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 11b*

**An nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 11 a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

___________________

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(5) in Airteagal 12, scriostar mír 3 agus mír 4.

**147. Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le bia géinmhodhnaithe agus le beatha ghéinmhodhnaithe**[152]

Chun cuspóirí Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 a bhaint amach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Iarscríbhinn A ghabhann leis an Rialachán sin a leasú chun í a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus chun an Rialachán sin a fhorlíonadh trí thairseacha iomchuí atá níos ísle a bhunú maidir le méid OMG i mbia agus i mbeatha, nach mbeidh feidhm faoina bhun sin ag na ceanglais lipéadaithe, faoi réir coinníollacha áirithe, agus trí rialacha ar leith a bhunú a ghabhann leis an bhfaisnéis a bheidh le tabhairt ag oll-lónadóirí a chuireann bia ar fáil don tomhaltóir deiridh.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú

___________________

[152] IO L 268, 18.10.2003, lch. 1

Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i ndáil leis na bearta is gá chun go sásóidh na hoibreoirí na húdaráis inniúla, leis na bearta is gá chun go gcomhlíonfaidh na hoibreoirí na ceanglais lipéadaithe agus le rialacha chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach forálacha áirithe a éascú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, cibé acu an dtagann cineál áirithe bia faoi raon feidhme na Ranna seo nó nach dtagann. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 35(2).";

(2) in Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 34a, lena mbunaítear tairseacha iomchuí atá níos ísle, go háirithe i ndáil le bia a bhfuil OGManna ann, nó atá comhdhéanta díobh, nó ag cur san áireamh an dul chun cinn sa teicneolaíocht agus san eolaíocht.";

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14:

*"Airteagal 14*

**Cumhachtaí tarmligthe agus cur chun feidhme**

1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 34a, lena nglactar rialacha ar leith maidir leis an bhfaisnéis a bheidh le tabhairt ag oll-lónadóirí a chuireann bia ar fáil don tomhaltóir deiridh. Chun staid shonrach na n-oll-lónadóirí a chur san áireamh, féadfar a fhoráil sna rialacha sin go ndéanfar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 13(1)(e) a oiriúnú.

2. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an méid seo a leanas a ghlacadh:

(a) na bearta is gá chun go sásóidh na hoibreoirí na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 12(3);

(b) na bearta is gá chun go gcomhlíonfaidh na hoibreoirí na ceanglais lipéadaithe a leagtar amach in Airteagal 13;

(c) rialacha mionsonraithe chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach Airteagal 13 a éascú.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 35(2).";

(4) in Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh, trí bhíthin gníomhartha chur chun feidhme, cibé acu an dtagann cineál áirithe beatha faoi raon feidhme na Ranna seo nó nach dtagann. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 35(2).";

(5) in Airteagal 24, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 34a, lena mbunaítear tairseacha iomchuí atá níos ísle, go háirithe i ndáil le beatha a bhfuil OGManna inti, nó atá comhdhéanta díobh, nó ag cur san áireamh an dul chun cinn sa teicneolaíocht agus san eolaíocht.";

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 26:

*"Airteagal 26*

**Cumhachtaí cur chun feidhme**

Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an méid seo a leanas a ghlacadh:

(a) na bearta is gá chun go sásóidh na hoibreoirí na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 24(3);

(b) na bearta is gá chun go gcomhlíonfaidh na hoibreoirí na ceanglais lipéadaithe a leagtar amach in Airteagal 25;

(c) rialacha mionsonraithe chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach Airteagal 25 a éascú.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 35(2). "

(7) in Airteagal 32, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an séú mír:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 34a lena leasaítear an Iarscríbhinn Chun í a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil.";

(8) cuirtear an tAirteagal 34a seo a leanas isteach:

*"Airteagal 34a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 12(4), in Airteagal 14(1a), in Airteagal 24(4) agus sa séú mír d'Airteagal 32 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 12(4), in Airteagal 14(1a), in Airteagal 24(4) agus sa séú mír d'Airteagal 32 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 12(4), Airteagal 14(1a), Airteagal 24(4) nó an séú mír d'Airteagal 32 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(9) in Airteagal 35, scriostar mír 3;

(10) in Airteagal 47, scriostar mír 3.

**148. Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le hinrianaitheacht agus le lipéadú orgánach géinmhodhnaithe agus maidir le hinrianaitheacht táirgí bia agus táirgí beatha a tháirgtear ó orgánaigh ghéinmhodhnaithe agus lena leasaítear Treoir 2001/18/CE**[153]

Chun cuspóirí Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003 a bhaint amach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán sin a fhorlíonadh trí chóras a bhunú chun aitheantóirí uathúla a fhorbairt agus a shannadh d'orgánaigh ghéinmhodhnaithe. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar

---

153 IO L 268, 18.10.2003, lch. 24

chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

"*Airteagal 8*
**Aitheantóirí uathúla**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 9*a*, lena mbunaítear córas chun aitheantóirí uathúla a fhorbairt agus a shannadh d'OGManna, ag cur san áireamh forbairtí i bhfóraim idirnáisiúnta.";

(2) cuirtear an tAirteagal 9a seo a leanas isteach:

"*Airteagal 9a*
**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 8 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 8 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 8 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

___

* IO L 123, 12; 5; 2016, lch. 1.";

(3) in Airteagal 10, scriostar mír 2;

(4) in Airteagal 13, scriostar an chéad fhomhír de mhír 2.

**149. Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe**[154]

Chun cuspóirí Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 a bhaint amach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinní I, II, III agus IV a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú chun iad a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus chun an Rialachán sin a fhorlíonadh le rialacha lena bhféadfaidh forálacha simplithe a bheith ann maidir le húdarú breiseán a bheidh údaraithe cheana lena n-úsáid i mbia. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5**.** Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 21a lena leasaítear Iarscríbhinn IV chun na coinníollacha ginearálta a leagtar síos ann a oiriúnú don dul chun cinn teicneolaíoch nó eolaíoch.";

(2) in Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 21*a* lena leasaítear Iarscríbhinn I chun catagóirí de bhreiseáin i gcothú ainmhithe agus feidhmghrúpaí a oiriúnú mar thoradh ar an dul chun cinn teicneolaíoch agus eolaíoch.";

(3) in Airteagal 7(5), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

"5. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 21a a ghabhann le rialacha a bhunú lena bhféadfaidh forálacha simplithe a bheith ann maidir le húdarú breiseán a bheidh údaraithe cheana lena n-úsáid i mbia.";

(4) in Airteagal 16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

"6. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 21*a* lena leasaítear Iarscríbhinn III chun an dul chun cinn teicneolaíoch agus eolaíoch a chur san áireamh.";

(5) in Airteagal 21, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ceathrú mír:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 21a lena leasaítear Iarscríbhinn II.";

[154] IO L 268, 18.10.2003, lch. 29

(6) cuirtear an tAirteagal 21a seo a leanas isteach:

"*Airteagal 21a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 3(5), 6(3), 7(5), 16(6) agus 21 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 3(5), 6(3),7(5), 16(6) agus 21 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 3(5), 6(3), 7(5), 16(6) agus 21 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(7) in Airteagal 22, scriostar mír 3.

**150. Rialachán (CE) Uimh. 2065/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Samhain 2003 maidir le blastáin deataigh a úsáidtear nó a bheartaítear a úsáid i mbianna nó ar bhianna[155]**

Chun cuspóirí Rialachán (CE) Uimh. 2065/2003 a ghnóthú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú tar éis cúnamh eolaíoch agus/nó teicniúil a iarraidh ar an údarás chun an Rialachán sin a

---

[155] IO L 309, 26.11.2003, lch. 1.

fhorlíonadh le critéir cháilíochta le haghaidh modhanna anailíseacha bailíochtaithe. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2065/2003 mar a leanas:

(1) in Airteagal 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18a a bhaineann le critéir cháilíochta le haghaidh modhanna anailíseacha bailíochtaithe dá dtagraítear i bpointe 4 d'Iarscríbhinn II, lena n-áirítear substaintí a bheidh le tomhas. Cuirfear an fhianaise eolaíoch a bheidh ar fáil san áireamh sna gníomhartha tarmligthe sin.";

(2) in Airteagal 18, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18a lena leasaítear na hIarscríbhinní tar éis cúnamh eolaíoch agus/nó teicniúil a iarraidh ar an údarás.";

(3) cuirtear isteach an tAirteagal 18a seo a leanas:

*"Airteagal 18a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 17(3) agus in Airteagal 18(1) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 17(3) agus in Airteagal 18(1) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 17(3) agus Airteagal 18(1) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

___

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(4) in Airteagal 19, scriostar mír 3.

**151. Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Samhain 2003 maidir le salmonella agus le hoibreáin zónóiseacha bhia-iompartha eile a rialú**[156]

Chun cuspóirí Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003 a ghnóthú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú chun an Rialachán sin a fhorlíonadh maidir le spriocanna an Aontais i dtaca le leitheadúlacht zónóisí agus oibreán zónóiseach a laghdú, modhanna sonraithe rialaithe agus rialacha sonracha ar chritéir a bhaineann le hallmhairí ó thríú tíortha, freagrachtaí agus cúraimí shaotharlanna tagartha an Aontais agus freagrachtaí agus cúraimí áirithe na saotharlann tagartha náisiúnta. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003 a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i dtaca le modhanna tástála a fhormheas. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a a bhaineann le spriocanna an Aontais i

___

[156] IO L 325, 12.12.2003, lch.1";

dtaca le leitheadúlacht zónóisí agus oibreán zónóiseach a laghdú a liostaítear i gColún 1 d'Iarscríbhinn I, sna daonraí ainmhithe a liostaítear i gColún 2 d'Iarscríbhinn I agus aird á tabhairt, go sonrach, ar an méid seo a leanas:

(a) an taithí a fuarthas faoi na bearta náisiúnta atá ann cheana; agus

(b) an fhaisnéis a cuireadh ar aghaidh chuig an gCoimisiún nó chuig an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia de bhun cheanglais an Aontais atá ann cheana, go háirithe faoi chuimsiú na faisnéise dá bhforáiltear i dTreoir 2003/99/CE, agus go háirithe Airteagal 5 de.";

(b) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a lena leasaítear Iarscríbhinn I chun na gcríoch a liostaítear i bpointe (b), tar éis aird a thabhairt go sonrach ar na critéir a liostaítear i bpointe (c).";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

"7. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a lena leasaítear Iarscríbhinn III chun critéir a chur léi chun a chinneadh cé na séiritíopaí salmonella atá tábhachtach ó thaobh sláinte poiblí de.";

(2) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

"6. "(a) Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a lena leasaítear Iarscríbhinn II chun na ceanglais agus na rialacha samplála íosta a leagtar síos ann a oiriúnú, tar éis aird a thabhairt go sonrach ar na critéir a liostaítear i bpointe (c) d'Airteagal 4(6).";

(3) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1.Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a i dtaca leis an méid seo a leanas:

(a) modhanna sonracha rialaithe a fhéadfar a chur i bhfeidhm nó a chuirfear i bhfeidhm i dtaca le leitheadúlacht zónóisí agus oibreán zónóiseach a laghdú ag céim an táirgthe phríomhúil ainmhithe agus ag céimeanna eile den bhiashlabhra;

(b) rialacha a fhéadfar a ghlacadh i dtaca leis na coinníollacha le haghaidh úsáid na modhanna dá dtagraítear i bpointe (a);

(c) rialacha mionsonraithe a fhéadfar a ghlacadh i dtaca leis na doiciméid agus na nósanna imeachta is gá chomh maith leis na híoscheanglais maidir leis na modhanna dá dtagraítear i bpointe (a); agus

(d) modhanna rialaithe sonracha ar leith nach n-úsáidfear mar chuid de chláir rialaithe.";

(4) in Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Gan dochar d'Airteagal 5(6), tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a lena mbunaítear na rialacha maidir leis na Ballstáit na critéir dá dtagraítear in Airteagal 5(5) agus i mír 2 den Airteagal seo a shocrú.";

(5) in Airteagal 10(5), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara agus an tríú habairt:

"Féadfar an t-údarúchán a tharraingt siar i gcomhréir leis an nós imeachta céanna agus, gan dochar d'Airteagal 5(6), tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a lena mbunaítear rialacha sonracha maidir leis na critéir sin.";

(6) leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a lena leagtar síos freagrachtaí agus cúraimí shaotharlanna tagartha an Aontais, go háirithe maidir lena ngníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí na saotharlann tagartha náisiúnta a chomhordú.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a lena leagtar síos freagrachtaí agus cúraimí áirithe shaotharlanna tagartha an Aontais, go háirithe maidir lena ngníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí na saotharlann ábhartha sna Ballstáit arna n-ainmniú faoi Airteagal 12(1)(a) a chomhordú.";

(7) in Airteagal 12(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

"3. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, modhanna eile tástála dá dtagraítear i mír 3 a fhormheas. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 14(2).";

(8) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a lena leasaítear gnéithe a bhaineann leis na deimhnithe sláinte ábhartha.";

(9) cuirtear isteach an tAirteagal 13a seo a leanas:

"Airteagal 13a

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3(1), (6) agus (7), Airteagal 5(6), Airteagal 8(1),

Airteagal 9(4), Airteagal 10(5), Airteagal 11(2) agus (4) agus Airteagal 13 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 3(1), (6) agus (7), Airteagal 5(6), Airteagal 8(1), Airteagal 9(4), Airteagal 10(5), Airteagal 11(2) agus (4) agus Airteagal 13 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun in Airteagal 3(1), Airteagal 3(6) agus Airteagal 3(7), Airteagal 5(6), Airteagal 8(1), Airteagal 9(4), Airteagal 10(5), Airteagal 11(2) agus Airteagal 11(4) agus Airteagal 13 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(9) in Airteagal 14, scriostar mír 3.

## 152. Treoir 2004/23/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir le caighdeáin cáilíochta agus sábháilteachta a leagan síos do dheonú, soláthar, tástáil, próiseáil, caomhnú, stóráil agus dáileadh fíochán agus ceall daonna[157]

Chun cuspóirí Threoir (CE) Uimh. 2004/23/CE a ghnóthú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Treoir sin a fhorlíonadh le ceanglais inrianaitheachta le haghaidh fíochán agus ceall, agus le haghaidh táirgí agus ábhair a thagann i dteagmháil leis na fíocháin agus na cealla sin agus a bhfuil tionchar acu ar a gcáilíocht, agus chun an Rialachán sin a fhorlíonadh le ceanglais theicniúla áirithe. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre

157 IO L 102, 7.4.2004, lch. 48.

ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le Treoir Uimh. 2004/23/CE a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun nósanna imeachta a bhunú maidir leis an inrianaitheacht a áirithiú agus chun caighdeáin choibhéiseacha cáilíochta agus sábháilteachta na bhfíochán agus na gceall allmhairithe a fhíorú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2004/23/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5 agus mhír 6:

"5. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 28a chun ceanglais inrianaitheachta le haghaidh fíochán agus ceall a bhunú, agus le haghaidh táirgí agus ábhair a thagann i dteagmháil leis na fíocháin agus na cealla sin agus a bhfuil tionchar acu ar a gcáilíocht agus sábháilteacht.

6. Bunóidh an Coimisiún na nósanna imeachta chun inrianaitheacht a áirithiú ar leibhéal an Aontais trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 29(2).";

(2) in Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Bunóidh an Coimisiún na nósanna imeachta maidir leis na caighdeáin choibhéiseacha cáilíochta agus sábháilteachta a fhíorú i gcomhréir le mír 1 trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 29(2).";

(3) in Airteagal 28, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara agus an tríú mír:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 28a maidir leis na ceanglais theicniúla dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (i) den chéad mhír.

Más rud é, i gcás na gceanglas teicniúil dá dtagraítear i bpointe (d) agus i bpointe (e) den chéad mhír, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 28b maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo.";

cuirtear isteach an tAirteagal 28a agus an tAirteagal 28b seo a leanas:

"*Airteagal 28a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 8(5) agus sa dara mír d'Airteagal 28 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 8(5) agus sa dara mír d'Airteagal 28 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 8(5) agus an dara mír d'Airteagal 28 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 28b*

**An nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomh tarmligthe a thabharfar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 28a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm gan mhoill tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

__________________

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(5) in Airteagal 29, scriostar mír 3 agus mír 4.

## 153. Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas earraí bia[158]

Chun cuspóirí Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 a ghnóthú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú agus chun an Rialachán sin a fhorlíonadh maidir le bearta sláinteachais sonracha, ceanglais i ndáil le bunaíochtaí gnólachtaí bia a fhormheas, forálacha sonracha chun ceanglais an Rialacháin a chur i bhfeidhm i leith earraí bia áirithe chun dul i ngleic le rioscaí sonracha nó le guaiseacha a thiocfaidh chun cinn i ndáil leis an tsláinte phoiblí agus maidir le maoluithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán sin. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 mar a leanas:

(1) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a lena nglactar na bearta sláinteachais sonracha dá dtagraítear i mír 3, go háirithe i dtaca leis an méid seo a leanas:

(a) na critéir mhicribhitheolaíocha agus na modhanna bainteacha samplála agus anailíse a chinneadh;

(b) ceanglais shonracha a thabhairt isteach maidir le teocht a rialú agus an slabhra fuar a choinneáil; agus

(c) spriocanna micribhitheolaíocha sonracha a shocrú.";

(2) in Airteagal 6(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

"(c) trí bhíthin gníomh tarmligthe a thabharfar de chumhacht don Choimisiún a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a."

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

*"Airteagal 12*

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a a bhaineann le forálacha sonracha chun ceanglais an Rialacháin seo a chur i bhfeidhm i leith earraí bia shonracha chun dul i ngleic le rioscaí sonracha nó le guaiseacha a thiocfaidh chun cinn i ndáil leis an tsláinte phoiblí.";

(4) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 agus mhír 2:

[158] IO L 139, 30.4.2004, lch. 1.

"1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a lena leasaítear Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II. Beidh sé d'aidhm ag na leasuithe gnóthú chuspóirí an Rialacháin a áirithiú agus a éascú, agus na fachtóirí riosca ábhartha á gcur san áireamh, agus tabharfar bonn cirt leis na leasuithe sin ar bhonn an méid seo a leanas:

(a) an taithí a fuair oibreoirí gnólachtaí bia agus/nó údaráis inniúla, go háirithe i gcomhthéacs chur i bhfeidhm córas atá bunaithe ar HACCP (Anailís Guaise agus Pointí Rialúcháin Criticiúla) agus na nósanna imeachta atá bunaithe ar phrionsabail HACCP de bhun Airteagal 5;

(b) an taithí a fuair an Coimisiún, go háirithe torthaí a chuid iniúchóireachtaí;

(c) forbairtí teicneolaíocha agus a n-iarmhairtí praiticiúla agus ionchais tomhaltóirí maidir le comhdhéanamh bia;

(d) comhairle nua eolaíoch, go háirithe measúnuithe rioscaí nua;

(e) critéir mhicribhitheolaíocha agus critéir teochta le haghaidh earraí bia.

Bainfidh na leasuithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír leis an méid seo a leanas:

(a) forálacha chun sláinteachas le haghaidh táirgeadh príomhúil agus oibríochtaí gaolmhara;

(b) ceanglais maidir le háitreabh agus trealamh bia;

(c) forálacha is infheidhme maidir le earraí bia, lena n-áirítear iompar, clúdach agus pacáistiú;

(d) cóireáil teasa bia-ábhar;

(e) dramhbhia a láimhseáil;

(f) ceanglais maidir le soláthar uisce

(g) sláinteachas agus oiliúint daoine atá ag obair sna réimsí láimhseála bia.

2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a lena ndeonaítear maoluithe ar Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II, na fachtóirí riosca ábhartha á gcur san áireamh agus ar choinníoll nach ndéanfaidh na maoluithe sin difear do ghnóthú chuspóirí an Rialacháin seo, mar atá:

(a) cur chun feidhme Airteagal 5 le haghaidh gnólachtaí beaga a éascú;

(b) bunaíochtaí a dhéanann amhábhar a tháirgeadh, a láimhseáil nó a phróiseáil, ar amhábhar é a bheartaítear le haghaidh táirgeadh táirgí bia an-mhínphróiseáilte agus ar amhábhar é a ndearnadh cóireáil air chun a shábháilteacht a áirithiú.";

(6) cuirtear isteach an tAirteagal 13a seo a leanas:

*"Airteagal 13a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 4(4), Airteagal 6(3)(c), Airteagal 12, Airteagal 13(1) agus (2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 4(4), Airteagal 6(3)(c), Airteagal 12, Airteagal 13(1) agus Airteagal 13(2) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 4(4), Airteagal 6(3)(c), Airteagal 12, Airteagal 13(1) agus Airteagal 13(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

______________________

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(5) in Airteagal 14, scriostar mír 3.

**154. Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais le haghaidh bia de bhunadh ainmhíoch**[159]

Chun cuspóirí Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 a ghnóthú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú agus chun an Rialachán sin a fhorlíonadh maidir le húsáid substaintí seachas uisce inólta chun éilliú dromchla a bhaint de tháirgí de thionscnamh ainmhíoch, maidir le leasuithe ar na ráthaíochtaí speisialta i dtaca le bia ar leith de thionscnamh ainmhíoch a chur ar an margadh sa tSualainn nó san Fhionlainn agus maidir le maoluithe ar Iarscríbhinn II agus III a ghabhann leis an Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 sin. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú

______________________

[159] IO L 139, 30.4.2004, lch. 55.

Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. "Ní úsáidfidh oibreoirí gnólachtaí bia aon substaint seachas uisce inólta – nó uisce glan, má cheadaítear le Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 nó leis an Rialachán seo é a úsáid – chun éilliú dromchla a bhaint de tháirgí de thionscnamh ainmhíoch, mura rud é go bhfuil úsáid na substainte sin formheasta ag an gCoimisiún. Chun na críche sin, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11a. Comhlíonfaidh oibreoirí gnólachtaí bia aon choinníollacha úsáide a fhéadfar a ghlacadh faoin nós imeachta céanna. Ní dhéanfaidh úsáid substainte formheasta difear don dualgas atá ar an oibreoir gnólachtaí bia ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh.";

(2) in Airteagal 8(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11a [lena leasaítear mír 1 agus mír 2 chun na ceanglais a leagtar amach sna míreanna sin a thabhairt cothrom le dáta], chun athruithe i gcláir rialaithe na mBallstát nó chun glacadh critéir mhicribhitheolaíocha i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 a chur san áireamh.";

(3) scriostar Airteagal 9.

(4) in Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 agus mhír 2:

"1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11a lena leasaítear Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III. Beidh sé d'aidhm ag na leasuithe gnóthú chuspóirí an Rialacháin a áirithiú agus a éascú, agus na fachtóirí riosca ábhartha á gcur san áireamh, agus tabharfar bonn cirt leis na leasuithe sin ar bhonn an méid seo a leanas:

(a) an taithí a fuair oibreoirí gnólachtaí bia agus/nó údaráis inniúla, go háirithe i gcomhthéacs cur chun feidhme córas atá bunaithe ar HACCP de bhun Airteagal 5;

(b) an taithí a fuair an Coimisiún, go háirithe torthaí a chuid iniúchóireachtaí;

(c) forbairtí teicneolaíocha agus a n-iarmhairtí praiticiúla agus ionchais tomhaltóirí maidir le comhdhéanamh bia;

(d) comhairle eolaíoch, go háirithe measúnuithe rioscaí nua;

(e) critéir mhicribhitheolaíocha agus critéir teochta le haghaidh earraí bia.

(f) athruithe ar phatrúin tomhaltais.

Bainfidh na leasuithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír leis an méid seo a leanas:

(a) na ceanglais maidir le marc aitheantais táirgí de thionscnamh ainmhíoch;

(b) cuspóirí nósanna imeachta atá bunaithe ar HACCP ;

(c) na ceanglais maidir le faisnéis faoin slabhra bia;

(d) na ceanglais shonracha maidir le sláinteachas an áitribh ina ndéantar táirgí de thionscnamh ainmhíoch a tháirgeadh, a láimhseáil, a phróiseáil, a stóráil nó a dháileadh, lena n-áirítear an modh iompair;

(e) na ceanglais shonracha maidir le sláinteachas na n-oibríochtaí lena n-áirítear táirgí de thionscnamh ainmhíoch a tháirgeadh, a láimhseáil, a stóráil, a iompar nó a dháileadh;

(f) na rialacha maidir le feoil a iompar nuair a bhíonn sí te;

(g) na caighdeáin nó na seiceálacha sláinte, i gcás ina bhfuil fianaise eolaíoch ann a léiríonn go bhfuil siad riachtanach chun an tsláinte phoiblí a chosaint;

(h) leathnú Chaibidil IX de Roinn VII d'Iarscríbhinn III chun moilisc dhébhlaoscacha bheo seachas pectinidae a chur san áireamh;

(i) na critéir chun a chinneadh cá huair a léiríonn sonraí eipidéimeolaíocha nach guais sláinte atá san iascach maidir le seadáin a bheith ann agus, dá bharr sin, lena chinneadh cá huair a fhéadfaidh údarás inniúil oibreoirí gnólachtaí bia a údarú gan táirgí iascaigh a reo i gcomhréir le Cuid D de Chaibidil III de Roinn VIII d'Iarscríbhinn III;

(j) na caighdeáin bhreise sláinte le haghaidh moilisc dhébhlaoscacha bheo i gcomhar leis an tsaotharlann tagartha ábhartha de chuid an Aontais, lena n-áirítear:

(i) teorainnluachanna agus modhanna anailíse le haghaidh biotocsainí muirí eile ;

(ii) nósanna imeachta maidir le tástáil víreas agus caighdeáin víreolaíocha;

agus

(iii) pleananna samplála agus na modhanna agus na lamháltais anailíseacha a bheidh le cur i bhfeidhm chun comhlíonadh na gcaighdeán sláinte a sheiceáil;

2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11a lena ndeonaítear maoluithe ar Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II, agus na fachtóirí riosca ábhartha á gcur san áireamh agus ar choinníoll nach ndéanfaidh na maoluithe sin difear do ghnóthú chuspóirí an Rialacháin seo, mar atá:

(a) cur chun feidhme na gcuspóirí ag gnólachtaí beaga a éascú;

(b) úsáid leanúnach modhanna seanbhunaithe ag céim ar bith den táirgeadh, den phróiseáil nó den dáileadh bia a chumasú;

(c) riar ar riachtanais gnólachtaí bia atá suite i réigiúin atá faoi réir srianta geografacha ar leith;

(d) bunaíochtaí a tháirgeann amhábhar a bheartaítear le haghaidh táirgeadh táirgí bia an-mhínphróiseáilte ar amhábhar é a ndearnadh cóireáil air chun a shábháilteacht a áirithiú.";

(5) leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh:

"Gan dochar do chur i bhfeidhm ginearálta Airteagal 9 agus Airteagal 10(1), féadfaidh an Coimisiún na bearta seo a leanas a leagan síos trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 12(2);";

(b) scriostar mír 1, mír 5, mír 6, mír 7 agus mír 8.

(6) cuirtear isteach an tAirteagal 11a seo a leanas:

*"Airteagal 11a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3(2), Airteagal 8(3)(a) agus Airteagal 10(1) agus (2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 3(2), Airteagal 8(3)(a), Airteagal 10(1) agus Airteagal 10(2) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 3(2), Airteagal 8(3)(a), Airteagal 10(1) agus Airteagal 10(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(7) in Airteagal 12, scriostar mír 3.

**155. Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos na rialacha sonracha maidir le rialuithe oifigiúla a eagrú i dtaca le táirgí de thionscnamh ainmhíoch a ceapadh le caitheamh ag an duine**[160]

Chun cuspóirí Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 a ghnóthú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinní I, II, III, IV, V agus VI a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú agus chun an Rialachán sin a fhorlíonadh trí mhaolú ar na hIarscríbhinní sin a dheonú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 mar a leanas:

(1) scriostar Airteagal 16.

(2) in Airteagal 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 agus mhír 2:

"1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18a lena leasaítear Iarscríbhinn I, II, III, IV, V agus VI. Beidh sé d'aidhm ag na leasuithe gnóthú chuspóirí an Rialacháin a áirithiú agus éascú, agus na fachtóirí riosca ábhartha á gcur san áireamh, agus tabharfar bonn cirt leis na leasuithe sin ar bhonn an méid seo a leanas:

(a) an taithí a fuair oibreoirí gnólachtaí bia agus/nó údaráis inniúla, go háirithe i gcomhthéacs cur chun feidhme córas atá bunaithe ar HACCP de bhun Airteagal 5;

(c) forbairtí teicneolaíocha agus a n-iarmhairtí praiticiúla agus ionchais tomhaltóirí maidir le comhdhéanamh bia;

(i) comhairle eolaíoch, go háirithe measúnuithe rioscaí nua;

(ii) athruithe ar phatrúin tomhaltais.

Bainfidh na leasuithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír leis an méid seo a leanas:

(a) cúraimí na n-údarás inniúil;

(b) na rialuithe oifigiúla a eagrú, go háirithe a mhinice a chuirfear i gcrích iad agus dáileadh na bhfreagrachtaí;

(c) foireann an tseamlais a bheith páirteach sna rialuithe oifigiúla;

(d) gníomhaíochtaí a dhéanfar tar éis na rialuithe;

(e) ceanglais shonracha maidir le cigireacht a dhéanamh ar fheoil;

[160] IO L 139, 30.4.2004, lch. 206.

(f) ceanglais maidir le guaiseacha sonracha;

(g) ceanglais shonracha liostaithe maidir le bunaíochtaí i dtríú tíortha;

(h) critéir chun a chinneadh cá huair, ar bhonn anailís riosca, nach gá don tréidlia oifigiúil bheith i láthair i seamlais agus áiteanna láimhseála géim ar feadh na cigireachta réamhbháis agus iarbháis;

(i) cá huair nach bhfuil gá le cuid áirithe de nósanna imeachta sonracha na cigireachta iarbháis a thuairiscítear i Roinn IV d'Iarscríbhinn I, ag féachaint don ghabháltas, don réigiún nó don tír tionscnaimh agus do phrionsabail na hanailíse riosca;

(j) rialacha maidir le hinneachar na dtástálacha le haghaidh tréidlianna oifigiúla agus cúntóirí teicniúla oifigiúla;

(k) rialacha maidir le tástálacha i saotharlann;

(l) teorainneacha anailíseacha ar na rialuithe oifigiúla ar tháirgí iascaigh a cheanglaítear faoi Iarscríbhinn III, lena n-áirítear maidir le seadáin agus éilleáin chomhshaoil;

2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18a lena ndeonaítear maoluithe ar Iarscríbhinn I, II, III, IV, V agus VI, agus na fachtóirí riosca ábhartha á gcur san áireamh agus ar choinníoll nach ndéanfaidh na maoluithe sin difear do ghnóthú chuspóirí an Rialacháin seo, mar atá:

(i) cur chun feidhme na gceanglas a leagtar síos sna hIarscríbhinní a éascú i ngnólachtaí beaga;

(ii) úsáid leanúnach modhanna seanbhunaithe ag céim ar bith den táirgeadh, den phróiseáil nó den dáileadh bia a chumasú;

(iii) riar ar riachtanais gnólachtaí bia atá suite i réigiúin atá faoi réir srianta geografacha ar leith.";

(3) leasaítear Airteagal 18 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh:

"Gan dochar do chur i bhfeidhm ginearálta Airteagal 16 agus Airteagal 17(1), féadfaidh an Coimisiún na bearta seo a leanas a leagan síos trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 12(2):";

(b) scriostar mír 3, 4, 7, 8 agus mír 15.

(4) cuirtear isteach an tAirteagal 18a seo a leanas:

*"Airteagal 18a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 17(1) agus (2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 17(1) agus Airteagal 17(2) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 17(1) agus Airteagal 17(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(5) in Airteagal 19, scriostar mír 3.

## 156. Rialachán (CE) Uimh. 183/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Eanáir 2005 maidir le ceanglais a leagan síos i ndáil le sláinteachas beatha ainmhithe[161]

Chun cuspóirí Rialachán (CE) Uimh. 183/2005 a ghnóthú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú chun iad a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus chun an Rialachán sin a fhorlíonadh trí na critéir agus na spriocanna micribhitheolaíocha sonracha a shainiú agus trí mhaolú ar Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin a dheonú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain

---

161 IO L 35, 8.2.2005, lch. 1.

chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 183/2005 mar a leanas:

(1) in Airteagal 5(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 30*a* lena sainítear na critéir agus na spriocanna dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b).";

in Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (3):

"(3) go gceanglaítear formheas le rialachán tarmligthe a bhfuil sé de chumhacht ag an gCoimisiún a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 30a.";

(3) in Airteagal 27, cuirtear an méid a leanas in ionad an dara mír:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 30*a* chun Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a leasú.";

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 28:

*"Airteagal 28*

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 30a lena ndeonaítear maoluithe ar Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III ar chúiseanna áirithe, ar choinníoll nach ndéanfaidh na maoluithe sin difear do ghnóthú chuspóirí an Rialacháin seo. ";

(5) cuirtear isteach an tAirteagal 30a seo a leanas:

*"Airteagal 30a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 5(3), Airteagal 10(3), Airteagal 27 agus Airteagal 28 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 5(3), Airteagal 10(3), Airteagal 27 agus Airteagal 28 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 5(3), Airteagal 10(3), Airteagal 27 agus Airteagal 28 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

___________________________

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(5) in Airteagal 31, scriostar mír 3.

**157. Rialachán (CE) Uimh. 1901/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le táirgí íocshláinte le haghaidh úsáid péidiatraic agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1768/92, Treoir 2001/20/CE, Treoir 2001/83/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 726/2004**[162]

Chun cuspóirí Rialachán (CE) Uimh. 1901/2006 a ghnóthú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán sin a fhorlíonadh trí bhíthin an méid seo a leanas:

- tuilleadh sonraithe a dhéanamh ar na forais chun tionscnamh nó cur i gcrích beart áirithe a chur siar agus
- forálacha maidir le pionóis airgeadais a fhorchur.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1901/2006 mar a leanas:

(1) in Airteagal 20, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 50a lena saineofar na forais a thuilleadh chun iarchur a cheadú, ar bhonn na taithí a gheofar mar gheall ar mhír 1 a fheidhmiú.";

(2) in Airteagal 49, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Féadfaidh an Coimisiún pionóis airgeadais a fhorchur i bhfoirm fíneálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla de dheasca forálacha an Rialacháin seo a shárú nó na bearta cur chun feidhme a shárú a glacadh dá bhun sin maidir le táirgí leighis a údaraíodh leis an nós imeachta a leagadh síos le Rialachán (CE) Uimh. 726/2004

162 IO L 378, 27.12.2006, lch. 1.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 50a lena leagfar síos an méid seo a leanas:

(a) liosta oibleagáidí faoin Rialachán seo, a bhféadfadh pionóis airgeadais a bheith mar thoradh ar a sárú;

(b) nósanna imeachta maidir le feidhmiú cumhachtaí chun fíneálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur, lena n-áirítear rialacha maidir leis an nós imeachta a thionscnamh, bearta fiosrúcháin, cearta na cosanta, rochtain ar chomhad, ionadaíocht dhlíthiúil agus rúndacht;

(c) rialacha maidir le fad na dtréimhsí nóis imeachta agus srianta;

(d) nithe atá le cur san áireamh ag an gCoimisiún agus méid na dtáillí agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla á socrú agus na táillí agus na híocaíochtaí sin á bhforchur, na huasmhéideanna i gceist leo mar aon leis na coinníollacha agus na modhanna lena mbailiú.

Chun an t-imscrúdú a dhéanamh féadfaidh an Coimisiún comhoibriú leis na húdaráis inniúla náisiúnta agus beidh sé ag brath ar acmhainní a chuireann an Ghníomhaireacht ar fáil.

Beidh dlínse neamhtheoranta ag an gCúirt Bhreithiúnais athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí lenar fhorchuir an Coimisiún pionóis airgeadais. Féadfaidh sí an fhíneáil nó na híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla arna bhforchur a chealú, a laghdú nó a mhéadú.";

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Roinn 2 de Chaibidil I:

*"Roinn 2*

**An tarmligean a fheidhmiú";**

(4) tar éis theideal Roinn 2 de Chaibidil 1 cuirtear isteach an tAirteagal 50a seo a leanas:

"Airteagal 50a

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 20(2) agus in Airteagal 49(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 20(2) agus in Airteagal 49(3) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 20(2) agus Airteagal 49(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(5) scriostar Airteagal 51.

**158. Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le maímh chothúcháin agus shláinte a dhéantar i leith bianna**[163]

Chun cuspóirí Rialachán (CE) Uimh. 1924/2003 a ghnóthú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Iarscríbhinn A ghabhann leis an Rialachán sin a leasú chun í a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus chun an Rialachán sin a fhorlíonadh maidir leis an méid seo a leanas:

- an fhaisnéis chothúchán le haghaidh earraí bia neamh-réamhphacáistithe a bheidh ar díol leis an tomhaltóir deiridh nó le holl-lónadóirí agus le haghaidh earraí bia a phacálfar ag an bpointe díola arna iarraidh sin don cheannaitheoir nó a bheidh réamhphacáistithe d'fhonn iad a dhíol láithreach;
- maoluithe ar nósanna imeachta údarúcháin atá nasctha le trádmharcanna, ainmneacha branda nó ainmneacha fantaise a úsáid;
- maoluithe i dtaca le cásanna cothaitheach nach féidir méid dóthanach díobh a sholáthar le haiste chothrom, ilchineálach bia;
- próifílí sainiúla cothaitheach a chaithfidh bia nó catagóirí áirithe bia a chomhlíonadh ionas go ndéanfaí maímh chothúchán nó shláinte ina leith;
- bearta lena gcinnfear na bianna nó na catagóirí bianna a mbeidh srian nó toirmeasc ar mhaímh chothúcháin nó shláinte a dhéanamh ina leith.

163 IO L 404, 30.12.2006, lch. 9

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir le liosta an Aontais a ghlacadh de na maímh i leith sláinte atá ceadaithe seachas na maímh sin a thagraíonn do bhaol galar a laghdú agus d'fhorbairt agus sláinte leanaí agus coinníollacha a n-úsáide, nó aon athruithe nó breiseanna ar an liosta sin a ghlacadh, agus maidir le cinntí deiridh ar iarratais ar mhaímh a údarú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Ní bheidh feidhm ag Airteagal 7 ná ag Airteagal 10(2)(a) agus (b) maidir le hearraí bia neamh-réamhphacáistithe (lena n-áirítear táirgí úra amhail torthaí, glasraí nó arán) a bheidh ar díol leis an tomhaltóir deiridh nó le holl-lónadóirí agus i gcás earraí bia a phacálfar ag an bpointe díola arna iarraidh sin don cheannaitheoir nó a bheidh réamhphacáistithe d'fhonn iad a dhíol láithreach. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a a bhaineann leis an bhfaisnéis lipéadaithe le haghaidh na n-earraí bia neamh-réamhphacáistithe sin. Féadfaidh feidhm a bheith ag na forálacha náisiúnta go dtí go nglacfar na bearta tarmligthe sin faoi dheoidh.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Maidir le tuairisceoirí cineálacha (ainmníochtaí) a úsáideadh go traidisiúnta chun tréith ar leith d'aicme bianna nó deochanna a léiriú a d'fhéadfadh éifeacht ar shláinte an duine a thabhairt le tuiscint, féadfaidh oibreoirí gnólachtaí bia iarratas a dhéanamh ar mhaolú ar mhír 3. Cuirfear an t-iarratas chuig údarás inniúil náisiúnta Ballstáit agus cuirfidh an t-údarás sin ar aghaidh chuig an gCoimisiún gan mhoill é. Glacfaidh an Coimisiún na rialacha d'oibreoirí gnólachtaí bia a mbeidh iarratais den sórt sin le déanamh dá réir, agus poibleoidh sé iad, chun a áirithiú go ndéileálfar leis an iarratas go trédhearcach agus laistigh de thréimhse réasúnta. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a a bhaineann le maoluithe ar mhír 3.";

(2) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) sa dara fomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

"(d) a dhearbhú, a mholadh ná a thabhairt le tuiscint nach féidir le haiste chothrom ilchineálach bia an méid cuí cothaitheach a sholáthar tríd is tríd;";

(b) cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a lena ndéantar maolú ar phointe (d) den dara fomhír den Airteagal seo i gcás cothaithigh nach féidir méid dóthanach díobh a sholáthar le haiste chothrom, ilchineálach bia; áireofar sna gníomhartha tarmligthe coinníollacha maidir leis na maoluithe a chur i bhfeidhm, agus na coinníollacha ar leith atá i ngach Ballstát á gcur san áireamh.";

(3) leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a faoin 19 Eanáir 2009 lena mbunófar próifílí sainiúla cothaitheach, lena n-áirítear díolúintí, a chaithfidh bia nó catagóirí áirithe bia a chomhlíonadh chun maímh chothúcháin nó shláinte a dhéanamh ina leith agus na coinníollacha maidir le húsáid maíomh cothúcháin nó sláinte i gcomhair bianna nó catagóirí bianna a úsáid i ndáil le próifílí cothaitheach.";

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an séú fomhír:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a a bhaineann leis na próifílí cothaitheach agus coinníollacha a n-úsáide a nuashonrú chun na forbairtí eolaíocha ábhartha a chur san áireamh. Chun na críche sin, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le páirtithe leasmhara, go háirithe oibreoirí gnólachtaí bia agus grúpaí tomhaltóirí.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a a bhaineann leis na bianna nó na catagóirí bia seachas iad sin dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo a chinneadh a mbeidh srian nó toirmeasc ar mhaímh chothúcháin nó shláinte a dhéanamh ina leith faoi threoir na fianaise eolaíche.";

(4) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a lena leasaítear an Iarscríbhinn, tar éis dul i gcomhairle leis an údarás, i gcás inarb iomchuí. Más iomchuí, déanfaidh an Coimisiún páirtithe leasmhara, go háirithe oibreoirí gnólachtaí bia agus grúpaí tomhaltóirí, a tharraingt isteach sa phróiseas chun an dearcadh agus an tuiscint ar na maímh i dtrácht a mheas.";

(5) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3 agus mhír 4:

"3. Déanfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis an údarás, liosta an Aontais de mhaímh cheadaithe dá dtagraítear i mír 1 agus na coinníollacha

riachtanacha go léir chun na maímh sin a úsáid a ghlacadh trí bhíthin gníomh cur chun feidhme faoin 31 Eanáir 2010 ar a dhéanaí. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 25(2).

4. Déanfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis an údarás, ar thionscnamh an Choimisiúin féin nó tar éis iarraidh a fháil ó Bhallstát, aon athruithe ar an liosta dá dtagraítear i mír 3 a ghlacadh trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, ar athruithe iad a bheidh bunaithe ar fhianaise eolaíoch a nglactar go ginearálta léi. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 25(2).";

(6) leasaítear Airteagal 17(3) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"Glacfaidh an Coimisiún cinneadh deiridh maidir leis an iarratas trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 25(2).";

(a) sa dara fomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) roimh dhul in éag na tréimhse cúig bliana, má shásaíonn an maíomh fós na coinníollacha a leagtar síos leis an Rialachán seo, glacfaidh an Coimisiún bearta, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme maidir leis an maíomh a údarú gan srian lena úsáid. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 25(2).";

(7) leasaítear Airteagal 18(5) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"I gcás ina n-eiseoidh an t-údarás tuairim nach dtacaíonn leis an maíomh a chur leis an liosta dá dtagraítear i mír 4, glacfaidh an Coimisiún cinneadh ar an iarratas trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 25(2).";

(b) sa dara fomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) roimh dhul in éag na tréimhse cúig bliana, má shásaíonn an maíomh fós na coinníollacha a leagtar síos leis an Rialachán seo, glacfaidh an Coimisiún bearta, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, maidir leis an maíomh a údarú gan srian lena úsáid. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 25(2).";

(8) cuirtear isteach an tAirteagal 24a seo a leanas:

*"Airteagal 24a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 1(2) agus (4), Airteagal 3, Airteagal 4(1) agus (5) agus Airteagal 8(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in 1(2) agus (4), Airteagal 3, Airteagal 4(1) agus (5) agus Airteagal 8(2) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 1(2) agus Airteagal 1(4), Airteagal 3, Airteagal 4(1) agus Airteagal 4(5) agus Airteagal 8(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

______________________

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(9) in Airteagal 25, scriostar mír 3;

(10) leasaítear Airteagal 28 mar a leanas:

(a) i mír 4, scriostar pointe (b);

(b) i mír 6(a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):

"(ii) tar éis dul i gcomhairle leis an údarás, glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, cinneadh maidir leis na maímh i leith sláinte a údarófar ar an dóigh sin. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 25(2).";

**159. Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le vitimíní agus mianraí agus substaintí áirithe eile a chur le bia**[164]

Chun cuspóirí Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 a ghnóthú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú chun í a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch agus chun Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú lena gceadófar úsáid vitimíní, mianraí agus substaintí áirithe eile a dhéantar a thoirmeasc, a shrianadh nó a chur faoi ghrinnscrúdú an Aontais agus chun an Rialachán sin a fhorlíonadh trí na bianna nó na catagóirí bianna breise a chinneadh nach gceadaítear vitimíní agus mianraí a chur leo, na critéir íonachta a chinneadh i gcomhair foirmlithe vitimíní agus substaintí mianracha agus an t-íosmhéid a chinneadh de mhaolú ar an méid suntasach i gcás vitimín nó mianra a bheith sa bhia. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i dtaca leis na méideanna vitimíní nó mianraí a chuirtear le bia agus i dtaca leis na coinníollacha a chuirfeadh srian nó toirmeasc ar vitimín sonrach nó ar mhianra sonrach a chur le bia. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a lena leasaítear na liostaí atá in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II chun iad a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil.

Más rud é, i gcás vitimín nó mianra a bhaint de na liostaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhoras práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 13b maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo.

Sula ndéanfar na leasuithe sin, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le páirtithe leasmhara, go háirithe oibreoirí gnólachtaí bia agus grúpaí tomhaltóirí.";

(2) in Airteagal 4, cuirtear an méid a leanas in ionad an dara mír:

“Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a a bhaineann le bearta lena gcinnfear na bianna nó na

[164] IO L 404, 30.12.2006, lch. 26

catagóirí bianna breise nach gceadaítear vitimíní agus mianraí a chur leo faoi threoir na fianaise eolaíche agus a luach cothaitheach á chur san áireamh.”;

(3) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a a bhaineann le bearta lena gcinnfear na critéir íonachta i gcomhair foirmlithe vitimíní agus substaintí mianracha a liostaítear in Iarscríbhinn II, ach amháin i gcás ina bhfuil feidhm ag na critéir íonachta de bhun mhír 2 den Airteagal seo.”;

(4) leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 agus mhír 2:

“1. I gcás ina gcuirfear vitimín nó mianra le bianna, ní rachaidh méid iomlán an vitimín nó an mhianra a bheidh, ar chúis ar bith, sa bhia amhail mar a dhíoltar é thar na huasmhéideanna. Déanfaidh an Coimisiún na méideanna sin a shocrú trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 14(2). Féadfaidh an Coimisiún, chun na críche sin, dréachtbhearta maidir leis na huasmhéideanna a thíolacadh faoin 19 Eanáir 2009. Maidir le táirgí tiubhaithe agus táirgí díhiodráitithe, is iad na huasmhéideanna a leagfar síos na méideanna sin a bheidh sna bianna agus iad á n-ullmhú lena gcaitheamh de réir threoracha an déantóra.

2. Saineoidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, aon choinníollacha a chuirfeadh srian nó toirmeasc ar vitimín sonrach nó ar mhianra sonrach a chur le bia nó le catagóir bianna trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 14(2).";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

“6. Nuair a chuirtear vitimín nó mianra le bia beidh méid an-bheag ar a laghad den vitimín nó den mhianra sin ann sa bhia nuair a shainítear an méid sin i gcomhréir le pointe 2 de Chuid A d’Iarscríbhinn XIII de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a a bhaineann le bearta lena gcinnfear na híosmhéideanna vitimín nó mianra sa bhia, lena n-áirítear aon mhéideanna níos ísle de mhaolú ar na méideanna suntasacha, i gcás bianna nó catagóirí bianna sonracha.";

(5) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Ní bheidh i lipéadú, i gcur i láthair ná i bhfógraíocht bianna a mbeidh vitimíní agus mianraí curtha leo aon ní a dhearbhódh nó a thabharfadh le tuiscint nach féidir le haiste chothrom ilchineálach bia méideanna cuí cothaitheach a sholáthar. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a lena maolaítear ón riail seo maidir le cothaitheach ar leith.”;

(6) leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Ar a thionscnamh féin nó ar bhonn na faisnéise a chuirfidh na Ballstáit ar fáil dó, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a chun Iarscríbhinn III a leasú chun an tsubstaint nó an comhábhar dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a chur san áireamh. Déanfar an gníomh tarmligthe sin, i ngach cás, tar éis don Údarás measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a bheidh ar fáil agus comhlíonfaidh sé na coinníollacha seo a leanas:

(a) má aithnítear éifeacht dhíobhálach ar an tsláinte, déanfar an tsubstaint agus/nó an comhábhar ina bhfuil an tsubstaint:

(i) a áireamh i gCuid A d’Iarscríbhinn III agus beidh toirmisc ar an tsubstaint nó an comhábhar ina bhfuil an tsubstaint a chur le bianna nó a úsáid i monarú bianna; nó

(ii) a áireamh i gCuid B d’Iarscríbhinn III agus ní cheadófar an tsubstaint nó an comhábhar ina bhfuil an tsubstaint a chur le bianna ná a úsáid i monarú bianna ach amháin faoi na coinníollacha a shonrófar san Iarscríbhinn sin;

(b) má aithnítear go bhféadfadh éifeachtaí díobhálacha ar an tsláinte a bheith ann ach go bhfuil neamhchinnteacht eolaíoch fós ann, áireofar an tsubstaint i gCuid C d’Iarscríbhinn III.

Más rud é, i gcás an tsubstaint nó an comhábhar a áireamh i gCuid A nó i gCuid B d’Iarscríbhinn III, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhoras práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 13b maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Laistigh de cheithre bliana ón dáta a mbeidh substaint liostaithe i gCuid C d’Iarscríbhinn III agus ag cur san áireamh thuairim an Údaráis faoi aon chomhad a thíolacfar lena mheasúnú mar a luaitear i mír 4 den Airteagal seo, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a lena leasaítear Iarscríbhinn III chun úsáid substainte a cheadú a liostaítear i gCuid C d’Iarscríbhinn III nó chun í a liostú i gCuid A nó i gCuid B d’Iarscríbhinn III, de réir mar is iomchuí.

Más rud é, i gcás an tsubstaint nó an comhábhar a áireamh i gCuid A nó i gCuid B d’Iarscríbhinn III, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhoras práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 13b maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo.”;

(7) cuirtear isteach an tAirteagal 1a agus an tAirteagal 13b seo a leanas:

*"Airteagal 13a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3(3), Airteagal 4, Airteagal 5(1), Airteagal 6(6), Airteagal 7(1) agus

Airteagal 8(2) agus (5) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 3(3), Airteagal 4, Airteagal 5(1), Airteagal 6(6), Airteagal 7(1) agus Airteagal 8(2) agus (5) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 3(3), Airteagal 4, Airteagal 5(1), Airteagal 6(6), Airteagal 7(1) agus Airteagal 8(2) agus Airteagal 8(5) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 13b*
**An nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomh tarmligthe a thabharfar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 13a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

___

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(8) in Airteagal 14, scriostar mír 3 agus mír 4.

**160. Rialachán (CE) Uimh. 1394/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2007 maidir le táirgí íocshláinte ardteiripe agus lena leasaítear Treoir 2001/83/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 726/2004**[165]

___

165 (IO L 324, 10.12.2007, lch. 121)

Chun cuspóirí Rialachán (CE) Uimh. 1394/2007 a ghnóthú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú chun iad a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1394/2007 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 24:

"*Airteagal 24*
**Na hIarscríbhinní a leasú**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 25a lena leasaítear na hIarscríbhinní chun iad a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, tar éis dul i gcomhairle leis an nGníomhaireacht.";

(2) cuirtear isteach an tAirteagal 25a seo a leanas:

"*Airteagal 25a*
**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 24 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 24 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[*].

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 24 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1 .";

(3) in Airteagal 26, scriostar mír 3.

**161. Treoir 2009/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le tuaslagóirí eastóscúcháin a úsáidtear i dtáirgeadh earraí bia agus comhábhar bia**[166]

Chun cuspóirí Threoir (CE) Uimh. 2009/32/CE a ghnóthú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin a leasú chun í a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus chun an Treoir sin a fhorlíonadh maidir leis na modhanna anailíse is gá chun comhlíonadh na gcritéar íonachta a fhíorú agus an nós imeachta maidir le samplaí a ghlacadh agus na modhanna maidir le hanailís a dhéanamh ar na tuaslagóirí eastóscúcháin a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin agus na huasteorainneacha ceadaithe caidmiam agus mearcair sna tuaslagóirí sin. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2009/32/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

"*Airteagal 4*

1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 5*a* a bhaineann le hIarscríbhinn I a leasú i bhfianaise an dul chun cinn eolaíoch agus theicniúil sa réimse úsáide tuaslagóirí, coinníollacha a n-úsáide agus uasteorainneacha na n-iarmhar.

---

166 IO L 141, 6.6.2009, lch. 3.

2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 5*a* lena mbunaítear an méid seo a leanas:

(a) na modhanna anailíse is gá chun comhlíonadh na gcritéar íonachta ghinearálta agus shonracha dá bhforáiltear in Airteagal 3 a fhíorú;

(b) an nós imeachta maidir le samplaí a ghlacadh agus na modhanna maidir le hanailís cháilíochtúil agus chainníochtúil a dhéanamh ar na tuaslagóirí eastóscúcháin a liostaítear in Iarscríbhinn I agus a úsáidtear in earraí bia agus i gcomhábhair bia;

(c) más gá, critéir íonachta shonracha do na tuaslagóirí eastóscúcháin a liostaítear in Iarscríbhinn I, agus go háirithe na huasteorainneacha ceadaithe mearcair agus caidmiam sna tuaslagóirí eastóscúcháin.

3. Más rud é, i gcás sláinte an duine a chosaint, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 5b maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun mhír 1 agus phointe (c) de mhír 2.";

(2) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. I gcás ina n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 5*a* a bhaineann le leasuithe ar an Treoir seo a measfar gá a bheith leo chun na deacrachtaí a luaitear i mír 1 a réiteach agus chun cosaint shláinte an duine a áirithiú.

Sa chás sin, féadfaidh aon Bhallstát a ghlac bearta coimirce na bearta sin a choimeád i bhfeidhm go dtí go dtiocfaidh na leasuithe i bhfeidhm ar a chríoch.";

(3) cuirtear isteach an tAirteagal 5*a* agus an tAirteagal 5*b* seo a leanas:

*"Airteagal 5a*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 4 agus in Airteagal 5(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 4 agus in Airteagal 5(3) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 4 agus Airteagal 5(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 5b*

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomh tarmligthe a thabharfar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 5a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

___

* IO L 123, 12.5.12.2016, lch. 1.";

(3) in Airteagal 6, scriostar mír 3 agus mír 4.

## 162. Treoir 2009/41/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le húsáid imshrianta miocrorgánach géinmhodhnaithe[167]

Chun cuspóirí Threoir 2009/41/CE a ghnóthú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na hiarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir sin a leasú chun iad a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus chun cineálacha miocrorgánach géinmhodhnaithe a liostú nach bhfuil an Treoir infheidhme maidir leo más rud é go bhfuil a sábháilteacht socraithe i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa Treoir sin. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2009/41/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 19:

"*Airteagal 19*

___

167 IO L 125, 21.5.2009, p.75

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19*a* lena leasaítear an méid seo a leanas:

(a) Iarscríbhinní II, III, IV agus V chun iad a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil;

(b) Cuid C d'Iarscríbhinn II chun an liosta de chineálacha miocrorgánach géinmhodhnaithe dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 3(1) a bhunú agus a thabhairt cothrom le dáta.";

(2) cuirtear isteach an tAirteagal 19a seo a leanas:

"Airteagal 19a

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 19 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 19 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 19 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

___

* IO L 123, 12. 5. 2016, lch. 1.";

(3) in Airteagal 20, scriostar mír 2;

(4) i gCuid B d'Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (1):

"1. Réamhrá

Déanfar na cineálacha miocrorgánach géinmhodhnaithe a liostaítear i gCuid C de bhun Airteagal 19 a eisiamh ó raon feidhme na Treorach seo. Cuirfear miocrorgánach géinmhodhnaithe leis an liosta ar bhonn cás ar chás agus ní eisiafar ach gach

miocrorgánach géinmhodhnaithe a dhéanfar a shainaithint go soiléir. Ní bheidh an t-eisiamh seo infheidhme ach amháin i gcás ina n-úsáidfear an miocrorgánach géinmhodhnaithe faoi choinníollacha úsáide imshrianta. Ní bheidh sé infheidhme maidir le miocrorgánaigh ghéinmhodhnaithe a scaoileadh d'aon ghnó. Sula ndéanfar miocrorgánach géinmhodhnaithe a liostú i gCuid C, ní mór a chruthú go gcomhlíonfaidh sé na critéir a thugtar thíos.";

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid C d'Iarscríbhinn II:

"Cuid C

Cineálacha miocrorgánach géinmhodhnaithe a chomhlíonann na critéir a liostaítear i gCuid B:

… (le comhlánú de bhun Airteagal 19)."

**163. Treoir 2009/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le huiscí mianraí a shaothrú agus a chur ar an margadh**[168]

Chun cuspóirí Threoir 2009/54/CE a ghnóthú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Iarscríbhinn A ghabhann leis an Treoir sin a leasú chun cosaint na sláinte poiblí a áirithiú agus chun an Treoir sin a fhorlíonadh maidir leis an méid seo a leanas:

- teorainneacha le haghaidh tiúchan comhábhar uiscí mianraí;
- aon fhorálacha is gá chun ardleibhéil comhábhar áirithe a léiriú ar an lipéadú;
- coinníollacha i dtaca le haer ózónsaibhrithe a úsáid chun uisce mianraí a chóireáil, faisnéis maidir le cóireálacha uisce mianraí;
- modhanna anailíse chun a dheimhniú nach bhfuil aon truailliú sna huiscí mianraí;
- na nósanna imeachta samplála agus na modhanna anailíse is gá chun saintréithe micribhitheolaíocha na n-uiscí mianraí a sheiceáil.

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016ˉ. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2009/54/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 4(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

168 IO L 164, 26.6.2009, lch. 45

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a a bhaineann leis na bearta dá dtagraítear i bpointe b(i) agus i bpointe (c)(i) den chéad fhomhír.";

(2) in Airteagal 9(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a a bhaineann leis na bearta dá dtagraítear i bpointe (d) den chéad fhomhír.";

(3) in Airteagal 11(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre agus an dara fomhír:

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a, lena leasaítear an Treoir seo chun cosaint na sláinte poiblí a áirithiú.

Más rud é go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne, beidh feidhm ag an an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 13b maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo.";

(4) in Airteagal 12, cuirtear an méid a leanas in ionad an dara mír:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a a bhaineann leis na bearta dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (f) den chéad mhír.";

(5) cuirtear isteach an tAirteagal 13a agus an tAirteagal 13b seo a leanas:

*"Airteagal 13a*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 4(1), Airteagal 9(4), Airteagal 11(4) agus Airteagal 12 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 4(1), Airteagal 9(4), Airteagal 11(4) agus Airteagal 12 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 4(1), Airteagal 9(4), Airteagal (11)4 agus Airteagal 12 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 13b*

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomh tarmligthe a thabharfar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 13a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

___

* IO L 123, 12.5. 2016, lch. 1.”.

(6) scriostar Airteagal 14.

**164. Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht an Chomhphobail chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach**[169]

Chun creat a bhunú do ghníomhaíocht an Aontais chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinn I go hIarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2009/128/CE a leasú chun aird a thabhairt ar an dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Treoir 2009/128/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

___

169 IO L 309, 24.11.2009, lch. 71.

“3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20a lena leasaítear Iarscríbhinn I chun aird a thabhairt ar an dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.";

(2) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

“7. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20a lena leasaítear Iarscríbhinn II chun aird a thabhairt ar an dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.";

(3) in Airteagal 14(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20a lena leasaítear Iarscríbhinn III chun aird a thabhairt ar an dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.";

(4) in Airteagal 15(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20a lena leasaítear Iarscríbhinn IV chun aird a thabhairt ar an dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.";

(5) cuirtear isteach an tAirteagal 20a seo a leanas:

"*Airteagal 20a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 5(3), Airteagal 8(7), Airteagal 14(4) agus Airteagal 15(1) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 5(3), Airteagal 8(7), Airteagal 14(4) agus Airteagal 15(1) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 5(3), Airteagal 8(7), Airteagal 14(4) agus Airteagal 15(1) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá

mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

___

* IO L 123, 12. 5. 2016, lch. 1.";

**165. Rialachán (CE) Uimh. 470/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail chun teorainneacha na n-iarmhar a bhunú do shubstaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de i mbia-ábhair de thionscnamh ainmhíoch** agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2377/90 ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[170]

Chun cuspóirí Rialachán (CE) 470/2009 a ghnóthú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán sin a fhorlíonadh le modhanna eolaíocha chun pointí tagartha a bhunú le haghaidh gníomhaíochta, rialacha maidir le gníomhaíochtaí i gcás ina ndearbhaítear go bhfuil substaint neamhúdaraithe thoirmiscthe ann, chomh maith le prionsabail mhodheolaíochta do mheasúnuithe riosca agus na moltaí don bhainistiú riosca agus rialacha maidir le húsáid uasteorainn na n-iarmhar a bunaíodh do shubstaint atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de i mbia-ábhar áirithe le haghaidh bia-ábhar eile a eascraíonn ón speiceas céanna, nó a bunaíodh do shubstaint atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de i speiceas amháin nó i níos mó ná speiceas amháin le haghaidh speicis eile. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le forálacha ábhartha Rialachán (CE) Uimh. 470/2009 a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i dtaca le pointí tagartha le haghaidh gníomhaíocht i leith iarmhair ó shubstaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 470/2009 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13(2):

___

[170] IO L 152, 16.6.2009, lch. 11.

“2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a i dtaca leis an méid seo a leanas a ghlacadh:

(a) prionsabail mhodheolaíochta do mheasúnuithe riosca agus na moltaí don bhainistiú riosca dá dtagraítear in Airteagal 6 agus in Airteagal 7, lena n-áirítear ceanglais theicniúla i gcomhréir le caighdeáin a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta:

(b) rialacha maidir le húsáid uasteorainn na n-iarmhar a bunaíodh do shubstaint atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de i mbia-ábhar áirithe le haghaidh bia-ábhar eile a eascraíonn ón speiceas céanna, nó a bunaíodh do shubstaint atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de i speiceas amháin nó i níos mó ná speiceas amháin le haghaidh speiceas eile, dá dtagraítear in Airteagal 5. Sonrófar, leis na rialacha sin, conas is féidir agus cad iad na himthosca inar féidir sonraí eolaíocha maidir le hiarmhair i mbia-ábhar áirithe nó i speiceas amháin nó níos mó ná speiceas amháin a úsáid chun uasteorainn na n-iarmhar a bhunú i mbia-ábhair eile, nó i speicis eile.";

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 18:

"*Airteagal 18*

**Pointí tagartha le haghaidh gníomhaíochta**

Nuair a mheasfar gur gá sin chun feidhmiú na rialuithe a áirithiú do bhia de thionscnamh ainmhíoch a allmhairíodh nó a cuireadh ar an margadh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 882/2004, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, pointí tagartha le haghaidh gníomhaíocht a bhunú i leith iarmhair ó shubstaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus nach bhfuil faoi réir aicmiú i gcomhréir le hAirteagal 14(2)(a), (b) nó (c). Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 26(2).

Déanfar na pointí tagartha le haghaidh gníomhaíochta a athbhreithniú go rialta i bhfianaise sonraí eolaíocha nua a bhaineann le sábháilteacht bia, i bhfianaise thoradh na n-imscrúduithe agus thoradh na dtástálacha anailíse dá dtagraítear in Airteagal 24 agus i bhfianaise an dul chun cinn theicneolaíoch.

Ar mhórfhorais phráinne chuí-réasúnaithe a bhaineann le sláinte an duine a chosaint, féadfaidh an Coimisiún na gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh a bheidh infheidhme láithreach i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 26(2)(a).";

(3) in Airteagal 19(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a a bhaineann leis na modhanna mhodheolaíochta agus modhanna eolaíocha chun pointí tagartha le haghaidh gníomhaíochta a bhunú.";

(4) in Airteagal 24, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24a i dtaca leis an Airteagal seo a chur i bhfeidhm.";

(5) cuirtear an tAirteagal 24a seo a leanas isteach faoi Theideal V:

*"Airteagal 24a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 13(2), Airteagal 19(3) agus Airteagal 24(4) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 13(2), Airteagal 19(3) agus Airteagal 24(4) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 13(2), Airteagal 19(3) agus Airteagal 24(4) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12. 5. 2016, lch. 1.";

(6) in Airteagal 25, scriostar mír 3;

(7) leasaítear Airteagal 26 mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an mhír 2a seo a leanas:

"I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

gComhairle*, i gcomhar le hAirteagal 5 de.

______________________________

* Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13)";

(b) scriostar mír 3 agus mír 4.

**166. Rialachán (CE) Uimh. 767/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le beatha a chur ar an margadh agus a úsáid, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003O Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/373/CEE ón gComhairle, 80/511/CEE ón gCoimisiún, Treoracha 82/471/CEE, 83/228/CEE, 93/74/CEE, 93/113/CE agus 96/25/CE ón gComhairle agus Cinneadh 2004/217/CE ón gCoimisiún**[171]

Chun cuspóirí Rialachán (CE) Uimh. 767/2009 a bhaint amach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú chun iad a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus chun an Rialachán sin a fhorlíonadh le liosta de chatagóirí ábhar beatha. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le Rialachán (CE) Uimh. 767/2009 a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún lena shoiléiriú an ábhar beatha atá i gceist le hábhar áirithe, agus an liosta d'úsáidí atá beartaithe a thabhairt cothrom le dáta agus uasmhéid eisíontas ceimiceach a shocrú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2009 mar a leanas:

(1) in Airteagal 6(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír agus an tríú fomhír:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 27a lena leasaítear Iarscríbhinn III.

Más rud é go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 27b maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo.";

______________________________

[171] IO L 229, 1.9.2009, lch. 1

(2) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh d'fhonn a shoiléiriú an ábhar beatha atá i gceist le táirge áirithe chun críocha an Rialacháin seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 28(3).";

(3) in Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. Laistigh de shé mhí ón dáta a bhfaighidh sé iarratas bailí nó, i gcás inarb iomchuí, tar éis tuairim ón Údarás a fháil, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun liosta d'úsáidí atá beartaithe a thabhairt cothrom le dáta má chomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos i mír 2. Déanfar na gníomhartha tarmligthe sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 28(3).";

(4) in Airteagal 17(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

*"*Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 27a a bhaineann leis an liosta de chatagóirí ábhar beatha dá dtagraítear i mír 2(c) a bhunú.";

(5) in Airteagal 20(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 27a lena leasaítear Iarscríbhinn VIII.";

(6) in Airteagal 26, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Déanfar leasuithe ar an gCatalóg Chomhphobail lena socraítear uasmhéid na n-eisíontas ceimiceach dá dtagraítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn I nó na leibhéil d'íontais luibheacha dá dtagraítear i bpointe 2 d'Iarscríbhinn I nó na leibhéil taise dá dtagraítear i bpointe 6 d'Iarscríbhinn I nó na sonraí a chuirtear in ionad an dearbhaithe éigeantaigh dá dtagraítear in Airteagal 16(1)(b), déanfar na leasuithe sin a ghlacadh trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 28(3).";

(7) in Airteagal 27, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 27a lena leasaítear na hIarscríbhinní chun iad a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.";

(8) cuirtear isteach Airteagal 27a agus Airteagal 27b seo a leanas:

*"Airteagal 27a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 6(2), Airteagal 17(4), Airteagal 20(2) agus Airteagal 27(1) a thabhairt don

Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 6(2), 17(4), 20(2) agus 27(1) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 6(2), Airteagal 17(4), Airteagal 20(2) agus Airteagal 27(1) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 27b*
**An nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 27a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

________________________

* IO L 123, 12. 5. 2016, lch. 1.";

(9) in Airteagal 28, scriostar mír 4, mír 5 agus mír 6;

(10) in Airteagal 32, scriostar mír 4;

**167. Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 (Rialachán maidir le seachtháirgí ainmhithe)**[172]

Chun cuspóirí Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009, a bhaint amach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán sin a fhorlíonadh maidir le:

- pointe deiridh sa slabhra monaraíochta;
- galair in-tarchurtha thromchúiseacha a chinneadh;
- na coinníollacha atá ceaptha chun leathadh galar atá teagmhálach don duine nó d'ainmhithe a chosc;
- na catagóirí chun dul chun cinn eolaíoch a chur san áireamh maidir le measúnú ar an leibhéal riosca;
- seiceálaithe agus rialuithe ar úsáidí seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe agus coinníollacha i ndáil le beathú;
- maoluithe i dtaca le taighde agus críocha sonraithe eile;
- bearta áirithe i dtaca le bailiú, iompar agus diúscairt;
- malairt modhanna a údarú i ndáil le seachtháirgí ainmhithe nó táirgí díorthaithe a úsáid nó a dhiúscairt;
- bearta áirithe i dtaca le bailiú agus sainaithint;
- bearta áirithe i dtaca le catagóir agus iompar;
- bearta áirithe i dtaca le bailiú, iompar agus inrianaitheacht;
- bearta áirithe i dtaca le clárú agus formheas;
- seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe atá beartaithe mar bheatha d'ainmhithe saothraithe a chur ar an margadh
- leasacháin orgánacha agus feabhsaitheoirí ithreach a chur ar an margadh;
- bearta áirithe i ndáil le táirgí díorthaithe eile;
- bearta áirithe i ndáil le táirgí allmhairithe agus táirgí ar idirthuras;
- cuspóirí maidir le honnmhairithe ábhair ó chatagóir 1, ábhair ó chatagóir 2 agus táirgí a dhíoraítear astu.
- Rialuithe maidir le seoladh chuig Ballstáit eile

Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

---

[172] IO L 300, 14.11.2009, lch. 1.".

Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún, i ndáil le doiciméadacht áirithe, paraiméadair don phróiseas monaraíochta agus riachtanais tástála is infheidhme maidir leis an táirge deiridh, múnlaí do dheimhnithe sláinte, doiciméid thráchtála agus dearbhuithe a bheidh le gabháil le coinsíneachtaí agus ina saineofar na coinníollacha faoinar féidir a lua gur bailíodh nó gur monaraíodh na seachtháirgí ainmhithe nó na táirgí díorthaithe lena mbaineann i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin seo. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ceathrú fomhír:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 51a chun an críochphointe sa slabhra monaraíochta a leasú do na táirgí dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe(b) den tríú fomhír den mhír seo agus forbairtí eolaíocha agus teicniúla á gcur san áireamh.

Más rud é go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais práinne, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 51b chun an críochphointe sa slabhra monaraíochta a leasú do na táirgí dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) den tríú fomhír den mhír seo agus forbairtí eolaíocha agus teicniúla á gcur san áireamh.";

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 51a chun críochphointe sa slabhra monaraíochta a leasú, ionas nach mbeidh táirgí díorthaithe dá dtagraítear sa mhír seo faoi réir riachtanais an Rialacháin seo, uaidh sin amach.";

(2) leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 51a a bhaineann leis na bearta dá dtagraítear i bpointe (b) (ii) den chéad fhomhír.";

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 51a maidir leis na bearta dá dtagraítear sa chéad fhomhír.';

(3) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4.Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 51a a bhaineann leis na bearta dá bhforáiltear i míreanna 2 agus 3.

(4) in Airteagal 11, leasaítear mír 2 mar a leanas:

(a) sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 51a lena leagtar síos bearta i ndáil leis an méid seo a leanas:";

(b) scriostar an dara fomhír.

(5) leasaítear Airteagal 15 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

"**Cumhachtaí tarmligthe**"

(b) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása thosaigh:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 51a lena leagtar síos bearta i ndáil leis an méid seo a leanas:";

(ii) scriostar an dara fomhír.

(6) in Airteagal 17(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 51a lena leagtar síos na coinníollacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír.";

(7) in Airteagal 18, leasaítear mír 3 mar a leanas:

(a) sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása thosaigh:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 51a lena leagtar síos bearta i ndáil leis an méid seo a leanas:";

(b) scriostar an dara fomhír.

(8) in Airteagal 19, leasaítear mír 4 mar a leanas:

(a) sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása thosaigh:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 51a lena leagtar síos bearta maidir leis an méid seo a leanas:";

(ii) scriostar an dara fomhír.

(9) in Airteagal 20, leasaítear mír 11 mar a leanas:

(a) sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása thosaigh:

"Tar éis tuairim an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (ÚESB) a fháil, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 51a maidir leis an méid seo a leanas:";

(b) scriostar an dara fomhír.

in Airteagal 21, leasaítear mír 6 mar a leanas:

(a) sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása thosaigh:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 51a lena leagtar síos bearta maidir leis an méid seo a leanas:";

(b) scriostar an dara fomhír.

(11) leasaítear Airteagal 27 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Airteagal 27:

"**Cumhachtaí tarmligthe**";

sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an méid seo a leanas:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 51a i dtaca leis na bearta seo a leanas a bhaineann leis an Roinn seo agus le Roinn1 den Chaibidil seo.";

(c) scriostar an dara fomhír.

(12) in Airteagal 31, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 51a i dtaca le bearta a bhaineann le coinníollacha maidir le sláinte an phobail agus sláine ainmhithe do bhailiú, próiseáil agus cóireáil seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe dá dtagraítear i mír 1.";

in Airteagal 32, leasaítear mír 3 mar a leanas:

(a) sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 51a lena leagtar síos bearta maidir leis an méid seo a leanas:";

(b) scriostar an dara fomhír;

(14) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 40:

"*Airteagal 40*

**Cumhachtaí tarmligthe agus cur chun feidhme**

1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 51a a bhaineann leis na coinníollacha:

(a) maidir le bia peataí allmharaithe nó bia peataí a tháirgtear ó ábhair allmharaithe, ó ábhar Chatagóir 1 dá dtagraítear in Airteagal 8(c) a chur ar an margadh;

(b) maidir le hábhar a fhoinsiú agus a bhogadh go sábháilte a úsáidfear faoi choinníollacha lena ndéanfar rioscaí don tsláinte phoiblí agus do shláine ainmhithe a eisiamh;

(c) táirgí díorthaithe a d'fhéadfadh an tsláinte phoiblí nó sláinte ainmhithe a chur i mbaol a úsáid ar shlí shábháilte.

2. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir leis an méid seo a leanas:

doiciméadacht dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 37(2);

paraiméadair don phróiseas monaraíochta dá dtagraítear sa chéad mhír d'Airteagal 38, go háirithe maidir le cóireálacha fisiceacha nó ceimiceacha a chur i bhfeidhm ar an ábhar a úsáidtear;

ceanglais tástála is infheidhme maidir leis an táirge deiridh;

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 52(3).";

(15) leasaítear Airteagal 41 mar seo a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena leagtar síos na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 52(3).";

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

"Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena leagtar síos na riachtanais dá bhforáiltear sa chéad fhomhír. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 52(3).";

(16) leasaítear Airteagal 42 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

"Cumhachtaí tarmligthe agus cur chun feidhme";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 51a ina leagtar síos an méid seo a leanas:

(a) coinníollacha chun ábhair Chatagóir 1 agus ábhair Chatagóir 2 agus táirgí a dhíorthaítear astu sin a allmhairiú agus a chur in idirthuras;

(b) srianta maidir leis an tsláinte phoiblí nó le sláinte ainmhithe is infheidhme maidir le hábhar Chatagóir 3 nó le táirgí a dhíorthaítear as sin a fhéadfar a leagan síos trí thagairt do liostaí de thríú tíortha nó de chodanna de thríú tíortha arna dtarraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 41(4) nó chun críocha eile maidir leis an tsláinte phoiblí nó le sláinte ainmhithe;

(c) coinníollacha chun seachtháirgí ainmhithe nó táirgí díorthaithe a mhonarú i mbunaíochtaí nó i ngléasraí i dtríú tíortha; féadfaidh na socraithe don rialú a dhéanann na húdaráis inniúla lena mbaineann ar bhunaíochtaí nó ar ghléasraí den sórt sin a bheith san áireamh i gcoinníollacha den sórt sin agus féadfar cineálacha bunaíochtaí nó gléasraí áirithe ina láimhseáiltear seachtháirgí ainmhithe nó táirgí díorthaithe a dhíolmhú ó cheadú nó ó chlárú dá dtagraítear i bpointe (b) den dara fomhír d'Airteagal 41(3);

Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena mbunaítear múnlaí do dheimhnithe sláinte, doiciméid thráchtála agus dearbhuithe a bheidh le gabháil le coinsíneachtaí agus ina saineofar na coinníollacha faoinar féidir a lua gur bailíodh nó gur monaraíodh na seachtháirgí ainmhithe nó na táirgí díorthaithe lena mbaineann i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 52(3).";

(17) in Airteagal 43(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 51a maidir leis na bearta dá dtagraítear sa chéad fhomhír.";

(18) in Airteagal 45, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena leagtar síos socruithe mionsonraithe chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme, lean n-áirítear rialacha maidir leis na modhanna tagartha le haghaidh anailísí micribhitheolaíocha. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 52(3).";

(19) in Airteagal 48, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7 agus mhír 8:

"7. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 51a ina leagtar síos an méid seo a leanas:

(a) tréimhse shonraithe ama do chinneadh an údaráis inniúil dá dtagraítear i mír 1;

(b) coinníollacha forlíontacha chun seachtháirgí ainmhithe nó táirgí díorthaithe dá dtagraítear i mír 4 a sheoladh;

(c) múnlaí do na deimhnithe sláinte a chaithfidh a bheith ag gabháil le coinsíneachtaí a sheolfar i gcomhréir le mír 5;

Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena leagtar síos na coinníollacha faoinar féidir seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe a úsáid do thaispeántais, ghníomhaíochtaí ealaíonta agus chun críocha fáthmheasa oideachais nó taighde a chur go dtí Ballstáit eile, de mhaolú ar mhír 1 go mír 5 den Airteagal seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 52(3).

8. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 51a ina saineofar na coinníollacha faoina bhféadfaidh na húdaráis inniúla maoluithe a cheadú ó mhíreanna 1 go 4 maidir leis an méid seo a leanas:

seoladh aoiligh arna iompar idir dhá phointe ar an bhfeirm chéanna nó idir feirmeacha a bheidh suite i réigiúin teorann Ballstát a bhfuil teorainn choiteann acu;

seoladh seachtháirgí eile ainmhithe arna iompar idir bunaíochtaí nó gléasraí suite i réigiúin teorann Ballstát a bhfuil teorainn choiteann acu; agus

iompar ainmhí marbh peata chun loiscthe go dtí bunaíocht nó gléasra atá suite i réigiún teorann Ballstáit eile a bhfuil teorainn choiteann aige. ";

(20) cuirtear an tAirteagal 51a agus an tAirteagal 53b seo a leanas isteach:

*"Airteagal 51a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 5(1) agus (2), Airteagal 6(1) agus (2), Airteagal 7(4), Airteagal 11(2), Airteagal 15(1), Airteagal 17(2), Airteagal 18(3), Airteagal 19(4), Airteagal 20(11), Airteagal 21(6), Airteagal 27, Airteagal 31(2), Airteagal 32(3), Airteagal 40(1), an chéad fhomhír d'Airteagal 42(2), Airteagal 43(3), an chéad fhomhír de mhír 7 agus mír 8 d'Airteagal 48, déanfar í a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm an Omnibus seo.]

3 Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 5(1) agus (2), Airteagal 6(1) agus(2),Airteagal 7(4), Airteagal 11(2), Airteagal 15(1), Airteagal 17(2), Airteagal 18(3), Airteagal 19(4), Airteagal 20(11), Airteagal 21(6) Airteagal 27, Airteagal 31(2) agus Airteagal 23(3), Airteagal 40(1) an chéad fhomhír d'Airteagal 42(2), Airteagal 43(3), an chéad fhomhír de mhír 7 agus mír 8 d'Airteagal 48, féadfaidh siad é a chúlghairm tráth ar bith. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an

Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Maidir le gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun in Airteagal 5(1) agus (2), Airteagal 6(1) agus (2), Airteagal 7(4), Airteagal 11(2), Airteagal 15(1), Airteagal 17(2), Airteagal 18(3), Airteagal 19(4), Airteagal 20(11), Airteagal 21(6), Airteagal 27, Airteagal 31(2), Airteagal 32(3), Airteagal 40(1), an chéad fhomhír d'Airteagal 42(2), Airteagal 43(3), an chéad fhomhír de mhír 7 agus mír 8 d'Airteagal 48, ní thiocfaidh sé i bhfeidhm ach i gcás nach ndéanann Parlaimint na Eorpa nó an Chomhairle agóid ina choinne laistigh de dhá mhí ó fhógra a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoin ngníomh sin, nó más rud é, roimh dhul in éag don tréimhse sin, go bhfuil fógra tugtha ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 51b*

**An nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 51a(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.".

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch.1.";

(21) (4) in Airteagal 52, scriostar mír 4, mír 5 agus mír 6.

## XIII. CÁNACHAS AGUS AN tAONTAS CUSTAIM

### 168. Cinneadh Uimh. 70/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2008 maidir le timpeallacht gan pháipéar i ndáil le custaim agus le trádáil[173]

Faoi Airteagal 15 de Chinneadh Uimh. 70/2008/CE tabharfar de chumhacht don Choimisiún síneadh a chur le teorainneacha ama áirithe i gcomhréir le Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle[174]. Níor feidhmíodh an cumhachtú sin riamh agus ní bheidh gá leis a thuilleadh. Dá bhrí sin, ní gá é a oiriúnú d'Airteagal 290 den Chonradh. Ina áit sin, ba cheart an cumhachtú a chúlghairm agus ba cheart Airteagal 15 agus Airteagal 16 den Chinneadh a scriosadh.

Dá réir sin, i gCinneadh Uimh. 70/2008/CE, scriostar Airteagal 15 agus Airteagal 16.

[173] IO L 23, 26.1.2008, lch. 21.

[174] Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún, (IO L 184, 17.7.1999, lch. 23).